

Slán Beo le Saol an Bhlascaoid:

Tionchar na hImirce ar an Oileán Tiar agus an Tréigean Deireanach

Laoise Ní Cheallaigh

Móthrachtas a cuireadh faoi bhráid Roinn na Nua-Ghaeilge, Ollscoil na hÉireann,

Maigh Nuad, mar chomhlíonadh ar choinníollacha na céime M.Litt.

Deireadh Fómhair 2006

Stiúrthóir: An Dr Aisling Ní Dhonnchadha

Ceann na Roinne: An tOllamh Ruairí Ó hUiginn

Clár

Nóta Buíochais:	III
Réamhrá:	V
Caibidil 1: Cúlra Shaol an Bhlascaoid Mhóir	1
Caibidil 2: Tús na hImirce Thar Lear	35
Caibidil 3: Mná an Bhlascaoid Mhóir agus a dTeitheadh ó Shaol an Oileáin	75
Caibidil 4: Rómánsachas, Duairceas agus Réalachas i leith na hImirce ar an mBlascaod Mór	144
Caibidil 5: Imirce i nDán ón gCliabhán	201
Caibidil 6: Deireadh Ré	282
Conclúid:	339
Liosta Léitheoireachta:	348

Nóta Buíochais

Is mian liom mo bhuíochas a ghabháil leis na daoine seo a leanas a thug cabhair dom agus an saothar seo á chur i gcrích agam.

Táim faoi mhórchomaoín ag an Dr Aisling Ní Dhonnchadha a stiúraigh an tráchtas seo go tuisceanach agus go foighneach i gcónaí, agus a thug gach treoir agus comhairle dom, feadh na slí. Táim an-bhuíoch don Ollamh Ruairí Ó hUiginn as ucht na tacaíochta a thug sé dom agus mé i mbun an tráchtais seo. Tá buíochas ar leith ag dul do Roinn na Nua-Ghaeilge ar fad a thacaigh i gcónaí mé agus mé i Maigh Nuad, an Dr Tadhg Ó Dúshláine ach go háirithe a thug treoir mhaith dom ar uairibh. Do Thracey Ní Mhaonaigh, comhairleoir agus cara, gabhaim buíochas ó chroí.

Ba mhaith liom buíochas a thabhairt do mo thuismitheoirí, Pat agus Carmel, a threoraigh ar mo bhealach mé agus a thug eochair gach glais dom, agus le mo mhuintir is mo chairde a bhí lem' ais lá maith is lá olc. Táim fíorbhuíoch do Shiobhán Ní Bhraonáin a mhúscaíl spéis sa Ghaeilge ionam an chéad lá agus a threoraigh i dtreo Mhaigh Nuad mé.

As ucht na bhfiosrúchán a rinne siad ar mo shon, gabhaim buíochas le Yvonne Kelly, Maura O'Sullivan-Ryan agus Bob Carney, agus le Seán Cahillane as ucht an eolais a roinn sé liom i dtaobh Springfield. Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl do Mhícheál de Mórdha, agus dá bhean, Angela, agus d'fhoireann Ionad an Bhlascaoid Mhóir as ucht na cabhrach a thug siad dom le gairid, agus do Sue Redican a roinn a cuid eolais i dtaobh an Bhlascaoid Mhóir liom agus mé istigh. Táim go mór

faoi chomaoín ag Mícheál Ó Cearnaigh, Blascaodach, agus a bhean, Máirín, a bhronn eolas agus scéalta go fláithiúil orm. Ba mhaith liom buíochas a thabhairt, chomh maith, d'fhoireann Leabharlann Chontae Chiarraí.

Réamhrá

Is éard is aidhm don tráchtas seo ná iniúchadh a dhéanamh ar théama na himirce i litríocht an Bhlascaoid Mhóir. Breathnófar ar shaothair dhírbheathaisnéise, saothair chín lae agus ailt mhuintir an Bhlascaoid agus, chomh maith leis sin, ar agallaimh a cuireadh ar Bhlascaodaigh faoi leith, agus ar dhaoine a bhain leis an mBlascaod Mór, chun spléachadh a fháil ar thuiscintí agus ar thuairimí phobal an Bhlascaoid i leith na himirce. Bainfear leas as béaloideas agus dinnsheanchas na mBlascaodaí, ar uairibh, tríd an tráchtas seo, chun tuiscint a fháil ar nósanna agus ar luachanna mhuintir an Bhlascaoid. Beifear ag breathnú ar an tslí inar scríobh muintir an Bhlascaoid, mar aon le daoine a chuaigh isteach ar an mBlascaod, faoi eispéireas na himirce, agus faoina tionchar ar an bpobal beag a mhair ar an Oileán iargúlta sin siar ó chósta Chiarraí. Déanfar iniúchadh ar thuairimí na mBlascaodach i leith na himirce, agus cuirfear peirspeictíochtaí éagsúla na ndaoine os comhair an léitheora, ón seanóir nár fhág an tOileán Tiar riamh le dul go ‘Tír an Allais’, go dtí an páiste a bhreathnaíodh ar na fir is na mná óga a théadh sall gach bliain, ag tnúth leis an mbliain a mbeadh sé féin in aois imeachta; ón mbean óg neamhspléach a bhreathnaíodh ar an imirce mar shlí éalaithe ón gcruachás ina raibh sí ar an ‘áarthach báite’, agus a chuaigh sall go ‘Tír na mBrionglóidí’ chun saol iontach nua-aimseartha a chaitheamh ann beag beann ar chumhacht mhíthrocaireach na farráige, go dtí an t-ógánach uaigneach a d’fhan ar a oileán dúchais, nach raibh uaidh riamh ach saol an Oileáin Tiar ach a bhraith a chairde uaidh agus iad bailithe leo sall go Meiriceá.

Is í an tréimhse ó c1890 go dtí gur tréigeadh an tOileán Tiar sa bhliain 1953 an tréimhse a bheidh faoi chaibidil sa tráchtas seo. Dar ndóigh, bhí an imirce faoi lán seol timpeall na tíre um an dtaca sin, go mór mór ó cheantair fheirmeoireachta, agus mar sin ní eisceachtúil an rud é gur tháinig pobal an Bhlascaoid Mhóir faoi thionchar

na himirce go Meiriceá. An chodarsnacht idir thionchar na himirce ar phobal an Bhlascaoid Mhóir agus a tionchar ar cheantair eile timpeall na tíre ná leibhéal agus ráta na himirce ón bpobal beag áirithe sin. Taobh istigh den tréimhse ghairid sin, tháinig claochlú ar shaol agus ar phobal an Bhlascaoid ó dhlúthphobal neamhspleách, bríomhar go pobal ar an dé deiridh, pobal a bhraith ar dheontais agus ar chabhair ón rialtas, agus sa deireadh a chuaigh i muinín an rialtais sin chun iad a thabhairt amach go buan chun na míntíre. Faoin am sin, bhí líon na bhfear agus na mban óg titithe chomh mór sin nach raibh saol an Bhlascaoid inmharthana a thuilleadh de bharr greim docht na himirce, ag fágáil an Oileáin Tiar bánaithe, tréigthe sa deireadh.

Is gné lárnach í an imirce de stair na tíre seo, dar ndóigh. I bhfad siar sa stair, théití ar imirce go séasúrtha ó chontaetha chósta thoir na hÉireann ach go háirithe, go cathracha móra Shasana, agus ó thuaisceart na tíre go hAlbain, patrún imirce a lean ar aghaidh go dtí lár na fichiú haoise, nach mór. Le linn na bPéindlithe in Éirinn, theitheadh na mílte Gael chun na Mór-Roinne ó dhaorsmacht an rialacháin iasachta. Le himeacht ama, áfach, ba ar Mheiriceá a bhí triail líon mór eisimirceach. Deirtear go raibh tuairim is daichead is a ceathair míle duine a saolaíodh in Éirinn iad ag cur fúthu sna Stáit Aontaithe faoin mbliain 1790. Protastúnaigh ab ea a bhformhór úd, áfach, a shíolraigh ó chúige Uladh.¹ Ag tús na naoú haoise déag, théadh formhór na n-Éireannach Caitliceach ar imirce go Sasana de bharr chostas an taistil go Meiriceá a bheith de dhíth ar a dtromlach. Ó c1820 ar aghaidh, tháinig laghdú suntasach ar chostas taistil ó Éirinn go Meiriceá agus leis sin tháinig méadú ar líon na mbochtán a chuir an turas sall díobh. Ba le linn an drochshaoil in Éirinn a thosaigh na bochtáin ag bailiú leo go Meiriceá ina sluaite, an-chuid díobh a raibh a gcostas sall íoctha dóibh ag a dtiarna talún in Éirinn a bhí an-sásta an t-airgead sin a íoc le fáil réidh leo. Idir na

blianta 1845 agus 1854, d'imigh milliún go leith Éireannach sall go dtí na Stáit Aontaithe agus d'oscail siad doras an éalaithe agus an teite do na milliúin Éireannach eile a lean - agus a leanann fós. Faoin am a bhí an imirce faoi lán seol ón mBlascaod Mór, ag tús na fichiú haoise, bhí na milliúin Éireannach tar éis an turas a chur díobh sall cheana féin. Cé go dtéadh Blascaodaigh faoi leith go Sasana ar imirce ba rud gearrthréimhseach é sin dá bhformhór. D'fhillidís ar an Oileán Tiar ag deireadh a dtréimhse oibre gach bliain. Taibhsíodh do mhuintir na mBlascaodaí gurbh é Méiriceá an chéad pharóiste eile siar uathu, agus mar sin agus de bharr cuid dá muintir a bheith lonnaithe thall cheana féin, mhothaigh siad níos cóngaraí do Mheiriceá ná mar a mhothaigh siad do Shasana, nó, d'fhéadfaí a rá, do chathracha na hÉireann, fiú amháin.

Beifear ag breathnú, sa tráchtas seo, ar shlí mhaireachtála na mBlascaodach agus iad thall i Meiriceá, agus ar conas a d'éirigh leo socrú síos agus saol nua a thosnú thall. Cosúil le go leor pobal Éireannach eile, lonnaigh muintir an Bhlascaoid ar chósta thoir Mheiriceá, i gCathair Springfield, Massachusetts. Ba ó cheantair thuaithe fheirmeoireachta na hÉireann formhór na n-inimirceach go dtí na Stáit, ach lonnaigh a bhformhór, muintir an Bhlascaoid Mhóir san áireamh, i gcathracha thall, ag fágáil saol na feirmeoireachta ina ndiaidh in Éirinn, cé go raibh talamh curadóireachta le fáil go furasta agus go réasúnta saor i meániarthar na tíre. Faoin mbliain 1870, ní raibh ach cúig déag faoin gcéad d'inimirceoirí Éireannacha ag obair i dtionscal na feirmeoireachta i Meiriceá, an chuid eile fostaithe i dtionscalaíocht agus i dtógáil an chórais iompair. Ba mhór an difríocht idir an dá shaol, dar ndóigh, go mór mór do phobal iargúlta oileáin, cosúil le muintir na mBlascaodaí. Dar le hOscar Handlin, áfach, lonnaigh inimirceigh Éireannacha ar chósta thoir Mheiriceá de bharr nach raibh

an t-airgead ag na bochtáin a chuaigh i dtír dul níos faide intíre.ⁱⁱ Cé nach bhféadfaí é sin a rá i ngach cás, is cinnte go raibh fírinne áirithe ag baint leis. Ba ghnách d'inimirceoirí lonnú thall gar dá muintir agus dá gcairde ón mbaile agus dá bharr sin, de réir a chéile d'fhás dlúthphobail Éireannacha thall, mar a tharla i gcás na mBlascaodach ar Hungry Hill i Springfield. Sa deireadh, áfach, bhí pobal i bhfad níos mó thall i Springfield ná mar a bhí ar an mBlascaod Mór agus ba ann a bhí Gaeilge, ceol, agus béaloideas an Bhlascaoid Mhóir le cloisteáil i bhfad i ndiaidh dóibh ciúiniú ar an Oileán Tiar.

Is ar litríocht an Bhlascaoid agus ar an tslí a ndeighleáiltear leis an imirce inti atá an tráchtas seo bunaithe. Rinneadh iarracht í a shuíomh ina comhthéacs stairiúil, oiread agus ab fhéidir, ach tugadh túsáite don litríocht agus ba í an litríocht príomhfhoinsé an tráchtas seo. Agus an taighde seo ar bun, lorgaíodh staitisticí imirce cruinne do na Blascaodaí ach fuarthas amach nach bhfuil a leithéid ar fáil don tréimhse a bhí idir lámha. Ina n-éagmais, tabharfar staitisticí dhaonáireamh na n-Oileán don tréimhse, ach cé go dtugann siadsan eolas ginearálta don léitheoir faoi phatrún dhaonáireamh an Bhlascaoid Mhóir, ní féidir idirdhealú a dhéanamh idir líon na ndaoine a chuaigh ar imirce thar lear i rith na tréimhse idir dhá dhaonáireamh, agus laghdú nádúrtha daonra nó líon na n-imirceoirí intíre. Ar deireadh thiar, táthar ag súil go léireofar a luachmhaire is atá an litríocht mar threoir don té ar spéis leis léargas a fháil ar chuid de stair, de scéal agus de mheon na heisimirce Éireannaí.

ⁱ Lawrence J. McCaffrey, *The Irish Catholic Diaspora in America* (Washington D.C.: Catholic University of America Press, 1997), 63.

ⁱⁱ *ibid*, 67.

Caibidil 1

Cúlra Shaol an Bhlascoid Mhóir

Is siar ó leithinis Chorca Dhuibhne ar chósta Chiarraí atá na Blascaodaí suite, iad scoite amach le trí mhíle d'fharraige ón míntír. Ocht n-oileáin atá sna Blascaodaí, mar atá: An Blascaod Mór (An tOileán Tiar), Inis Mhicileáin, Inis na Bró, Tiaracht, Inis Tuaisceart, Beiginis, Oileán na n-Óg agus Oileán Buí, mar aon leis an iliomad carraigeacha agus oileáiníní eile. Is le paróiste Dhún Chaoin a bhaineann na Blascaodaí. Is é an Blascaod Mór an ceann is mó acu, agus an t-oileán is mó agus is buaine daonáireamh riamh. Is ar an oileán sin a bheidh an tráchtas seo dírithe. Sa chaibidil seo beifear ag breathnú ar chúlra an Bhlascaoid Mhóir mar áitreabh agus ar na cúiseanna faoi ndear daoine a bheith lonnaithe istigh ar an Oileán Tiar. Breathnófar ar an saol a chleachtaí ann, chomh maith.

Tá an Blascaod Mór breis is trí mhíle ar fhad ach níl sé mórán thar an leathmhíle ar leithead ag pointe ar bith. 1,132 acra talún atá ann, ach níl ach thart ar seasca acra de thalamh curaíochta ann ar fad, áfach. Talamh míchothrom atá ar an gcuid eile den Oileán nach bhfuil maitheas curaíochta ar bith ann ach amháin do na caoirigh. Tá aillte contúirteacha timpeall an oileáin ar fad agus droim géar an chnoic a ritheann fad an oileáin siar. Cuntas is ea an méid seo a leanas a thugann Muiris Ó Súilleabháin dúinn ar an mBlascaod Mór, agus é ag tagairt dá óige ar an Oileán:

... an t-oileáinín fíorghaelach atá suite thiar thuaidh ar chósta Chiarraí, go bhfuil síonta na spéire agus tonnta na mara fiaine ag síorstealladh gan staonadh ó cheann ceann na bliana agus ó ghlúin go glúin i gcoinne na gcarraigeacha méiscreach atá ina seasamh os cionn na farraige, agus as san isteach trí sna cuaiseanna mar a bhfuil na róinte ag neadú.¹

Ag cur síos ar na Blascaodaí do Joan Stables, scríobh sí;

...as you swing round Sleá Head, the whole cluster of the islands is dramatically revealed, floating in the Atlantic like a school of basking whales, hump-backed all of them, except little Beiginis, which lies nearest inshore as flat as a jelly-fish.²

Dar ndóigh, is iontach an radharc é na Blascaodaí a fheiscint ar lá breá samhraidh ó Dhún Chaoin nó ó Cheann Sléibhe, ach áit difriúil ar fad is ea an Blascaod Mór i lár an gheimhridh, áfach. Áit iargúlta, fhiáin is ea an áit ansin, mar a léiríonn Nóra Ní Shéaghdha, múinteoir óg míntíreach a chuaigh isteach ag múineadh i scoil an Bhlascaoid.

Ar chasadh Chinn Sléibhe dhuit chifeá uait isteach an Blascaod. Áit áluinn go maith a déarfadh duine dá ráingeochadh an lá go ciúin. Ach le radharc d'fhagháil ar an Oileán, lá garbh, fiadhain i lár an gheimhridh, ní luighfeadh do chroidhe chomh tapaidh sin leis mar áit chómhnuighthe.³

Síos tríd na haoiseanna is iomaí ainm a tugadh ar an ngrúpa oileáin sin thiar ar chósta Chiarraí. *Na hOileáin Tiar* an seanainm Gaelach a bhí ar an gcnuasach agus tugadh *Oileáin an Fhéirtéaraigh* orthu, chomh maith. Ina theannta sin, feictear leaganacha éagsúla den ainm *Blascaod* ar chairteacha agus ar léirscáileanna Iodálacha ón tríú haois déag go dtí an séú haois déag. N'fheadar éinne cad as a dtagann an t-ainm *Blascaod*, go baileach, ach tá teoiricí éagsúla againn ó scoláirí ar nós Robin Flower agus Charles Smith. Ina leabhar *The Ancient and Present State of the County of Kerry*, tugann Charles Smith a mhíniú féin dúinn ar bhrí ainm na mBlascaodaí:

About a mile and a half from this promontory stands the largest of the Basket or Ferriter's islands, called also the Blasques, probably from Blaosc or Blaosg, in Irish, a scale or shell, being supposed to have been scaled off the continent of Ireland.⁴

Tá míniú difriúil ag Robin Flower ar an scéal. Dar le Flower, shíolraigh an focal *Blascaod* ón bhfocal Lochlannaise *Brasker* a chiallaíonn 'sceir ghéar' nó 'carrraig'.⁵

Ba mhaith liom, mar sin, scracfhéachaint a thabhairt ag an bpointe seo ar conas mar a tharla sé go raibh pobal ag cur fúthu ar an oileáinín beag iargúlta sin, in aon chor. Tá fianaise d'áitreabh ársa ar an mBlascaod Mór, ar Inis Mhicileáin agus ar Inis Tuaisceart, chomh maith. Deirtear go dtéann an t-áitreabh sin siar go tús ré na Críostaíochta in Éirinn, agus gurbh iad na manaigh a chuir fúthu ann ar dtús. Chuaigh siad isteach ann ag lorg aonarachais agus suaimhnis, agus mura raibh sé sin le fáil ann, ní raibh sé le fáil in aon áit eile, ach chomh beag. Bhaineadar amach an áit ba ghéire agus ba lú foscaidh agus chuireadar fúthu ann. Ina leabhar sa bhliain 1756, luann Charles Smith go raibh, ar an oileán;

the ruins of an ancient chapel, in which an old stone chalice, and a baptismal font also of stone ...⁶

Tá gach rian de na fothraigh sin imithe le fada an lá anois, áfach. Dar le Smith, bhí clocháin gheala na manach gar do na fothraigh sin. Tá rian na gclochán geal fós le feiceáil ar an oileán sa lá atá inniú ann, iad i ndá ghrúpa, ceann amháin de na grúpaí sin ar thaobh thuaidh na sceire agus an ceann eile ar an taobh theas de. Ina theannta sin, tá fianaise bhreise d'áitreabh ársa ar an oileán i bhfoirm dúin. Deirtear go mbaineann sé sin le Ré an Iarainn.

De réir an traidisiúin, lonnaigh na Lochlannaigh ar an Oileán Tiar, chomh maith, agus is dealraitheach gur tháinig deireadh le ré na manach ar an oileán i rith an ama sin. N’fheadar éinne, áfach, ar theith na manaigh nó an ndearnadh ruathar orthu, mar a tharla ar Sceilig Mhichíl. Nuair a chuaigh Carl Marstrander isteach sa bhliain 1907, tháinig sé ar chloch le seanscríbhinn Ioruach air, ag cur leis an tuairim gur lonnaigh na Lochlannaigh ar an oileán, fiú go sealadach.⁷ Más fíor go raibh áitreabh ag na Lochlannaigh ar an Oileán Tiar, ní rófhada a chaith siad ann, áfach.

Ba le hIarla Chorcaí iad na Blascaodaí sa tríú haois déag, ach bhí siad tógtha ar cíos, mar aon le talamh ar an míntír, ag na Féirtéaraigh. Sliocht Normannach ab ea iad, ach iad an-Ghaelach cúpla ghlúin i ndiaidh dóibh teacht go Corca Dhuibhne. Is fúthu a bhí na Blascaodaí ón tríú céad déag go dtí an séú céad déag, de réir eolais i gcáipéisí éagsúla dlí.⁸ Ní raibh ach cíos dhá sheabhaic in aghaidh na bliana ar na hoileáin. Níl aon fhianaise againn go raibh aon duine ag maireachtáil ar na Blascaodaí le linn do na Féirtéaraigh seilbh a bheith acu ar na hoileáin sin. É sin ráite, tá neart scéalta béaloidis a deir go raibh.

Baineann formhór na scéalta sin le Piaras Feirtéar. Bhí Piaras Féirtéar ina thaoiseach ar na Féirtéaraigh ag deireadh na séú haoise déag agus ag tús na seachtú haoise déag, ach faoin am sin bhí a gcuid tailte agus a gcuid cumhachta cailte acu. Briseadh ar Piaras i ndiaidh Éirí Amach na nGearaltach, agus ba ag teitheadh ón dlí a bhí sé go dtí gur crochadh é, sa deireadh, sa bhliain 1641 i gCill Airne. Rógair cruthanta ab ea é agus, de réir an tseanchais, chaith sé tréimhsí den am sin ar an mBlascaod Mór i scairt ar a dtugann siad ‘Scairt Phiarais’. De réir scríbhneoirí an

Oileáin Tiar, áit beagnach dofhaighte ab ea é, é an-chontúirteach dul ann, agus ní mór go mbeadh eolas cruinn ar gach cearn den oileán ag an té a rachadh ann. Ba ann a chaith Piaras Féirtéar an-chuid ama agus na húdaráis sa tóir air. Deirtear go raibh caisleán ag na Féirtéaraigh ar an mBlascaod Mór, chomh maith, san áit ar a dtugtar Rinn an Chaisleáin, ach ní fios go cinnte an rabhadar riamh lonnaithe ann iad féin. I ndiaidh an éirí amach, roinneadh tailte an Fhéirtéaraigh amach eatarthu siúd a d'fhan dílis do Shasana. D'fhan na Blascaodaí i seilbh Iarla Chorcaí, go dtí gur cheannaigh Bord na gCeantar gCúng sa bhliain 1907 iad.⁹

Tá a fhios againn ó chuntas a d'fhág an séú duine d'Iarlaí Chorcaí agus é ag tabhairt cuairt ar a chuid tailte sa bhliain 1735, go raibh daoine ag cur fúthu ar an Oileán Tiar sa bhliain sin, ach ní fios go cruinn cathain a chuaigh na chéad daoine den sliocht deireanach isteach chun cur fúthú ar an oileán. Ba é sin an chéad chuntas a thagair go díreach do na Blascaodaigh, taobh amuigh de na cáipéisí dlí. Go bhfios dúinn, ní dheachaigh an tIarla sin riamh isteach ar an oileán ach thug sé an cuntas seo agus é ina sheasamh ar an mórthír ag breathnú amach ar an Oileán Tiar.

I saw some Tillage and a few Cabins, from whence, during the time I was looking at the island, some poor wretches ventured into a Boat with Rabbits for Sale. Nothing, sure, but Necessity, could force them to trust so tempestuous a Sea; the sight of which shock'd me so much that I hastene'd to Ballyferriter...¹⁰

Ní luaitear sa chuntas seo, áfach, cé mhéid duine nó cé mhéid teaghlach a bhí ag cur fúthu istigh ag an am. Tugann Smith léargas ar na Blascaodaí agus na Blascaodaigh sa bhliain 1756:

The island called Innismore, i.e. the great island is about three miles in length. It was a high mountain with some arable ground towards the north-east end; five or six families reside on it, who pay tithes to a very distant parish called Ballinvohir. The inhabitants are strong lusty and healthy, and what is very surprising, neither man, woman or child, died on it for the space of forty years before I was there, although several persons, who, during that period, came over to the main-land, fell sick and died out of the island, almost in sight of their usual abode.¹¹

Is deacair cuid den ráiteas seo a chreidiúint, ach fós, is cuntas tábhachtach é mar tugann sé cur síos dúinn ar Oileánaigh na linne sin, agus, chomh maith leis sin, tugtar le fios dúinn go raibh daoine ina gcónaí ar an Oileán Tiar le fada an lá sular tháinig sé chun na háite, fiú. Is léir mar sin go raibh daoine ag cur fúthu ar an oileán ó thús na hochtú haoise déag nó, b'fhéidir, roimhe sin. Níor thug Smith aon eolas dúinn faoi dhaonra an Oileáin, áfach.¹²

Tháinig méadú as cuimse ar dhaonra na hÉireann trí chéile sa dara leath den ochtú haois déag agus tá an méadú céanna le sonrú i gCorca Dhuibhne, chomh maith. Diaidh ar ndiaidh, tháinig brú ar thalamh na gceantar is faide siar ar an leithinis agus cuireadh iachall ar dhaoine dul chun cur fúthu ar an oileáinín mara siar uathu, agus níos déanaí fós, ón mBlascaod Mór amach go dtí na hOileáin bheaga eile – go hInis Mhicileáin agus Inis Tuaisceart, go Beiginis agus Inis na Bró, fiú. Gátar agus riachtanas a chuir ann iad dar ndóigh.¹³

Dar le Seán Ó Criomhthain, sa leabhar *Leoithne Aniar*, ba ó Pharóiste Fiontrá, ó Dhún Chaoin agus ó Pharóiste an Fhéirtéaraigh a tháinig na chéad teaghlaigh den sliocht deireanach a lonnigh ar an Oileán Tiar. Ba iad na Cearnaigh agus na

Súilleabhánaigh, Muintir Uí Shé agus Muintir Uí Dhuinnshléibhe ó Pharóiste Fionntrá, na Conchúraigh agus na Criomhthanaigh ó Dhún Chaoin, mar aon le Muintir Uí Chatháin ó Pharóiste an Fheirtéaraigh, ba iad na chéad teaghlaigh a d'aistrigh isteach. Bhí Muintir Uí Ghuithín ar an Oileán, chomh maith, ach ní fios go cinnte cad as a dtáinig siadsan.

Is iomaí agus is éagsúil iad na scéalta a chloistí timpeall thinteáin an Bhlascaoid Mhóir, fadó, faoi na chéad áitritheoirí sin ar an Oileán, agus conas a tharla sé go raibh daoine ag cur fúthu ar an Oileán in aon chor. Ceann amháin acu siúd is ea an scéal *An tOileán gan Bád*, le Seán Ó Criomhthain, atá foilsithe sa leabhar *Cléiti Gé ón mBlascaod Mór*. Scéal is ea é faoi theaghlach bocht a raibh cónaí orthu i nDún Chaoin. Triúr mac a bhí sa teaghlach agus gan ach féar bó de thalamh acu. Mhol a n-athair dóibh dul amach ar an mBlascaod Mór, áit a raibh go leor talaimh thorthúil don triúr acu. Bhí sé féin deimhin go mbeadh áitreabh maith san Oileán Tiar ag a chlann mac. Chuaigh siad isteach agus bhí siad breá sásta lena saol ann ar feadh tréimhse. Phós an beirt ba shine, agus ba le cíocras a chuaigh na mná isteach mar ba ann a bhí an talamh torthúil an tráth úd. Bhí leo go dtí gur bádh an deartháir ab óige. De réir an scéal, ní bhíodh triúr den teaghlach céanna ón mBlascaod in aon naomhóg le chéile as sin amach.¹⁴ Níl ansin, áfach, ach scéal amháin a thugann míniú amháin ar conas mar a tharla sé go raibh daoine ag cur fúthu ar an Oileán Tiar. Is iomaí scéal béaloidis mar sin atá ann.

De réir na staitisticí daonáirimh, bhíodh daonra an Oileáin ag athrú de shíor, le linn do phobal a bheith lonnaithe ann. Sa bhliain 1821, bhí 128 duine ag cur fúthu ann. De réir daonáirimh na bliana 1835, a ghlac an tAthair Ó Cathasaigh, sagart

paróiste i mBaile an Fheirtéaraigh, bhí 123 duine i bpobal na mBlascaodaí, ach is é an rud is suntasaí faoin daonáireamh sin ná go raibh daoine ina gcónaí ar Inis Tuaisceart, Inis Mhicileáin agus Beiginis, fiú, áit nach raibh aon tobar fíoruisce ann. Faoin mbliain 1841, bhí líon na mBlascaodach méadaithe arís go 156 duine, triúr díobh a raibh cónaí orthu ar Inis Mhicileáin. Ní luaitear, áfach, go raibh aon duine ar Inis Tuaisceart, nó ar Bheiginis. Deich mbliana deacra, ainmise níos déanaí, i ndiaidh ceann de na tréimhsí ba ghruama agus ba dhéaróla i stair na tíre seo, bhí daonáireamh na n-Oileán Tiar laghdaithe an tríú cuid beagnach, go 109 duine, ochtar a raibh cónaí orthu ar Inis Mhicileáin agus ceathrar ar Inis na Bró. Ciallaíonn sé sin gur tháinig laghdú ar dhaonra an Oileáin Mhóir ó 153 duine sa bhliain 1841, go 97 sa bhliain 1851.¹⁵

De réir sheanchas an Oileáin, ní bhfuair éinne ar an Oileán bás de bharr an ocrais i rith an drochshaoil. B'fhéidir gur fíor an méid sin. De réir dealraimh, ní raibh an dubhach riamh chomh dona ar an Oileán, is a bhí sé ar an míntír agus bhí acmhainní nádúrtha iontacha acu ar an Oileán, chun iad féin a chothú. Bhí seilg na gcnoc agus na farraige acu, agus ní iasc amháin, nó fiú iasc blaoscach, a bhí ar fáil dóibh ón bhfarraige ach raic farraige, chomh maith. Is cósta fíordháinséarach é cósta Chiarraí do bháid agus do longa, agus an fharraige mórthimpeall na mBlascaodaí, ach go háirithe, agus dá bharr sin is iomaí bád a chuaigh go tóin timpeall an Bhlascaoid ó thosach aimsire. In am an ghátair, agus go mór mór i rith an drochshaoil, bhraith na hOileánaigh go mór ar mhí-ádh a tharlódh do long éigin a bhí ag gabháil thar na hOileáin. Murach na hearraí a sheol an taoide isteach chucu, ní bheadh faic acu. Bhíodar ag maireactáil ar an ngannchuid cheana féin. Mar a dúirt Tomás Ó Criomhthain:

Drochbhlianta ab ea iad, agus mura mbeadh an long so a bhualadh, ní bheadh duine beo ann, adeireadh na seandaoine.¹⁶

Daoine an-chreidiúnacha a bhí sna Blascaodaigh an taca úd, agus chreid siad go dúthrachtach go raibh Dia ag teacht i gcabhair ar A ghiollaí dílse in am an ghátair agus gurbh É a chuir na longa go tóin agus a sheol earraí na long isteach chun na n-ainniseoirí. Ar an 19ú Samhain 1850, bhuaíl an bhruig Iodálach, *Caroline*, ar an dTráigh Bháin, agus í ag tabhairt lasta cruithneachta ó Odessa go Falmouth. Sábháladh an méid cruithneachta agus ab fhéidir agus chothaigh sé na Blascaodaigh go ceann i bhfad.¹⁷

In *An tOileánach*, luann an Criomhthanach long eile a chuaigh go tóin i rith an ama chéanna. ‘Long na hÍle Buí’ a thugann sé uirthi, ach is cosúil gurb í an *Commerce* ó Learphóil a briseadh siar ó na Blascaodaí ar an 3ú Aibreán 1850.¹⁸ Chothaigh an íle a bhí ar bord na loinge sin na Blascaodaigh i rith an ama dhorcha sin dóibh. Rinneadar arán de agus ba é leigheas gach aon saghas tinnis é. Am éigin thart ar an mbliain 1850, chuaigh long eile anaithid go tóin. Níor fhan sonraí na timpiste i mbéal na ndaoine ach d’fhan cuimhní an lasta leo ar feadh i bhfad. Scríobhadh mar gheall air in *An tOileánach* agus in *Leoithne Aniar*, chomh maith. Lasta de bholtaí umha agus práis a bhí ann agus cuireadh isteach i gcuas ag an taoide cuid díobh. Bhailigh na hOileánaigh iad, agus cuid mhaith ama a thug siad á dhéanamh, ach ansin bhí fadhb acu – cad a bhí le déanamh leo? Bhí na gardaí cósta, *na fir ghorma* mar a thugtaí orthu, sa tóir ar an lasta, agus ní raibh éinne faighte acu chun na boltaí a cheannach uathu. Bhí ceannaitheoir sa Daingean an tráth úd, ámh, agus tháinig scéal

chun na n-Oileánach go mbeadh suim aige sna boltaí. Dhíol siad leis iad agus ba mhór an brábús a fuair siad as a gcuid iarrachtaí. Bhí airgead acu an uair sin, rud nach raibh taithí acu air.¹⁹

Mar atá léirithe thuas, is dealraitheach nár ghoill an Gorta Mór ar mhuintir na n-Oileáin, sa tslí is nár fhulaing siad ón ocras, chomh mór is a d'fhulaing a ngaolta is a gcairde ar an míntír. Ní ionann an méid sin, áfach, is a rá nár ghoill an gorta ar na hOileánaigh. Tháinig laghdú triain ar dhaonra na n-Oileán agus is leor é an fhianaise sin le rá gur dubhach an tréimhse é dóibh, chomh maith. Ghoill an gorta ar na hOileánaigh, cinnte.

Fiú má ghlacaimid leis nach bhfuair éinne bás ón ocras, tháinig isliú tríocha seacht faoin gcéad ar dhaonra na n-oileán, faoi mar atá ráite thuas, ach ní féidir a rá le cinnteacht, áfach, cé mhéid duine a fuair bás de bharr galair éagsúla a bhain leis an ngorta. Ní oileán neamhspléach é an tOileán Tiar ó thaobh eacnamaíochta de. Bhraith siad ar a ngaolta is ar a gcairde ar an míntír agus bhíodh teagmháil rialta eatarthu. Caithfidh go rabhadar ag fulaingt ó dhrochshláinte agus claonta chun galair, dá bharr. B'fhuirist dóibh galar tógalach, ar nós calair nó fiabhrais a thógáil, nuair a bhí siad amuigh ar an míntír, agus é a thabhairt isteach leo. Cé nach bhfuil fianaise staitisticiúil ar fáil, caithfidh go bhfuair Oileánaigh áirithe bás de bharr galair éagsúla an ghorta. Is cinnte chomh maith go ndeachaigh líon áirithe Blascaodach ar imirce i rith an drochshaoil, ach arís, ní fios cé mhéid duine, go baileach, a chuaigh thar lear i rith na tréimhse, ag iarraidh saol níos fearr a bhaint amach dóibh féin. Tá seans ann nach ndeachaigh mórán daoine ar imirce ón mBlascaod i rith an Ghorta Mhóir, más fíor do staitisticí na tíre trí chéile. Níor bhraith na Blascaodaigh tionchar an ghorta ag

tús an ama chomh dian is a bhraith a gcomhleacaithe ar an míntír é toisc seilg na gcnoc agus na farraige a bheith acu, agus bia folláin a bheith acu, cé go mbíodh sé gann go maith ar uairibh. Ba é an pátrún náisiúnta ag an am ná go ndeachaigh daoine ar imirce ina scórtha ó na ceantair Ghaeltachta go luath sa tréimhse. Ina dhiaidh sin, áfach, nuair a bhí an gorta i mbarr a réime, agus an tír ina ghreim, tháinig laghdú suntasach ar líon na n-imirceoirí ó na ceantair Ghaeltachta, ach lean taoide na himirce ón nGalltacht tríd an drochshaol ar fad agus ar feadh i bhfad ina dhiaidh sin, chomh maith. Is cosúil nach raibh oideachas oiriúnach don imirce ag roinnt mhaith de mhuintir na Gaeltachta ag an am sin. Ní bheadh Béarla maith ach ag an gcorrdhuine, agus d'imigh na mílte ainniseoirí thall gan focal Béarla acu. Bheadh sé deacair orthu fostaíocht a fháil thall gan teanga na ndaoine a bheith ar a dtoil acu. Toisc nár ghoill an gorta go géar ar na Blascaodaigh sa luath-thréimhse, is cosúil nach ndeachaigh líon mór daoine ar imirce ó na Blascaodaí i rith an ama sin. Dá bharr sin, tháinig laghdú níos lú ar dhaonra na n-Oileán Tiar, ná mar a tháinig ar Dhún Chaoin, mar shampla. Nuair a thosaigh na hOileánaigh ag fulaingt de bharr thionchar an ghorta, bhí sé ródhéanach dóibh teitheadh go dtí an tOileán Úr. Bheadh a gcuid brionglóidí scriosta acu i leith Mheiriceá faoin am sin, agus na drochthuiriscí cloiste acu faoi dhaoine nár éirigh go geal leo thall toisc nach raibh mórán Béarla acu, agus ní rachadh ach an té ba mhisniúla agus ba láidre sa seans le saol Mheiriceá ina dhiaidh sin.

Cé nach bhfuil staitisticí cruinne ar fáil maidir le díshealbhú teaghlaigh i gCorca Dhuibhne sa naoú haois déag, i rith agus ag deireadh an drochshaoil, ach go háirithe, ní féidir a shéanadh gur nós forleathan ab ea an díshealbhú ag an am sin ar an míntír, a chuir le rátaí imirce agus báis sa dúiche. Bhí buntáiste ag na hOileánaigh anseo, chomh maith, toisc trí mhíle d'fharraige a bheith eatarthu féin agus na tiarnaí talúna.

Bhí sé an-deacair agus an-dáinséarach do na tiarnaí dul i dtír ar an Oileán chun cíos a bhailiú nó iarracht a dhéanamh ar na tionóntaithe a dhíshealbhú. Bhagair Clara Hussey díshealbhú ar na hOileánaigh sa bhliain 1838-39, ach níor éirigh léi é a chur i gcrích.²⁰ Ina leabhar *An tOileánach*, tugann Tomás Ó Criomhthain cuntas dúinn ar an troid fhíochmhar inar éirigh leis na hOileánaigh an ruaig a chur ar na báillí agus iad i ndeireadh na feide leo. Ní dhearnadh díshealbhú ar na hOileánaigh i rith an Ghorta Mhóir, mar sin, na daoine a chuaigh ar imirce ón mBlascaod Mór i rith an drochshaoil, chuaigh siad de réir a dtola féin. Níor cuireadh iachall orthu dul, agus níor chuir díshealbhú na ndaoine leis an laghdú a tháinig ar dhaonra na n-Oileán.

Tháinig feabhas i bhfad níos tapúla agus níos cuimsithí ar an Oileán ná mar a tháinig ar cheantair éagsúla máguaird, ar nós Dhún Chaoin. Faoin mbliain 1881, bhí daonra an Oileáin beagnach chomh hard is a bhí sé sa bhliain 1841, roimh an ngorta, le 148 duine ag cur fúthu ann. Bhí an daonra tar éis fás go seasta ón mbliain 1851 ar aghaidh. Sa bhliain 1901, bhí 151 duine i bpobal na mBlascaodaí. Bhí cónaí ar sheisear acu ar Inis Mhicileáin. Deich mbliana ina dhiaidh sin arís, bhí daonra an Oileáin Mhóir tar éis daonra na bliana 1841 a shárú, le 160 duine ag cur fúthu ar an Oileán. Shroich a dhaonra a bhuaic sa bhliain 1916 le 176 duine ann, de réir litreach a sheol an Criomhthanach chuig Robin Flower. Bhí pobal an Oileáin tar éis titim arís faoin mbliain 1925 go 150 duine agus titim leanúnach bhuan a bhí i gceist as sin amach go dtí gur tréigeadh faoi dheireadh é sa bhliain 1953, nuair nach raibh ach beirt is fiche istigh.²¹ I gcomparáid leis sin, níor tháinig Dún Chaoin chuige féin arís choíche i ndiaidh an ghorta. Thit daonra pharóiste Dhún Chaoin (na Blascaodaí san áireamh) ó 1394 duine roimh an ngorta go 722 i ndiaidh an ghorta – beagnach a leath.

Bhí an scéal níos measa fós sa bhliain 1861, nuair nach raibh ach 617 duine i bparóiste Dhún Chaoin, 98 dóibh istigh ar na Blascaodaí.

Ar scáth a chéile a mhair muintir na mBlascaodaí, i gcónaí, dar ndóigh. Ba chosúil le haon chlann amháin iad muintir an Oileáin, na páistí agus daoine óga an Oileáin ach go háirithe, mar a dúirt Muiris Ó Súilleabháin. Chónaíodar i ngiorracht scread asail dá chéile, agus bhíodar de shíor i dteannta a chéile – na fir amuigh sna naomhóga ag iascaireacht le chéile ar feadh an lae, nó ar feadh na hoíche ar uairibh; na mná ag caint is ag cur imeachtaí an lae trí chéile ag an tobar, mar a insíonn Tomás Ó Criomhthain dúinn, nó ag tarrac móna abhaile ón gcnoc; na páistí ag bualadh isteach ar maidin chun an cosán gairid go tigh na scoile a chur díobh le chéile. I ndiaidh lá scoile, bhíodar le chéile ag seilg nó ag imirt cluichí. Ba ghnách dóibh a gcuid obair bhaile a dhéanamh in aon tigh le chéile, fiú. Sna hoícheanta, bhíodh idir óg is aosta le chéile arís. Sna hoícheanta fada geimhridh, chaithidís an t-am ag bothántaíocht agus ag insint scéalta cois tine. Ba chúis bhróin i gcónaí é imeacht duine den ‘chlann’ sin ón oileán.

Ba mhar a chéile iad muintir an Oileáin. Ní dhearnadh idirdhealú riamh eatarthu féin ó thaobh shaibhreas an tsaoil de, nó ní raibh aicmí sóisialta riamh ar an Oileán. Ní raibh difríocht idir an fear a raibh dhá bhó aige agus an fear nach raibh aon bhó aige. Níor tháinig cúrsaí airgid i gceist eatarthu féin riamh, ach an oiread. Ní raibh sé de nós acu spré a thabhairt nuair a bhí cailín ag pósadh le fear óg ón Oileán, ní bheadh an t-airgead chuige sin ag aon teaghlach ar an Oileán. Is mar seo a chuireann Seoirse Mac Thomáis é ina leabhar *An Blascaod a Bhí*.

Ní raibh máistir nó seirbhíseach ina measc, iad go léir dlúite le chéile ar an dá thaobh le gaol fola agus cleamhnais; gan fiche slat idir aon dá theaghlach acu; an tslí bheatha céanna acu uile; gach fear ina ilcheardaí agus iad ag fiach agus ag iascach i gcomhar le chéile, ionas gur cosúil leis an aon chlann amháin iad. Pé stróinséir a thugadh cuaird orthu, bhíodh na fáiltí céanna acu roimis, ba cuma cérbh é. Níor lúide a meas air é a bheith bocht, ná níor mhóide a meas air é a bheith saibhir. Má bhíodh sé le moladh, is é an focal a bhíodh acu air é a bheith ‘uasal agus íseal’. Níorbh fhuiriste dallmhullóg a chur orthu le mórchúis. Bhíodar gan scolaíocht, ach bhí léann sinseartha dá gcuid féin acu, agus é lánoiriúnach don saol a bhí acu. Ba chúng an saol é, ach bhí eolas doimhin acu air. Ba shimplí an cultúr é, ach bhí sé saor ón suarchas agus ón labántacht atá ag lot ár gcultúr féin.²²

Daoine cairdiúla, fáilteacha ab ea muintir an Oileáin. Is léir an méid sin ó na cuntais faoi na hOileánaigh a scríobh daoine a chuaigh isteach ar an Oileán; daoine ar nós Pheig Sayers nach raibh puinn aithne aici ar na Blascaodaigh nó taithí aici ar nósanna an Oileáin sular phós sí isteach ann; nó Nóra Ní Shéaghdha a bhí den tuairim gur daoine fiáine iad na hOileánaigh, – ‘Cad a dhéanfad má bhuailim amach aon tráthnóna is má castar no hógánaigh faidhne atá istigh ann liom.’²³ – agus a raibh dearcadh an-diúltach aici i leith an Oileáin, i gcoitinne, nuair a dúradh léi go raibh sí le dul chun cónaí ar an Oileán Tiar, agus chun múineadh i scoil an Bhlascaoid; agus Muiris Ó Súilleabháin, fiú amháin, Blascaodach ó dhúchas, ach páiste a bhí ann a chaith roinnt blianta dá óige i ndílleachtlan i nDaingean Uí Chúise. Mar sin nuair a tháinig sé abhaile chun an Bhlascaoid Mhóir, in aois a shé bliana, d’fhéach sé ar gach aon ní a bhain leis an Oileán as an nua. Rinne sé iontas de gach aon ní a bhain leis an timpeallacht nua sin dó agus leis na hOileánaigh, chomh maith.

Mhol Peig muintir an Oileáin go hard as a bheith cairdiúil léi agus fáiltiúil roimpi. Nuair a chuaigh sí isteach ar dtús bhí an-chumha uirthi i ndiaidh an bhaile, go mór mór nuair a d'fhág a deirfiúir, Máire, slán aici, agus í ag teacht amach arís. Ní fada a bhí an t-uaigneas sin uirthi, áfach. Mar a dúirt sí féin, 'Bíonn cuideachta san Oileán i gcónaí'.²⁴ Bhí sí dóchasach agus dearfach i leith a todhchaí ar an Oileán, agus sásta go raibh a tigh féin aici, fear céile maith agus neamhspleáchas aici, faoi dheireadh. 'Ní raibh éinne ag dó na geirbe agam san am úd ach cuideachta agus spórt is bhí go leor do san agam.'²⁵

Molann Peig dea-thréithe na n-Oileánach mar a chonaic sí iad nuair a chuaigh sí isteach don chéad uair, mar bhean nua-phósta:

Daoine míne, macanta, fláithiúla, fáilteacha atá san Oileán is tá caradas agus muintearas ag an stróinséir le fáil ann maran ciontach é féin leis.²⁶

Shocraigh sí síos ina measc gan mhoill. Ba mhaith an chomhairle a thug Cáit Ní Bhriain di i leith an tsaoil ann agus ba chara dílis di, i gcónaí, í Cáit ina dhiaidh sin.

Ní raibh ach fiche bliain slánaithe ag Nóra Ní Shéaghdha, agus gan í ach nua-cháilithe mar mhúinteoir ó Choláiste Mhuire gan Smál, nuair a chuaigh sí isteach mar mhúinteoir an Oileáin. Ní raibh sí toilteanach dul isteach ar chor ar bith. Dar léi féin:

Chuireas suas stailc. Dubhart ná raghainn go Scoil an Oileáin, b'fhearr liom m'aghaidh a thabhairt ar "Orangemen íochtar na hÉireann."²⁷

Ní raibh puinn eolais aici faoi na Blascaodaigh ag an am sin, áfach, ach amháin na scéalta a chuala sí agus í ag dul ar scoil faoi na daoine aite a bhí ina gcónaí ann. Thuig sí go raibh uirthi rud a dhéanamh ar a tuistí, agus go raibh sé de dhualgas uirthi dul go dtí an Blascaod Mór. Cé gur thóg sé bliain uirthi dul i dtaithí ar an áit, agus a bheith ar a suaimhneas ann, d'admhaigh sí go raibh sí, sa deireadh, 'im' Rómhánach leo, mar a chéile liom bheith 'na measc is a bheith sa bhaile.'²⁸ D'imigh an t-uaigneas sin agus ina ionad d'fhás grá ina croí don áit, sa tslí is go raibh sí go mór trí na céile agus go raibh an-chumha uirthi agus í ag imeacht uathu arís nuair a bhí a tréimhse sé bliana go leith caite aici istigh. De réir dealraimh, bhí Nóra ag tnúth go mór leis an lá a bheadh scoil eile faighte aici ar an móirthír agus go mbeadh sí in ann bailiú léi as an áit. Níor thuig sí féin, fiú amháin, an cion a bhí aici ar an áit go dtí go raibh deis imeachta aici.

Is dócha go ndéarfad go bhfuilim ádhbhar bog, ach nuair a fuaireas amach go n-árdóchainn mo sheolta as an Oileán, ghoileas go fuigheach, ghoileas le huaigneas, ghoileas le háthas... Bhíos tráth go raibh an dearg-gráin agam ar an mBlascaod Mór... Ach ní hamhlaidh atá an scéal indiu agam. Tá mairg orm ag fágaint an Oileáin. Tá cathughadh orm, "an fharraige bheith 'na tuiltibh eadrainn, is nach eol dom snámh."²⁹

Is léir gur blianta sonasacha ab ea na blianta a chaith sí leis na Blascaodaigh istigh, agus go raibh brón uirthi scarúint uathu sa deireadh. Tá an t-uaigneas agus an briseadh croí le brath go soiléir tríd an óráid dheireanach a thug sí do dháltaí na scoile. Bhí fíor-aithne aici ar gach aon pháiste acu agus í an-cheanúil orthu, is léir.³⁰

Chaith na hOileánaigh go maith le Nóra Ní Shéaghdha. Luann sí féin go raibh Lís Ní Shúilleabháin an-chairdiúil, i gcónaí, léi.³¹

Bhí gach aon duine ón leanbh go dtí an seanóir go síoch grádhach liom. Bhí beannacht na ndaoine agam an lá fhágas, is má shíleas ádhbhar deora ag fágaint slán acu, ba mhaith an ceart dom san, mar na raibh aon droch-shaoghal agam 'na measc.³²

Deir sí gur thaistil cuid de na hOileánaigh i bhfad chun freastal ar shochraid a hathar. Thaispeáin sé sin di cé chomh mór is a bhí a gcroíthe, go mór mór toisc i lár biaiste an iascaigh a fuair a hathair bás.³³

Tugann Muiris Ó Súilleabháin cuntas an-spéisiúil, ach an-difriúil, ar chairdeas na n-Oileánach mar a chonaic sé é agus é ag filleadh ar an mBlascaod tar éis dó a thréimhse a chaitheamh sa Daingean. Tríd an gcur síos a thugann Muiris Ó Súilleabháin dúinn in *Fiche Blian ag Fás*, chímid nádúr an pháiste nuair a thagann duine nua nó duine difriúil ina measc, agus an fháilte a chur na páistí roimhe, ach go háirithe:

Bhí gliondar ag teacht ar mo chroí anois le haoibhneas na háite, agus is gearr go bhfeaca ag rith anuas trí gach cosán beirt, triúr, ceathrar, sa deireadh chuaigh díom iad a chomhaireamh, iad ag teacht ar nós na seangán, cuid acu ag rith, cuid acu ag siúl go mall – sa deireadh bhíodar in aon bhulc amháin os cionn an chaladh... Ní raibh pioc den slip ná go raibh clúdaithe le páistí agus le daoine fásta comh maith. Ba dhóigh leat ar bhreithniú orthu gur ampla a bhí orthu chun an naomhóg a stracadh ó chéile, fuaim agus gibris ina bhfuaid ar nós scata géanna a chuirfeadh madra trína chéile, go mórmhór mé féin gan aon tuiscint agam orthu.

Síneadh suas an naomhóg le taobh na slipe. Chuas amach aisti. Chruinníodar timpeall ar an naomhóg, ach amháin na páistí, chruinníodar san timpeall orm féin,

gach duine acu ag cur na súl tríom, cuid acu agus a méar ina mbéal acu, cuid eile ag gíotáil lena méireanna, cuid eile ag teacht taobh thiar dom. Bhí saghas náire ag teacht orm, cad fath an ghliúcaíocht go léir orm féin? Cuid acu, nuair a dh'fhéachainn orthu, dheinidís gáire agus chuiridís a n-aghaidh i bhfolach thaobh thiar do dhrom duine eile acu.³⁴

Nochtann sé fáilte na ndaoine fásta, chomh maith.

Agus dar fia, a léitheoir, go raibh sé leathuair a chloig go maith sara raibh an tigh bainte amach againn, do dheascaibh na seanbhan a theacht romhainn chun fáilte do chur romham féin.³⁵

Bhí muintir an Bhlascaoid i gcónaí réidh teacht i gcabhair ar a chéile. Nascadh iad le briseadh croí, le tragóid is le cruatan saoil, sa tslí is go rabhadar cosúil leis an aon chlann amháin. Bhí an comhoibriú sin riachtanach ionas go bhféadfaidís maireachtáil ar an oileáinín tuartha sin os cionn na farraige. Nuair a bhí duine óg ag imeacht ar imirce, bhailíodh muintir an Oileáin ar fad le chéile chun slán a fhágáil aige nó aici. Oíche go maidin a bhíodh acu, le craic agus ceol, ach oíche bhrónach, dhubhach ab ea é chomh maith don té a bhí le himeacht, mar aon leis na daoine a bhí fágtha ar an Oileán ina dhiaidh nó ina diaidh. Toisc gur cosúil le teaghlach mór amháin iad, ghoill imeacht duine ar bith go géar ar gach éinne, cé nárbh i gcónaí a bhí an duine sin gaolmhar leo. Is mar seo a chuireann Muiris Ó Súilleabháin síos ar imeacht a dheirféar, Máire, agus Cáit Phéig go dtí an tOileán Úr:

An oíche dhéanach, do bhí an tórramh Méiricéanach againn, gach éinne bailithe isteach, idir óg agus aosta, agus cé go raibh ceol agus amhráin, rince agus rí-rá, ag dul

san aer, do bhí cuma dhubhach ar a raibh istigh. Níorbh aon ionadh é sin, mar ba chosúil leis an t-aon chlann iad, aos óg an Oileáin – abair leat féin, a léitheoir, oileán beag scriosta amach ón míntír agus gan fiche slat idir aon dá thigh acu, na buachaillí agus na cailíní gach oíche ghealaí ag rince thiar ar an nDuimhne nó suite i dteannta a chéile ag éisteacht le fuaim na dtonn ó Thráigh an Ghrin aníos, agus ansan, nuair a thagadh an duibhré, iad do bheith bailithe le chéile ag caint agus ag comhrá i dtigh sheanNeil. Níorbh aon ionadh iad do bheith tromchroíoch nuair a bhí éinne ag scarúint uathu.³⁶

Ghoill imeacht na ndaoine óga go mór ar na seandaoine, ina theannta sin. Bhíodar siúd ag breathnú ar mheath an Oileáin ó lá go lá agus ba le croí trom a d'fhág siad a slán deireanach leis an duine óg spraoiúil cabanta sin a bhuaileadh an doras isteach chucu agus a chaitheadh seal ag caint cois tine leo, chun na laethanta fada geimhridh a mheilt ar a suaimhneas. Thuigeadar go han-mhaith nach rabhadar chun iad a fheiscint ar an saol seo arís choíche. Déanann Muiris Ó Súilleabháin cur síos ar bhrón agus ar dhólás na seanbhan ar imeacht a dheiféar, agus Cáit Pheig uathu.

-Mhuise, mo chroí go deo thú, a deireadh bean, nach é an trua go deo thú a bheith ag imeacht!- Ó Mhuise, a Mháire, a deireadh bean eile, conas a mhairfead id dhiaidh nuair a thiofáidh an oíche fhada gheimhridh agus gan tú ag teacht go dtí an doras ná do gháire agam le cloisint?³⁷

Bíodh na daoine i gcabhair a chéile, idir óg is aosta, i ndiaidh do dhuine imeacht uathu ar an tslí sin, go mór mór na máithreacha a raibh taitní acu ar an gcineál scartha sin. Go gairid i ndiaidh do Pheig aistriú isteach, bhí Siobhán agus Cáit, deirfiúracha a céile, ag ullmhú le himeacht sall go Meiriceá, de réir dealraimh. Siobhán a bhí le

himeacht ar dtús. Ba mhór an ciapadh é sin don tseanbhean bhocht -- ‘... ní mhairfeadh ina ndiaidh le huaigneas. Bhí mo chroí casta istigh iontu.’³⁸ Bhí Cáit Ní Bhriain ann, áfach, chun tacaíocht a thabhairt di. Bhí Peig, iníon Cháit Uí Bhriain, imithe sall cheana féin, de réir dealraimh, agus mar sin, thuig sí cás na seanmhná agus rinne sí iarracht í a chur chun suaimhnis:

Nuair a d’imigh Peig seo againne dhóbaire gur i nGleann na nGealt a gheofaí mise. Ach féach gur chuas chun suaimhnis... ‘Om briathar, a Mháire, gur thugas-sa cúig lá déag ag gol agus ag leaghadh nuair a d’imigh Peig, ach as san amach ní rabhas chomh holc i ndiaidh éinne eile don gcloinn.’³⁹

In am an ghátair, thagadh muintir an Bhlascaoid le chéile, chomh maith. A luaithe is a d’fhaigheadh duine bás, théadh fear muinteartha leis nó léi, mac de ghnáth, ag lorg criú naomhóige, chun dul trasna an bhealaigh chun riachtanais an tórraimh a fháil agus chun an tsochraid a shocrú leis an sagart. De ghnáth, ní bhíodh an duine sin i bhfad ag lorg criú. Bhíodh comharsana toilteanach i gcónaí an turas brónach sin a dhéanamh le cara, fiú más i lár na hoíche a d’fhaighidís an glaoch. Ceathrar de chriú a théadh amach, de ghnáth, agus nuair a shroicheadar caladh Dhún Chaoin, chuaigh beirt i dtreo amháin sa tóir ar an sagart, agus chuaigh an bheirt eile de shiúil na gcos sa treo eile go dtí an Daingean chun earraí an tórraimh a fháil. Bhíodh sé de nós acu i gcónaí, bean a thabhairt leo ar an turas sin. Deirtí go dtiocfadh mí-ádh orthu mura mbeadh bean leo. Mura raibh aon bhean mhuinteartha leis an té a fuair bás in ann an turas amach a chur di, stopaidís ag tigh a mhuintire ar an mórthír, agus théadh bean ón tigh sin leo. Nuair a bhí na hearraí go léir faighte acu, bhí orthu an turas bóthair a chur díobh arís, mar aon le trí mhíle d’fharraige a thrasnú. Dhéantaí an gaisce seo gan gearán ar bith a dhéanamh, mar bhí an tuiscint acu go ndéanfaí an rud céanna dóibh, dá mba ghá é.

Daoine cráifeacha ab ea iad gan aon agó. B'iontach an creideamh a bhí acu in am an chruatain agus an dóilís. Nuair a bhuaileadh drochbhliain leo nó nuair a thit aon tragóid amach chuireadar a dtoil le toil Dé agus ghlacadar leis. Tá go leor samplaí den chreideamh sin sna saothair Bhlascaodacha, ach is é an eachtra is mó a sheasann amach, im' thuairimse ar aon nós, ná nuair a thit Tomás, mac Pheig, le haill. Leaid óg i mbarr a shláinte ab ea é, a maraíodh go tragóideach. Níos luaithe an lá sin, bhí Tomás agus Peig ag caint mar gheall ar an todhchaí agus an tslí a bheadh sé in ann an teaghlach a chothú toisc é a bheith fásta ina fhear óg faoin am sin agus in ann obair dhian a dhéanamh. Níor smaoinigh ceachtar acu, áfach, nach siúlfadh sé tríd an doras arís, tráthnóna. Faoi mar a dúirt Peig:

Nuair a chonac arís é do bhí sé go mín marbh, sínte ar chróchar os mo chomhair amach, agus an lámh mhín gheal do shín sé chúm amach ar maidin go bródúil, briste brúite gan anam.⁴⁰

Ba ar Pheig a thit an dualgas an corp a ullmhú don tórramh. Obair dhian ab ea í agus í gan éinne léi chun cabhrú léi a cros a iompar. Bhí a fear céile tinn sa leaba agus bhí Cáit agus Pádraig tógtha go tigh comharsan leis an ngéit a bhaineadh díobh. D'fhág sin nach raibh ach Dia agus an Mhaighdean Mhuire aici chun cabhair agus tacaíocht a thabhairt di. Deir sí gur Uathu a bhfuair sí an neart an obair a bhí idir lámha aici a dhéanamh:

Do ghúíos chun an Chroí Naofa agus go dtína Mháthair Bheannaithe chun teacht i gcabhair dom, is go deimhin a léitheoir, ar fhilleadh dom mar a raibh mo mhac ní

raibh 'fhios agam nach corpán iasachta do bhí ann, do bhraitheas mo mhisneach chomh láidir agus mo chroí chomh héadrom san.⁴¹

Agus í i mbun na hoibre sin, theip ar a cuid misnigh, áfach. Ghuigh sí arís ag lorg cabhair Dé agus, arís, tháinig Sé i gcabhair uirthi:

Ach do bhí an obair a bhí idir lámha agam róchruaidh dom. Nuair a bhraitheas mo chroí á fháscadh, thugas liom íomhá na Maighdine, is do bhuaileas ar an urlár le m'ais é, agus táim admhálach ann ná raibh ionam ón uair sin amach ach ball oibre i lámh na Maighdine agus a hAonmhic.⁴²

Tríd an eachtra tragóideach seo, léiríonn Peig an creideamh neamhcheisteach a bhí aici. Ní tréith é sin a bhain le Peig amháin, ach leis na Blascaodaigh ar fad, na seanmhná, ach go háirithe. Cé nár éirigh le Peig, ar an ócáid seo, a cuid mothúchán a chur in iúl dúinn, is cumhachtach an píosa é, ó thaobh léargas a thabhairt dúinn ar creideamh na n-Oileánach agus méid na hiontaoibhe a chuir siad i nDia teacht i gcabhair orthu in am an ghátair.

Níor tugadh riamh ach 'An Baile', go simplí, ar áitreabh an Oileáin Tiar. Ní raibh cónaí ar éinne san Oileán taobh amuigh den dhlúthphobal sin. Luíonn an Baile siar faoin gcnoc, ar an taobh thoir den Oileán, ag baint tairbhe as an bhfoscadh a sholáthraíonn sé. Bhí Baile an Oileáin roinnte ina dhá leath – Barr an Bhaile agus Bun an Bhaile, agus é breac le gréasán cosán atá fite fuite le chéile agus iad ag rith ó thigh go tigh, a léiríonn a mhinicí is a bhídís istigh le chéile. Deirtear nach raibh níos mó ná tríocha tigh cónaithe ar an Oileán an lá ab fhéarr a bhí ann. Suite thíos i ngiorracht an

chalaídh, tá Bun an Bhaile, agus luíonn Barr an Bhaile níos faide siar i bhfoscadh an chnoic.⁴³

Is furasta seantithe an Oileáin a aithint mar tá siad tógtha ag breathnú soir ó dheas murab ionann agus na cinn a tógadh níos déanaí, a bhreathnaíonn amach soir ó thuaidh, is é sin le rá amach ar an míntír. Tithe beaga ísle atá i gceist, nach raibh iontu ach cistin mhór agus seomra beag eile. Bhíodh lochta i bhformhór na dtithe, chomh maith, ag feidhmiú mar sheomra eile, agus uaireanta, ceann eile os cionn na tine ar a gcuiridís líontáin agus guirléidí eile. Bhíodh iasc leasaithe agus salann ann, ar uairibh. Ba í an chistin príomhsheomra an tí, agus sna sean laethanta, bhíodh sé tábhachtach go mbeadh sí mór a dóthain ionas go mbeidís in ann na hainmhithe a thabhairt isteach i rith drochaimsire, nó sna hoícheanta. De réir mar a bhí feabhas éigin ag teacht ar shaol na n-Oileánach, thógaidís bothán do na hainmhithe taobh leis an tigh.⁴⁴

Doras amháin a bhíodh ar sheantithe an Oileáin. Eisceacht ab ea tigh Thomáis Uí Chríomhthain, a raibh doras cúil air, chomh maith. Ba i stíl tithe na míntíre a bhí sé sin tógtha. De chlocha agus moirtéal a bhí seantithe an Oileáin tógtha. Taobh amuigh bhíodís gealta le haol agus lataí na bhfuinneog daite le peint bhán. Is léir go rabhadar an-bhródúil as cuma a dtithe. Le linn Thomáis Uí Chríomhthain, urláir chré a bhíodh sna tithe, ach arís, d'athraigh sé sin le himeacht aimsire, de réir mar a bhí saol na n-Oileánach ag dul i bhfeabhas beagainín. Faoin am a bhí Seán Ó Chríomhthain agus Máire Ní Ghuithín ag scríobh a gcuid saothar, urláir chláracha a bhí i bhformhór mhór na dtithe. Cláracha raice a thagadh isteach ar an bhfarraige a bhíodh mar urláir acu. Sna seanlaethanta, chuirí gainimh úr ar an urlár cré cúpla uair in aghaidh an lae. Ba

phost é do pháiste óg sa teaghlach dul síos go dtí an Tráigh Bháin agus an gaineamh a iompar abhaile leo, agus ansin, é a scaipeadh ar an urlár.

Simplí, éifeachtach, bunúsach a bhí troscán an Oileáin. Sna seanlaethanta, bhíodh driosúr agus cófra eile ag feidhmiú mar ‘bhalla inmhéanach’ idir an chistin agus an seomra eile thíos staighre. Bhíodh spás eatarthu mar dhoras. Níos déanaí, áfach, thógadh ballaí inmhéanacha chun an dá sheomra a scarúint óna chéile. Leabaí cnaiste a bhíodh acu, de ghnáth, agus gan mórán troscán eile sa seomra, seachas cófra, nó truinc ó Mheiriceá, b’fhéidir. De ghnáth, d’úsáidí adhmaid a thógtáí isteach ón Daingean chun an troscán a dhéanamh, ach in am an ghátair, bhíodh adhmaid raice acu chun troscán a dhéanamh. Bhíodh bord mór feidhmiúil i ngach tigh, mar aon le driosúr agus caothaireacha súgán. Chomh maith leis sin, bhíodh siotal i bhformhór na dtithe in aice an bhalla, a bhíodh feidhmiúil mar ábhar suite i rith an lae agus mar leaba sa bhreis istoíche. Bhíodh lochta i roinnt mhaith tithe, ina theannta sin, agus seomra codlata eile a bhíodh ann. Is mar seo a dhéanann Peig cur síos ar an tigh istigh, mar a bhí sé an chéad lá riamh a leag sí cos thar thairseach tí an Oileáin:

Is deas gleoite a bhí an tigh feistithe acu, na fallaí bán le haol agus troscán nua ann, agus gainimh gheal ar an dtinteán. Bhí lampa deas crochta ar thaobh an fhalla agus an driosúr lán d’áiraistí deasa. Bhí cat mór glas insa chúinne go raibh gléas ina chroiceann, agus maidrín.⁴⁵

Ní raibh mórán dul chun cinn déanta ag na hOileánaigh ó thaobh ábharachás an tsaoil de idir an t-am a phós Peig isteach, agus an t-am a bhí Eilís Ní Shúilleabháin ina bean óg, ag scríobh chuig George Chambers. Scríobh sí chuige, lá, agus í ag glanadh an tseomra:

I am cleaning up my room here, whitewashing it first. It's easy to do so because it is a small room and there is nothing in it but a table, a cupboard and our bed. Also a chair. The walls are decorated with postcards from you. There are no fine pictures on the walls at all.⁴⁶

Ag deireadh mí Lúnasa na bliana 1905, chuaigh fear óg darbh ainm Synge isteach ar an Oileán. Ba é an chéad chuairteoir riamh a chaith saoire ar an Oileán agus ba mhór an raic a chruthaigh sé leis an gcuntas den Oileán a chuir sé i gcló, tar éis dó an tOileán a fhágáil. Chaith sé coicís ar an Oileán, i dtigh an Rí, agus scríobh sé mar gheall ar a raibh le feiceáil ar an mBlascaod Mór:

This cottage where I am to stay is one of the highest of the group, and as we passed up to it through little paths among the cottages many white, wolfish-looking dogs came out and barked furiously. My host had gone on in front with my bag, and when I reached his threshold he came forward and shook hands with me again, with a finished speech of welcome. His eldest daughter, a young married woman of about twenty, shook hands with me also, and then, without asking if we were hungry, began making us tea in a metal teapot and frying rashers of bacon. She is a small beautifully formed woman, with brown hair and eyes – instead of the black hair and blue eyes that are usually found with this type in Ireland – and delicate feet and ankles that are not common in these parts, where the womans work is so hard...

At eleven o'clock the people got up as one man and went away, leaving me with the little hostess... I told them I was sleepy, and ready to go to bed, so the little hostess lighted a candle, carried it into the room beyond the kitchen, and stuck it up on the end of the bed-post of one of the beds with a few drops of grease. Then she took off her apron, and fastened it up in the window as a blind, laid another on the wet

earthen floor for me to stand on, and left me to myself. The room had two beds, running from wall to wall with a small space between them, a chair that the little hostess had brought in, an old hairbrush that was propping the window open, and no other article.⁴⁷

Ní mó ná sásta a bhí na hOileánaigh leis an gcuntas áirithe sin. Dar leo, ba ag caitheamh anuas orthu agus dá lochtú a bhí sé. Níos déanaí, áfach, d'aontaigh Blascaodaigh áirithe, ar nós Sheáin Uí Chriomhthain, leis an gcuntas a thug Syngé. De réir an Chriomhthanaigh, bhí gach ar scíobh Syngé ceart don tréimhse inar scríobh sé é.⁴⁸

Sa bhliain 1907, ar impí an tsagairt pharóiste, cuireadh na Blascaodaí faoi stiúradh Bhord na gCeantar gCúng. Ceannaíodh iad ó Iarla Chorcaí. D'oibrigh siad ar chóras nua feirmeoireachta a thabhairt isteach ar an Oileán. Chomh maith leis an obair sin, áfach, thóg Bord na gCeantar gCúng sé thigh nua do thionóntaithe an Oileáin agus rinne siad athchóiriú ar thigh amháin eile. Bhí an obair thógála idir lámha faoin mbliain 1910. Faoin mbliain 1907, nuair a ghlac Bord na gCeantar gCúng cúram na mBlascaodaí air féin, bhí stad na tithíochta ar an Oileán go hainnis. Faoi mar a deir Seán Ó Criomhthain. 'Bhí na tithe go dona ag cuid acu agus an tigh ab fhearr a bhí ar an Oileán an t-am sin ní raibh aon difríocht idir é féin agus bothán muice.'⁴⁹

Ag Barr an Bhaile a tógadh na tithe nua dhá urlár sin. Ag breathnú amach i dtreo na míntíre a bhíodar murab ionann agus seantithe an Oileáin. Rud aisteach, chomh maith, do mhuintir an Bhlascoid an aga úd, ab ea an dara urlár sna tithe nua seo ach bhí go leor spás ag na daoine óga a gcuid seiteanna a dhéanamh thíos staighre agus bhaineadar an-úsáid as an staighre mar shuíocháin bhreise. An leagan amach céanna a

bhí ar chistineacha na dtithe nua seo is a bhí ar sheantithe an Oileáin. Rud a bhí difriúil mar gheall ar na tithe seo, áfach, ná go raibh dhá dhoras orthu, rud a bhí aisteach go leor do na hOileánaigh nach raibh taithí acu orthu. Seo mar a dhéanann George Chambers cur síos ar an ‘dul chun cinn’ seo i saol mhuintir an Oileáin:

The five exceptions were built by the Congested Districts Board, these are concrete and have slate roofs and are all placed in unpicturesque and exposed positions and although a benevolent government gave them back-doors they omitted to explain what their use might be, so the islanders have nailed them up and now use them for dressers.⁵⁰

Ar an iomlán, bhí caighdeán na dtithe ag dul i bhfeabhas ar an Oileán, agus saol na n-Oileánach leis. Timpeall an ama seo, sa bhliain 1916, shroich daonra an Oileáin a bhuaic, bhí an iascaireacht rathúil, bhí cuairteoirí ag teacht agus bhí beartanna á seoladh ó Mheiriceá. Déanfar plé níos doimhne ar an ábhar seo tríd na caibidlí eile.

Fuair Peig Sayers agus a clann ceann de na tithe nua seo a thóg Bord na gCeantar gCúng. B’iontach an t-athrú agus an feabhsú saoil dóibh é. Seo mar a dhéanann Mícheál Ó Guithín, nó Maidhc File mar a thugtaí air, seo mar a dhéanann sé cur síos ar an tigh nua agus an t-aistriú ann ón seantigh:

Is ar m’athair agus ar mo mháthair a bhí an t-áthas go raibh neart aca dul isteach i dtigh deas tirim cluthmhair, fé bhuanaidheacht, an chuid eile dá saoghal. Bhí áthas orainn go léir a bheith ag aistriú as an seana-pholl gránda go rabhamair. Bhíomair múchta ’nár mbeathaidh istigh ann agus dá fheabhas a dheineadh mo mháthair a dícheall chun é choiméad glan slachtmhar do theipeadh uirthé. Is i n-aoinfheacht

d'aistrigh an dá líon tighe, sinne agus líon tighe Dhiarmaid Thomáis. Ba mhaith le m'athair go mbeimís i n-aoinfheacht ag aistriú agus dhein Diarmaid a dhícheall chun é shásamh.⁵¹

Is léir nárbh é saol na bhfuíoll a chleacht muintir an Oileáin. Saol dian, annróiteach, dáinséarach a bhí acu. Bhíodar gan sagart nó séipéal, gan dochtúir nó altra, gan siopa nó tábhairne. Ní raibh oifig poist ar an Oileán Tiar ach an oiread, go dtí deireadh ré an Bhlascaoid. Dá bharr sin, bhí orthu iad féin a chothú idir iascaireacht na farraige, fásra na talún agus seilg na gcnoc. Dar le Seán Ó Criomhthain, áfach, ní raibh easpa riamh orthu ann:

Ní raibh aon easpa orainn ann, ná aon ceal ar an slí sin, ach geimhreadh agus drochaimsir agus galaraí agus breoiteacht a bhuaileann a leithéid d'áit agus gan oideas nó leigheas le fáil dóibh. Misneach maith nár mhór d'fhear oileáin a bheith aige ach tiocfaidh an t-am ort go dteipfeadh san ort ann.⁵²

Bia folláin, nádúrtha a bhíodh acu. Bhí píosa talún ag gach aon teaghlach ina fhásaidís prataí don chuid is mó. Bhraith siad ar na prataí dá gcothú, ach níor bhraith siad chomh mór sin orthu is a bhraith muintir na míntíre. Bhí bó nó dhó ag formhór na dteaghlach ar an Oileán, agus sholáthraigh siad bainne, rud a bhí riachtanach dóibh, agus cuid tábhachtach de bhiachlár an Oileáin. Dhéantaí im den bhainne sin, chomh maith. Ina theannta sin, bhí neart caoirigh ag teaghlaigh an Oileáin, rud a thaispeáin saibhreas an teaghlaigh sin. Bhíodh sé de nós ag na hOileánaigh caora a mharú dhá uair in aghaidh na bliana agus an fheoil a chaomhnú ar salann. Bhíodh sé de nós ag gach teaghlach caora a mharú oíche Nollag, agus bhíodh sé acu an lá dár gcionn.

Iascairí a bhí sna hOileánaigh go príomha, agus mar sin ba chuid lárnach é an t-iasc i mbia na n-Oileánach. Prátaí agus iasc a bhíodh mar ghnáthbhia acu. Dhíoltaí an t-iasc ag margadh an Daingin, de ghnáth, ach bhíodh iasc ar salann acu, chomh maith, don gheimhreadh, ach go háirithe, nuair nach mbeidís in ann dul chun farraige. Má theip ar gach aon rud eile dóibh, bhíodh cnuasach na trá acu – iasc blaoscach agus mar sin de. Obair na mban a bhíodh i gceist leis sin, ámh.

Tá cnoic na mBlascaodaí breac le coiníní. Bhíodh siadsan ag na Blascaodaigh mar chothú is mar bhia, chomh maith. Cúram do na buachaillí óga a bhí sa tseilg, ach go háirithe. Théidís ag seilg i ndiaidh an lá scoile, nó níos minicí, ar an Satharn. Ó am go chéile théidís, na buachaillí agus na fir, go hInis Mhicileáin ag seilg, áit a raibh seilg an-mhaith ann. Déanann Tomás Ó Criomhthain cur síos ar lá seilge den tsórt sin:

Bhí madraí fiaigh insa Chloich do bhíodh ag marú choiníní do shíor acu. Do chuaigh an bheirt againn tamall ón dtigh, agus do chrom sise isteach fé lic agus do thairrig amach dá choinín, agus níor dhá choinín mar mhagadh iad. Is amhlaidh do phrioc sí as chúpla dosaen iad ar fheabhas do bhí inné roimis sin acu.⁵³

B'shin saol an Oileáin a d'fhágadh na himirceoirí ina ndiaidh. Saol simplí bunúsach a bhí i gceist, dar ndóigh, i gcomapráid le saol gnóthach na cathrach a raibh siad chun a n-aghaidh a thabhairt air. Sa deireadh, ba iad na himirceoirí a chothaigh saol an Oileáin. Déanfar plé ar an ábhar fiorthábhachtach seo i gCaibidil 4, ach go háirithe. Faraor géar, tháinig an lá nár leor an méid sin, áfach. Bhí a ndóthain fulaingthe acu uilig agus bhí a gcuid misnigh tar éis teip orthu. B'shin deireadh le ré an Bhlascaoid Mhóir. Bhí an tOileán Tiar faoi mheath le fada an lá roimhe sin, áfach. Ón am a thosaigh na chéad imirceoirí ag imeacht leo trasna na farraige go dtí an tOileán Úr, ní

raibh i gceist ach ceist ama, go dtí go mbeadh deireadh ar fad leis an saol simplí,
taitneamhach, dáinséarach, anróiteach, uathúil seo.

Nótaí:

¹ Muiris Ó Súilleabháin, *Fiche Blian ag Fás*, 4ú eagrán Pádraig Ó Fiannachta (An Daingean: An Sagart, 1998), 11.

² Joan & Ray Stagles, *The Blasket Islands: Next Parish America* (Baile Átha Cliath: The O'Brien Press, 1998), 14.

³ Nóra Ní Shéaghdha, *Thar Bealach Isteach* (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1940), 21.

⁴ Charles Smith, *The Ancient and Present State of the County of Kerry* (Baile Átha Cliath: Mercier Press, 1979), 97.

⁵ Robin Flower, *The Western Island* (Oxford: Oxford University Press, 1944), 26.

⁶ Charles Smith, *The Ancient and Present State of the County of Kerry*, 98.

⁷ Robin Flower, *The Western Island*, 26.

⁸ Joan & Ray Stagles, *The Blasket Islands: Next Parish America*, 25.

⁹ *ibid*, 25.

¹⁰ Nuala Ní Aimhíngín, *Muiris Ó Súilleabháin: Saol agus Saothar* (Maigh Nuad: An Sagart, 1983), 10.

¹¹ Charles Smith, *The Ancient and Present State of the County of Kerry*, 97-98.

¹² Joan & Ray Stagles, *The Blasket Islands: Next Parish America*, 31.

¹³ *ibid*, 31.

¹⁴ Seán agus Tomás Ó Criomhthain, *Cleití Gé ón mBlascaoid Mór*, eagr. Pádraig Ó Fiannachta (An Daingean: An Sagart, 1997), 161-175.

¹⁵ Muiris Mac Conghail, *The Blaskets: A Kerry Island Library* (Baile Átha Cliath: Country House, 1987), 34.

¹⁶ Tomás Ó Criomhthain, *An tOileánach*, eagr. Seán Ó Coileáin (Baile Átha Cliath: Cló Talbóid, 2002), 5.

¹⁷ Edward J Bourke, *Shipwrecks of the Irish Coast 1105-1993* (Baile Átha Cliath: E.J. Bourke, 1994), 158.

¹⁸ *ibid*.

¹⁹ *Leoithne Aniar*, eagr. Pádraig Tyers, (Baile an Fheirtéaraigh: Cló Dhuibhne, 1982), 33-36.

²⁰ Joan & Ray Stagles, *The Blasket Islands: Next Parish America*, 50.

²¹ Muiris Mac Conghail, *The Blaskets: A Kerry Island Library*, 34.

²² George Derwent Thomson, *An Blascaod a Bhí* (Maigh Nuad: An Sagart, 1977), 25-26.

²³ Nóra Ní Shéaghdha, *Thar Bealach Isteach*, 60-61.

²⁴ *Peig: A Scéal Féin*, eagr. Máire Ní Mhainín agus Liam P. Ó Murchú (An Daingean: An Sagart, 1998), 137.

²⁵ *ibid*.

²⁶ *ibid*, 138.

²⁷ Nóra Ní Shéaghdha, *Thar Bealach Isteach*, 59.

²⁸ *ibid*, 62.

²⁹ *ibid*, 198.

³⁰ *ibid*, 202-203.

³¹ *Leoithne Aniar*, eag. Pádraig Tyers, 140.

³² Nóra Ní Shéaghdha, *Thar Bealach Isteach*, 214.

³³ *ibid*, 215.

³⁴ Muiris Ó Súilleabháin, *Fiche Blian ag Fás*, 4ú eagrán Pádraig Ó Fiannachta, 26-27.

³⁵ *ibid*, 27.

³⁶ *ibid*, 175.

³⁷ *ibid*, 176.

³⁸ *Peig: A Scéal Féin*, eag. Máire Ní Mhainnín agus Liam P. Ó Murchú, 140.

³⁹ *ibid*.

⁴⁰ *ibid*, 158.

⁴¹ *ibid*, 160.

⁴² *ibid*.

⁴³ Bhí cónaí ar na Súilleabhánaigh ag Bun an Bhaile. Dhá theaghlach Súilleabhánach a bhí ann – Teaghlach Mhuiris Uí Shúilleabháin, ar an gcéad dul síos; agus bhí a ghaolta ag Bun an Bhaile, chomh maith, iad níos faide i dtreo an Ghoib. Bhí tigh Dhaideo Eoghan Uí Shúilleabháin thuas ó thigh Mhuiris. Chomh maith leis na Súilleabhánaigh, bhí tigh mhuintir Cheaist Uí Chatháin ag Bun an Bhaile, mar aon leis na Criomhthanaigh agus Muintir Uí Dhuinnshléibhe. Ag Barr an Bhaile, bhí tigh Thomáis Uí Dhuinnshléibhe, tigh Mhaurice Mhuiris Uí Chatháin, agus Tigh Sheáin Mhaidhc Léan Ó Gúithín. Bhí tigh an Rí ag Barr an Bhaile, chomh maith. Ba ann a bhí ‘An Dáil’, ina theannta sin. Ba le Máire Ní Scannláin an tigh sin ar a dtugtaí ‘An Dáil’. Bhí teach na scoile ag Barr an Bhaile, chomh maith, agus ba ann a thóg Bord na gCeantar gCúng na tithe nua. – Muiris Mac Conghail, *The Baskets: A Kerry Island Library*, 37-39.

⁴⁴ Le linn óige Thomáis Uí Chriomhthain, ceann luachra a bhíodh ar na tithe. ‘Tigh beag caol gur mhaireamair ann; luachair ón gcnoc air. Is minic do bhí nead circe in airde ina dhroim agus dosaon obh inti.’ – Tomás Ó Criomhthain, *An tOileánach*, eag. Seán Ó Coileáin, 2. Faoin am a bhí Máire Ní Ghuithín ag fás aníos díonta peilte a bhíodh ar thithe an Oileáin. ‘Ceann nó díon peilte a bhí ar an dtigh. Chuirte tarra faoi dhá uair sa bhliain.’ – Máire Ní Ghuithín, *Bean an Oileáin* (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1986), 61.

⁴⁵ *Peig: A Scéal Féin*, eag. Máire Ní Mhainnín agus Liam P. Ó Murchú, 133.

⁴⁶ Eibhlís Ní Shúilleabháin, *Letters from the Great Basket*, eag. Seán Ó Coileáin (Colorado: Mercier Press, 1978), 18.

⁴⁷ John Millington Synge, *In Wicklow, West Kerry and Connemara* (Baile Átha Cliath: O'Brien Press, 1980), 74-77.

⁴⁸ *Leoithne Aniar*, eag. Pádraig Tyers, 69.

⁴⁹ *ibid*, 17.

⁵⁰ Eibhlís Ní Shuilleabháin, *Letters from the Great Blasket*, eag. Seán Ó Coileáin, 50.

⁵¹ Micheál Ó Gaoithín, *Is Truagh ná Fanann an Óige* (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1953), 8.

⁵² Seán Ó Criomhthain, *Lá dár Saol* (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1969), 2-3.

⁵³ Tomás Ó Criomhthain, *An tOileánach*, eag. Seán Ó Coileáin, 126.

Caibidil 2

Tús na hImirce Thar Lear

Sa chaibidil seo beifear ag breathnú ar na cúiseanna éagsúla faoi ndear an imirce i measc na n-óg ar an mBlascaod Mór. Díreofar ar an athrú meoin i measc na mBlascaodach óg óna d'eascair a gcuid spéise san imirce agus i saol Mheiriceá, i gcoitinne. Tabharfar scracfhéachaint ar Springfield, Massachusetts, áit lonnaithe thromlach na mBlascaodach thall, le linn an chéad leath den fhichiú haois ach go háirithe, ionas go dtuigfeadh an léitheora eispéireas na mBlascaodach thall. Déanfar plé ar chúlú an mhargaidh éisc i nDuibhneach agus ar ról na heacnamaíochta áitiúla trí chéile ar a gcinneadh teitheadh ó oileán a n-óige. Scrúdófar saol laethúil an Bhlascaoid agus an córas sóisialta ann. Chífead gur saol neamhathruithe a bhí i gceist, ar an iomlán, ó na méanaoiseanna i leith, agus gurbh iad constaicí an tsaoil sin ba chúis le himeacht líon mór ban óg ón Oileán Tiar, ach go háirithe. Breathnófar ar a leochailí is a bhí cás na n-Oileánach in am an ghátair is an ghanntanais, agus ar an tslí a bhraith siad ar raic a thagadh isteach leis an taoide, nuair a d'imíodh an saol ina gcoinne.

Ba cheist phráinneach í an imirce don Bhlascaod ó aimsir an Ghorta i leith, ach go mór mór ó chasadh na fichiú haoise. Ag an am sin, bhí claochlú ag teacht ar shaol an Oileáin agus bhí athruithe móra á mbrú orthu ón domhan taobh amuigh. Is téama lárnach é an imirce i bprós-litríocht an Bhlascaoid Mhóir. Faoin am a foilsíodh leabhair mhóra an Bhlascaoid - is iad sin *An tOileánach*, *Allagar na hInise*, *Peig: A Scéal Féin* agus *Fiche Blian ag Fás* – bhí meath dochúlaithe tagtha ar shaol an Oileáin. Bhí na daoine óga ag imeacht go tiubh, gan fágtha istigh ach na seandaoine, a raibh a saol go dtí sin caite acu ar an Oileán agus nach raibh cleachtadh ar a mhalairt de shaol acu, ar an iomlán. Ní raibh ach dhá rogha acu – fanacht istigh, nó bogadh

amach go dtí áit strainséartha ar an míntír. Theastaigh uathu fanacht istigh lena gcairde, fad is ab fhéidir leo.

Téann fréamhacha na himirce ón mBlascaod Mór siar i bhfad sa stair. Mar atá léirithe cheana, bhí síor-aistriú isteach is amach ón Oileán Tiar agus ó na hoileáin eile, chomh maith. N'fheadair éinne, áfach, cérbh é nó cérbh í an chéad imirceoir a d'imigh trasna na farraige ón mBlascaod go dtí an tOileán Úr, nó cathain a rinne sé/sí an turas éachtach sin, ach, dar ndóigh, tá scéal mar gheall air. De réir an scéil, thaistil an fear seo ón mBlascaod go Springfield, ach ní fios d'éinne conas, go díreach, a tharla sé gur lonnainn sé i Springfield, ach deirtear gur thaistil sé roimh an nGorta Mór in Éirinn. Is dócha go bhfuair sé obair thógála ar an mbóthar iarainn, cosúil leis na mílte imirceoirí neamhoilte eile a tháinig ó gach cearn den domhan an tráth úd, agus deirtear gur leis an bpost sin a rinne sé a shlí síos go Springfield. Cathair nua-bhunaithe, anamúil, bhríomhar a bhí inti ag an am sin. Bhí sé ag obair leis ann ar a sháimhín só go dtí gur éirigh easaontas éigin idir é féin agus beirt dá chomhleacaithe iasachta. Bhagair an bheirt eile ar an mBlascaodach agus mar fhéinchosaint tharraing sé buille orthu beirt agus dá bharr, fuair an bheirt acu bás. Ar a dtuiscint sin dó, tháinig aiféala air, ach bhí sé sceimhlithe roimh an dlí chomh maith agus bhailigh sé leis as an áit agus thug sé aghaidh ar iarthar na tíre, áit a mbeadh sé in ann tosú as an nua arís.

Ag tús an chéid seo caite, bhí athruithe sóisialta móra á gcur i bhfeidhm ar fud na tíre, agus ghoill na hathruithe sin ar an mBlascaod Mór, chomh maith. Don chéad uair riamh, bhí daoine iasachta ag teacht chun an Oileáin chun saoire a chaitheamh ann. Thug siad dearcadh nua eachtrannach agus scéalta ón domhan taobh amuigh

isteach leo. Mheall siad na daoine óga, go comhfhiosach agus go neamh-chomhfhiosach, leis na scéalta seo, na cailíní ach go háirithe. Ina theannta sin, bhí claochlú eacnamaíochta ag teacht ar an gceantar, rud a d'fhág iascairí an Oileáin beagnach díomhaoin.

Bhí saol an Oileáin athruithe go deo taobh istigh de ghlúin amháin, agus athrú dochúlaithe a bhí ann. Cé go raibh líon áirithe daoine ag bailiú leo as an gceantar agus ag imeacht leo trasna na farraige nuair a bhí Peig ina girseach i mBaile Bhiocáire, bhí neart daoine fós sásta pósadh agus clann a thógáil ar an Oileán agus sna ceantair ar an míntír mórthimpeall. Luann Peig cé chomh heasca is a bhí sé d'fhear óg bean a fháil an tráth úd, toisc nach raibh an-chuid daoine ag dul thar farraige ar imirce.

Dob fhuiriste do bhuachaill bean d'fháil an uair sin murab ionann is anois. Ní bhíodh ag dul go Meiriceá ach corrdhuine agus d'fhágadh san na cailíní flúirseach.¹

Níorbh amhlaidh an scéal, faraor, nuair a bhí páistí Pheig agus an ghlúin sin fásta. Feictear go soiléir cé chomh tapaidh is a d'athraigh na slite maireachtála agus nósanna sóisialta, a mhair ar feadh na gcéadta bliain. Taobh istigh de ghlúin amháin, bhí saol an Oileáin athruithe ó bhonn. Faoin am is a bhí Peig ina seanbhean agus í ag scríobh a cuid saothar, ba iad na mná óga, misniúla, aislingeacha a bhailigh a seolta leo as an Oileán Tiar agus a thug aghaidh ar na Stáit, ag fágáil na bhfear óg ina n-aonair. Ní raibh ach dhá rogha ag fir óga an Bhlascaoid mar sin – na cailíní a leanúint go Meiriceá agus saol nua a chruthú dóibh féin i gcathair éigin thall, ar nós Springfield, i bhfad ón Oileán Tiar agus ó shaol na farraige is an iascaire; nó fanacht ar an Oileán

leo féin ag breathnú ar shíormheath a nOileáin dúchais, agus uaigneas na háite ag goilliúint orthu níos mó le himeacht gach lá, agus gan seans pósta acu, nó socrú síos agus clann a thógáil. Dá bhformhór, ba rogha níos mealltaí é dul go Meiriceá agus cúl a thabhairt ar a ndúchas. Taobh istigh de thréimhse an-ghairid, bhí seansaol an Oileáin athruithe ó bhonn, leis na cailíní óga ag imeacht leo go dtí an tOileán Úr agus na buachaillí dá leanúint.

In agallamh a rinne sé le Pádraig Tyres, dúirt Seán Ó Criomhthain nach mbíodh mórán spéise ag buachaillí an Bhlascaoid sna cailíní a bhí ann, agus nach dtéidís sa tóir orthu go minic ar an Oileán.

... is ea a bheifí ag gairí is ag magadh fút má bheifeá ag imeacht in éineacht le cailín. Déarfaí go rabhais i do ghamall a bheith ag faire nó ag féachaint amach di, mar i gceann seachtaine nó b'fhéidir mí, bheadh sí sin bailithe léi in aimsir go dtí Daingean Uí Chúise nó imithe síos go Corcaigh nó sall isteach go Meiriceá.²

Labhraíonn Eibhlín Ní Shúilleabháin mar gheall ar na buachaillí ag leanúint na gcailíní trasna na farraige, chomh maith. I nDeireadh Fómhair na bliana 1923, bhí sí istigh sa tigh léi féin nuair a bhuail Peats Beag agus Muiris Óg, beirt ógfhear ón Oileán, isteach chuici. Ag caint mar gheall ar a dtodhchaí a bhíodar is ag cur a roghanna faoi bhráid a chéile. Ní raibh i gceist acu, i ndáiríre, ach cathain a rachaidís go Meiriceá.

[Bhí] mo bheirt thuas ag caint agus ag cur trína chéile mar gheall ar cad a dhéanfaidís, nó an n-imeoidís go dtí an Oileán Úr i mbliana, agus dúirt Muiris Óg, ambaist, go

gcaithfeadh sé féin imeacht mar go raibh a chailín thall ag brath leis agus ná mairfeadh sé anso 'na diaidh.³

An lá ina dhiaidh sin, thug Muiris Óg cuairt ar Dhaingean Uí Chúise chun pictiúr a ghlacadh dá phas agus socruithe a dhéanamh dó féin imeacht go dtí an tOileán Úr. Ba mhór an ciapadh é sin d'Eibhlín Ní Shúilleabháin, ach léiríonn sí, ina theannta sin, nach raibh sé ar intinn ag Muiris Óg bailiú leis ar chor ar bith murach go ndeachaigh a chailín sall cheana féin:

... do bhí sé dá rá le tamall go mbeadh sé ag imeacht ach, más ea, níor chreid éinne é go dtí inniu. Níor chreideas féin, leis, é agus d'fhiafraíos dó an raibh sé fíor, agus dúirt sé liom go raibh, agus níl aon rud ná go ndeireann sé liom féin, agus más rud é go bhfágfaidh sé an baile go deo is é mo mhórthuairim go mbeidh arduaigneas orm 'na dhiaidh. Dúirt sé liom ná raibh aon chuimhneamh aige ar an áit a dh'fhágaint in aon chor i mbliana, ná b'fhéidir an bhliain seo chúinn, mara mbeadh gur imigh a chailín tá cúpla mí ó shin, agus ar an gcion a bhí aige uirthi deir sé go gcaithfidh sé imeacht i mbliana más féidir leis é.⁴

Níl anseo ach cás amháin ina ndeachaigh an bhean óg ar imirce agus a d'fhág a buachaill chomh croíbhriste sin ina diaidh go ndeachaigh sé féin sall ina diaidh faoi dheireadh. Ní feiniméan é sin, áfach, a bhain leis na Blascaodaí amháin, ba phatrún na tíre trí chéile é.

D'fhág an leibhéal sin imirce rian diúltach ar an tsochaí sa bhaile in Éirinn. Mar atá thuasráite, ba iad na cailíní don chuid is mó, a chuaigh sall ar imirce, rud a d'fhág go raibh líon mór fear óg fágtha timpeall an cheantair, gan seans pósta acu sa dúiche,

agus iad fós faoi dhíon a dtuismitheoirí agus spleách go heacnamúil orthu, nó ar dheartháir níos sine ná iad a raibh a chlann féin agus píosa beag talún aige. De réir mar a bhíodar ag druidim leis an meánaois, bhí an seans cailte acu dul ar imirce. De ghnáth, ba dhaoine sna déaga déanacha nó sna fichidí luatha a théadh ar imirce. Ní raibh áit ar bith ina dtodhchaí do na créatúirí bochta iargúlta sin ina ndaichidí, nach raibh pósta nó aon phíosa talún dá gcuid féin acu. Mic fheirmeoirí beaga nó oibríthe feirme a bhíodh i gceist go hiondúil agus iad neamhliteartha go minic. Ba thruamhéalach a gcás mura raibh a muintir toilteanach dídean agus cothú a sholáthar dóibh. Ba mhinic a chuirí i dTigh na mBocht iad, mura raibh a muintir sa bhaile in ann deighleáil lena dtaomanna éadochais. Ba i mbarda na ngealt a chuirí na fir sin, ba ann a chaithidís an cuid eile dá saol. Sa mhéid sin, bhí an t-ádh le fir an Oileáin mar, de réir dealraimh, níor tharla sé go raibh aon Bhlascaodach i measc na ndaoine sin a fágadh i mbarda na ngealt sa Daingean.⁵

Nuair a thosaigh an bánú seo, ní raibh aon tarraingt siar, bhí deireadh i ndán do shaol an Oileáin, luath nó mall. Le himeacht na ndaoine óga, thosaigh dóchas na ndaoine a bhí fágtha ann ag tráth, agus nuair a bhí an dóchas cailte acu, bhí deireadh ré an Oileáin buailte leo. Bhí muintir an Oileáin ag obair leo an t-am ar fad ach bhí athrú tagtha ar an áit. Ní raibh spiorad na háite mar a bhíodh. A luaithe is a théadh duine óg trasna na farraige go dtí an tOileán Úr, bhí an chéad duine eile sa teaghlach sin á ullmhú féin i gcomhair an turais. B'shin mar a bhí an saol in Éirinn i gcoitinne ag an am agus níor éalaigh an t-oileáinín beag i gCiarraí ó sciúirse marfach na himirce ach oiread. Bhí an buille marfach faighte aige agus ní raibh i gceist anois ach cúrsaí ama. Dar leis an gCriomhthanach, 'Bhí daoine á rá go raibh lúth agus mire an Oileáin ar lár.'⁶ Cé go raibh daonra an Oileáin ag fás go dtí an bhliain 1916, faoin am

sin bhí dearcadh diúltach forleathan i measc na ndaoine i leith todhchaí an Oileáin. ‘Árthach báite’⁷ a glaoth ar an Oileán. Go bhfios dúinn, ón mbliain 1916 ar aghaidh níor fhan ach trí lánúin a phós ón Oileán istigh ann – lánúin amháin sa bhliain 1921, lánúin eile sa bhliain 1933, agus an lánúin dheireanach timpeall na bliana 1946. Ní fhéadfadh pobal ar bith maireachtáil mar sin agus thit daonra an Oileáin go tapaidh agus go buan i ndiaidh na bliana 1916.

B’fhéidir gurb é an léargas is suntasaí faoin imirce ón mBlascaod Mór ná nach luaitear imeacht gaoil, carad nó comharsan, go hiondúil, ach go fánach, i roinnt mhaith de shaothair an Bhlascaoid Mhóir, go mór mór i saothair Pheig Sayers agus saothair Thomáis Uí Chriomhthain. Is féidir le Peig caibidil iomlán a chumadh mar gheall ar *Lá na Ráiseanna* sa Daingean, nó eachtraí fánacha eile a thit amach dí i rith a saoil, ach tig léi plé a dhéanamh ar imeacht cúigear dá clainne taobh istigh de chúpla leathanach. Is dócha go léiríonn sé sin an difríocht meoin idir an tseanghlúin, nár labhair, nó nár scríobh go hoscailte, furasta faoina gcuid mothúchán, agus na glúinte a tháinig ina ndiaidh a léirigh conas a ghoill imeachtaí faoi leith orthu féin agus a scríobh faoi ábhar fíor-choscrach seo na himirce. Ba rud an-choitianta é, de réir dealraimh, imeacht duine óig eile ón bpobal, agus mar sin, níorbh fhéidir leo imeacht gach éinne a lua. Cé gur chúis bhróin i gcónaí dóibh ógánach eile ag imeacht uathu, níor rud neamhghnáthach é. Mar sin, ba é an rud ba thábhachtaí dóibh ná patrún na himirce ón Oileán, in ionad na ndaoine aonair, agus a thoradh sin ar an Oileán agus ar shaol an Oileáin i gcoitinne. Faraor, bhí na daoine óga ag fágáil le cois a chéile, agus bhí droch-thionchar air sin ar shaol an Oileáin, rud a phléifear go mion níos déanaí sa chaibidil seo.

Mar a pléadh thuas, bhí líon na n-imirceoirí ón mBlascaod Mór ag méadú ar go leor cúiseanna, ó thús na fichiú haoise, agus ba i ndiaidh an Chéad Chogaidh Dhomhanda a tháinig borradh as cuimse ar líon na n-imirceoirí ón Oileán Tiar. Sular bhris an Cogadh Mór amach, ní raibh mórán Blascaodach ag taisteal sall go Meiriceá. Ní raibh ach corr-dhuine ag dul ann sa bhliain 1901 nuair a chuir Seán Team Ó Cearnaigh agus a dheartháir ticéid in áirithe don chéad uair dá dturas sall go dtí an tOileán Úr. D'fhill Seán Team ar an Oileán Tiar, ach níor fhan sé ann ach tamall, agus sa bhliain 1908, chuaigh sé thar n-ais go dtí na Stáit Aontaithe. Faoin am sin, bhí os cionn milliún duine ag clárú le teacht i dtír ar Oileán Ellis, ó gach cearn den domhan. Cuireadh dlíthe nua i bhfeidhm sa bhliain 1907 sna Stáit Aontaithe ag iarraidh srian a chur ar líon na n-imirceoirí chun na tíre. Ón am sin amach, dhiúltaíí do dhaoine a raibh máchailí éagsúla intinne nó coirp orthu. Ón mbliain 1907 ar aghaidh, bhíodar an-dian ar éinne ar cheap siad go raibh an eitinn orthu. Diúltaíodh do dhá faoin gcéad d'iarrthóirí i rith an ama sin. Seoladh abhaile dá dtír dhúchais iad siúd ar theip orthu ina scrúdú leighis.

Ón mbliain 1917 go dtí deireadh an chogaidh, nuair a bhí na Stáit Aontaithe i mbun troda sa chogadh, níor ligeadh an oiread sin daoine isteach sa tír. Bhí meon frith-inimirceach ag fás i measc na Meiriceánach um an dtaca sin, agus diúltaíodh go hiomlán do chiníocha áirithe. Ba iad na sean-imirceoirí agus a sleachta, a raibh ag éirí go maith leo sa saol, i measc na n-antoisceach ba mhó a bhí ann ag an am. Athraíodh na dlíthe inimirce arís ionas go mbeadh ar gach iarrthóir sliocht a léamh i mBéarla nó ina dteanga dhúchais, sa chaoi is nach mbeadh daoine neamhliteartha in ann teacht isteach sa tír. Ba ón mBíobla a tógadh na sleachta sin, go hiondúil. Sa bhliain 1924,

cuireadh deireadh le próiseas an chlárúcháin ar Oileán Ellis, agus as sin amach ba i dtír dhúchais an iarrthóra a dhéantaí an chigireacht.

Sa tréimhse idir an dá Chogadh Dhomhanda, chuaigh formhór na n-imirceoirí Blascaodach go dtí an tOileán Úr. Ní raibh fadhb ar bith acu siúd a raibh gaolta acu thall cheana féin agus iad ina saoránaigh sa tír agus a bheadh sásta dul in urrús dóibh.⁸ Chuaigh an dream deireanach sall i ndiaidh an Dara Chogaidh Dhomhanda. Iadsan a raibh deartháir nó deirfiúr, nó fiú aintín nó uncail acu thall, scríobh siad chucu agus d'iarr siad an costas taistil orthu. I ndiaidh an bhánaithe sin, deirtear nach raibh ach criú dhá naomhóg agus scata seandaoine fágtha ar an Oileán.

Cé go rabhadar cúpla míle míle ón mBlascaod Mór, d'fhanadh formhór de mhuintir an Oileáin an-ghar dá chéile agus iad thall. Thaistealaídis ar longa de chuid an *White Star Line*, go hiondúil ó Chóbh, i gContae Chorcaí go Nua Eabhrac nó go Bostún agus as sin d'fhaighidís an traein síos go Springfield, Massachusetts, áit a mbíodh a ngaolta ag fanacht orthu. Is amhlaidh go raibh pobal beag Blascaodach i Springfield ón dara leath den naoú haois déag i leith. Chabhraigh córas inimirce na Stát Aontaithe leis seo. Ag an am sin, agus go mór mór i ndiaidh an Chéad Chogaidh Dhomhanda, bhíodh fáilte go Meiriceá rompu siúd a raibh gaol leo ina shaoránach Meiriceánach agus a bhí ina chónaí sa tír. Bhíodh sé de dhualgas ar an saoránach sin cúram an inimirceora nua a thabhairt air féin agus a bheith freagrach as go dtí go raibh post agus lóistín dá chuid féin faighte aige. Mar sin, bhíodh ar gach inimirceoir nua tréimhse a chaitheamh lena ghaolta i Springfield agus, de ghnáth, d'fhaigheadh an duine post ann agus lonnaíodh sé ann é féin chomh maith. Nuair a bhíodh go leor airgid sábháilte aige, chuireadh sé an costas abhaile chuig an gcéad duine eile sa

teaghlach. Nuair a thagadh seisean i dtír, théadh sé go Springfield agus d'fhaightí post dó ann, chomh maith. Sa tslí sin, mhéadaigh agus threisigh pobal an Oileáin i Springfield. Dar ndóigh, bhí sólas éigin le fáil dóibh siúd a d'imíodh go croíbhriste agus go huaigneach go Meiriceá, go mbíodh siad chomh gar sin dá muintir agus dá gcairde ón Oileán. Do roinnt mhaith díobh, bhíodh i bhfad níos mó dá muintir i Springfield ná mar a bhíodh fágtha ar an mBlascaod Mór. Bhíodh duine muinteartha leis an inimirceoir ag fanacht air ag an stáisiún traenach i Springfield agus, go hiondúil, i gcás na mbuachaillí, ach go háirithe, théidís díreach go dtí an *John Boyle O'Reilly Socaíl Club*, áit a mbíodh cuid den seandream. Bheadh seomra ar cíós ag duine ann, b'fhéidir, nó seans go mbeadh fear gnó éigin ann agus post aige a bheadh feiliúnach don inimirceoir nua. Cinnte, bheadh sé i measc a dhaoine féin arís ansin. Déanfar plé níos doimhne ar phróséas sin na himirce ón mBlascaod Mór i gCaibidil 5.

Ba mhaith liom breathnú anois ar an saghas áite ab ea Springfield nuair a tháinig na chéad inimirceoirí i dtír ann, ionas go dtuigfeadh an léitheoir an difríocht saoil ollmhór a bheadh i gceist d'inimirceoir ar bith nuair a bhainfidís Springfield amach an tráth úd. Ó bunaíodh é, ba bhaile tábhachtach tráchtála é Springfield, rud a chabhraigh go mór le dul chun cinn agus fás na cathrach go heacnamúil.⁹ Toisc go raibh sé an-easca earraí a iompar ó Springfield ar na haibhneacha, agus níos déanaí ar an iarnród, lonnaigh go leor comhlachtaí ann, ag cruthú go leor post d'oibríthe neamhoilte ar nós na n-inimirceoirí a tháinig ó Éirinn agus ó gach cearn den Eoraip sa naoú haois déag. San ochtú haois déag, tógadh neart muilte ar an Connecticut River ag cruthú post do mhná óga, ach go háirithe. Bhí an-chuid díobh i Chicopee Falls, baile an-ghar do Springfield, agus ba ann a chaith 'banaltra an Oileáin Tiar', Méiní Chéitinn, Bean Uí Dhuinnshléibhe, na blianta tosaigh dá hóige. Ag deireadh na

hochtú haoise déag, bhunaigh George Washington an Armlann Náisiúnta i Springfield, agus i rith na fichiú haoise, ba lárionad tábhachtach é Springfield don iarnród nua a bhí á thógáil ag an am. Fostaíodh a lán daoine de thoradh an obair thógála sin, agus ba Éireannaigh, Blascaodaigh san áireamh, roinnt mhaith de na hoibrithe sin. Ba dhíol spéise é an t-iarnród do dhéantóirí, agus mealladh líon mór dóibh go Springfield i rith luath-thréimhse an iarnróid sa cheantar. De réir mar a tháinig borradh ar an gcathair, lonnaíodh comhlachtaí éagsúla eile ann. I rith na fichiú haoise, ba lárionad tábhachtach airgeadais é Springfield, chomh maith.

De réir dealraimh, bhí seantaithí ag muintir Springfield ar inimirceoirí ag teacht ina measc, nuair a tháinig na chéad daoine ón mBlascaod ar imirce. Bhíodh inimirceoirí leochaileacha ag teacht chun na háite ón am roimh Shaoradh na Sclábhaithe i Meiriceá. Bhíodar fáilteach, de ghnáth, roimh na daoine nua sin. Dar le saineolaithe, ba stáisiún fíorthábhachtach é Springfield ar an ‘iarnród rúnda’ i rith na tréimhse nuair a bhí an choimhlint fhrithsclabhaíochta faoi lán seol. Bhí daoine áirithe i Springfield a bhí an-chabhrach le sclábhaithe a theith óna máistrí. Bhí teaghlaigh áirithe a raibh trua acu do chruachás na sclábhaithe agus thugaidís dídean dóibh go dtí go raibh an t-am feiliúnach dóibh cur chun bóthair arís. Thastealaídís i ndorchadas na hoíche, am a bhíodh níos sábháilte dóibh. D’fhan líon beag sclábhaithe i Springfield don chuid eile dá saol, go sábháilte, i ngan fhios dá máistrí. I gcás mná amháin, fuair a máistir amach go raibh sí i Springfield, ach nuair a chuala daoine lácha na cathrach cad a bhí ag titim amach, bogadh a gcroíthe agus cheannaigh siad saoirse na mná di, trí ‘luach’ an sclábhaithe a thabhairt dá máistir nuair a tháinig sé go Springfield sa tóir uirthi.¹⁰

Mar sin, faoin am a tháinig na chéad Bhlascaodaigh go Springfield bhí taithe ag roinnt saoránach ar inimirceoirí leochaileacha a bheith ina measc. Bhí neart oibre le déanamh agus fáilte roimh na Bhlascaodaigh a chuaigh go Springfield sa dara leath den naoú haois déag. Mar atá léirithe thuas, bhí neart fostaíochta ar fáil do dhaoine neamhoilte agus, go minic, neamhliteartha, freisin. Tháinig meath ar sheansanna fostaíochta na n-inimirceoirí le linn an chúlú eacnamaíochta sna naoi déag tríochaidí, agus ar líon na n-inimirceoirí, dá bharr. Ba dheacair an tréimhse é i Springfield, ach go háirithe. Cuireadh go leor oibrithe chun siúil i rith an ama sin. Chaill Bhlascaodach amháin, Muiris Ó Cearna, a phost i siopa an *Fisk* ag an am sin. Sé bliana ina dhiaidh sin, glaoth thar n-ais é.¹¹ Mar bharr ar an donas, tharla an tubaiste nádúrtha ba mheasa a chonaic Springfield riamh sa bhliain 1936, nuair a sceith an Connecticut River ag déanamh léirscios de cheantair éagsúla sa chathair. Chosnaigh na deisiúcháin go léir \$200,000,000. Bhí eacnamaíocht na cathrach thíos leis an gcúlú náisiúnta cheana féin agus mar sin ba bhuille trom di an tubaiste seo. Bhí tionchar ag na himeachtaí seo ar fad ar mhuintir an Bhlascaoid. Chuala na daoine a bhí fós ar an mBlascaod mar gheall ar an gcúlú agus go raibh ganntanas post i Springfield agus, dar ndóigh, i Meiriceá i gcoitinne, agus ar feadh tréimhse, tháinig laghdú suntasach ar líon na n-inimirceoirí go Springfield ón mBlascaod Mór. Ag scríobh ón mBlascaod ar an 3ú Lúnasa 1932, dúirt Eibhlís Ní Shúilleabháin:

The Yank, Pat's daughter, is staying at home this winter too, because there isn't much work in America these days.¹²

Dar ndóigh, tháinig feabhas ar eacnamaíocht Mheiriceá arís agus thosaigh sruthán na himirce ag sní arís, go righin is go seasta.

Níor fhág imirceoirí an Bhlascaoid slán lena n-oidhreacht agus leis an saol Gaelach i lár an Atlantaigh, ámh. D’fhan siad chomh dílis agus ab fhéidir leo dá nósanna Blascaodacha, dá gcreideamh, dá gcaitheamh aimsire agus dá dteanga. Cé nár mhúin a bhformhór an Ghaeilge don chéad ghlúin eile, eatarthu féin labhraídís Gaeilge an t-am ar fad. D’fhan muintir an Bhlascaoid an-ghar dá chéile i Springfield, agus bhí cónaí orthu i gceantar ar a dtugtar Liberty Heights go hoifigiúil, nó *Hungry Hill* dóibh siúd a raibh eolas na háite acu. Ba Éireannaigh iad ar fad, beagnach, a raibh cónaí orthu ar Hungry Hill, agus bhí go leor Ciarraíoch ina measc, ach fós bhí sráideanna ar leith ann sa chéad leath den fhichiú haois nach raibh cónaí ar éinne orthu, seachas muintir an Bhlascaoid. Bhí Gaeilge neamhthruaillithe an Bhlascaoid le cloisteáil ann i rith na fichiú haoise. N’fheadair éinne go cinnte cad as a dtáinig an t-ainm *Hungry Hill*, ach tá teoiric amháin ann a deir gur tháinig sé ón méid mór bia a sheachadtaí go tithe na dteaghlach mór Éireannach ó ollmhargaí Springfield. Deir daoine eile, áfach, gur thóg inimirceoirí ó Chorcaigh an t-ainm sin leo.

Tá Liberty Heights (Hungry Hill) suite ar an taobh ó thuaidh de Chathair Springfield. Go dtí deireadh na naoú haoise déag, ba cheantar tuaithe é Liberty Heights, agus cónaí ar shleachta na gcoilíneach Sasanach ann. Le himeacht aimsire agus le fás na cathrach, tháinig claochlú ar an gceantar agus d’fhás sé mar bhruachbhaile. Leis an gclaochlú sin tháinig áitritheoirí nua chun na háite. Cainteoirí Fraincise ó Cheanada agus Éireannaigh ab ea a bhformhór, agus ciníocha éagsúla eile níos déanaí. Chabhraigh an córas tram nua a bunaíodh ann go mór le borradh agus fás an cheantair nuair a cuireadh tús leis an tseirbhís sa bhliain 1892, agus nuair a feabhsaíodh é sa bhliain 1921. Ba chéim thábhachtach chun tosaigh é an tseirbhís sin

don chathair. Lonnaíodh na monarchana ar fad ar an líne tram agus le teacht na seirbhíse nua, tógadh go leor monarchana nua ann. Bhí fostaíocht ar fáil do na fir agus na mná sna monarchana sin agus breis fostaíochta do na fir ar na láithreáin tógála. D'fhás Liberty Heights, nó 'Hungry Hill' mar a thugtaí air go hiondúil faoin am sin, go tapaidh mar sin sa chéad cheathrú den fhichiú haois. Tógadh go leor tithe agus árasáin nua ann i rith an ama sin agus d'fhás gnóthaí beaga sa cheantar freisin. Ba ann a lonnaigh inimirceoirí an Bhlascaoid ón dara leath den naoú haois déag go dtí lár na fichiú haoise, sa tslí go raibh níos mó Blascaodach ar Hungry Hill ná mar a bhí ar chnoc an Bhlascaoid Mhóir le linn an Chogaidh Mhóir agus i bhfad ina dhiaidh. Ba ann a bhunaigh siad a 'gcoilíneacht' bheag féin. De réir mar a tháinig feabhas eacnamaíochta ar a saol, d'aistrigh na Blascaodaigh ó na seanarasáin ina raibh cónaí orthu ar dtús go dtí sráideanna níos leithne agus tithe níos galánta, ag fágáil na seanarasán do na hinimircigh Iodálacha agus inimircigh ó thíortha éagsúla in oirthear na hEorpa agus ó Mheiriceá Theas.

Ag an bpointe seo, ní mór mionphlé a dhéanamh ar chuid de na cúiseanna ar thréig muintir óg an Bhlascaoid a n-oileán dúchais. Dar ndóigh, b'áit aoibhinn é an Blascaod tráth den bhliain nuair bhíodh an nádúr faoi bhláth, agus bhíodh an-saol ag aos óg an Oileáin ann i rith an tsamhraidh. Daoine cairdiúla, lácha a bhíodh timpeall orthu agus bhíodh an-chairdeas idir na daoine óga ann, ionas gur 'c[h]osúil leis an t-aon chlann iad'¹³ mar a dúirt Muiris Ó Súilleabháin. Bhíodh spraoi agus sult le fáil ar an Oileán nuair a thagadh na cuairteoirí. B'shin an uair a théidís ag bothántaíocht le chéile istoíche, nó ag rince ag an Dumhach amuigh faoin spéir gan ach solas na gealaí ag lonrú síos ar a stáitse os cionn na farraige. Bhíodh scéalta iontacha á n-insint faoi éachtaí ar an bhfarraige, iontais thar lear - i Sasana nó i Meiriceá,

b'fhéidir – nó scéalta sí agus eachtraí na bhFiann. Ach faraor, théadh na laethanta i ngiarracht agus thagadh deireadh leis an gcleachtadh agus le cuideachta na gcuariteoirí, agus le saol na bhfuíoll ar an Oileán leo. Ní bhíodh i ndán dóibh don gheimhreadh ach oícheanta fada, dorchá le fuacht fíochmhar agus gálaí gaoithe ag séideadh agus ag bagairt a dtithe beaga. Fad a bhí a gcairde ó Bhaile Átha Cliath nó ó Chathair Chorcaí ag freastal ar rincí sna hallaí móra nó ag dul go dtí an phictiúrlann chun breathnú ar an scannán ba dhéanaí ó Hollywood, bhí aos óg an Oileáin suite cois tine i dteannta na seandaoine a bhí fágtha ar an Oileán. Nuair a bhíodh an aimsir feiliúnach sna hoícheanta, théidís ag bothántaíocht ach ba mhínic nach raibh siad in ann an méid sin a dhéanamh, fiú amháin, mar a insíonn Eibhlís Ní Shúilleabháin;

I think no one will stir tonight... It was too cold and we gathered around the fire.

Daddy was singing old songs for us... After the Rosary we went to bed.¹⁴

Thagadh claochlú gruama ar an Oileán don gheimhreadh, agus saol anróiteach, dian a chleachtadh muintir an Bhlascaoid i rith na míonna sin. Ba mhínic a bhíodh na fir díomhaoin i rith an gheimhridh, gan mórán obair feirme le déanamh acu, agus gan iad a bheith in ann dul chun cnoic go minic chun móin a ghearradh, toisc é a bheith reoite nó an aimsir a bheith mí-oiriúnach ar shlí éigin eile. B'annamh, i rith an gheimhridh, a bhíodh na fir in ann cur chun farraige ag iascaireacht nó chun riachtanais an tsaoil a fháil sa Daingean, fiú, chun a gclanna a chothú. Tharlaíodh sé go minic go rabhadar sa chás sin ar feadh míosa nó níos mó i rith an gheimhridh. Bhíodh a gcuid oibre i gcónaí le déanamh ag na mná, ach, bhí difríochtaí móra idir obair an gheimhridh agus obair an tsamhraidh do na mná, chomh maith. Ba i rith an gheimhridh don chuid is mó a thugaidís aghaidh ar obair an tsníomha, mar aon le gnáthchúramaí an tí agus na

clainne. Chaithidís ráithe an gheimhridh ag obair leis an olann – á ní is á glanadh, á cardadh is á sníomh agus ina dhiaidh sin, á cniotáil is á fuáil ina geansaithe agus stocaí agus go leor eile nach iad. Obair dhian, thuirsiúil a bhíodh i gceist leis an sníomh agus chaitheadh na mná an lá ar fad, ón maidín go dtí go raibh sé déanach go leor san oíche, á déanamh. Dar ndóigh, ba dheacair an saol é do na Blascaodaigh, i rith an gheimhridh ach go háirithe. Mar a dúirt Nóra Ní Shéaghdha:

Áit áluinn go maith a déarfadh duine dá ráingeochadh an lá go ciúin. Ach le radharc d'fhagháil ar an Oileán, lá garbh fiadhain i lár an gheimhridh, ní luighfeadh do chroidhe chomh tapaidh sin leis mar áit chomhnuighthe.¹⁵

Deirtear gur saol meánaoiseach a chleacht na hOileánaigh go dtí gur tréigeadh an Blascaod Mór sa bhliain 1953. Is cinnte gur saol simplí a bhíodh acu, ach ní hionann é sin is a rá gur saol éasca a bhíodh acu. Bhí córas eacnamaíochta an Oileáin fíorchasta, mar a léireofar ar ball. Bhí an córas eacnamaíochta sin agus cúrsaí eacnamaíochta, lena chois, ina bpríomhchúiseanna ar leibhéal na himirce ón Oileán Tiar sa chéad leath den fhichiú haois. Sa deireadh, bhí an-bhaint ag saol an Bhlascaoid féin le rátaí imirce ón Oileán. Saol meánaoiseach, neamhathruithe a bhíodh ag muintir an Oileáin Tiar, agus nuair nach raibh muintir óg an Oileáin sásta leis an gcineál sin saoil a thuilleadh, bhailíodar leo as an áit. Ní raibh ar chumas eacnamaíocht an Bhlascaoid athrú agus í féin a tharraingt isteach san fhichiú haois, agus d'íoc an tOileán go daor as. Chaill sé an áis is luachmhaire i sochaí ar bith – a aos óg. Toisc dolúbthacht gheilleagar an Oileáin, nuair a tháinig meath ar eacnamaíocht thraidisiúnta na háite, ní raibh muintir an Oileáin in ann brú chun tosaigh nó fiú a bhfód a sheasamh in aghaidh na n-athruithe. Fuair an nua-aoiseachas an fear maith orthu sa deireadh.

Mar a luadh cheana, bhí córas eacnamaíochta an Bhlascaoid simplí ar bhealach, ach í ag brath ar iarrachtaí an uile duine. Bhí a chúram féin ag gach éinne ar an Oileán, ón seanóir go dtí an páiste. Ní fheidhmeodh eacnamaíocht an Oileáin mura raibh an córas sin i bhfeidhm. I bhfad siar i stair an Bhlascaoid, bhíodh an Blascaod neamhspleách, nachmór, ar eacnamaíocht na míntíre. Bhíodar in ann iad féin a chothú ar an Oileán. Faoin am a bhí an imirce faoi lán seol, áfach, sa chéad leath den fhichiú haois, bhí an neamhspleáchas sin cailte acu. Mar atá ráite thuas, ba í an iascaireacht príomhthionscal an Oileáin, agus bhí riamh. Bhíodh píosa talún ag gach teaghlach, chomh maith, ina mbíodh prátaí agus glasraí éagsúla á bhfás acu. Bhíodh an mhóin ón gcnoc acu, agus seilg an chnoic agus na trá acu, chomh maith, ach bhraith siad ar an iascaireacht go príomha. Mar sin nuair a bhí an iascaireacht go maith, bhí ag dul leis na hOileánaigh agus bhí saol réasúnta compordach acu, ach nuair a bhíodh fadhb ar bith acu leis an tionscal sin bhíodh na Blascaodaigh thíos go mór leis, mar shampla nuair nach raibh praghas maith á fháil acu ar na héisc nó nuair nach raibh a mbáid oiriúnach don chineál iascaireachta a raibh brabús mór le saothrú air. D'athraigh stíl agus nósanna iascaireachta na mBlascaodach le gach séasúr, ag brath ar an saghas éisc a bhí ann ag an am, ach nuair a bheadh na héisc gann nó nuair nach bhfaighidís praghas réasúnta orthu, bhídís ag maireachtáil ar an gcaolchuid. B'shin an uair a tháinig méadú thar na bearta ar an imirce ón mBlascaod. Ní raibh faic le déanamh nó puinn airgid le fáil ag muintir an Oileáin agus ní raibh an dara rogha acu ach imeacht.

Go bunúsach, ní raibh eacnamaíocht an Oileáin in ann déighleáil go maith le hathruithe. Ó aimsir an Ghorta go dtí gur tréigeadh an tOileán sa deireadh, níor

athraigh tionscal na hiascaireachta mórán, agus na hathruithe a tháinig air, tháingadar de bharr coinníollacha seachtracha, in ionad iarracht chomhfhiosach na mBlascaodach brú chun tosaigh sa saol nó dul chun cinn a dhéanamh. B'fhéidir gurb é an t-athrú is mó a tháinig ar iascaireacht an Oileáin le linn na tréimhse sin ná teacht na naomhóige chun an cheantair. Báid mhóra a bhíodh ag na hOileánaigh fadó. Ochtar fear a bhíodh mar chriú orthu, agus gá leis an ochtar sin.¹⁶ Arís, ní cinneadh comhfhiosach ar pháirt na mBlascaodach a bhí i gceist ansin, ach aísfhreagairt ar eachtra eile a tharla dóibh.

Ní raibh todhchaí i ndán do na báid mhóra sin ar an Oileán Tiar, áfach. Bhí cíos ard le hÍoc ag muintir an Bhlascaoid le Clara Hussey, agus ina diaidh le Sam Hussey, agus ba mhinic nach raibh siad in ann an cíos sin a íoc, in ainneoin iarrachtaí an tsagairt pharóiste, An tAthair Ó Mongáin, an cíos sin a íslíú. D'éirigh leis é a laghdú ó cheithre phunt in aghaidh na bliana le linn do Chlara a bheith ina hionadaí, go punt an bhó le linn Sam Hussey. É sin ráite, nuair a thagadh drochbhliain, mar a tháinig sa bhliain 1880, ní rabhadar in ann é sin a íoc ach oiread.¹⁷ Ba i ndiaidh na bliana sin a thosaigh na Blascaodaigh ag cur in aghaidh an chíos agus na mbáillí a thagadh chun an cíos a bhailiú. B'iomaí troid fíochmhar a d'éirigh eatarthu féin agus lucht bailithe na gcíos agus iad ag iarraidh a gcuid oibre a chur i gcrích. Faoi dheireadh, d'éirigh leis na Blascaodaigh an lámh in uachtar a fháil ar na báillí agus níor íoc siad aon chíos ón mbliain 1895 i leith. Is iomaí scéil a bhí le cloisteáil mar gheall ar na troideanna sin ar an mBlascaod ag an am, agus ar feadh i bhfad ina ndiaidh, chomh maith.¹⁸

Mheas na báillí go raibh siad tar éis cath amháin a bhuachan, áfach, nuair a ghabh siad báid mhóra na mBlascaodach ag Cé an Daingin. Bhíodar chun iad a choimeád go

dtí go raibh an cíos íoctha go hiomlán acu. Níorbh amhlaidh a tharla, áfach. De réir mar a mhínigh Tomás Ó Criomhthain ina leabhar *An tOileánach*, bhí fir an Bhlascaoid tar éis dul go dtí an Daingean le gach aon saghas earra le díol acu ann. Bhí oíche ragairne acu ann, ach bhí drochscéal i ndán dóibh an mhaidin dár gcionn nuair a chuardar síos go dtí an caladh chun na báid a fháil:

...ar dhul síos go dtíos na bád dúinn, do bhí fearaibh dár malairt ceangailte astu ná ligfeadh dúinn baint leo; poilíní an Rí iad so do fuair teideal gan na báid do ligeant linn. Ordú ón lucht cíosa dob ea é agus, ón uair ná raibh an cíos againn dá dhíol ar aon chuma eile, gur beag an baol ná go mbeadh sé díolta ar an láthair, dar ndóigh, toisc ár mbáid agus ár mbóthar do bheith stopaithe orainn, agus ár slí bheatha.¹⁹

Bhí na Blascaodaigh i bponc, déarfá, gan airgead acu chun an cíos a íoc agus gan slí acu é a thuilleamh in éagmais na mbád, gan slí abhaile acu, fiú amháin. Níorbh amhlaidh a bhí, áfach, mar chasadar ar a cheann an drochghníomh a bhí déanta orthu, agus tháingadar níos fearr as. Bhí na báid le fanacht ar an gcé go dtí go raibh an cíos íoctha acu, nó bhí siad le díol chun méid an chíosa a dhéanamh, ach d'fhanadar ann go brách. Sa deireadh, cuireadh i ngort iad le lobhadh, mar ní raibh éinne sa dúiche sásta iad a cheannach, toisc an tslí ina bhfuarthas iad. D'fhág muintir an Bhlascaoid na báid ag caladh an Daingin agus níor bhac siad leo a thuilleadh. Níor éirigh le seift lucht bailithe na gcíos, áfach. Ní bhfuairadar éinne chun na báid a thógaint uathu. Pingin rua ní bhfuairadar orthu.

...tar éis na mbád do reic dóibh, ní raibh fear a gceannaithe le fáil a thabharfadh punt orthu araon, agus dob éigeant dóibh iad do chur isteach i ngort nó gur ith na míola críonna iad, gan réal ná pingin ó shin dá mbarr.²⁰

Bhí cairde ag muintir an Bhlascaoid sa Daingean, ámh, agus níor mhaith leo siúd go mbeadh a gcairde sáinnithe ann.

Tháinig mórchuid ón dtuath fé dhéin an iontais, agus breac-chara agus beagán airgid ina phóca aige chun lámhacht do thabhairt le hiad a fhuascailt... Do bhíomair síos suas insa sráideanna, agus breac-shiopadóir maith ag tarrac airgid dúinn má bhíomair chuinn díol astu, ach níor ghlac aon duine againn é.²¹

Tar éis dóibh dul go dtí an Daingean ina mbáid mhóra, d'fhill fir an Bhlascaoid i naomhóg. Ba é sin an chéad naomhóg riamh ar an Oileán, agus ní raibh ann ó shin ach iad. Ní mó ná sásta a bhí mná an Oileáin nuair a chonaiceadar an naomhóg ag teacht isteach. Mheas siad nach raibh siad sábháilte go leor agus as sin amach b'íomaí oíche a chaitheadar cois tine gan néal codlata a fháil, nuair a bhíodh a bhfir amuigh ar an bhfarraige ag iascach, toisc an bhuairt sin a bheith orthu.²² B'árthaigh éadroma sodhéanta iad na naomhóga agus níorbh fhiú do na báillí iad a thógáil.²³ Le teacht na naomhóg chun an Oileáin, ag tús na 1880idí, tháinig borradh as cuimse ar thionscal na hiascaireachta sa cheantar. San am sin, bhí an tOileán Tiar faoi bhláth agus ní théadh ach corr-dhuine ar imirce. Bhí obair agus airgead le fáil sa bhaile agus bhíodh daoine ag pósadh agus ag socrú síos sa cheantar. Mar a nochtann Peig dúinn:

San am sin bhí flúirse do gach ní san Oileán. Bhíodh a ndóthain dá gcuid bídh féin acu, agus seilg cnoic agus farraige. Ní raibh aon tigh gan bó, agus dhá bhó ag a lán acu. Bhí na daoine óga ag pósadh agus ag socrú síos dóibh féin. San am san do bhí ceithre cliabháin déag ag luascadh leanbh san Oileán, cé ná feadair na haosóga atá fé láthair ann cad a bhaineas le cliabhán in aochor.²⁴

Ón mbliain 1879 i leith, thagadh ráthanna móra maicréal go cóstaí na hÉireann, i mí na Bealtaine, ach go háirithe. Thagadh iascairí ón mBreatain agus ón bhFrainc ag iascach na maicréal seo. Bhíodh báid mhóra acu agus an trealamh cuí acu, agus rinneadar brabús maith as. Iascach oíche a dhéanadís, don chuid is mó. Roinn siad a gcuid eolais go flaithiúil leis na hOileánaigh. Thugadar eolas dóibh, chomh maith, maidir leis na líonta a d'fheilfeadh don naomhóg agus cá raibh fáil orthu. Cuireadh feabhas ar chéanna an cheantair, chomh maith, i rith an ama sin. Tháinig borradh iontach ar an iascach gliomach sa dúiche um an dtaca céanna. Tógadh suas le ceithre mhíle gliomach sa bhliain 1888 timpeall an Bhlascoid Mhóir, agus bhí praghas maith á fháil acu orthu ó na ceannaitheoirí éisc a bhí lonnaithe sa cheantar an tráth úd. Deir Tomás Ó Criomhthain linn go raibh deich scillinge le fáil ar dosaen gliomach agus punt ar chéad maicréal.²⁵ Is iomaí scéal iontach a bhí ag fir an Bhlascoid an tráth úd faoi oícheanta fada a chaitheamh ar an bhfarraige ag iascaireacht agus faoi luach a saothar a fháil ag margadh an Daingin an mhaidin dár gcionn. Bhíodh na maicréil timpeall an chósta timpeall na bliana ar fad, cé go raibh siad níos flúirsí ag tús an tsamhraidh. Oíche ar bith a raibh an fharraige ciúin, calma, cuireadh na fir chun farraige – triúr le chéile, de ghnáth, mar chriú naomhóige. Thosaíodh biaiste na ngliomach i Mí an Mhárta má bhíodh an aimsir oiriúnach agus leanfadh sé ar aghaidh go dtí deireadh Mhí Lúnasa. De réir dealraimh, ba Shasanach é an chéad fhear riamh a chuir pota gliomaigh síos gar don Oileán Tiar. Bhí margadh aige dóibh i Sasana. D'fhoghlaim na Blascaodaigh uaidh agus gan mhoill, bhíodar ag déanamh brabúis mhóir iad féin. Thagadh báid ó Shasana go minic chun iad a cheannach uathu.

I rith na tréimhse seo, deireadh na naoú haoise déag, de bharr thionscal an éisc sa bhaile a bheith chomh maith is a bhí, bhí líon na n-imirceoirí ón mBlascaod Mór an-bheag ar fad. Níor thosaigh sruthán na himirce ón mBlascaod ag sní go láidir go dtí gur theip ar thionscal na hiascaireachta sa bhaile go luath san fhichiú haois, agus mhéadaigh an sruthán sin go tuile i ndiaidh an Chogaidh Mhóir. A luaithe is a thosaigh an próiseas, ní raibh aon dul siar.

Drochbhliain ab ea 1900 do thionscal an éisc sa cheantar. Thréig na maicréil mhóra an cósta agus ní raibh ar chumas fhir na naomhóg dul níos faide amach san fharraige chun breith orthu. Cé go raibh neart iasc beag timpeall an chósta, ní raibh an t-airgead céanna le fáil orthu. Tháinig trálacir mhóra chun leas a bhaint as an iascaireacht dhoimhin sin, ach nuair a bhris an Cogadh Mór amach thréig siad an cósta agus bhí tús-áite ag fir na naomhóg arís.²⁶ Déanann rátaí na himirce ón mBlascaod scathánú ar an suíomh eacnamaíochta sin, mar go luath san fhichiú haois, tháinig méadú suntasach ar líon na n-imirceoirí ón Oileán, cé go raibh an líon sin beag fós i gcomparáid lena raibh le teacht. Nuair a briseadh an Cogadh Mór amach tháinig laghdú ar líon na mBlascaodach a chuaigh ar imirce. Tharla sé seo ar chúpla údar, ina measc toisc go raibh níos mó oibre sa bhaile agus dóthain airgid le fáil, lena chois. Dar ndóigh, bhí cúiseanna eile i gceist leis an srianadh sin ar rátaí imirce i rith an Chogaidh Mhóir, cúiseanna a ndéanfar plé orthu i gcaibidlí eile. I ndiaidh an Chogaidh buaileadh cúpla buille trom ar iascaireacht na háite, agus as sin go dtí gur tréigeadh an tOileán, d'imigh na daoine óga ina sluaite gach bliain go dtí an tOileán Úr. Samhlaíodh d'aos óg an Oileáin nach raibh tada dóibh, nó i ndán dóibh ar an Oileán. Mar a dúirt Eibhlín Ní Shúilleabháin:

Is cosúil le ártach báite an áit seo anois – gach éinne ag iarraidh é a dh'fhágaint nuair a ghaibheann sé an seans air.²⁷

Mar sin, bhí eacnamaíocht an cheantair féin ina chúis ar leibhéal na himirce. Bhí claochlú tar éis teacht ar an Oileán. Pobal neamhspleách a bhíodh iontu i gcónaí, agus shaothraigh siad go dian ionas go mbeidís amhlaidh, ach anois ba mhinic do na fir a bheith díomhaoin, in ainneoin a gcuid iarrachtaí a bheith neamhspleách arís.

Bhí athrú mór ag teacht ar an Oileán ón uair go raibh an t-iascach dulta faoi chois, do bhí na daoine óga go léir ag bailiú leo sall go Meirice, cúigear nó seisear le cois a chéile gach bliain.²⁸

Bhí a gcuid scileanna go léir in oiriúint do sheilg na farraige ach nuair a theip san orthu, ní raibh tada acu. Faoin am sin, ní bhacaidís mórán le seilg róinte ach an oiread. Le fada an lá, ba chomhartha bochtanais é feoil an róin a ithe, agus dá bharr bhíodh an-leisce orthu é a dhéanamh. É sin ráite, áfach, bhíodh an ola a d'fhaighidís uathu an-áisiúil ar fad.

I ndiaidh an Chogaidh Mhóir, tháinig meath suntasach ar thionscal na hiascaireachta sa cheantar. Ba dhrochbhliain é an bhliain 1919 do mhuintir an Bhlascaoid idir iascaireacht agus fheirmeoireacht. Ní raibh praghsanna maithe le fáil ar an iasc, mar a nochtann Oileánach amháin i bhfómhar na bliana 1919:

Ní raibh inniu air ach deich scillinge... Is mór an teacht anuas óna deich fichead é.²⁹

Ba thruamhéalach a gcás mar cé go raibh na héisc acu, ba mhinic nach rabhadar in inmhe iad a dhíol sa Daingean. Théadh iascairí an Bhlascaoid go dtí an Daingean lena raibh d'éisc faighte acu, ach toisc nach raibh aon díol orthu bhíodh orthu iad a chaitheamh thar n-ais marbh, gan tada a fháil as a gcuid n-iarrachtaí ar fad.

Thug muintir Dhún Chaoin a gcuid éisc abhaile ón Daingean inné gan díol... agus tháinig mórchuid abhaile lasthuaidh gan díol de. Ní fhaca aoinne riamh aon radharc ar iasc marbh go dtí an Daingean inné ó gach áit.³⁰

Ag an am sin, áfach bhí margadh fós ann d'iasc leasaithe i Meiriceá, cé go raibh an salann daor, agus dá bharr, ní raibh praghas maith le fáil ar na héisc. Is iomaí tagairt a dhéantar, in *Allagar na hInise*, ach go háirithe, dá laghad éisc a tógadh isteach i rith an ama sin, i gcomparáid le cúpla bhliain roimhe sin, nuair a tháinig Peaidí Ó Criomhthain abhaile ó Mheiriceá. Bhídís flúirseach an t-am sin. Ba dhrochbhliain í 1919 ó thaobh na feirmeoireachta de, chomh maith.

Níor tháinig aon bhliain phrátaí i gCiarraí ó tháinig na seaimpíní don dúthaigh is measa ná an bhliain seo.³¹

...táid siad mion dubh fánach againne, a dhalta, gan blas bídh ná beatha orthu ina theannta sin.³²

Mar bharr ar an donas, ní raibh a bpríomh-mhargadh dá gcaoirigh acu an bhliain sin ach oiread.

Níor tháinig an Mórdhach i mbliana ag ceannach na gcaorach go dtí an tOileán... agus is dócha ná dtiocfaidh go deo arís, agus ní maith an bhail ar an Oileán é... ach ón uair nár tháinig, beidh na hOileánaigh gan aon phunt dá mbarr.³³

I ndiaidh an Chogaidh Mhóir, bhí eacnamaíocht an domhain thiar cúlaithe. Bhí earraí gann ar uairibh, agus praghsanna ard dá dheasca. Is amhlaidh a bhí praghsanna earraí coitianta ar leith sa bhliain 1919:

Ceithre punt ar líon agus deich bpunt fichead ar naomhóg. Dhá scilling ar unsa tobac, nachmór.³⁴

Ní raibh an bhliain dár gcionn, 1920, i bhfad níos fearr do na hOileánaigh bhochta. Chuaigh drochaimsir na bliana sin i bhfeidhm go mór ar an iascaireacht agus ar an Oileán trí chéile. Faoin am sin, bhíodar tar éis cúpla bhliain d'anró a fhulaingt agus bhí cuid acu, an t-aos óg ach go háirithe, bréan bailithe de. Bhí an Cogadh Mór críochnaithe agus mar sin bhí fáil isteach go dtí na Stáit Aontaithe ag daoine a raibh gaol leo ann cheana féin. Dar ndóigh, b'eisceacht é an tOileánach óg nach raibh duine muinteartha leis thall roimhe. Sa bhliain sin, 1920, bhailigh roinnt mhaith ógánach leo as an Oileán Tiar.

Tá na hOileánaigh gan aon chúram ó stad an t-iascach. Níl prátaí féin le baint acu mar ná bhfuil siad acu le baint. An té a fhéadann é tá sé ag glanadh leis go dtí an Talamh Úr.³⁵

Buaileadh buille níos troime fós ar eacnamaíocht an Oileáin sa bhliain 1921, nuair a chuir na Meiriceánaigh dhá dhollar cánach ar gach bairille éisc a tháinig isteach.³⁶

Faoin am sin, is cinnte go raibh ré órga an Oileáin thart. Bhí a aos óg á thréigean agus iad a raibh fágtha, bhíodar bocht, díomhaoín, agus ag faire ar imeacht iad féin. B'árthach i mbaol a bháite anois é. Mar a dúirt Máire Ní Ghuithín:

Ar nós árthaigh caithfidh an áirithe sin daoine óga a bheith mar fhoireann uirthi, agus b'shin é an dála céanna ag an Oileán é. Chaitheadh foireann d'fhir óga láidre a bheith ann chun é a oibriú agus na naomhóga a stiúradh i gcoinne na gaoithe agus na farraige.³⁷

Bhí na hathruithe céanna tugtha faoi dheara ag Muiris Ó Súilleabháin, chomh maith.

Ná feiceann tú féin, arsa mise, an tslí bheatha ba thábhachtaí, is é sin an t-iascach, ag dul fé chois, agus nuair a chuaigh san faoi chois, tá an Blascaod faoi chois, mar imeoidh na buachaillí óga agus na cailíní óga go mbeidh aon taitheasc iontu thar lear, agus bain barra na cluaise dhíomsa, a Mháiréad, muran gearr uainn féin an lá san.³⁸

Bhraith eacnamaíocht an Oileáin ar shaothrú gach uile dhuine. Ón bpáiste go dtí an seanóir, bhí a chúram féin ar gach aon duine. Agus an tOileán i mbarr a réime, ní raibh aon duine díomhaoín. Bhíodh na fir amuigh ag iascaireacht aon uair a bhíodh an aimsir feiliúnach, fiú agus iad imithe go maith in aois. De réir dealraimh, lean siad orthu ag iascaireacht, go dtí nach raibh sé ar a gcumas chur chun farraige. Ina dhiaidh sin, bhíodh cúramaí eile orthu timpeall an Oileáin, sna goirt nó ar an gcnoc. Faoin am seo dá saol, áfach, an gnó ba thábhachtaí a bhíodh acu ná na scileanna a bhí foghlamtha acu leis na blianta, iad a mhúineadh d'aos óg an Oileáin. Ba mháistrí ar

cheird na hiascaireachta iad faoin am sin agus bhí ceachtanna tábhachtacha le foghlaim ag Oileánaigh óga uatha. Go hiondúil, bhíodh caidreamh maith idir aos óg an Oileáin agus na seandaoine ann. Níl a sárú de shampla ann ná Muiris Ó Súilleabháin agus a sheanathair. Ón am a d'fhill Muiris ar an Oileán, agus é fós ina bhuachail óg, bhí ard-mheas aige ar a sheanathair, agus chaitheadh sé an-chuid ama ina chomhluadar ag foghlaim uaidh, agus iad ag siúl an chnoic nó suite cois tine istoíche.

Bhíodh fir an Oileáin ina n-ilcheardaithe. Ba í an iascaireacht an príomhthionscal a bhíodh acu ach bhí go leor cúraimí eile orthu, ina teannta.³⁹ Ní raibh aon tógálaithe gairmiúla ar an Oileán, dar ndóigh, agus mar sin, níor mhór do gach fear a bheith in ann teach agus claíocha a thógáil agus a choinneáil, ach dar fia, bhíodh fir áirithe níos fearr ná a chéile ag cúraimí faoi leith. Mar shaor cloiche, bhí Tomás O Criomhthain ar fheabhas, de réir cosúlachtaí. Siúinéirí ab ea fir an Oileáin, chomh maith. Ag brath ar an tréimhse den bhliain a bhí ann, d'athraigh obair na bhfear ar an Oileán. Mar atá luaite thuas, ní raibh mórán le déanamh acu, nó gurbh fhéidir leo déanamh, i rith an gheimhridh nuair a bhí an fharraige róchontúirteach le tabhairt fúithi, ach a luaithe is a gheallaigh na laethanta arís, bhí a ndóthain le déanamh acu. Théidís chun cnoic ag baint móna go luath san Earrach. Ní mórán de a bheadh fágtha cois tí acu i ndiaidh an gheimhridh fuair.⁴⁰

Bhíodh orthu a gcuid bhfearas iascaireachta a dheisiú agus a coiriú sula rabhadar in ann dul chun farraige. Bhíodh líonta le deisiú acu, agus naomhóga le péinteáil, mar aon leis an gcaladh a choimeád. Ghealaidís na tithe le haol acu gach bliain, agus pé deisiúcháin nó athchóiriú a bhíodh le déanamh ar na tithe, bhíodh orthu iadsan a

dhéanamh, chomh maith. Ansin, bhíodh an obair fheirmeoireachta le déanamh acu. Bhíodh beithígh le tabhairt chun aonaigh ar an mórtáir, nó iad a sheoladh isteach ar an Oileán i ndiaidh dóibh iad a cheannach ag an aonach. Bhíodh caoirigh le tumadh is le bearradh, mar aon leis an obair churadóireachta. Séasúr an-ghnóthach a bhí san fhómhar do na Blascaodaigh, iad ag cur nithe in eagar agus ag ullmhú don gheimhreadh fada, míthrócaireach a bhíodh le teacht. Théidís chun an chnoic ag gearradh is ag baint móna, agus chun na bpáirceanna chun prátaí a bhaint.⁴¹ Agus níl anseo ach obair na bhfear. Pléifear le hobair na mban sa chéad chaibidil eile. I lár mhí Dheireadh Fómhair 1932, scríobh Eibhlís Ní Shúilleabháin:

Everybody on the island is very busy at present. Some of the men in the field digging potatoes, others bringing the turf home from the hill. You could see the fields full of people now, men, women and children working hard at the potatoes. They'll be finished with them very soon now with God's help. They have them stored in now for winter.⁴²

A luaithe is a d'fhág ógánaigh an Oileáin an scoil, bhídís ag cur le heacnamaíocht an tí go lán-aimseartha. Ag an aois sin, thosaídís ag dul amach sna naomhóga i rith biaiste na ngliomach agus biaiste na máicréal agus thuillidís suimeanna móra airgid go minic. Dá máithreacha a thugtaí an t-airgead, mar ba iad mná an Oileáin a choimeádadh an t-airgead. Ag tagairt d'fhir óga an Oileáin, deir Seán Ó Criomhthain:

... iad ag iascach agus ag tuilleamh airgid mhóir i rith an dá bhiaiste mhóra gliomach agus maicréal, is iad na tuismitheoirí a gheibheadh an t-airgead uathu, ach mara gcoimeádaidís féin aon phunt i gcomhair spóirt... agus ba bhreá lena gcroí é a bheith acu le tabhairt dóibh, mar is iad na tuismitheoirí a thugadh an t-airgead dóibh le pé ní

a bhíodh uathu a fháil, bróga agus éadaí agus rudaí mar sin, agus má théidís ag siopadóireacht is í an mháthair a mbíodh an sparán aici. Deir siad ná bhíonn aon rath ar sparán an athar, gur ar sparán na máthar a bhíonn an rath.⁴³

Ba rud mór é d'fhear óg ón Oileán a chéad bhiaiste a chaitheamh ar an bhfarraige. Ba chineál teacht in aois dó é. Bhí an scoil fágtha aige, agus leis sin a shaol leanbaí, agus anois bhí sé chun aghaidh a thabhairt ar an gcéad chuid eile dá shaol – mar fhear oibre agus soláthraí. Tugann Muiris Ó Súilleabháin cuntas dúinn ina leabhar dírbheathaisnéise, *Fiche Blian ag Fás*, ar an gcéad samhradh ar an bhfarraige dó agus ar an gcaoi ar mhothaigh sé chuige.⁴⁴

Bhí Tomás, mac Pheig Sayers iontach sásta leis féin, agus an-bhródúil, chomh maith, go mbeadh sé ina sholáthraí tí i ndiaidh dá dheartháir, Pádraig, imeacht go Meiriceá. Faraor, níorbh amhlaidh a bhí saol an tsoláthraí i ndán do Thomás Ó Gaoithín, mar cailleadh go tragóideach é agus é i mbun oibre an lá céanna is a dúirt sé:

'An amhlaidh atá eagla ort, a mháthair,' ar seisean, 'go mbeidh ocras ort? Ná bíodh aon eagla ort ná go bhfuil an lámh san ábalta ar ghreim a chur id' bhéal!'⁴⁵

Gnó eile a bhíodh ag na fir óga ná dul sa tseilg ar choiníní, éanlaithe mara agus róna. Théidís go dtí an Tiaracht ó am go chéile, ag seilg éanlaithe mara agus a n-uibheacha, agus cé nach raibh sé de nós ag muintir an Oileáin feoil an róin a ithe faoin am a bhí Muiris Ó Súilleabháin agus a chomhleacaithe ina bhfir óga, bhíodh an ola a d'fhaighidís uathu an-áisiúil ar fad chun na soilse beaga a bhíodh acu a lasadh. Mar sin, théidís sa tseilg orthu, chomh maith. Go minic, théidís go dtí Inis Mhicileáin ag

seilg coiníní, áit a raibh siad níos flúirsí fós ná ar an mBlascaod Mór. Tá turasanna seilge luaite ag roinnt mhaith de scríbhneoirí fireann an Oileáin agus iad ina fhir óga, ach ba ag Tomás Ó Criomhthain a bhí an cuntas is gléine, b'fhéidir.⁴⁶

Fiú agus iad ina ngásúir scoile, bhí a gcúram féin ar na Blascaodaigh óga. Ba mhinic a théidís, i ndiaidh an lá scoile, go tithe na seanchomharsana chun jabanna a dhéanamh dóibh, ag tarraingt uisce nó a leithéid.⁴⁷ Chomh maith leis sin, bhídís gnóthach i gcónaí ag cabhrú leis na daoine fásta ag tabhairt móna abhaile ón gcnoc. D'fhágtaí gnó na seilge ar an gcnoc, go minic, faoi na gasúir scoile, go mór mór i lár an tsamhraidh nuair a bhíodh an iliomad cúraimí eile ar na fir. Dhéanaidís cnuasach trá go minic mar aon le seilg an chnoic. Théidís sa tóir ar uibheacha na n-éan agus bhíodh éin óga 'ina bpeataí' ag cuid acu. Insíonn Muiris Ó Súilleabháin scéal thar a bheith greannmhar agus spéisiúil mar gheall ar lá a chaith sé féin agus a chara, Tomás Eoghain Bháin ag seilg ar an gcnoc.⁴⁸ Ba chontúirteach an caitheamh aimsire é, dar ndóigh, toisc gur timpeall na n-aillte a bhíodh a gcuid neadacha déanta ag na héin. Ní raibh tuismitheoirí an Oileáin róshásta leis an gcaitheamh aimsire áirithe seo, mar a fuair Mícheál Ó Gaoithín amach i ndiaidh dó lá a chaitheamh i mbun seilge.

Nuair a thána abhaile níor ghréas mholta do thug m'athair dom as saothar mo lae, ach is amhlaidh a bhris sé gach a raibh d'uibhe faoileann agam amuigh ar an leic, go dtí aon cheann amháin.

'Is beag a bheadh orm', ar seisean, 'nó dhéanfainn an dálda céadna leis seo, ach tá sé ráidhte riamh gur mian le mic a shúil. A gharsúin,' ar seisean, 'bíodh deire agat leis an obair seo nó ní bheidh san tig seo ach tusa nó mise.'

Bhíos chómh cráidhte le scadán rósttha, ach do bhí fhios agam go maith go raibh an ceart ag m'athair agus ná raibh sé ach ag cur eagla orm.⁴⁹

Bhí an ceart aige, go hiomlán, mar b' amhlaidh a fuair mac Thomáis Uí Chriomhthain bás agus é ina ghasúr óg. Thit sé le haill agus é sa tóir ar uibheacha faoileán.

In am an ghátair, bhraith na hOileánaigh ar raic a tháinig isteach ón bhfarraige. Fiú i rith an Ghorta, shábháil raic farraige na hOileánaigh ón ocra, mar atá pléite i gCaibidil 1. Nuair a chuaigh an *Caroline* go tóin poill i Samhain na bliana 1850, bhí ríméid ar na Blascaodaigh mar bhí lasta cruithneachtan uirthi a chothaigh ar feadh i bhfad iad. Deirtear nach raibh fear, bean nó páiste ón Oileán nach raibh thíos ar an trá ag iarraidh an méid agus ab fhéidir leo a shábháil. Níos túsce sa bhliain sin, bádhdh long eile ar an gcósta le lasta íle uirthi. Tagraíonn Tomás Ó Criomhthain don dá eachtra sin ina leabhar *An tOileánach*.⁵⁰ Ba ó bhád a chuaigh go tóin a tháinig na chéad bhoscaí tae isteach ar thrá an Oileáin. Ar dtús, ba mar dhath olla a d'úsáidít an tae, ach sul i bhfad d'aithin siad gurbh fhéidir leo úsáid i bhfad níos fearr a bhaint as.

Ba mhór an cúnamh é an raic farraige sin do na hOileánaigh i rith an Chogaidh Mhóir, chomh maith. Is iomaí bád a racáladh nó a buamáladh gar do na Blascaodaí um an dtaca sin, agus bhí lastaí tábhachtacha ar bord acu a chothaigh na Blascaodaigh. Mar a dúirt Muiris Ó Súilleabháin:

Ní raibh tigh ins an Oileán ná go raibh seomra stóir déanta acu le haghaidh a bheith ag bailiú isteach, agus gan aon áiféis, nuair a raghfá isteach i gceann acu san, ba dhóigh leat gur istigh i mbaile mór a bheifeá, barailí móra geas agus gach uile ollmhaitheas; agus ansan, nuair a bhuaileadh tort an tseanbhean nó an seanfhear, ní raibh le déanamh acu ach sá go dtí an baraille fíona agus slogóg a bhaint as. Ba mhór an saol é, ceannaitheoirí ag teacht os gach páirt do Chiarraí ag ceannach an adhmaid,

agus ag ceannach na geire agus gach aon tsaghas íle, ins an tslí dhuit go raibh airgead á charnáil go tiubh.⁵¹

Ba mhór an t-athrú, áfach, a bhí tagtha ar an saol nuair a bhí an pobal seo, a bhíodh i gcónaí chomh neamhspleách, anois ag brath ar raic farraige agus earraí a tháinig isteach leis an taoide chun an Oileáin. D'fhéadfaí ionannú le cás na n-Oileánach óg, nuair a mheas siad go raibh saol níos fearr ann agus go rabhadar chun greim a bhreith air lena ndá láimh. In am an ghátair, ámh, chuirfí fáilte Uí Cheallaigh roimh na hearraí a thagadh isteach. Bhainidís leas as cibé mí-ádh a tharla do bháid timpeall an chósta sin. Thart ar an mbliain 1915, chuaigh bád faoi an-ghar don Oileán. Ba ghasúr scoile é Muiris Ó Súilleabháin ag an am agus is é seo an cuntas ar an eachtra:

... do bhaineadh leathadh as na súile againn nuair a chonaiceamar an fharraige dubh cíorubh le cláracha bána, bíomaí, stráicí agus roillsí móra fada; naomhóg, dhá naomhóg ag teacht orainn aneas agus iad suas go gunail le cláracha, agus suas le daichead ceann eile ina ndiaidh aniar; naomhóg eile faid do radhairce ó dheas ins an Bhá; naomhóg eile ag teacht ón gcaladh tar éis last a bheith curtha sábhálta ar an dtalamh aici.⁵²

Cé nár fhás crann riamh ar an mBlascaod Mór, ní raibh ganntanas adhmaid riamh ann. Thagadh adhmaid isteach ar an taoide, a raibh mar lasta ag bád éigin a racáladh, nó ón mbád féin, agus leis an adhmaid sin bhíodh na Blascaodaigh in ann feabhas a chur ar a dtithe. Bhíodh an tsiúinéireacht mar chaitheamh aimsire ag iascairí óga an Oileáin, ceird a d'fhoghlaim siad ó fhir níos aosta ná iad féin, nó óna chéile go minic. Bhíodh go leor adhmaid acu, de shíor, chun cófraí, cathaoireacha, boird, agus go leor earraí eile nach iad a dhéanamh. Bhíodh adhmaid le dó sa tine acu, chomh maith.

Ar an 23ú/8/1916, chuaigh an *Quebra*, bád Sasanach, go tóin poill gar do na Blascaodaí agus é ag dul ó Nua Eabhrac go Learphoill. Bhí an uile shaghas ní ar bord aici agus rinne na Blascaodaigh go maith as. Tá tagairtí i roinnt mhaith de shaothair an Bhlascaoid don long mí-ámharach seo. Tá an scéal céanna ag Muiris Ó Súilleabháin agus Mícheál Ó Gaoithín, go rabhadar ar scoil nuair a tugadh an long faoi deara ar dtús agus í ag dul faoi. Déanann Muiris Ó Súilleabháin cur síos iontach ar an eachtra seo le sceitimíní an pháiste le feiceáil go gléineach tríd:

A Rí na bhfeart, dob iontach an radharc a bhí le feiceáil uait síos ins an am san – soithí, baraillí plúir, boscaí móra dubha, boscaí móra bána, boscaí móra bagúin; ach ní raibh aon duine beo le feiscint ná fiú aon naomhóg amháin ar an stáitse. – Th’anam ’on diucs, a Thomáis téanam siar ar Speir Chuas na Róin, mar is ann atá an baile go léir. Seo linn agus gach pocléim againn le meidhir...

Ba mhór an dul trí chéile a bhí ansan romhainn: gach saghas déantúis bhosca ar gach dath, baraillí, comhraí – ní raibh leath-throigh don ngrean ná go raibh clúdaithe le raic. - Ó a thiarcais, arsa Tomás ag caitheamh a chipín ins an aer, táimid saibhir go deo.⁵³

Dar leis an Súilleabhánach, ní raibh fear, bean nó páiste ar an Oileán Tiar nach raibh uaireadóir aige nó aici i ndiaidh na taisme sin ag Carraig an Lóchair.⁵⁴

Níor tháinig iascaireacht an cheantair chuige féin arís choíche agus lean rátaí na himirce ag méadú in aghaidh na bliana go dtí nach raibh ógánaigh fágtha ar an Oileán Tiar le dul sall. Ó na tríochaidí ar aghaidh, bhraith na hOileánaigh go mór ar dheontais ón Stáit, agus ar an gcúnamh dífhostaíochta, nó an *dole* mar a thugtaí air ar

an Oileán. Bhídís fós ag fás prátaí agus glasraí eile ar an Oileán, ach bhí cúrsaí feirmeoireachta an Oileáin dulta i léig chomh maith, faoin am sin. Ní raibh fiú bó amháin ag gach teaghlach anois agus cé go raibh sé chéad chaoirigh ar an genoc, bhí i bhfad níos mó dóibh ag daoine áirithe ná daoine eile, agus bhí neart teaghlaigh nach raibh mórán acu ar chor ar bith. De réir dealraimh, bhí ceithre teaghlaigh gan aon chaoirigh acu.⁵⁵ Ba mhór an cúnamh é an *dole* do mhuintir an Bhlascaoid, cé nár mhór an tsuim airgid a bhfuair siad. Sa bhliain 1933, chuaigh ráfla timpeall an Oileáin go raibh airgead ar fáil ón rialtas dóibh siúd a bhí díomhaoin. Ba mhór an t-ábhar cainte é i measc na seanfhear sa *Dáil* sna hoícheanta. Cúig scilling in aghaidh na seachtaine a fuair siad.⁵⁶ Faoin am sin, ní raibh brabús le déanamh ag na hOileánaigh ach amháin i rith biaiste na ngliomach, nó as aire a thabhairt do chuariteoirí. Fuair a bhformhór airgead ó Mheiriceá ó am go chéile, ach fós, bhí an cúnamh dífhostaíochta an-tábhachtach dóibh. Agus í ag scríobh i Mí Eanáir na bliana 1936, deir Eibhlís Ní Shúilleabháin:

So this is the worst time of the year for the Islanders, no milk and no fish by some of the large families, anyway only for the dole I could not think how some people here would ever manage with the last two years because they didn't make any money on lobsters.⁵⁷

Bhí earraí daor an t-am sin, áfach, agus gann, chomh maith, uaireanta.

We are getting 5/- P.O. weekly. John says if he has not a plug of tobacco every week it's not worth living and he has that for 2/- then he has to buy us some weeks a crock of jam and that is now 2/-, 2½ lb one, white bread and some things for Niamh... I

don't know how does the larger family manage... Meat and food and flour are all gone up in prices.⁵⁸

Faoin mbliain 1942, bhí Eibhlís i ndeireadh a feide leis an Oileán agus lena saol ann. Bhí sé in am imeachta di, ar nós na sluaite eile a d'imigh roimpi, ach ní ar Mheiriceá a bhí a triail ach ar an míntír.

... not five hundred of mackerel was caught when last summer it cost £3 a hundred, no lobsters last summer, very, very scarce, hard times, everything so dear and so far away. Surely people could not live on air and sunshine.⁵⁹

Dar ndóigh, saol meánaoiseach a bhí á chleachtadh ag muintir an Bhlascaoid go dtí gur tréigeadh é sa bhliain 1953. Níorbh aon saghas saoil é d'ógánaigh a raibh a súile oscailte acu ag cuairteoirí chun na háite, do dhomhan eile taobh amuigh den Oileán. Bhí scéalta cloiste acu, agus griangrafanna feicthe acu de chathracha móra na hÉireann, na hEorpa agus an Domhain Mhóir. Chuala siad trácht ar na rudaí iontacha a bhí sa saol taobh amuigh, agus mar gheall ar na pictiúrlanna agus na hallaí rince, áiteanna a raibh spraoi agus ard-chraic ag daoine óga iontu. Bhí saol agus intinn na seandaoine tógtha leis an seansaol agus leis na seanscéalta. Ní raibh suim ag a bhformhór ina mhalairt de shaol. Bhí a saol caite ar an Oileán Tiar acu, agus gan fonn orthu athrú, nó aistriú amach, go dtí nach raibh an dara rogha acu ach imeacht. Bhíodh na seandaoine fós ag insint scéalta faoi na daoine sí, agus scéalta seanchais eile, ach ní scéalta faoi na síoga a bhí ag teastáil ó na daoine óga, áfach, ach scéalta faoi shaibhreas na gcathracha móra. Le teacht na gcuairteoirí eachtrannacha, bhí a bhfráma tagartha tar éis leathnú amach. Dúisíodh dúil taistil iontu sa chaoi is nach

raibh siad sásta a thuilleadh le saol ó aois a bhí caite is curtha. Bhriseadar ó ghaid an tseansaoil.

Nótaí:

¹ Peig: *A Sceál Féin*, eag. Máire Ní Mhainnín agus Liam P. Ó Murchú (An Daingean : An Sagart, 1998), 12.

² *Leoithne Aniar*, eag. Pádraig Tyers, agallamh a Trí le Seán Ó Criomhthain, (Baile an Fheirtéaraigh: Cló Dhuibhne, 1982), 123-124.

³ *Cín Lae Eibhlín Ní Shúilleabháin*, eag. Máiréad Ní Loingsigh (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2000), 124.

⁴ *ibid*, 125.

⁵ Seán Ó Dubháin, ‘Gnéithe de Shaol na nDaoine i gCorca Dhuibhne le linn Óige Mhuiris Uí Shúilleabháin’, in *Ceiliúradh an Bhlascaoid 5: Muiris Ó Súilleabháin 1904-1950*, eag. Máire Ní Chéilleachair (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2000), 29-30.

⁶ Seán Ó Criomhthain, *Lá dár Saol* (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1969), 3.

⁷ *Cín Lae Eibhlín Ní Shúilleabháin*, eag. Máiréad Ní Loingsigh, 125.

⁸ Cole Moreton, *Hungry for Home: Leaving the Blaskets: A Journey from the Edge of Ireland* (New York: Viking Penguin, 2000), 190-197.

⁹ Bhunaigh William Pynchon an baile, i dteannta le seisear eile ó Roxbury gar do Bhostún, sa bhliain 1636 ag cumar an Connecticut River agus an Agawam River. Bhí suim ag Pynchon san áit sin ach go háirithe, mar b’áit fheiliúnach thráchtála é, go mór mór don ghnó fionnaidh a bhí idir lámha aige féin ag an am. Thug Pynchon *Springfield* mar logainm ar an mbaile nua in ómós dá bhaile dúchais féin i Sasana. I mí na Bealtaine 1852, bronnadh stádas cathrach ar Springfield.

¹⁰ Clarence E. Blake, ‘Springfield Massachusetts’, in *The New England Magazine* Im 15 (1894), 579.

¹¹ Tom Biuso, ‘Tobar an Phuncain – A Story From the Great Basket Island & Hungry Hill, Springfield, Massachusetts’, *Irish America Magazine* Meitheamh 1990, 42.

¹² Eibhlís Ní Shúilleabháin, *Letters from the Great Basket*, eag. Seán Ó Coileáin (Colorado: Mercier Press, 1978), 51.

¹³ Muiris Ó Súilleabháin, *Fiche Bliain ag Fás*, 4ú eagrán Pádraig Ó Fiannachta (An Daingean: An Sagart, 1998), 175.

¹⁴ Eibhlís Ní Shúilleabháin, *Letters from the Great Basket*, eag. Seán Ó Coileáin, 16.

¹⁵ Nóra Ní Shéaghdha, *Thar Bealach Isteach* (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1940), 21-22.

¹⁶ *Leoithne Aniar*, eag. Pádraig Tyers, 8.

¹⁷ Nuala Ní Aimhirgín, *Muiris Ó Súilleabháin: Saol agus Saothar* (Maigh Nuad: An Sagart, 1983), 14.

¹⁸ Tomás Ó Criomhthain, *Seanchas ón Oileán Tiar*, scríofa ag Robin Flower, eag. Seamas Ó Duilearga (Baile Átha Cliath: Comhlacht Oideachais na hÉireann, 1956), 131-135.

¹⁹ Tomás Ó Criomhthain, *An tOileánach*, eag. Seán Ó Coileáin (Baile Átha Cliath: Cló Talbóid, 2002), 217.

²⁰ *ibid*, 218.

²¹ *ibid*, 217-218.

- ²² Leslie Matson, *Méiní – The Blasket Nurse* (Baile Átha Cliath: Mercier Press, 1996), 69.
- ²³ Bhí an naomhóg díreach tar éis teacht go dtí an ceantar nuair a thit an eachtra sin amach. Thug fear darbh ainm Ó hAirtíní, ó chontae an Chláir go Corca Dhuibhne í sa bhliain 1879, agus tharla an eachtra seo go luath sna hochtóidí. - *Leoithne Aniar*, eag. Pádraig Tyers, 28.
- ²⁴ *Peig: A Sceál Féin*, eag. Máire Ní Mhainnín agus Liam P. Ó Murchú, 149.
- ²⁵ Tomás Ó Criomhthain, *An tOileánach*, eag. Seán Ó Coileáin, 220.
- ²⁶ George Thomson, *Island Home: The Blasket Heritage* (An Daingean: Brandon Book Publishers Ltd., 1988), 19.
- ²⁷ *Cín Lae Eibhlín Ní Shúilleabháin*, eag. Máiréad Ní Loingsigh, 119.
- ²⁸ Muiris Ó Súilleabháin, *Fiche Blian ag Fás*, 4ú eagrán Pádraig Ó Fiannachta, 185.
- ²⁹ Tomás Ó Criomhthain, *Allagar na hInise*, 2ú eagrán Pádraig Ua Maoileoin (Baile Átha Cliath: An Gúm, 1977), 134.
- ³⁰ *ibid*, 139.
- ³¹ *ibid*, 128.
- ³² *ibid*, 129.
- ³³ *ibid*, 135.
- ³⁴ *ibid*, 121.
- ³⁵ *ibid*, 241.
- ³⁶ Ba mhór an cháin é ag an am. D'éirigh na ceannaitheoirí éisc as an leasú go gairid ina dhiaidh sin, agus chaill na Blascaodaigh a margadh don iasc. Insíonn Tomás Ó Criomhthain sceál truamhéalach mar gheall ar sin in *Allagar na hInise*.
 'Bhí gach naomhóg i ngach áit ar an gcósta lá go smig de mhaicréil. Bhí Cuan Ard na Caithe agus na líonta róid thíos ar thóin le hiasc. Ní raibh aon tseó ná aon radharc ach ag triall chun Daingean Uí Chúise de. Ceannaíodh cuid mór de ar scilling an céad. Níor dhíol an scilling sin as an gcapall a bheir síos é; níor mhór réal eile. Ach ní raibh an scilling féin ag fear a mharaithe ná pingin ach a oiread. Níor tháinig aon réal amháin go dtí an tOileán as iasc an lae sin, cé go raibh gan naomhóg lán go gunail.
 Theip ar na capaill ar é a tharraingt go dtí an baile mór ón gcuan mar bhí an iomarca ann de agus ní dhíolfadh sé iad. Níorbh fhéidir leo salann, leis, a sholáthar mar bhí an dream a bhí á dhíol ar choróin an céad chuireadar cúig scillinge déag air nuair a chonacadar an cás cruaidh ar na daoine.
 Dá dheasca sin b'éigean é a phiocadh as na líonta agus é a chaitheamh don pholl arís marbh. Dúirt mórán daoine má bheadh geataí na bhFlaitheas oscailte roimh lucht an tsalainn a dhíol gur bheag an baol ná go raibh an méid a fuair bás riamh istigh rompu ann.' - *ibid*, 304-305.
- ³⁷ Máire Ní Ghuithín, *An tOileán a Bhí* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1978), 88.
- ³⁸ Muiris Ó Súilleabháin, *Fiche Blian ag Fás*, 4ú eagrán Pádraig Ó Fiannachta, 166.
- ³⁹ Agus é ag tagairt dá athair, Tomás Ó Criomhthain, deir Seán Ó Criomhthain. 'Sin mar a chaitheadh Tomás biaiste na ngliomach. Imithe ar a cúig a' chlog ar maidin, teacht isteach timpeall a haon a' chlog sa ló agus imeacht arís idir a trí is a ceathair, agus abhaile timpeall a naoi san oíche. Níor bhuaill díomhaointeas riamh é, ach rud éigin á dhéanamh i gcónaí aige. Saor cloiche ab ea é, siúinéir agus tailiúir leis. Bhí sé in ann aon tsaghas gnótha a dhéanamh, gnó na mban chomh maith le gnó na bhfear.' Is eiseamláir é seo ar an gcineál lá oibre a bhíodh ag fir an Oileáin i rith an tsamhraidh. - Seán

Ó Criomhthain, 'Tomás Ó Criomhthain' in *Tomás an Bhlascaoid*, eag. Breandán Ó Conaire (Conamara: Cló Iar-Chonnachta, 1992), 144.

⁴⁰ Nóra Ní Shéaghdha, *Thar Bealach Isteach*, 24.

⁴¹ Nuair a bhí Seán-Eoghain Ó Duinnshléibhe i mbarr a shláinte agus é ina fhear óg, bhíodh sé de nós aige féin agus a chomhleacaithe dul i bhfad i gcéin ag seilg coiníní, róna agus éanlaithe mara agus a n-uibheacha. D'fhaighidís éin deirge ar an Tiaracht go minic. Faoin am is a bhí Muiris Ó Súilleabháin ina ghasúr, d'fhágtaí an tseilg ar an Oileán faoi na buachaillí scoile. Dúirt Seán-Eoghain le hEoghan Ó Súilleabháin lá, gurbh é a mhórthuairim ná gur chuir Dia na róna san fharraige ionas gurb fhéidir leis an mbochtán a ndóthain a ithe cé nach raibh praghas muice aige. - Leslie Matson, *Méiní – The Blasket Nurse*, 68.

⁴² Eibhlís Ní Shuilleabháin, *Letters from the Great Blasket*, eag. Seán Ó Coileáin, 70-71.

⁴³ *Leoithne Aniar*, eag. Pádraig Tyers, agallamh a Ceathar le Seán Ó Criomhthain, 129.

⁴⁴ Muiris Ó Súilleabháin, *Fiche Blian ag Fás*, 4ú eagrán Pádraig Ó Fiannachta, 150.

⁴⁵ *Peig: A Sceál Féin*, eag. Máire Ní Mhainnín agus Liam P. Ó Murchú, 158.

⁴⁶ Tomás Ó Criomhthain, *An tOileánach*, eag. Seán Ó Coileáin, 125-126

⁴⁷ Máirín Ní Dhuinnshléibhe – Uí Bheoláin, 'Cur síos ar Scoil an Oileáin', in *Ceiliúradh an Bhlascaoid 6 – Oideachas agus Oilíúint ar an mBlascaod Mór*, eag. Máire Ní Chéilleachair (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2000), 19.

⁴⁸ Muiris Ó Súilleabháin, *Fiche Blian ag Fás*, 4ú eagrán Pádraig Ó Fiannachta, 36-42.

⁴⁹ Míchéal Ó Gaoithín, *Is Truagh ná Fanann an Óige* (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1953), 29.

⁵⁰ Tomás Ó Criomhthain, *An tOileánach*, eag. Seán Ó Coileáin, 4-5, 9-11.

⁵¹ Muiris Ó Súilleabháin, *Fiche Blian ag Fás*, 4ú eagrán Pádraig Ó Fiannachta, 133.

⁵² *ibid*, 132.

⁵³ *ibid*, 142.

⁵⁴ *ibid*, 147.

⁵⁵ Cole Moreton, *Hungry for Home: Leaving the Blaskets: A Journey from the Edge of Ireland*, 78.

⁵⁶ Seán Sheáin Í Chearnaigh, *An tOileán a Tréigeadh* (Baile Átha Cliath: Sáirséal & Dill, 1974), 142.

⁵⁷ Eibhlís Ní Shuilleabháin, *Letters from the Great Blasket*, eag. Seán Ó Coileáin, 75.

⁵⁸ *ibid*, 81.

⁵⁹ *ibid*, 88.

Caibidil 3

Mná an Bhlascaoid Mhóir agus a
dTeitheadh ó Shaol an Oileáin

Sa chaibidil seo, déanfar iniúchadh ar go leor gnéithe de shaol na mban ar an mBlascaod Mór, idir shonas is anró, ionas go dtuigfeadh an léitheoir na cúiseanna éagsúla a d'fhág cailíní óga an tOileán Tiar, agus a thug siad aghaidh ar thír mhór anaithnid dóibh. Déanfar plé ar shiamsaíocht na mban óg ar an Oileán agus ar thaobh scléipeach, méidhreach shaol an Bhlascaoid, le go bhfeicfí cé chomh dian is a bhí sé ar fhormhór mhór na mban óg a d'imigh sall go Meiriceá an cinneadh sin a dhéanamh scarúint lena raibh dúchasach agus muinteartha dóibh. Ar an láimh eile, áfach, díreofar ar cé chomh dian is a bhí saol an Bhlascaoid do na mná a mhair ann, ach go háirithe, agus an tslí inar bhrúigh deacrachtaí an tsaoil sin mná óga an Bhlascaoid i dtreo bhád na himirce. Breathnófar ar chás na mban a chuaigh isteach chun cónaithe ar an mBlascaod Mór, agus ar an tslí ar shocraigh siad síos ann, i measc na nOileánach, agus conas a tharla sé go raibh siadsan ag dul isteach san am ina raibh cuid mhaith de na cailíní dúchasacha ag tréigean an Oileáin. Cuirfear an cheist, an raibh meon difriúil ag na mná seo i leith an Bhlascaoid, agus an rabhadar dílis do nósanna an Oileáin go dtí deireadh a ré. Scrúdófar an t-athrú a tháinig ar dhearcadh na mban i leith an tsaoil trí chéile taobh istigh de ghlúin amháin, agus an tslí ar chuir sé sin go mór le dúil na mban óg san imirce. Déanfar scagadh ar na roghanna bunúsacha a bhíodh ag mná óga an Bhlascaoid, chun léargas a fháil ar an bhfáth a ndeachaigh líon chomh mór sin díobh trasna an Atlantaigh, in ionad fanacht ar an Oileán nó sa cheantar mórthimpeall.

Saol gnóthach a chleacht mná an Bhlascaoid Mhóir, é taitneamhach, spráíúil, aerach ar uairibh, é tragóideach, dian, anróiteach uaireanta eile. I rith na hochtú haoise déag, bhí leibhéal saoirse ag mná an Oileáin Tiar a gcuirfeadh éad ar go leor ban taobh amuigh, sna cathracha móra ach go háirithe, áit a mbíodh mná ag

sclábhaíocht go dian i monarchana salacha, dainséaracha. É sin ráite, ní raibh saol an Bhlascaoid saor ó bhuairt nó ó dheacrachtaí ach oiread. Shaothraigh mná an Oileáin Tiar chomh dian le haon ghrúpa ban eile a mhair riamh. Bhí cairdeas ar leith idir mhná an Bhlascaoid, idir óg is aosta. Théidís go dtí an cnoc le chéile chun an mhóin a thabhairt abhaile agus go dtí an tobar chun uisce a tharraingt. D’fhoghlaimíodh na cailíní óga an uile ní ó na seanmhná, a raibh taithí na mblianta acu ar chúraimí tí agus clainne. Bhídís i gcónaí réidh teacht i gcabhair ar a chéile.

Mhóthaigh na mná ón míntír a phós isteach ar an Oileán Tiar an cairdeas agus an neamhspleáchas sin, ach go háirithe. Luann Peig cé chomh cairdiúil is a bhí muintir an Oileáin di, go mór mór na mná, nuair a phós sí isteach ar dtús ann. Cúpla lá i ndiaidh di pósadh, bhí Peig ag caint le Cáit Ní Bhriain ag an tobar:

‘Beadsa ag dul ar chuairt chút feasta, a Cháit!’ arsa mise.

‘Tá fáilte romhat, a thaisce, agus is breá le hEoghan féin tú a bheith ag teacht...’¹

Feictear anseo thíos an chomhairle a thug Cáit Ní Bhriain Pheig agus í uaigneach tar éis di dul isteach ar an Oileán ar dtús:

Ach ní bheidh mórán le déanamh agat féin maran maith leat féin é. Tá máthair chéile mhaith agat agus triúir cailíní deasa de dheirfearacha céile i leith an tí leat. Agus is an-fhuiriste dhuitse deirfiúr d’fháil ar an Oileán so; deirim leat gur fuiriste. Tá Neil Ní Chatháin anso thiar – níl ach cúpla mí ó phós sí.²

Cé go raibh sí buartha ar dtús faoi dhul isteach ar an Oileán, ní fada go raibh sí ar a suaimhneas ann. Bhí neamhspleáchas aici faoi dheireadh.

Fé dheireadh bhí mo thigh féin agam is bhí neart agam suí agus éirí nuair ba mhaith liom é. Ní raibh focal searbh le fáil agam ó éinne. Do bhí buachaill ciúin ciallmhar chun féachaint im dhiaidh ná leomhfadh d'éinne sméideadh orm, marab ionann is an t-am a bhíos fé bhais chait ag daoine iasachta.³

Bhí an scéal céanna ag Méiní Chéitinn, Bean Uí Dhuinnshléibhe nuair a phós sí isteach ar dtús. Is amhlaidh go raibh sí féin ag tnúth le pósadh isteach ar an Oileán. Do Mhéiní agus dá cara, Cáit, ar an míntír, bhí rómánsachas éigin ag baint le fir an Oileáin agus le saol an Oileáin, chomh maith. D'fheicidís fir an Oileáin ag teacht amach ina naomhóga go minic, ach ní raibh a fhios acu cén saghas saoil a chleacht siad istigh. Bhí, mar sin, *je ne sais quoi* éigin ag baint leis an Oileán agus leis na hOileánaigh do na cailíní spraiúla, meidhreacha seo. Bhídís ag brionglóidigh faoin saol a bheadh acu dá bpósfaidís fir ón Oileán.⁴ Do Mhéiní, ba é Seán-Eoghain Ó Duinnshléibhe ón Oileán Tiar a rogha fir, agus theith sí leis isteach. Cé go ndeachaigh sé dian uirthi scarúint óna cara, Cáit Ní Mhuircheartaigh, bhí na fáiltí geala roimpi istigh. Bhí sé an-luath ar maidin fós, nuair a shroich siad caladh an Oileáin ar an gcéad mhaidin sin, ach bhí Peaitsí 'Flint' Ó Gaoithín ann rompu chun fáilte a chur roimh an Oileánach ba dhéanaí. Ar shroicint an tí dóibh, d'éirigh Máire Ní Bheoláin, máthair Sheáin-Eoghain, agus chuir sí fáilte ó chroí roimh Mhéiní. Bhí na comharsana uilig ag teacht isteach chucu ar feadh an lae ag déanamh comhghairdeas leo agus ag cur fáilte roimh Mhéiní.

Díreach cosúil le Peig, ní raibh Méiní i bhfad ar an Oileán sula raibh cara buan déanta aici. Ba í Máire Ní Chriomhthain an bhean sin, deirfiúr Thomáis Uí Chriomhthain, a raibh seal caite aici sna Stáit Aontaithe, chomh maith le Méiní.

Rugadh Méiní sna Stáit Aontaithe, in Chicopee Falls, gar do Springfield, agus chaith sí na blianta tosaigh dá hóige ann. Tháinig sí abhaile go Dún Chaoin lena seantuismitheoirí agus í fós ina páiste ach d'fhill sí ar Mheiriceá ar feadh tamaillín agus í sna déaga. Bhí tréimhse caite ag Máire Ní Chriomhthain i Meiriceá, chomh maith, tar éis dá céad fhear céile bás a fháil, agus mar sin, bhí Béarla acu beirt. Bhí Máire glúin iomlán níos sine ná Méiní, agus mar sin, ba mhaith an chomhairle a thugadh sí don bhean óg i gcónaí. Ba chosúil le máthair í do Mhéiní, ar uairibh. Bhíodh Méiní i gcónaí le Máire agus í ag sníomh agus nuair a bhídís ina n-aonair, ba i mBéarla a labhraídís le chéile. Dúirt Méiní gur ó Mháire Ní Chriomhthain a chuala sí an-chuid ba mhó de na scéalta seanchais a bailíodh uaithi agus í ina bean chríonna.⁵

Ar an iomlán, bhí cailíní na míntíre sásta dul isteach ar an Oileán, sna seanlaethanta. Le linn Pheig agus Mhéiní, bhí saol réasúnta maith le fáil ar an Oileán agus théidís isteach go fonnmhar. Dar leis an gCriomhthanach, shocraigh siad síos ar an Oileán gan mhoill, chomh maith, agus chuadar i dtaithe ar nósanna an Oileáin go tapaidh.⁶ Eisceacht ab ea Nóra Ní Shéaghdha sa mhéid sin, mar chuaigh sé dian uirthi, ar dtús, socrú síos ar an Oileán.

Bhíos glan bliadhain sa Bhlascaod sar ar dheineas gáire ceart ann. Bhíos glan bliadhain ann sar ar dheineas síos ná suas le haoinne ann. Ach i ndiaidh a chéile tógtar na caisleáin, i ndiaidh a chéile thánag isteach ar na daoine, go dtí sa deire go rabhas im Rómhánach leo, mar a chéile liom a bheith 'na measc is a bheith sa bhaile.⁷

Ní ionann a cás agus cás Pheig nó cás Mhéiní, áfach. Chuaigh Peig agus Méiní isteach mar mhná pósta óga. Bhí siad cosúil leis na mná eile ar an Oileán. Rinne siad an obair chéanna – chuaigh siad go dtí an tobar ag tarraingt uisce le chéile, is chun an

chnoic leis an móin a thabhairt abhaile. Rinne siad an obair tí agus chuaigh siad ag saothrú sna páirceanna. Chuaigh Nóra Ní Shéaghdha isteach mar bhean óg phroifisiúnta, agus post le déanamh aici. Ní raibh aithne aici ar aon duine ar an Oileán, nó mórán eolais aici faoin Oileán é féin, fiú amháin.

Ní raibh aon tuairim ná aon eolas agam ar an mBlascaod ach oiread is a bhí agam ar an Afraic. Bhí fhios agam go raibh a leithéid d'oileán ann; go raibh sé gairid do Dhún Chaoin, agus go bhfeicfeá é ar chasadh Chinn Sléibhe dhuit. Chloisinn trácht is mé im ghearrchaile scoile ar na daoine aite a bhí san Oileán san; b'shin uile. Níor luigh m'aigne leis an áit don gcéad iarracht.⁸

Ba í Nóra an múinteoir scoile – ‘bean uasal’ – agus níor bhain sí leis an ‘aicme’ chéanna is a bhain gnáthmhuintir an Oileáin ar chor ar bith, dar leo siúd. Bhí ard-mheas ag muintir an Oileáin uirthi mar bhean léannta ach bhí difríochtaí móra idir shaol na mban eile agus shaol an mhúinteora. Chaitheadh Nóra a laethanta sa seomra ranga, fad a bhí mná eile an Oileáin amuigh sna páirceanna, nó ar an gcnoc le chéile, nó fiú ag bualadh isteach chuig a chéile agus iad i mbun cúraimí an tí. Sa tslí sin, níor chuir Nóra aithne ar mhuintir an Oileáin chomh tapaidh is a chuir Peig nó Méiní aithne orthu.

Ní dhearna Nóra Ní Shéaghdha a baile ar an Oileán, murab ionann agus Peig nó Méiní. Chuaigh sí isteach in éadan a tola agus bhí sí ag faire ar an lá go mbeadh sí in ann a seolta a ardú agus imeacht as an áit.

Cuireadh an scoil fém bhrághaid arís. Bhí buille ar an gcát is buille ar an madra agam. Chuireas suas stailc. Dubhart ná raghainn go Scoil an Oileáin, b'fhearr liom

m'aghaidh a thabhairt ar "Orangemen íochtar na hÉireann." Bhí mo mháthair a d'iarraidh an scéil a mhíniúghadh dhom – á rádh liom go mb'fhearra dhom aon áit ar feadh tamaill 'ná bheith sa chúinne díomhaoin... D'fhágas slán aca sa bhaile agus thugas féin Oileán le cead ón Sagart Paróiste, an tAthair de Brún. Níor mheasa liom bheith ag imeacht go hAmeirice, bhí an oiread sin dubhach orm.⁹

Níor phós Nóra Ní Shéaghdha isteach ar an Oileán Tiar agus ní raibh clann aici ann. Níorbh é an tOileán Tiar a baile in aon chor. Fad a bhí sí ann, ba cheantar i bhfad uaithe é an baile. Bhí Peig agus Méiní socraithe agus deimhin go raibh siad chun an chuid eile dá saol a chaitheamh ar an Oileán Tiar. A luaithe is a chuardar isteach, ba é an tOileán Tiar a mbaile. Shocraigh siad síos go tapaidh mar mhná pósta, agus ghlac siad a gcuid cúraimí orthu féin le fonn. Ghlac mná an Oileáin leo, go fáilteach, toisc gurbh ionann iad, go mór mór na mná a bhí tar éis pósadh isteach iad féin. Cé nach ndeachaigh Nóra Ní Shéaghdha i dtaithí ar shaol an Bhlascaoid chomh tapaidh is a luigh Peig Sayers nó Méiní Chéitinn isteach air, d'fhás a cion agus a grá don áit le himeacht aimsire. Nuair a chuaigh sí isteach ar dtús, bhí sí ag tnúth go mór leis an lá a bheadh sí in ann dul go scoil éigin eile níos giorra don bhaile nó fiú áit ar bith eile seachas an tOileán Tiar, agus is dócha nár thuig sí féin an cion a bhí aici ar an Oileán nó ar na hOileánaigh go dtí go raibh deis imeachta aici.

"Muise nach cumhang a bhí Éire orm, is teacht sa Stocán Mara so". B'shin iad na chéad bhréithre a labhras san mBlascaod Mór. Ach níorbh fhocail mar siúd a labhras ag imeacht – abhfad uaidh – b'fhearra dhom gurb iad, ní bheadh mo chroidhe chomh briste á fhágaint. Bhíos gach aon stróc chómh holec leis an bhfear adubhairt – "Bhí brón ar m'aighe a dhaoine, a chuirfeadh na mílte 'on chré".¹⁰

... nuair a fuairas amach go n-árdochainn mo sheolta as an Oileán, ghoileas go fuigheach, ghoileas le huaigneas, ghoileas le háthas.¹¹

Chuaigh sí i dtaithí ar an áit le himeacht aimsire, áfach, go dtí go raibh sí mór le muintir an Oileáin a bhí ar chomhaois léi féin.

Bhíos féin agus Lís an-dlúth le chéile, agus is mó scéal rúin a scaoil Lís liomsa agus a scaoileas-sa le Lís... Agus ansin bhí cailíní eile ann, Siobhán Ní Chearnaigh, Máire Ní Ghuithín agus Cáit Ní Chatháin agus cailíní móra eile. Théadh bluc againn, faoi mar a deiridís san Oileán, laistíos siar, agus bhuaileadh na buachaillí thiar linn agus bhímís ag caint faoi mar a bheadh aon dream.¹²

Dar ndóigh, ní gach míntíreach óg a bheadh sásta pósadh isteach ar an Oileán Tiar. Cheap Máire, deirfiúr Pheig, go raibh “meascán mearaí” uirthi nuair a ghlac sí leis an gcleamhnas le Peatsaí ón Oileán Tiar.¹³ Dúirt Máire:

... b’fharr liom Éire mhór do shiúil ná dul chun mo shaol do chaitheamh ann.¹⁴

Chaith cailíní agus mná an Oileáin éadaí faoi leith, ag brath ar a n-aois agus a stádas pósta. Chaitheadh na cailíní óga piliríní bána, agus nuair a bhí siad beagáinín níos sine, chaithidís piliríní dorcha, cinn dhubha go hiondúil. Nuair a phós said ba ghnách do mhná an Oileáin seál a chaitheamh ina chrois trasna an bhrollaigh orthu, agus práiscín leis, de ghnáth. Ní raibh sé de nós ag mná an Oileáin brístí a chaitheamh ar chor ar bith, dar ndóigh, agus ba dhíol spéise é, mar sin, d’Eibhlís Ní Shúilleabháin nuair a tháinig banchuairteoir isteach agus bríste á chaitheamh aici. Bhí tréimhse caite ag an mbean óg seo i Londain agus i Nua Eabhrac, agus bhí tionchar an fhaisin

thall tar éis dul i bhfeidhm uirthi.¹⁵ Thaitin éadaí deasa le mná an Oileáin Tiar riamh, cé nach mbeidís oiriúnach don Oileán nó dá gcuid oibre ann. Tugann Mrs. A.M. Thompson ceann de na chéad chuntais ar shaol na mBlascaodach i lár na naoú haois déag:

... they touched my dress, turned me round and round to look at every separate article, laughed with admiration at my shoes and gloves, kissed and stroked my old silk gown, repeating 'Bragh! Bragh!' 'nice! nice!' though the reader may believe I did not wear anything very handsome on such an expedition.¹⁶

Dar ndóigh, nuair a bhíodar ag imeacht go Meiriceá bheadh culaith nua faighte ag cailíní óga an Oileáin. Go minic, tháinig an chulaith seo ó ghaol nó ó chara a bhí ag cur fúthu i Meiriceá cheana féin, ionas go mbeadh an t-inimirceoir nua ag teacht i dtír sna Stáit agus an faisean ba dhéanaí á chaitheamh acu.

Bhí saol sóisialta maith ag mná an Oileáin Tiar go mór mór i rith an tsamhraidh. Bhí comhluadar i gcónaí acu. Ní théidís ag bothántaíocht mórán i rith an gheimhridh toisc gan an aimsir a bheith feiliúnach chuici, ach d'fhanaidís istigh ag cardáil, ag sníomh nó ag cniotáil agus ag éisteacht le scéalta, don chuid is mó chun na hoícheanta fada a mheilt. I rith an tsamhraidh, áfach, théadh na mná ag bothántaíocht mar aon leis na fir. Bhí an dúil chéanna ag mná an Oileáin sa tobac is a bhí ag na fir ann, seanmhná an Oileáin, ach go háirithe. Mar a insíonn Seán Ó Criomhthain:

Bhí triúr nó ceathrar ban ar an Oileán, a déarfainn, agus b'fhearr iad na aon fhear chun tobac a chur tharstu.¹⁷

Ní bhíodh a gcuid tobac féin ag mná an Oileáin riamh, áfach. Ba ag na fir a bhíodh an tobac agus fad is a bhídís siúd timpeall an tí, bhíodh a ndóthain tobac ag na mná. Nuair a bhíodh fear ag dul chun na farraige nó siar ar an genoc, líonadh sé píopa a mhná, agus chuireadh sé an chuid eile ina phóca dá pháopa féin. Mura raibh a dóthain tobac aici ansin, bheadh uirthi fanacht go dtí go dtiocfadh sé abhaile arís, nó dul sa tóir ar pháosa ó dhuine de na mná eile. Bhíodh tobac i gcónaí ag na fir agus iad ar an bhfarraige. D'ólaidís an-chuid tobac agus iad amuigh, go mór mór nuair a bhídís amuigh i rith na hoíche.¹⁸ Mar is eol do chách, bhí an-dúil ag Peig sa tobac, agus ba mhór an ciapadh di é, nuair nach mbíodh páosa beag tobac aici. Insíonn sí scéal greannmhar faoin lá ar bhris sí a píopa. Bhí sí croíbhriste, geall leis.¹⁹

Ba mhór an dúil a bhíodh ag aos óg an Oileáin i scéalta Pheig. B'iontach an caitheamh aimsire í an scéalaíocht, do gach aoisghrúpa. Chaitheadh aos óg an Oileáin an-chuid ama ag éisteacht le seanscéalta ó Pheig agus ó na scéalaithe eile ar an Oileán, chomh maith. Aon uair a bheadh an aimsir feiliúnach théadh muintir an Oileáin ag bothántaíocht sna hoícheanta, chun éisteacht le daoine ag scéalaíocht. Bhíodh tóir ar scéalaithe faoi leith agus ar thithe faoi leith chomh maith. Bhí tóir ar Pheig ar dhá údar. Ar an gcéad dul síos, b'iontach an seanchaí í agus bhí stór scéalta leathan agus éagsúil aici; scéalta faoi na síoga, scéalta draíochta, laochscéalta, scéalta faoi chleamhnais agus faoi bhainiseacha, scéalta ó na Blascaodaí, ón míntír, ón Talamh Úr, agus áiteanna eile i bhfad i gcéin. D'fhoghlaim sí formhór na scéalta seo óna hathair agus í ina cailín óg. Lena chois sin, áfach, bhí tóir ar Pheig mar sheanchaí mar bhí cónaí uirthi i gceann de na tithe nua a thóg Bord na gCeantar gCúng, agus ba thithe an-oiriúnacha iad do gach aon saghas siamsaíochta, an scéalaíocht san áireamh, toisc go raibh siad mór go leor le staighre iontu a bhí áisiúil mar shuíocháin bhreise,

go háirithe do na daoine óga. Bhí tigh den sórt seo ag Máire Ní Scanláin in aice le tigh Pheig, ar a dtugtaí an ‘Dáil’. Bhailíodh go leor daoine ann sna hoícheanta chomh maith, na daoine fásta ach go háirithe.

B’amhlaidh an scéal é ar oíche rince. Bhí go leor spáis ag na daoine óga chun seiteanna a dhéanamh ar urlár thigh Pheig. Ní raibh aon rud a thaitníodh le cailíní óga an Oileáin níos mó ná oíche a chaitheamh ag rince, agus ag éisteacht le ceol is ag amhránaíocht, ina dteannta siúd. I rith an tsamhraidh don chuid is mó a bhíodh oícheanta rince acu. Bheadh an-spraoi acu ag múineadh na seiteanna do na cuairteoirí eachtrannacha, Seirse Mac Tomáis san áireamh. Leis na cuairteoirí, de ghnáth, a thagadh an chraic agus na rincí. Bhí spéis ag na cuairteoirí i gcónaí éisteacht leis an gceol agus leis an amhránaíocht. Fad a bhí Nóra Ní Shéaghda ina múinteoir i scoil an Oileáin, bhíodh rincí ar an Domhnach i dteach na scoile. Bhí gramafón aici agus bhí an-spéis ag mná óga an Bhlascaoid ann. Bhíodh ar gach éinne na bróga a bhaint díobh, áfach, agus dul ag damhsa cosnócht sa tigh scoile, toisc an t-adhmad san urlár a bheith lofa.²⁰ Áit eile a théidís ag damhsa go minic ná ar an Duimhniach. B’áit an-oiriúnach é don damhsa mar phaiste mór, leathan, cothrom a bhí ann agus ba ann a chaití tráthnónta Domhnaigh dheasa nó oícheanta an tsamhraidh ar a suaimhneas. Dar ndóigh, níorbh iad na mná óga amháin a raibh spéis sa damhsa acu, ach na seanmhná ina dteannta, mar a léiríonn Eibhlín Ní Shúilleabháin:

... ’sé an t-am a thánamair abhaile aréir ón rince ná leathuair tar éis a haon, agus cad é oíche is ’ bhí againn le spórt. Bhí na seanmhná féin agus na seandaoine ann, agus níorbh aon mhaitheas leo a bheith ann, leis, mara raghaidís ag rince. Bhí cleas déanta suas ag na garsúin chun go nglaofaidís orthu ach, más ea, is beag an choinne a bhí acu go raghaidís ann. D’éirigh ceathrar dos na garsúin amach agus iad ag gáirí leo

féin, agus ghlaodar ar cheathrar dos na seanmhná agus, más ea, is iad a dh'éirigh go tapaidh, ní nach ionadh, mar is dócha gur fada roimis sin go rabhadar ann agus, na rudaí bochta, do thóg an ceol a gcroíthe.²¹

Déarfaí nach raibh tada chun stop a chur leis an spraoi is an chraic ar an oileáinín beag mara, is é sin go dtí gur tháinig na misinéirí ar chuairt go dtí an tOileán. Tháinig siad isteach i shamhradh na bliana 1936, agus níor thaitin a raibh le feiceáil ar an Oileán leo ar chor ar bith. Chuir siad rialacha dochta i bhfeidhm d'ógánaigh an Oileáin agus do na cuairteoirí, mar a insíonn Eibhlís Ní Shúilleabháin:

Great change have come on the island lately, there was a mission here, preached by two Redemptorist Fathers. They were here for a week. They blessed everyone and every place, and they left written hard rules for the visitors that come here, no mixed bathing allowed. White Strand for women alone to bathe and to bask. There is a sign post near this strand and on it is 'Women'. Near the gravel strand is another post 'Men'. Below at the pier to too is all about the strand rules and information is written in Irish. No dance in any house day or night, no one out later than 10:30 and all visitors and all members of the family in at that time for the Holy Rosary... No boy or girl here is allowed to walk at night with any of the visitors nor either in the day time.²²

Rinneadar a ndícheall rialacha an tsagairt a leanúint, mar bhí an creideamh an-tábhachtach dóibh ar an mBlascaod.

Bhí taobh eile de shaol an Bhlascaoid do na mná a bhí ag cur fúthu ann, áfach. Shaothraigh siad go dian, idir shamhradh agus gheimhreadh, taobh istigh den tigh is

taobh amuigh. Cé go raibh saol na bhfuíoll acu ar uairibh, ag éisteacht le scéalta, ag rince ar a ndícheall agus ag amhránaíocht, nuair a gheall an lá oibre, bhí an iliomad le déanamh acu. Bhí orthu saothrú go dian chun na rudaí ba bhunúsaí a dhéanamh, .i., dul go dtí an tobar, agus fanacht ann go dtí go raibh an buicéad lán, agus ansin, é a iompar abhaile; nó siúl go dtí an cnoc chun an mhóin a thabhairt abhaile, ionas go mbeadh tine sa tigh. Rinne siad é seo fiú i lár an gheimhridh agus é ag stealladh báistí nó nimhneach fuar. Ní amháin don teas a bheadh an méid sin riachtanach, ach chun an chócaireacht a dhéanamh, chomh maith. Níor tháinig aon rud go heasca ar an Oileán. Ní hé go raibh cailíní óga an Bhlascaoid Mhóir leisciúil, nó eagla orthu roimh obair dhian, ach d'aithin siad go raibh saol níos fusa ann agus nárbh aon mhaitheas dóibh a saol a chaitheamh ag sclábhaíocht i gcomhair bhunriachtanais an tsaoil, nuair a bhí a mhalairt de shaol le fáil taobh amuigh den Oileán dóibh siúd a bhí in ann an t-uaigneas agus an cumha i leith an bhaile a bhrú faoi chois iontu féin. Sa tslí sin, chuir saol agus obair dhian na mban ar an Oileán Tiar le dúil na gcailíní san imirce.

Mar a luadh cheana, bhí a bpost féin ag gach aon duine ar an Oileán. Rinne na mná an méid oibre agus ab fhéidir leo sna páirceanna ionas go mbeadh na fir saor le dul ag iascach nó ag seilg. Théadh na mná chun an chnoic chun an mhóin a thabhairt abhaile. Bhaineadh na fir í ach seachas sin, ba chuid d'obair na mban í an mhóin a réiteach agus a thabhairt abhaile. D'fhaighidís cabhair ó na gasúir dá mbeidís saor ón scoil. Dar le Máire Ní Ghuithín, chasaidís amhráin le chéile, fad a bhídís ag gabháil don obair seo.²³ Thosaídís ag baint is ag sábháil móna go luath san Earrach mar a léiríonn Nóra Ní Shéaghdha:

Chomh luath is a bhíonn an chéad rian do shioc an Earraigh imighthe tosuigheann na daoine ar an mhóin a bhaint. Ní bhíonn meitheal ag na hOileánaigh fé mar a bhíonn ar an mín-tír – gach líon tige ag déanamh dóibh féin, ach gan dabht dá bhfeicthí duine leath-lámhach, raghfaí chun cabhruighthe leis.²⁴

Dhéantaí an chuid ba mhó den obair sin i rith an tsamhraidh, áfach, agus go luath san Fhómhair, nuair a bhí an aimsir níos feiliúnaí d’obair an chnoic. Théidís, idir óg is aosta, le cois a chéile, go dtí an cnoc lá breá samhraidh. Mar a scríobh Eibhlín Ní Shúilleabháin ar an 29ú Bealtaine;

Táim tar éis teacht ón gcnoc anois go tuirseach ó bheith ag cnuachairt mhóna ó mhaidean agus bhí an lá go hálainn.²⁵

Ní amháin go mbeadh ar mhná an Oileáin an mhóin a chnuachairt agus í a thabhairt abhaile, bhíodh orthu teacht abhaile i lár an lae, chomh maith, chun bia a réiteach dóibh siúd a bhí ag obair ar an gcnoc;

Timpeall a dó dhéag a chlog thána abhaile ag triail ar bhlúire bídh dóibh agus bhaineas as mo chosa é; ní mór don bhféar glas a bhí ag fás fúm, agus bhíos ar ais acu arís ar leathuair tar éis a haon.²⁶

Bhí comhlúadar le fáil i gcónaí ar an gcnoc. Luann Peig go ndeachaigh sí féin chun an chnoic don chéad uair i dteannta Cháit Uí Bhriain agus gur ghiorraigh siad an bealach ag caint le chéile:

Mar b'ámharáí ar domhan, cé a bheadh ag dul ar an gcnoc an lá céanna ach Cáit Ní Bhriain. Bhí sí go curanta fós, agus 'om briathar féin go raibh sceitimíní ormsa í a bheith in éineacht liom. D'fhan sí liom thuas i mbarra an Tóchair, tamall suas ós na tithe. Bhíomair ag súil le cois a chéile nó gur chuamar go barr an bhóthair.²⁷

Chomh maith le bheith ag obair ar an gcnoc, bhí obair dhian le déanamh ag mná an Bhlascaoid Mhóir sna páirceanna, chomh maith. Bhíodh ar na mná na prátaí agus glasraí eile a bhaint, na ba a chrú, agus obair churadóireachta eile a dhéanamh. Insíonn Eibhlín Ní Shúilleabháin dúinn go ndeachaigh sí féin agus grúpa eile suas go dtí an cnoc chun caoirigh a thiomáint go dtí Tráigh Gearraí toisc go rabhadar le bearradh. Is dócha, áfach, nárbh iad na mná féin a rinne an bearradh. Bhíodh na cailíní ag bailiú na holla agus á cur i málaí, fad is a bhíodh na fir ag bearradh na gcaorach.

Chun an chnoic a ghaibheamair ar maidin, scata againn, ag triall ar chaoiribh chun iad a bharradh. Bhíomair comh fada siar is 'tá ann ag triall orthu, mar bhí cuid acu anseo agus cuid acu ansúd, agus chaitheamair teacht orthu go léir chun iad a bhailiú chun a chéile.²⁸

Obair dhian chontúirteach de shaghas eile a bhíodh le déanamh ag mná an Oileáin ná an fheamainn a thabhairt isteach. Bhíodh sé de nós ag na fir dul amach i measc na gcarraigeacha san fharraige agus an fheamainn a ghearradh le scian ach fágadh faoi na mná í a tharraingt isteach ar an trá agus í a charnadh ann go dtí go raibh go leor bailithe acu chun é a iompar ar dhroim asail suas go dtí na páirceanna. Bhíodh sé de nós acu cineálacha éagsúla feamainne a bhaint ag amanta éagsúla den bhliain agus í a chur ar bharráí éagsúla ansin.

Ba mhór idir obair shamhraidh na mban agus obair gheimhridh ar an mBlascaod. Chaithidís ráithe an gheimhridh ag cardáil, ag sníomh, ag cniotáil, agus cúraimí eile mar iad. Ní raibh aon fhíodóir ar an Oileán le fada an lá roimh an tréigean. Ar an míntír a dhéantaí an obair sin faoin am sin. Ba mhinic a bhíodh grúpa ban le chéile in aon tigh amháin agus iad ag sníomh. D’insídís scéalta agus ba mhinic a chasaidís amhráin agus iad ag sníomh. Bhíodh Méiní Chéitinn i gcuideachta Mháire Uí Chríomhthain nuair a bhíodh sí ag sníomh agus ag foghlaim uaithi. Ba ó Mháire Ní Shúilleabháin, máthair a chéile, a d’fhoghlaim Peig Sayers na scileanna uilig a bhí ag teastáil uaithi dá saol ar an Oileán.

... ba leatrom domhsa í a imeacht uaim. Ach sara bhfuair sí bás thug sí gach eolas domhsa sa tslí go rabhas im bhean tí chliste aici. Do mhúin sí dom conas sníomh agus cniotáil a dhéanamh agus gach rud eile a bhaineann le bean tí.²⁹

Bhíodh sé de nós ag mná an Oileáin sníomh na holla a dhéanamh iad féin agus dá mbeadh beirt bhan sa tigh chaithidís beirt tamall ag an turann agus tamall ag cniotáil agus ag fuáil. Bhíodh orthu an líon a bhogadh is a ghealadh, chomh maith, agus ansin dhéantaí an cardáil. Bhíodh turann níos lú acu chun an líon a sníomh, ach sheoltaí amach chun na míntíre é chun an fhíodóra. Dhéanadh an fíodóir rud ar bith a theastódh uathu, ó aprúintí is éadaí boird go seolta do lucht na mbád mór, fadó. Obair dhian thuirsiúil ab ea flainín a dheilbh, dar le hEibhlín Ní Shúilleabháin:

Rud ana-thuirseach is ea a bheith ag deilbh plainín. Ar maidin inniú cé thiocfadh ag glao orm chun dul ag deilbh ’na teannta ná Máire Sheáin, agus níorbh fhearr liom aon rud ar an saol insan am san ná é, mar chuimhníos go mbeadh ana-lá agam... Isteach

go seanbhothán a chuamair dhá dheilbh, agus chuireamar cipíní amach as an bhfalla óna dhá chúinne agus ó bhun barra, agus deirimse leat go raibh obair orainn ag cur an tsnáithín soir siar síos suas orthu san agus a bheith ag rith dhá dhéanamh, insa tslí go raibh tinneas maith im chosa agus im ghéagaibh aige.³⁰

Ar ndóigh, bhí an-chuid oibre le déanamh ag mná an Oileáin Tiar sa tigh, chomh maith, i rith an tsamhraidh agus an gheimhridh. Ghlactaí le cúraimí an tí mar obair na mban amháin, cé go ndearnadar an-chuid oibre taobh amuigh, chomh maith. I rith an tsamhraidh, thugadh roinnt mhaith de mhná an Oileáin aire do chuariteoirí chun an Oileáin, i dteannta na gcúramaí ar fad eile a bhí orthu. Nuair a phós sí isteach i dtigh an Chriomhthanaigh, cuireadh fáilte Uí Cheallaigh roimh Eibhlís Ní Shúilleabháin, toisc gan bean a bheith ann le fada an lá roimhe sin. Ar feadh na mblianta, ó fuair a bhean chéile bás, thit cúraimí an tí ar Thomás féin, mar a insíonn a mhac, Seán Ó Criomhthain:

Ní raibh sa tigh agam roimpi ach m'athair, agus is é a bhí go sásta glan bean a bheith againn arís mar bhí a heaspa orainn le blianta móra fada. Ní raibh aon cheal sa tsaol orainn. Ní raibh faic le déanamh ag m'athair ach ualach móna a thabhairt ón gcnoc leis má ba mhaith leis é.³¹

Ba ar thine mhóna a dhéanadh mná an Bhlascaoid a gcuid cócaireachta ar fad. Bhácáladís a gcuid arán féin gach lá, mar aon le béilí a ullmhú. Nuair a thagadh na fir abhaile ó lá seilge nó isteach ón bhfarraige, ba iad na mná a leasaíodh na coiníní agus na héin agus na héisc, agus a d'ullmhaíodh i gcomhair béile iad, nó maidir leis na coiníní ach go háirithe, d'ullmhaíodh iad chun iad a dhíol ar an míntír. Chaithídís an-chuid ama gach lá i mbun cócaireachta. Bhíodh im le déanamh ag na mná tí

chomh maith. Ní gach lá a dhéanaidís é seo, áfach, ach thart ar dhá uair sa tseachtain. Ag deireadh an lae, scagtaí an t-uachtar ón mbainne agus chuirte isteach i mbabhla cré é. Nuair a bhíodh a ndóthain bailithe acu, dhéanaidís im de.

Théadh mná an Bhlascaoid go dtí an tobar gach lá chun uisce a fháil. Riachtanas ba ea é sin, ar ndóigh, ach chúram sóisialta é chomh maith. Fad a bhíodh na mná ag feitheamh go líonfaí an buicéad, bhídís ag comhrá agus ag malartú nuachta agus scéalta. Ba é Tobar an Phoncáin an tobar ba mhó a mbíodh tagairt air. Tá an tobar sin an-ghar don *Dáil* agus bhíodh fíor-uisce i gcónaí ann, idir shamhradh is gheimhreadh, ach go sníodh sé go mall ar uairibh. Nuair a tharlaíodh sé sin, bhíodh an-chuid ama le caitheamh ag na mná ann. Agus é i mbun a chín lae *Allagar na hInise*, a scríobh, théadh Tomás Ó Criomhthain go Tobar an Phoncáin go rialta chun labhairt leis na mná agus éisteacht le gnáthchaint an tobair.³²

Bhí an-chuid oibre i gceist le héadaí a ní, chomh maith. Arís, obair na mban a bhí i gceist leis sin. Le linn an Chriomhthanaigh, théadh mná bhun an bhaile go Tobar na Faille agus iad i mbun an chúraim seo, toisc nár thriomaigh sé riamh.³³ Níos déanaí, áfach, bhíodh sé de nós ag na mná ar an mBlascaod uisce a tharraingt ón tobar céanna nó ó Thobar an Phoncáin, agus é a thabhairt abhaile leo chun é a théamh sula ndéanaidís an níochán. Chuirte na héadaí amach ar chlaí cloiche chun iad a thriomú. I lár an tsamhraidh nuair a bhíodh an t-uisce gann, théadh sé níos déine fós ar mhná an Bhlascaoid an níochán a dhéanamh. Mar a nochtann Eibhlín Ní Shúilleabháin ar an 6ú lá Meithimh:

Do bhíos ag níocháin ó mhaidean agus cancar maith a bhí orm mar ní raibh braon uisce le fáil in aon tobar ar an mbaile agus chaithinn a bheith ag brath leis, ach do bhí tobar thíos i bhfaill go dtugtar Tobar Chuas an Tairbh air, agus is dócha mara mbeadh é sin go mbeinnse gan níochán an lá inniú...³⁴

Choimeádadh mná tí an Oileáin a dtithe go néata, glan, slachtmhar. Ní chuirte suas lena mhalairt. Dá mbeadh bean ar bith ag sleamhnú siar ina cuid cúraimí tí, chuirte an scéal seanchais *Cailleacha an Dúna* i gcuimhne di.³⁵ Is scéal é sin faoi bhean a rinne fáillí ar a cuid dualgaisí tí agus faoin drochthoradh a d'eascair as sin, nuair a tháinig cailleacha an dúna ar cuairt chuici i lár oíche áirithe. D'fheidhmíodh an scéal seo mar rabhadh do mhná a mbeadh claonadh chun leisciúlachta iontu.

Dála mhná na hÉireann i gcoitinne taca an ama sin, mar aon le cúram an tí agus an iliomad cúraimí taobh amuigh a bheith ar mhná an Bhlascaoid Mhóir, bhíodh cúraimí na clainne orthu, chomh maith. Thugaidís aire do na páistí, agus do na seandaoine. Ba bhanaltraí iad nuair a bhíodh éinne sa tigh breoite. Fad a bhí Tomás Ó Criomhthain tinn ag deireadh a shaoil, ba í Eibhlís Ní Shúilleabháin, céile a mhic, a altra. Ba mhúinteoirí iad mná an Oileáin dá n-iníonacha, tar éis dóibh an scoil a fhágáil. Mar atá pléite i gCaibidil 2, b'éigean do gach éinne ar an Oileán saothrú chun an t-árthach a choimeád ar snámh. Cosúil le seanfhir an Oileáin, gnó tábhachtach a bhíodh ag seanmhná an Bhlascaoid ná ceirdeanna a mhúineadh don aos óg, ceird an tsníomha, mar shampla. Ghlacadh seanmhná an Oileáin cúram eile orthu féin i rith an lae, chomh maith – cúram na leanaí. Bhíodh sé de nós ag seanmhná an Oileáin an cliabhán a luascadh ionas gurbh fhéidir le máithreacha óga an Oileáin a gcuid oibre eile a dhéanamh. Luann Peig go raibh banaltra aici dá leanbh fad is a bhí máthair a chéile beo agus a sláinte aici. A luaithe is a tháinig Peig i dtír ar an Oileán lena

naíonán beag, sciob Máire Ní Shúilleabháin chuici é, agus suas léi go dtí an teach agus sceitimíní áthais uirthi. Ba léi a bhí an páiste formhór an ama. Mar a deir Peig í féin:

Bhíodh orm aire a thabhairt don leanbh anois is arís, ach is annamh é go deimhin, mar do bhí banaltra mhaith i mbun aire a thabhairt do, an fhaid a mhair a mháthair chríonna aige.³⁶

Nuair a phós Méiní Chéitinn isteach ar an Oileán, ba léir go raibh Máire Ní Bheoláin fós i bhfeighil an tí. Bhí beirt mhac ag Seán-Eoghain, céile Mhéiní, óna chéad phósadh le Lís Ní Chriomhthain, agus ba í Máire Ní Bheoláin a thugadh aire dóibh, go príomha. Ghlac sí cúram na máthar uirthi féin, tar éis dá máthair bás a fháil.³⁷ Níorbh rud neamhchoitianta é sin, de réir dealraimh. Rinne máthair Thomáis Uí Chriomhthain amhlaidh nuair a fuair bean Pheaidí, deartháir Thomáis, bás go hóg. D'fhág sí beirt mhac ina diaidh. D'imigh Peaidí go Meiriceá an uair sin, chun airgead a shaothrú, agus d'fhág sé a bheirt mhac faoi chúram a thuismitheoirí. Bhíodar siúd imithe go maith in aois faoin am sin.

Do phós mo dheartháir Peaidí an bhliain i ndiaidh Cáit, cailín ó Dhún Chaoin, iníon fíodóra. Beirt mhac do bhí acu. An t-am gur cailleadh í, ráithe do bhí an ceann óg, agus dob éigeaint dom mháthair bhocht gabháil fé é a thógaint tar éis a háil féin.³⁸

Tháinig an t-am, áfach, go raibh ar Mhéiní í féin aire a thabhairt do pháistí a leasmhic. Phós Muiris Cait Ní Mhainín, an cúntóir i scoil an Oileáin ag an am. Fad a bhíodh Cáit ar scoil, bhí ar Mhéiní aire a thabhairt do na páistí, mar aon le bheith ina banaltra dá fear chéile a raibh a shláinte ag teip air faoin am sin.

Ní raibh gearrchailí an Oileáin gan a gcuid cúraimí féin. Chabhraídís sa tigh agus ba ann a d'fhoghlaimídís óna máithreacha agus óna seanmháithreacha. Ba iad na cailíní óga, don chuid is mó, a théadh síos ar an trá chun gaineamh a fháil agus scaipidís ar urlár an tí é, tar éis dóibh é a scuabadh. Chuidídís leis na leanaí, chomh maith. Deir Mícheál Ó Gaoithín nach rachadh a dheirfiúr, Cáit, in aon áit gan é féin a thabhairt léi. Nuair a bhíodh sí ag dul ag bothántaíocht istoíche, thógadh sí Mícheál léi. Ba ghnách do na daoine óga dul go tigh Sheáin Eibhlís um an dtaca sin, agus dhéanaidís a gceachtanna scoile don lá arna mhárach ann, i dteannta a chéile. Cé go mbíodh leisce ar Cháit scarúint ón gcuideachta théadh sí abhaile le Mícheál nuair a bheadh fonn air chuige.³⁹

Tharla corruair nach bhfuair cailíní óga an Oileáin mórán oideachais fhoirmeálta. I gcás Chéit Uí Chearnaigh, mar shampla, tógadh amach as an scoil í, gan í ach trí bliana déag d'aois, nuair a fuair a máthair bás. Bhí sí ag teastáil sa bhaile as sin amach chun obair an tí a dhéanamh agus chun aire a thabhairt do na páistí óga. Bhí a máthair cúig bliana is tríocha nuair a fuair sí bás in Ospidéal an Daingin, tar éis di deichniúr clainne a thabhairt ar an saol. D'éirigh Céit as an scoil ag an bpointe sin, agus ghlac sí cúram na máthar uirthi féin. Sa deireadh, ba í an t-aon duine sa teaghlach a mhair nach ndeachaigh go Springfield. Shaothraigh sí go dian ar an Oileán go dtí gur phós sí amach sa bhliain 1947. Lean sí uirthi ag dul isteach gach samhradh chun cabhrú lena hathair go dtí an bhliain 1953, nuair a bhog seisean amach chuici.

Dar ndóigh, ba dhainséarach an saol é saol an Bhlascaoid agus, dá bharr, b'iomáí buairt a bhíodh ar mhná an Oileáin ina saol laethúil. Bhíodar scoite amach ón míntír agus gan teacht acu ar go leor nithe a bhíodh de dhíth orthu, dá bharr. Bhíodh a gcuid fear amuigh ar an bhfarraige mhór ina gcuid naomhóg beag, agus gan dabht, bhídís buartha de shíor faoina bpáistí. Dá mbeidís breoite, ní raibh dochtúir nó banaltra ar an Oileán, nó d'fhéadfaidís titim le haill, mar, faoi mar is eol do chách, tá aillte arda contúirteacha mórthimpeall an Bhlascaoid Mhóir.

Bhíodh mná pósta an Oileáin i gcónaí buartha faoina bhfir chéile agus iad amuigh ar an bhfarraige ag iascaireacht. Dúirt Méiní Chéitinn go mbíodh imeagla uirthi, i gcónaí, i rith biaiste na maicréal gach bliain, toisc go mbíodh a fear céile, Séan Eoghain, imithe uaithi uaireanta ar feadh seachtaine agus é ar thuras iascaireachta. Ar ndóigh, ní bhíodh aon teagmháil eatarthu fad a bhíodh sé imithe, rud a mhéadaíodh ar bhuairt Mhéiní sa bhaile.⁴⁰ Bhíodh na fir an-oilte i gcúrsaí farraige agus mheasaidís comharthaí nádúrtha na drochaimsire sula dtéidís amach, ach níor laghdaíodh sé sin ar bhuairt na mban istigh. Ba dhroch-chomhartha é na róna a fheiceáil ag teacht i dtír nó neart éan mara bailithe ar Bheiginis. Seachas comharthaí mar sin, chuiridís a muinín i nDia agus sa nádúr, agus chuiridís chun farraige. Ní raibh mná an Oileáin pioc sásta nuair a tháinig an chéad naomhóg chun an Oileáin thart ar na bliana 1880 mar mheas siad nach mbeadh na naomhóga chomh sábháilte leis na seanbháid mhóra, agus dar ndóigh, bhí an ceart acu. Báid éadroma a bhí sna naomhóga nach mbíodh in ann cumhacht an Atlantaigh a sheasamh go minic. Chaitheadh na mná oícheanta fada cois tine bige ag feitheamh go himníoch go bhfillfeadh a bhfir chéile nó a mic abhaile chucu. Tá cuntais ar fáil ó Mhéiní Chéitinn agus ó Pheig Sayers a léiríonn imní na mban sa chomhthéacs áirithe sin.⁴¹

Tar éis dóibh a n-óige a chaitheamh ag breathnú ar chruachás agus ar shíorbhuairt a máithreacha, d'aithin cailíní óga an Oileáin nárbh aon saol é sin dóibh agus bheartaigh siad ar imeacht trasna na farraige go dtí an tOileán Úr agus chruthaigh siad saol nua-aimseartha ann dóibh féin, i bhfad ó bhuairt na farraige. Bhailigh Cáit Pheig as an Oileán Tiar a luaithe agus ab'fhéidir léi dul. Chuaigh sí sall le Máire Ní Shúilleabháin, deirfiúr Mhuiris Uí Shúilleabháin.

Bhí an ceart ag na mná a bheith buartha, áfach, mar ní i gcónaí, a thagadh na fir abhaile slán chucu. Tá litríocht an Bhlascaoid Mhóir, idir shaothair dhírbheathaisnéise agus ábhar béaloidis, breac le scéalta tubaisteacha, tragóideacha faoi dhaoine a cailleadh ar an bhfarraige.⁴² Dar ndóigh, b'iomaí fear maith a chuaigh chun farraige nár tháinig slán abhaile, ba chuma cé hiad nó cé mhéid taithe a bhí acu ar an bhfarraige, nó cé chomh maith is a bhí eolas na háite agus an bhealaigh acu. Níor thaitin an fharraige le mná an Oileáin go hiondúil agus sheachnaíds turasanna amuigh sa mhéid is gurbh fhéidir leo. D'fhanaidís istigh go faiteach toisc na fir a bheith amuigh. Bhí creideamh thar an ngnách ag mná an Oileáin Tiar i nDia, ní nach ionadh. Chuir siad a gcuid muiníne Ann agus a dtoil Lena thoil.

Mar a luadh cheana, bhíodh síorbhuairt ar mhná an Bhlascaoid Mhóir faoina dteaghlach agus faoina bpáistí ar an Oileán. Bhí siad scartha amach ón míntír agus ó riachtanais an bheatha a bhí ar fáil ar an míntír. Théadh sé dian orthu, go mór mór i rith an gheimhridh, dul trasna an bhealaigh go Dún Chaoin agus as sin go dtí an Daingean chun earraí a fháil. Ba mhinic iad ar an ngannchuid i rith drochaimsire toisc

gan iad a bheith in ann dul amach. Mar a dúirt Eibhlís Ní Shúilleabháin ar an 12/01/1932:

When I opened the door it was not so grand a view I got. I first set my eyes on the sea, but alas no hope either today of any boat crossing. If it was fine and sunny on the land itself here we don't call it fine until the sea is calm.⁴³

Bhídís buartha faoi na seandaoine sa gheimhreadh go mbeidís breoite agus gan dochtúir nó banaltra a bheith ar fáil dóibh, nó sagart dá mba ghá. An rud ba mheasa a d'féadfadh tarlúint ná go bhfaigheadh duine bás istigh agus gan iad a bheith in ann an chónra a thabhairt amach de bharr drochaimsire. Chuirfí an duine sin sa reilig neamhbheannaithe istigh ag Rinn an Chaisleáin. Ba thruamhéalach an deireadh é d'Oileánach creidiúnach. Insíonn an Criomhthach scéal faoi Oileánach mná a cailleadh istigh i rith drochaimsire agus ar cuireadh sa reilig sin í. Ba le croí trom a cuireadh ann í.⁴⁴ Bhí dainséir i ngach áit do pháistí fiosracha, neamhurchóideacha. Bhí saol neamhspléach taitneamhach ag páistí an Oileáin ach bhí an chontúirt ann i gcónaí, rud a mhéadaigh ar bhuairt a máithreacha ina leith. Mar a dúirt Seán Ó Criomhthain:

Bhíomair óg láidir gan mórán céille na meabhrach, mar a bhíonn i gcónaí ag daoine óga nó go gcruann an saol an mheabhair dóibh.⁴⁵

Mar atá pléite i gcaibidil a dó, bhí an-spéis ag buachaillí an Oileáin sa tseilg. Léiríonn Muiris Ó Súilleabháin an diúl seo sa tseilg sa chaibidil 'Lá Seilge' dá leabhar *Fiche Blian ag Fás*. Tá fiosracht na hóige agus soineantacht an pháiste le feiceáil go gléineach sa chaibidil sin. Cé gur greannmhar é an cur síos a dhéanann sé ar eachtraí

an lae sin, tá contúirt an chaithimh aimsire seo curtha os comhair an léitheora go soiléir, chomh maith, cé go bhfuil sé scríofa ó thaobh an pháiste de. Mar léitheoir, feictear an baol a chráigh tuismitheoirí an Oileáin Tiar, baol nach bhfaca an páiste ar chor ar bith. Maraíodh mac Thomáis Uí Chriomhthain agus é ina leaid óg nuair a thit sé le haill. Chuaigh sé féin agus mac an Rí, le cois a chéile, sa tóir ar fhaoileáin óga ach baineadh geit as agus thit sé ón airde. A sheanathair féin a thug isteach ón bhfarraige é.⁴⁶ Tharla tubaistí tragóideacha den chineál sin do pháistí an Oileáin ó am go céile, ach is cosúil nach labhraíodh tuismitheoirí an Oileáin fúthu go rímhinic. Nuair a cailleadh Tomás Ó Gaoithín, mac Pheig Sayers, tar éis dó titim le haill, dúirt Peig nár tharla tragóid dá leithéid riamh ar an mBlascaod.⁴⁷

Bhíodh máithreacha an Oileáin buartha faoina bpáistí aon uair a bhídís amuigh ag snámh nó ag imirt ar an trá, agus iad beag. Nuair a bhíodar beagáinín níos sine bhíodh sé de nós ag na buachaillí a gcuid scileanna siúinéireachta a chleachtadh trí bháid bheaga a dhéanamh agus ansin iad a thriail ar an bhfarraige. Ba chaitheamh aimsire é sin a chráigh Peig Sayers ach go háirithe, ach bhí a slí féin aici chun teacht timpeall ar an bhfadhb sin.⁴⁸ Ní fhéadfaí aon locht a fháil ar Pheig ó thaobh í a bheith buartha faoin bhfarraige, mar is namhad cumhachtach, míthrócaireach í an fharraige nuair a thagann racht buile uirthi – ceacht eile a d’fhoghlaim Tomás Ó Criomhthain, ar an drochuair, nuair a bádh a mhac, Dónal, agus é ag iarraidh Eileen Nicholls, cara a dheirfear, a shábháil. Agus é ag obair sna páirceanna, chonaic sé go raibh a dheirfiúr féin, Cáit, agus a cara uasal, Eileen Nicholls, i mbaol a mbáite, agus chuaigh sé i bhfóir orthu. Tháinig Cáit slán sa deireadh, ach bádh Dónal Ó Criomhthain agus Eileen Nicholls le chéile.⁴⁹

Bhí an Blascaod Mór gan dochtúir, gan banaltra – rud a d’fhág go raibh na hOileánaigh an-leochaileach agus iad breoite, go mór mór i rith an gheimhridh nuair a bhíodh sé dodhéanta go minic naomhóg a chur chun farraige chun dochtúir a thabhairt isteach nó othar a thabhairt amach. Ní raibh mná óga an Bhlascaoid sásta dul sa seans lena gclanna agus lena sábháilteacht a thuilleadh le linn Eibhlís Ní Shúilleabháin. Chonaic siad go raibh saol níos sábháilte taobh amuigh den Oileán, ar an míntír nó sna Stáit Aontaithe, agus ba ann a bhí a dtrial. Ní raibh Peig fágtha gan a crois féin le hiompar aici. Fuair triúr den chlann bás agus iad ina naíonáin agus fuair a hiníon, Siobhán, bás den bhruitíneach nuair nach raibh ach ocht mbliana slánaithe aici. Faoin am sin, bhí a fear in easláinte, chomh maith.

Ach, mo bhrón géar, thug an bás péac fúinn. Do sciob sé chun bóthar leis triúr don gcloinn ina naíonáin agus thug an bhruitíneach léi Siobhán, bonscaire breá iníne a bhí in aois a hocht mblian.⁵⁰

Chuir Peig suas leis na tragóidí sin ar fad, agus ghlac sí leo mar thoil Dé. Feictear an creideamh daingean, neamhcheisteach, neamhghuagach a bhí aici tríd an insint a thugann sí ar na tragóidí pearsanta sin. Ní nochtann sí a cuid mothúchán féin, ach gur chuir sí a toil le toil Dé.⁵¹ Is anseo a thagann meon Pheig agus meon Eibhlís Ní Shúilleabháin salach ar a chéile. Ba mhná pósta agus ba mháithreacha ar an mBlascaod Mór iad beirt, ach bhí dearcadh an-difriúil acu i leith an Oileáin, saol an Oileáin agus na máithreachta. Déanann an difríocht dearcaidh seo scáthánú ar na hathruithe sóisialta a tháinig ar an Oileán idir am Pheig agus am Eibhlíse. Bhí saol an Oileáin tar éis leathnú amach, ar go leor cúiseanna, teacht na gcuaríteoirí eachtrannacha san áireamh. Ní raibh na mná óga sásta cur suas leis an méid cruatain

agus anró a d'fhulaingíodh na seanmhná. Ní rabhadar sásta a d'toil a chur le toil Dé fad a bhain sé lena gclanna, murab ionann agus glúin Pheig.

Ní raibh ach páiste amháin, Niamh, ag Eibhlís Ní Shúilleabháin agus Seán Ó Criomhthain agus iad ar an Oileán. I rith gheimhreadh na bliana 1939, d'éirigh Niamh an-bhreoite le plucamas. Tá an anbhainne is an leochaileacht le brath go tréan i litreacha Eibhlíse chuig George Chambers le linn an ama sin. I rith na stoirmeacha níorbh fhéidir leo tada a dhéanamh don pháiste bocht sa chliabhán agus iad sáite ar Oileán mara.

My God such days and nights with stoirm and thunders and lightening. We used [to] leave her in the cradle until midnight and used [to] be oiling her throat and up and down with her in the midst of the storm looking at our child and that we can't do nothing to relieve [relieve] her. That God in His heaven never again give us such a sight to witness. The day was terrible the six days and the sea was far from being fine but God gave them a chance of going in and out with the nurse and saved our child.⁵²

Bhí meon difriúil ag Peig agus Eibhlís i leith Dé. Ghéill Peig go toilteanach do thoil Dé agus don chinniúint agus ghlac sí Lena thoil. Luann Eibhlís Ní Shúilleabháin nach nglacfadh sí féin chomh toilteanach sin le toil Dé, áfach. Níor ghlac sí le bás pháiste mar thoil Dé, mar shampla.

If anything happened to take her away from us the light would be out of my world. I would not care to live after her.⁵³

Gan aon agó, ba dhian, anróiteach an saol é go minic. Dhealródh sé gurb as na coinníollacha seo uilig thuasluaite a d'eascair spéis na mban óg san imirce. Bhí méadú mór i ndiaidh teacht ar a réimse tuisceana le teacht na gcuariteoirí, ar an gcéad dul síos, agus le nuachtáin, litreacha agus scéalta ón domhan mór taobh amuigh den Oileán, ina theannta sin. Bhí eolas fairsing acu nach raibh ag a sinsir agus ní rabhadar sásta gan é a thriail dóibh féin. Chonaic siad a theoranta a bhí a saol féin ar an Oileán Tiar i gcomparáid le saol a gcairde thar lear. Chonaic siad an saol dian anróiteach a bhí á chleachtadh acu, i gcodarsnacht le 'saol na bhfuíoll' a chleacht na Blascaodaigh thar lear. É sin ráite, áfach, ní réiteodh saol an imirceora le gach aon duine. D'fhormhór na n-imirceoirí, b'ócáid bhrónach dhubhach é nuair a d'fhágfadh sé slán déanach leis an Oileán agus lena shaol ann, ach don mhionlach ba scarúint ródhian é agus ní rabhadar in ann dul. D'fhan na daoine sin ar an Oileán nó ar an míntír móorthimpeall agus chonaic said saol an Oileáin ag dul i léig.

Is cosúil nach raibh ach trí rogha saoil ag cailíní óga an Bhlascaoid Mhóir agus iad ina ndéaga déanacha. Ba iad sin dul in aimsir; glacadh le cleamhnas a dhéanfaí dóibh agus pósadh; nó imeacht leo mar imirceoirí trasna na farraige go dtí an Talamh Úr.

Théadh líon mór cailíní in aimsir ó Chorca Dhuibhne i gcoitinne, agus iad ag feitheamh ar a gcostas taistil ó Mheiriceá, nó chun airgead a thuilleamh iad féin chun a dticéad sall a cheannach. Théadh cailíní eile in aimsir go dtí go raibh siad in aois phósta, nó go ndéanfaí cleamhnas dóibh. B'éigean do chailíní áirithe dul in aimsir, chomh maith, chun cur leis an spré a bhíodh ag a n-aithreacha dóibh, sula mbeidís in

ann pósadh. Níor tháinig spré i gceist i gcás na gcailíní a phós ar an Oileán ach dóibh siúd a phós amach, bhíodh orthu spré a thabhairt leo, de ghnáth.

Bhíodh sé riachtanach do go leor daoine dul in aimsir chun chur le teacht isteach an teaghlaigh, nó chun an brú sa tigh a laghdú. Ba ar an gcúis sin a chuaigh Peig in aimsir don chéad uair:

Ní rabhas ach trí bliana déag d'aois nuair a dh'fhágas scoil; ní rabhas ró-láidir chuinn dol a n-aimmsir, ach ba chuma san, bhí oram dol a n-aimmsir chuinn mo bhéile do thileamh.⁵⁴

Bhí deartháir Pheig pósta sa tigh le Cáit Ní Bheoláin, agus ba í siúd a bhí i bhfeighil an tí, toisc drochshláinte a bheith ar mháthair Pheig. Bhí gach éinne eile den teaghlach pósta agus ag déanamh dóibh féin seachas Peig í féin, a bhí fós ina gearrchaile. Ní raibh suim dá laghad ag Cáit Ní Bheoláin cúram an ghearrchaile óig a thabhairt uirthi féin, rud a chruthaíodh teannas sa tigh go rialta:

... ón lá phós mo dheartháir is dóigh liom nach mór an suaimhneas aigne a bhí ag m'athair. Bhí bean a mhic teasaí lasánta. Dá gcuirfeadh sé an cnoc thall ar an gcnoc abhus ní bheadh sí buíoch de tráthnóna...

'Sé thuigim anois, agus is dóigh liom gur fíor é, gur ar mo shonsa agus ar son mo mháthair a bhí gan sláinte, d'fhulaing sé oiread san d'íde béil, mar is minic, dá mbeadh croí cloiche aige, go gcaithfeadh sé freagra do thabhairt uirthi, ach ní thugadh.⁵⁵

A luaithe, mar sin, is a bhí sí in aois chuige, bhí ar Pheig dul in aimsir. Bhí sí fós ag dul ar scoil, nuair a shocraigh a hathair áit a fháil di sa Daingean. Ní raibh aon

smaoineamh ag Peig dul in aon áit ó bhaile agus í suite cois tine ag léamh a leabhar scoile nua nuair a chuala sí an comhrá ba mheasa di ina saol go dtí sin, idir a hathair agus duine de na comharsana.

‘‘Sé an rud atá beartaithe agam,’’ arsa m’athair, ‘dá bhfaighinn aon áit ’riúnach go gcuirfinn an créatúir gearrchaile sin in aimsir... Táim deimhniúeach dá mbeadh sí fágtha an tigh go mbeadh níos mó suaimhnis agam ná mar atá.’⁵⁶

Rinne a hathair gach iarracht áit dheas a aimsiú di, agus áit ina gcaithfidís go maith léi. Mar a mhínigh athair Pheig dá máthair, tar éis dó an áit a aimsiú do Pheig sa Daingean:

Tá ionad aici le fáil i dtigh Shéamais Uí Chorráin. Déanfaidh Neil ionad máthar di.⁵⁷

Nochtann Peig cé chomh dubhach is a bhí sí ar chloisteáil na nuachta sin di. Bhí sí in éad leis na cailíní eile a bhí saor agus in ann taitneamh a bhaint as a n-óige fós. Anois, bhí uirthi a droim a thabhairt ar a hóige agus gach ar bhain leis, agus aghaidh a thabhairt ar shaol nua éiginnte.

Shuíos síos agus do ghoileas mo dhóthain. Ní ag cuimhneamh ar spórt nó ar shúgradh a bhíos insan am san, ach ag cuimhneamh ar an saol a bhí romham. Is agam a bhí an formad le Cáit Jim agus leis na gearrchailí eile a bhí go gealgháiritheach ag súgradh dhóibh féin. Do smaoiníos gurbh ait iad cúrsaí an tsaoil. Daoine brónach agus daoine eile lúcháireach. Bhíos féin san am san agus mo chroí briste istigh ionam le buairt agus le míshásamh.⁵⁸

Is truamhéalach an íomhá a fhaighimid ar an lá deireanach a chaith Peig ar scoil, agus an turas a dhéanann sí féin agus a hathair go dtí an Daingean chun tús a chur lena saol oibre ann. Bhí a fhios go maith ag máistir na scoile cad a bhí i ndán don ghearrchaile seo as sin amach – saol na sclábhaíochta is an anró. Cé go raibh Peig geall le bheith déanach don scoil an mhaidin sin agus an rolla á ghlaoch ag an máistir nuair a shúil sí isteach, ní dúirt sé focal as an tslí léi. Thuig sé go rómhaith nach bhfeicfeadh sé an dalta sin os a chomhair arís choíche, go raibh deireadh tagtha lena cuid scolaíochta agus, leis sin, a seans dul chun cinn a dhéanamh sa saol seo. Nuair a tháinig a hathair ag glaoch uirthi, ní mórán a dúirt an máistir, ach fós ba léir gur ón gcroí a tháinig sé, agus go raibh díomá air féin duine eile dá dhaltaí a fheiceáil ag dul uaidh ar an tslí sin.

‘Tá t’athair ag glaoch ort,’ ar seisean go cneasta. ‘Slán leat, a chailín!’⁵⁹

Tugann Peig cur síos cruinn beacht dúinn ar imeachtaí an lae sin, nuair a chuaigh sí abhaile ón scoil chun slán a fhágáil ag a máthair, agus an turas siúil go Daingean Uí Chúise. Níl aon mhearbhall uirthi faoi na sonraí. Tá an uile ní soiléir gléineach ina hintinn cé go raibh na blianta fada idir an t-am a thit na heachtra sin amach agus an uair a scríobhadh síos iad. Déanann sí cur síos ar a máthair agus cé chomh trína chéile is a bhí sí ag fágáil slán lena hiníon.

Rugas ar mo bhrat is d’fhéachas suas i dtreo an chúinne ar mo mháthair. Bhí sí ina cnóisín suite cois na tine agus í ag síleadh na ndeor go bog. Do ritheas chichi agus chuireas mo dhá lámh timpeall ar a muineál. B’éigean do m’athair teacht agus mé a ardú leis.⁶⁰

Bhí gach aon ní úrnua do Pheig sa Daingean. Ní raibh sí in aon bhaile mór riamh roimhe sin, agus dá bharr, rinne sí ard-iontas de gach rud – na tithe móra, líon na ndaoine timpeall uirthi agus fiú an teanga a bhíodhas a labhairt.

Bhí an dá shiúl ag dul amach as mo cheann le scanradh. ‘A Dhia na bhFeart,’ arsa mise, i m’aigne féin ‘ní mhairfeadsa aon lá amháin anso.’⁶¹

B’éigean di dul i dtaithí ar an saol úr seo go tapaidh. Cuireadh fáilte ó chroí roimh Pheig nuair a bhain sí an tigh amach, agus a luaithe is a bhí greim ite aici, theastaigh óna máistreás nua caighdeán a cuid oibre a fheiceáil. Bhí deacracht ag Peig nuair a d’iarr Neil, bean an tí, uirthi an t-urlár a scuabadh.

A dhuine na n-árann, ní fheacasa a leithéid sin do scuaib roimis sin riamh, mar is amhlaidh a bhíodh scothán fada craoibhe nó fraoigh go mbíodh gad casta air mar scuab againn sa bhaile. Ach dheineas mo dhícheall.⁶²

Dar ndóigh, bhí Neil sásta le Peig ón tús. Cé go raibh sí croí-bhriste ag dul go dtí an Daingean, agus uaigneach ag tús a tréimhse ann, níorbh fhada gur laghdaigh ar a cumha agus go raibh sí sásta ann. Bhí tigh deas faighte ag a hathair di, le muintir cneasta. Bhí sí mór le bean chríonna an tí agus ní fada go raibh sí cairdiúil le hiníon an tí agus duine de na mic. Chaith siad uilig go maith is go cothrom le Peig. Le himeacht aimsire, d’éirigh Peig an-cheanúil ar Neil agus ar Shéamas:

... do bhí an oiread ceana agam uirthi is a bhí agam ar mo mháthair féin. Bean fhial fháilteach mhánla ab ea í, agus do bhí Séamas, a fear chéile, gach aon phioc chomh

maith léi. Do dhein sé ionad athar dom ar feadh ceithre mbliana móra fada ina dhiaidh sin.⁶³

Fad a bhí sí ann, ba chuid den teaghlach í Peig. Bhíodh fear an tí ag faire amach di. Dúirt sé léi nuachtán a bheith aici i gcónaí ionas nach ndéanfadh sí dearmad ar ar fhoghlaim sí ar scoil. Cé gur éirigh go maith léi sa Daingean agus cé go raibh muintir an tí cneasta léi, bhí a fhios ag Peig go raibh a hóige imithe gan filleadh anois agus go raibh sí faoi chois ag muintir an tí.

... níor dhúisíos nó gur ghlaoiigh fear an tí ar maidin orm. Deirimse leat a léitheoir, nár thugas aon chluas bhodhar an uair sin don ghla. Bhíos fé smacht anois agus do chaithfinn a bheith ullamh.⁶⁴

Bhí sí ag tarrac léi ann, lá bog is lá crua, go dtí go raibh sí ann ar feadh trí bliana go leith. Mar a deir sí féin, tháinig sí agus í ina páiste, ach bhí sí ina bean óg faoin am a d'fhág sí. Faraor, bhí an tsláinte ag teip uirthi faoin am a chuaigh sí abhaile. Bhí deireadh tagtha lena tréimhse le Neil agus a teaghlach sa Daingean. Bhí brón uirthi agus í ag fágáil sláin acu, toisc méid a ceana a bhí aici orthu. Ghlac Neil agus Séamas áit tuismitheoirí di ón uair a chuaigh sí ann ar dtús, agus dá bharr sin, ghoill a himeacht uathu go géar uirthi.⁶⁵

Chuaigh Peig abhaile ionas go dtiocfadh biseach uirthi ann. Dar ndóigh bhí na fáiltí geala roimpi ann. B'fhada an tréimhse ó bhí sí sa bhaile roimhe sin. Caithfear a rá gur éirigh go fíormhaith le Peig ina céad ionad aimsire. Bhí an t-ádh léi, mar bhí taobh eile de scéal na haimsire, áfach, mar a fuair sí féin amach ar an drochuair. Níor éirigh chomh maith sin léi sa dara áit ar shocraigh sí di féin. Tar éis di tamall a

chaitheamh sa bhaile ag teacht chuici féin arís, bhí Peig ar a seanléim arís agus bhraith sí gur chóir di ionad aimsire a fháil di féin arís. Níor mhaith léi a bheith ag brath ar éinne eile, agus mheas sí go mbeadh sí níos fearr saothrú ar a son féin, dá bhfaigheadh sí áit oiriúnach. Mar bharr air sin, cheap sí nach raibh aon rud fágtha sa bhaile di os rud é go raibh a dlúthchara, Cáit Jim, imithe léi sall go Meiriceá i dteannta a hathar, Muiris.⁶⁶ Bhí sé geallta ag Cáit Jim di go gcuirfeadh sí an costas chuici a luaithe agus ab fhéidir léi é. Chuige sin, bheartaigh Peig ar phinginí a chur i dtaisce, go mbeadh airgead aici nuair ba ghá léi é.

... ba mhaith an rud dom féin a bheith ag tuilleamh chun cúnamh an chostais a bheith agam nuair a thiocfadh an lá.⁶⁷

Tar éis di slán a fhágáil ag Cáit Jim ag stáisiún an Daingin agus í ar a bealach go Meiriceá, d'fhan Peig ann chun áit a aimsiú di féin. Fuair sí áit le bean darbh ainm Brídín, bean a raibh aithne súl ag Peig uirthi ó bhí sí in aimsir sa Daingean le Neil. Feirm mhór a bhí aici agus ag a fear céile taobh amuigh den Daingean. Rinne Peig agus Brídín margadh ar ocht bpunt in aghaidh na bliana agus bhí Peig faoi dhaorsmacht arís. A luaithe is a shroich siad an fheirm thuig Peig nárbh ionann an áit seo agus tigh Neil.

Ar dhul isteach 'on tigh dom féin tháinig doircheacht an domhain orm, mar do bhí 'fhios agam go rabhas fé dhaoirse athuair. Ach má bhíos féin do bhí orm é a bhrú ar m'aigne.⁶⁸

B'iomaí cruatan a chuir Peig di agus í in aimsir don dara huair. Ba ag sclábhaíocht a bhíodh sí fad a bhí sí ann, í ag obair istigh is amuigh araon, toisc gan aon bhuachaill a

bheith in aimsir ann chun cabhrú leis an obair taobh amuigh. Réitigh Peig go maith le fear an tí formhór an ama, ach mar a deir sí féin, ‘Ní hair a bhí an briste.’⁶⁹ Chaith Brídín go dona le Peig fad a bhí sí ann:

Ní fada a bhíos ann nuair a bhí ’fhios agam nach ‘cathair mar a tuairisc’ Brídín... Ní raibh croí luiche sa mhnaoi sin. Níorbh ionann a croí agus croí Neil.⁷⁰

Deir Peig gur mhinic a bhíodh sí fliuch agus í ag obair amuigh ar an bhfeirm nuair nach mbíodh buachaill ann. Ansin bhíodh ar Pheig a cúraimí féin a dhéanamh mar aon le hobair bhuachalla. De réir dealraimh, ní fada a mhair aon bhuachaill in aimsir ann. Insíonn Peig scéal greannmhar mar gheall ar conas a fuair sí féin réidh le buachaill aimsire a bhí sa tigh, maidin Domhnaigh agus muintir an tí ag Aifreann Dé. I ndiaidh easaontais eatarthu beirt, bhailigh an leaid óg leis as an áit, agus tásc ná tuairisc níor chuala siad faoi ina dhiaidh sin.⁷¹

... ní fada a d’fhanadh aon bhuachaill ann. Bhíodh locht éigin acu air. Ní thugtaí cothrom na féinne dóibh, ansan d’fhágaidís.⁷²

Ba mhinic ocras a bheith ar Pheig sa dara hionad aimsire sin, chomh maith le bheith ag sclábhaíocht go dian dóibh.⁷³ Feictear an saol dian crua a bhí ag Peig ar an bhfeirm sin uair eile nuair a bhí sí amuigh sna páirceanna ag cnuasach prátaí le triúr oibrithe feirme. Ba dhian an obair í agus bhí sí préachta leis an bhfuacht:

... is minic do chaithinn dul agus na lámha do théamh leis an dteine. Bhíodh na méireanta agus titim dom leis an bhfuacht. Do bhraithinn díocha na cré ag dul go smior.⁷⁴

Ní trua nó buíochas a fuair sí ó fhear an tí as a cuid iarrachtaí, áfach, ach léasadh teanga. Ba mhinic a thagadh cumha agus brón uirthi agus í in aimsir leis an bhfeirmeoir.⁷⁵ Faoi dheireadh bhí a dóthain fulaingthe ag Peig agus shocraigh sí ar imeacht. Ag an am sin, bhí sí ag tnúth le litir ó Cháit Jim a rá go mbeadh an costas chuici gan mhoill, agus bheadh sí in ann a seolta a bhailiú léi as an gcruachás ina raibh sí. In ionad na litreach sin, áfach, tháinig litir uaithi a rá nach mbeadh sí in ann an costas a sheoladh chuig Peig, toisc go raibh sí ‘ar cnámh a cúil in otharlainn agus a lámh i gcantaí.’⁷⁶ Bheadh uirthi déanamh gan cabhair Cháit Jim agus an costas go Meiriceá a thuilleamh di féin, rud nár tharla ach an oiread, dar ndóigh.

Tugann Peig dhá chuntas an-éagsúil dúinn ar na tréimhsí a chaith sí in aimsir. Sa chéad áit, sa Daingean, chaith muintir an tí go fial agus go cneasta léi, ach b’iomáí cruatan agus cruacháis a chuir sí di nuair a bhí sí ar an bhfeirm taobh amuigh den Daingean. Ba throid é gach lá di ann. Tugann sí an taobh maith agus an taobh cráite de shaol an chailín aimsire sa tslí is gur féidir linn saol na mBlascaodach óg a shamhlú agus iad in aimsir, bíodh gur eispéiris maith nó olc é sin dóibh. Tig linn cás Pheig a thógáil mar eiseamláir ar an gcineál sin saoil, dar liom. Cé nár rud neamhghnáthach é timpeall na tíre ag an am sin, cailín óg a chur in aimsir agus gan í thar dhá bhliain déag d’aois, gan a cuid bunscolaíochta críochnaithe aici fiú amháin, is dealraitheach nárbh é sin gnáthnós an Bhlascaoid Mhóir. Seachas i gcás cúpla duine eisceachtúil, ba ghnách d’ógánaigh an Oileáin Tiar a gcuid scolaíochta a chríochnú sula dtéidís in aimsir ar an míntír. Dar le Nóra Ní Shéaghdha, múinteoir scoil an Oileáin, níor ghnách do thuismitheoirí an Oileáin a bpáistí a thógáil amach ón scoil

chun iad a chur ag obair. Dúirt sí go mbíodh an tinreamh i gcónaí go maith i scoil an Oileáin Tiar, chomh maith.⁷⁷

Thuig tuismitheoirí an Bhlascaoid Mhóir tábhacht an oideachais i saol a bpáistí. Gan oideachas ní raibh seans ar bith acu dul chun cinn a dhéanamh sa saol seo. Ní hé sin le rá, áfach, nach dtéadh cailíní óga an Oileáin Tiar in aimsir agus a gcuid scolaíochta críochnaithe acu. Théidís, dar ndóigh. Uaireanta, théidís in aimsir go dtí go mbídís in aois phósta agus cleamhnas déanta dóibh, nó go dtí go bhfaighidís an costas taistil anall ó Mheiriceá. Go hiondúil, níor rud fadtréimhseach é a bheith in aimsir do chailíní an Bhlascaoid, fad a bhí siad in Éirinn, pé scéal é. I rith an dara leath den naoú haois déag, ba ghnách do chailíní Éireannacha ionad aimsire a aimsiú dóibh féin nuair a bhain siad Meiriceá amach, ach bhí an nós sin dulta i léig, a bheag nó a mhór, faoin am a thosaigh taoide na himirce ón mBlascaod Mór ag sní. Déanfar plé níos doimhne ar an ábhar sin i gCaibidil 5. B'iomaí bean, Peig Sayers san áireamh, a phós isteach ar an Oileán Tiar tar éis dóibh tréimhse a chaitheamh in aimsir ar an míntír. Dar le Seán Ó Criomhthain, bhí meon difriúil ag na mná seo i leith an Oileáin, agus a gcuid dualgaisí ann.

Na mná seo ón míntír a phós isteach san Oileán bhí gach saghas eolais agus feasa acu bailithe acu féin ó bheith in aimsir ar fuaid na tíre agus ag féachaint conas a dheineadh muintir na míntíre rudaí a eagairt.⁷⁸

B'fhíor sin, dar fia. Bean eile a rinne amhlaidh ab ea Cáit Ní Bhriain, dlúthchara Pheig. Chaith sí cúig bliana in aimsir i dTrá Lí agus dar léi, bhí sí ag tnúth leis an lá a phósfadh sí Eoghan Bán Ó Conchubhair. Bhí Cáit in aimsir ag dochtúir i dTrá Lí agus bhí eolas éigin aici ar chúrsaí leighis, dá bharr. Bhí Béarla ar a toil aici, chomh

maith. Dá dheasca sin, bhíodh Cáit Ní Bhriain an-oiriúnach mar bhean chabhrach don dochtúir nuair a thagadh sé isteach. Bhíodh sí ina hidirghabhálaí nuair a bhíodh fadhb teanga ar bith idir an t-othar agus an dochtúir. Agus í ag druidim anonn in aois, d'iarr Cáit ar Mhéiní Chéitinn tabhairt faoin obair seo, toisc Béarla a bheith ar a toil aici siúd, chomh maith.⁷⁹

Mar atá luaite cheana, ba mhinic a théadh cailíní óga an Oileáin Tiar in aimsir sula dtéidís ar imirce. B'shin díreach an rud a rinne Cáit agus Eibhlín (Néilí) Ní Ghaoithín, iníonacha Pheig. Chuaigh Cáit in aimsir ag máistir scoile i Luimneach. Ba é an sagart a fuair an áit sin di agus mar sin bhí muinín ag a máthair as. Thuig sí go mbeadh duine maith ag faire amach di. De réir dealraimh, bhí sí sásta a dóthain ann, ar feadh na tréimhse ar chaith sí ann. Mar a léiríonn a deartháir, Mícheál, ina leabhar *Is Truagh ná Fanann an Óige*:

Dubhairt sí lem' athair go raibh deire de Luimneach aice.

'Cad ina thaobh go ndeireann tú é sin? Ná rabhais i dtig mhaith,' arsa m'athair.

'Ní raibh aon locht agam ar mhuintir an tighe,' arsa sise.

'Bhíos ana-cheanamhail ar an máighistréas a bhí orm agus i dtaobh an fhir de, do dhein sé ionad athar dom an fhaid a bhíos ann. Ach mar sin féin, ní raghad go Luimneach go deó arís i n-aimsir.'⁸⁰

Ní bhfuair a hathair aon locht uirthi dá bharr.

'Tá go maith, a 'nighean ó,' arsa m'athair. 'Beatha dhuine a thoil,' agus do bhuail sé amach.'⁸¹

Bhí Cáit i Luimneach le breis is dhá bhliain roimhe sin, agus bhí ríméad ar gach éinne sa tigh nuair a d'fhill sí. Mar a dúirt Mícheál Ó Gaoithín:

Nuair a tháinig m'athair abhaile ó iascach do chuala é a' rádh lem' mháthair gurbh fhearra do dhul 'on Daingean i gcóir an tSathairn, mar go raibh mo dheirbhshiúr Cáit ag teacht abhaile ó Luimneach agus nárbh fhlúair di duine éigin do bheith roimpe...

Do phreab mo chroidhe le háthas nuair a chuala gurbh í mo dheirbhshiúr Cáit a bhí ag teacht. Bhí breis agus dhá bhliain roimis sin ó bhí sí ag baile. Dá bhrígh sin do bhí fáilte agam am' chroidhe do Cháitín.⁸²

Go luath tar éis di siúd filleadh, d'imigh a deartháir, Pádraig, sall go Meiriceá i dteannta slua ógánach ón Oileán agus na ceantair mháguaird. Dhá bhliain ina dhiaidh sin, sheol sé an costas chuig Cáit agus bhailigh sí léi as an áit, i dteannta Mháire Uí Shúilleabháin. Bhí Eibhlín i bhfad níos óige ná Cáit, agus fad a bhí Cáit in aimsir i Luimneach, bhí Eibhlín fós ar scoil. Ní fada, áfach, go raibh a ham féin buailte aici le himeacht ón Oileán in aimsir. Fuarthas áit di i nDún Droma, i mBaile Átha Cliath le Seán Ó Séaghdha. Thaitin a tréimhse ann go mór léi agus chaith siad go fial léi. Mar a deir a deartháir Mícheál:

Dubhairt sí linn i leitir dár chuir sí chugainn gur dhaoine ana-cháirdeamhail ab eadh Muintir Shéaghdha agus go raibh sí féin mar pheata aca.⁸³

Ní raibh aon smaoineamh aici ar dhul aon áit go dtí gur tháinig a deartháir Pádraig abhaile ar chuairt ó Mheiriceá. Ní rabhadar ag súil leis go dtí gur bhuail sé isteach chucu. Seachtain a bhí sé ar an Oileán nuair a chuaigh sé go Baile Átha Cliath ag triail ar a dheirfíúr, agus ní raibh sé sásta gan í a bhreith leis ar ais go Meiriceá lena

chois, cé go mb'fhearr go mór le Peig í a bheith i mBaile Átha Cliath.⁸⁴ D'imigh Eibhlín ar ais leis cAibreán na bliana 1928 ar long de chuid an *White Star Line*.⁸⁵

Sula ndeachaigh sí sall go Springfield, chuaigh Eibhlín Ní Chearnaigh ag obair i mBaile Átha Cliath, chomh maith. Ní in aimsir a bhí sí féin, áfach. Chuaigh Eibhlín go Baile Átha Cliath gan ach cúig bliana déag slánaithe aici, chun traenáil a dhéanamh le comhlacht éadaigh. Mhéadaigh ar a suim i Meiriceá de réir mar a chonaic sí a muintir agus a cairde ag dul sall, go dtí go ndeachaigh sí í féin. Nuair a bhain sí Springfield amach fuarthas post di san ospidéal áitiúil.⁸⁶

Mar atá ráite cheana, tháinig ógánaigh an Oileáin go mór faoi thionchar na gcuartheoirí, agus ó am go chéile d'eascair fíorchairdeas idir cuairteoir agus Blascaodach, mar a tharla i gcás Mhuiris Uí Shúilleabháin agus Seirse Mac Tomáis. Chomhairligh Seirse Mac Tomáis do Mhuiris Ó Súilleabháin dul sna Gardaí, mar shampla, in ionad dul sall go Springfield. Lena chois sin, chabhraigh roinnt cuairteoirí scolártha le hOileánaigh óga poist a fháil sna cathracha móra in Éirinn. Luann Eibhlín Ní Shúilleabháin ar an 5ú lá de mhí Lúnasa 1923, go ndeachaigh roinnt cailíní ón mBlascaod in éineacht leis na cuairteoirí agus iad ag fágáil an Oileáin.

Ta triúr dos na cailíní imithe uainn anois arís in aonacht le lucht na Gaelainne síos chun Luimneach agus go Corcaigh, agus is mór é m'fhormad leo an uair na fuil caoi agam féin ar imeacht in aon chor.⁸⁷

Léiríonn an ráiteas seo an cineál meoin a bhí i measc na gcailíní óga ar an Oileán, ach go háirithe, ag an am sin. Theastaigh uathu uilig imeacht ón 'árthach báite' agus dá luaithe é ab ea ab'fhearr dóibh. Ba chuma leo ar bhealach má bhí siad ag dul go

Luimneach nó Corcaigh, nó sall go Springfield. Bheidís imithe ó chruachás an Oileáin Tiar, agus ba é sin an rud ba thábhachtaí dóibh. Dá bhformhór, ar aon nós, ní raibh sé i gceist acu fanacht i Luimneach, Corcaigh, Baile Átha Cliath nó cibé cathair eile in Éirinn, ach go sealadach. Luath nó mall, ba ar Mheiriceá a bhí a dtriail. Thaispeáin na cuairteoirí saol éagsúil d'ógánaigh an Bhlascaoid tríd na héadaí a chaith siad, agus na scéalta a d'inis siad faoi Bhaile Átha Cliath agus cathracha eile na hÉireann. Ní fhéadfaí a rá gur threoraigh na cuairteoirí siúd i dtreo na himirce nó an tréigin iad, d'aon ghnó, ach chuaigh na scéalta i bhfeidhm go mór ar na cailíní óga. Shantaigh siad an saghas sin saoil. Dar ndóigh, bhí síol na himirce curtha leis na cianta roimhe sin, ach is cosúil gur chothaigh is gur threisigh na strainséirí an dúil a bhí go dlúth iontu cheana féin. Ní féidir a rá, áfach, an chomhairlíodh 'lucht na Gaelainne' do chailíní an Bhlascaoid gan dul ar imirce go Meiriceá, mar a tharla i gcás Mhuiris Uí Shúilleabháin, ach teacht, ina hionad sin, go Baile Átha Cliath, Corcaigh nó Luimneach, nó an é go mbíodh a fhios acu, chomh maith gur rud sealadach nó gearrthréimhseach a bhíodh i gceist, go dtí go dtéidís sall go Springfield. De réir dealraimh, ba chun a leasa é an cairdeas seo idir cailíní an Oileáin Tiar agus na foghlaimoirí Gaeilge ó chathracha móra na hÉireann, agus áiteanna eile nárbh iad. Mar a léiríonn Máirín Ní Dhuinnshléibhe:

Nuair a thagadh na strainséirí orainn chídís saol eile ansin. N'fheacamarna é mar bhíomar ró-óg, nuair a féachaim siar anois air. Théadh cuid acu go Baile Átha Cliath, ag obair mar mhná tí nó ag cabhrú leis na leanaí chun Gaolainn a mhúineadh dóibh i dtithe nó mar sin. Ach bhailíodar go léir leo.⁸⁸

Níorbh iad na cailíní amháin a chuaigh in aimsir, áfach. De réir dealraimh, ní dheachaigh buachaillí an Oileáin Tiar in aimsir chomh minic is a chuaigh a gcairde

ban. D'fhan roinnt mhaith acu istigh agus d'fhoghlaim siad scil na hiascaireachta dóibh féin le criú naomhóige. Ní raibh an deis chéanna ag buachaillí na míntíre, go minic, agus b'éigean dóibh siúd dul in aimsir, cosúil le deartháir Pheig Sayers, a chaith tamall in aimsir ar fheirm mhór i gCill Airne. Ar aon dul le Peig, chuaigh sé in aimsir nuair nach raibh sé ach dhá bhliain déag d'aois.⁸⁹ É sin ráite, ba mhinic a théadh buachaillí an Bhlascaoid go Sasana ag obair i rith an tsamhraidh. Bhí neart airgid le tuilleamh ann, cé nach raibh i gceist ach obair shéasúrtha. Ag an am sin, díreach i ndiaidh an Chogaidh Mhóir, théadh an-chuid oibríthe sciliúla feirme ó Éirinn go Sasana, go leor Blascaodach ina measc. D'fhillleadh fir óga an Bhlascaoid ar an oileán nuair a bhí an obair i Sasana críochnaithe. De réir dealraimh, théadh fir óga áirithe go Sasana chun an cineál sin oibre a dhéanamh chun airgead a thuilleamh sula ndéanfaí cleamhnas dóibh. Bhí Céit Ní Chearnaigh, ón mBlascaod Mór, ag siúl amach le Peaidí Shéaisí Ó Cearna, fear óg ón Oileán, ar feadh cúig bliana sular phós siad. Is amhlaidh nach raibh mórán den saol seo aige agus ní raibh Seán Team, athair Chéit, róshásta cleamhnas a dhéanamh dá iníon le fear dealbh, go dtí go raibh beagáinín níos mó saibhris shaolta aige. Ar aghaidh leis mar sin, go Sasana chun roinnt airgid a thuilleamh sular phós sé.

Bhí Mícheál Ó Cearnaigh, déarthair Chéit Ní Chearnaigh atá luaite thuas, in aimsir ar feadh tréimhse, chomh maith. Nochtann Cole Moreton ina leabhar *Hungry For Home: Leaving the Blaskets: A Journey from the Edge of Ireland*, nár theastaigh uaidh riamh fanacht ar an Oileán chun a bheith ina iascaire. Chonaic sé cé chomh dian is a bhí an saol sin ar a athair agus a chomhghleacaithe, agus bhí sé diongbháilte go mbeadh a mhalairt de shaol aige féin.

I couldn't see any future in it. I almost used to cry for the poor fishermen when they would go out and get caught in the storm, trying to battle them waves, and the wind, and the salt water. It was not for me.⁹⁰

Chuaigh sé ag obair ar fheirm ar an míntír, agus bhí sé sásta a bheith imithe ó shaoldian na hiascaireachta.

I was glad of the opportunity. You see, on the island you never got paid for what you did. It was a struggle. I was always ambitious to get out of that place.⁹¹

As sin, chuaigh sé go Baile Átha Cliath, cathair mhór an hÉireann, sa bhliain 1937. Fuarthas post dó mar phrintíseach d'fhear leanna, agus d'éirigh go geal leis ann. Nuair a bhí a thréimhse mar phrintíseach caite aige, chuaigh sé go tigh Davey Byrne, áit a dtéadh aisteoirí Bhaile Átha Cliath ar fad, ag an am. Bhí an-saol aige i mBaile Átha Cliath dá bharr.

Painters, actors, writers, they all used to come in. I used to get tickets for the Abbey Theatre and go to see the good plays: *The Plough and the Stars*, *The Shadow of a Gunman*, all those.⁹²

Bhí ag éirí go maith leis i mBaile Átha Cliath agus nuair a théadh sé abhaile go dtí an Blascaod chíftheadh sé cé chomh hiargúlta agus seanaimseartha is a bhí an áit. Níor shantaigh sé riamh dul thar n-ais chun cónaithe ann. Nuair a fuair a dheartháir, Seáinín, bás go hóg ar an Oileán, bheartaigh Mícheál ar imeacht leis go Meiriceá. Dá ndéanfadh sé a shlí féin trasna, d'fhéadfadh sé a dheartháireacha a thabhairt amach ina

dhiaidh. Rud a rinne. Chuaigh sé go Nua Eabhrac ar bord an *Queen Mary*, agus as sin síos go Springfield.⁹³

Ba é an dara rogha a bhí ag mná óga an Oileáin ná pósadh. Go minic tar éis dóibh seal a chaitheamh in aimsir, bhuaileadh fonn pósta cailíní an Bhlascaoid. Ní bhíodh siad sásta a bheith in aimsir a thuilleadh, agus a bheith ag sclábhaíocht do dhaoine eile. Theastaigh uathu ansin a bheith ag déanamh dóibh féin. Deir Peig, mar shampla, tar éis di teacht ón bhfeirm taobh amuigh den Daingean, go raibh deireadh aici leis an saghas sin saoil, agus go raibh meas tagtha aici uirthi féin ó tháinig sí go dtí an Daingean ar dtús na blianta fada roimhe sin, agus í fós ina páiste.

Bhíos in aois tigh agus áit do bheith agam féin agus páirtí fir dá bhfaighinn an té a thaithneodh liom.⁹⁴

Bhí nós an chleamhnais beo i measc na nOileánach fad a d'fhan muintir óg an Oileáin istigh ann, ach le fada an lá roimh an tréigean deireanach, níor lonnaigh éinne a phós ón Oileán istigh ann.⁹⁵ Mar a dúirt Eibhlís Ní Shúilleabháin i litir a scríobh sí chuig George Chambers ar an 23/02/'36:

Yes, I am the only girl that got married since you were here and I am married three years next May 6th and it was twelve years before that since the last couple were married. Anyway at present nobody thinks of marrying.⁹⁶

I rith na hInide gach bliain, de ghnáth, a dhéantaí cleamhnais agus a phóstaí ar an Oileán. Is é an tréimhse atá i gceist leis an Inid ná na seachtainí idir Nollag na mBan

agus Máirt na hInide. Tá Seán Ó Criomhthain agus Eibhlís Ní Shúilleabháin eisceachtúil, mar sin, sa mhéid is gur phós siad i Mí Bealtaine.⁹⁷

Ba am an-ghnóthach é an Inid ar an mBlascaod, agus ar an míntír mórthimpeall chomh maith. Bhíodh gach athair ag iarraidh an margadh ab fhearr a dhéanamh dá n-iníonacha agus dá mic. Fiú i measc na seanbhan ar an Oileán, bhí spraoi agus scéalta a ndóthain acu i rith na hInide. A luaithe is a thagadh an Inid, bhídís ag caint mar gheall ar an gcleamhnas seo nó siúd a rinneadh, agus ag fiosrú cé a phósfadh i mbliana. Dar le Muiris Ó Súilleabháin, bhí spleodar nua fúthu arís.⁹⁸ Bhí an rud céanna le rá ag Mícheál Ó Gaoithín.⁹⁹

Mar atá luaite thuas, dhéantaí cleamhnais do chailíní agus do bhuachaillí an Oileáin. Formhór mhór an ama, bhíodh an bheirt sásta leis an gcleamhnas, corruair ní bhíodh. Deirtear linn sa leabhar *Beatha Pheig Sayers* nach raibh deirfiúr Pheig sásta glacadh le héinne mar chéile ach beirt.

Do bhíodh sé dubh nó buí nó camshlinneánach. Bhíodh locht éigin le fail air do choiseadh ar phósadh iad.¹⁰⁰

Sa deireadh, áfach, bhí uirthi rogha fir eile a dhéanamh, toisc gur phós an bheirt a nglacfadh sí leo. I roinnt mhaith teaghlach, ba scannal mór é cleamhnas a dhiúltú agus, go hiondúil, ní bheadh baint ag muintir an duine sin leo as sin amach. Mar a dúirt seanfhear ón Oileán:

‘Fuaireas-sa bean,’ ar seisean, ‘agus fuaireas í ó m’athair faoi mar a thabharfadh sé asal isteach don tigh. Díreach mar a chéile! Ní raibh aon bhaint agam féin léi,’ a

dúirt sé, ‘agus mara bpósfainnse í chuirfeadh m’athair amach as an dtigh mé, is thabharfadh sé an bhean don dheartháir ab óige ná mé.’¹⁰¹

De réir dealraimh, le linn óige Thomáis Uí Chriomhthain agus níos faide siar ar an Oileán, níor nós neamhchoitianta é bean a thabhairt chun an tí agus cleamhnas a dhéanamh idir í féin agus an dara mac sa teaghlach mura raibh an chéad mhac sásta í a phósadh, agus ansin gan baint a bheith ag an teaghlach leis an gcéad mhac sin arís. Le himeacht aimsire, áfach, d’éirigh tuismitheoirí an Oileáin níos tuisceanaí agus níor bhreathnaítear ar dhiúltú cleamhnais mar scannal a thuilleadh. Insíonn Mícheál Ó Gaoithín, mar shampla, scéal faoi chailín a dhiúltaigh cúig chleamhnas.¹⁰² Bhí sé de nós ag an mbean pósadh isteach sa tigh agus cur fúithi ann lena céile nua ar feadh bliana nó mar sin. Ní thógadh an lánúin nua tigh dóibh féin nuair a phósaidís. I ndiaidh na bliana sin, théadh an t-athair agus an dara mac ba shine agus thógaidís teach don chéad mhac agus dá bhean. Ansin thugtaí píosa talún dó agus cúpla caora, b’fhéidir, agus ligidís dó a shlí féin a dhéanamh dó féin agus dá chlann. Ansin théadh an t-athair sa tóir ar bhean don dara mac.

Go hiondúil um an dtaca sin, dhéantaí cleamhnais do mhuintir Chorca Dhuibhne ag lá aonaigh sa Daingean, ach d’fhear nó do bhean ón Oileán a bhí le pósadh amach, ní bhuailidís leis an gcailín nó leis an mbuachaill go dtí lá a bpósta ar an mBuailtín. Agus cleamhnas á dhéanamh ar an mBlascaod Mór, théadh athair an bhuachalla agus fear nó beirt eile leis go tigh an chailín agus buidéal fuisce ina ghlaic aige chun an cleamhnas a chéiliúradh. Ghlactaí le toil an chailín, de ghnáth, ar an Oileán agus má bhí sí go mór in éadan an chleamhnais, ní bheadh uirthi glacadh leis an bhfear óg. De ghnáth, dá mba chleamhnas idir beirt Oileánach a bheadh i gceist, bheidís beirt breá

sásta toisc aithne a bheith acu ar a chéile ón gliabhán. Déanann Muiris Ó Súilleabháin cur síos gléineach, anamúil ar chleamhnas a rinneadh ar an Oileán i rith na hInide bliain amháin.¹⁰³ Sa chás seo chuaigh Seán Mac Gearailt, an fear a raibh an cleamhnas le déanamh dó, isteach agus, i dteannta beirt Oileánach, Muiris Eoghain Bháin agus Tadhg, chuaigh sé go tigh an chleamhnais. Chuaigh Máire Ní Dhála, céile Thaidhg, le cois na bhfear, chomh maith, chun an scéal a chur chun suaimhnis ar Bhríde, máthair an chailín. Bhí an margadh déanta idir an ceathrar sin agus tuismitheoirí Shiobhán, an cailín a bhí i gceist, sular tháinig Siobhán ar an bhfód ar chor ar bith.

- Lena linn sin, éiríonn Liam don gcathaoir: Tabhair dom do lámh, a Sheáin, ar seisean. Do shín Seán a lámh chuige go tapaidh. Bhí meas agamsa riamh ortsa, a Sheáin, arsa Liam agus greim daingean ar a lámh aige, comh fada le bheith múinte béasach, agus más ea ba dhual athar duit bheith mar sin, agus geallaimse dhuit, comh fada lem fhocalsa dhó, go mbeadsa sásta le Siobhán a bheith agat agus is maith liom go mór thú a bheith mar chliamhain agam.¹⁰⁴

Cé nár tháinig Siobhán ar an láthair go dtí go raibh an cleamhnas déanta, bhí aithne na mblianta aici ar Shéan agus bhí sí breá sásta leis an gcleamhnas a bhí déanta ar a son.

- Is dócha, arsa mise [Muiris Ó Súilleabháin], go raibh a fhios aici sarar tháinig sí anuas ón seomra go raibh an cleamhnas déanta? – Dhé mo léir, bhí, a mhic ó, arsa Máire. Do shuigh sí síos in aice le Seán, astóin, agus ambriathar más ea gurb iad a bhí go geal gháiritheach agus go compordach le chéile.¹⁰⁵

Sa chás sin, bhí gach éinne breá sásta le heachtraí na hoíche sin, ach dar ndóigh, níorbh amhlaidh a bhí i gcás gach éinne a ndearnadh cleamhnas dóibh ar an mBlascaod Mór. Ba rud eacnamúil é an cleamhnas, ní amháin ar an mBlascaod Mór, ach trasna na tíre seo ar fad, um an dtaca sin. Phós daoine taobh istigh dá n-aicme féin. Dheimhnigh córas na spréanna nach bhféadfadh duine céim rómhór chun tosaigh a thógáil tríd an bpósadh. Ní raibh daoine dealbha in ann spréanna móra a íoc, ach, é sin ráite, rinne gach éinne a ndícheall pósadh chomh maith agus ab fhéidir leo.

Bhí Tomás Ó Criomhthain an-cheanúil ar iníon an Dalaigh Mhóir, ó Inis Mhicileáin, agus é ina fhear óg.¹⁰⁶ Bhí Diarmuid, uncail Thomáis, go mór i bhfábhar cleamhnas a dhéanamh idir an bheirt acu, agus bhí an scéal á phlé is á fhiosrú aige. Rud aisteach ab ea é gurbh í Máire, deirfiúr Thomáis, a chur in aghaidh an chleamhnais le cailín na hInise. Dar léi, ní raibh aon mhaitheas eacnamúil sa chleamhnas do Mhuintir Uí Chriomhthain, toisc ar an Inis a bhí muintir an chailín lonnaithe agus nach mbeadh aon chabhair le fáil uathu, dá mba gá leis.¹⁰⁷ Shocraigh Máire í féin cleamhnas eile dá deartháir le Máire Ní Chatháin.

Do bhí cailín maith deigheolais beartaithe aici féin, go raibh a muintir ar an mbaile chuinn cabhair do thabhairt dúinn aon uair ba ghá é, agus do chrom sí ar bheith ag leibhéal mar seo dhúinn, fé mar 'bheadh bean ag léamh na liodáin, nó gur dhein sí comh mín le cat sinn thrína chéile.¹⁰⁸

Ón gcur síos a dhéanann an Criomhthanach ar lá a bhainise, is léir nach raibh sé féin pioc sásta leis an gcleamhnas a bhí déanta dó. Tá contrárthacht ghlan idir a chuntas ar lá a bhainise agus an cur síos a dhéanann sé ar an tréimhse shonasach a chaith sé i dteannta chailín na hInise. Is ar éigean a luann sé a bhean nua-phósta agus é ag tagairt

do lá a mbainise. Is mó, áfach, an t-eolas a thugann sé ar veidhleadóirí an Bhuailtín ná a bhean féin. Tá na sonraí gann i gcomparáid leis an am a bhí caite aige le hiníon an Dálaigh Mhóir ar an Inis, áfach.¹⁰⁹ Deirtear nár chas Tomás Ó Criomhthain ach amhrán amháin é féin an oíche sin, agus caoineadh a bhí ann. Ba é *Caisleán Uí Néill* an t-amhrán sin.

Go hiondúil, ní bhíodh spré i gceist nuair a bhí cailín agus buachaill ón Oileán ag pósadh, ach lena chois sin, ní lorgaítí spré ó chailín a phós isteach ar an Oileán. Is amhlaidh go raibh leisce ar go leor ban dul isteach, ach don chailín míntíreach nach raibh spré aici, thug sé deis pósta di. Mura raibh spré aici, bhí an-seans nach mbeadh sí in ann an costas taistil go Meiriceá a aimsiú di féin ach an oiread. Nuair a tháinig Peig óna dara tréimhse in aimsir, bhí sí sa chás sin. Ní raibh pingin spré aici agus gan seans aici dul go Meiriceá, toisc nár éirigh le Cáit Jim an costas a sholáthar di agus dá bharr sin, bhí sí an-toilteanach glacadh le cleamhnas le Blascaodach. Dar le Seán Ó Criomhthain, áfach, ní hé an t-airgead a bhí ó na Blascaodaigh, ach an bhean. Faoi mar a dúirt sé féin, ‘Ní haon airgead a bhí uait. Bhí do dhóthain slí bheatha ann.’¹¹⁰ Dar leis, níor thug aon bhean riamh spré isteach léi go dtí an tOileán. N’fheadar cé chomh cruinn is atá an ráiteas sin, áfach.

Ó, ní raibh aon spré ar bhean a bhí ag dul don Oileán. Ní raibh. Ní iartraí spré. Ní cuimhin liom gur chuala riamh gur thug aon bhean ó Dhun Chaoin ná ón míntír aon spré go dtí an tOileán.¹¹¹

Dar ndóigh thug cailíní an Bhlascaoid spré amach leo. Ní ghlacfaí léi ina héagmais. Ba mhinic cúrsaí spré a bheith ina cnámh spairne idir lánúineacha na míntíre. Luann Peig go raibh spéis aici i mbeirt ina paróiste féin, ach bhí spré mhór uathu beirt:

Bhí trí fichid púnt dá éileamh ag fear féar na seacht mba, agus daichead púnt a bhí mar spré liomsa ón bhfear eile, rud ná raibh agamsa ná aon tsúil go deo go mbeadh.¹¹²

Théadh idir fhir óga agus mhná óga go Meiriceá, ó am go chéile, chun airgead a thuilleamh i gcomhair a bpósta. Ní raibh aon mhaitheas dul in aimsir áit ar bith in Éirinn chun spré a thuilleamh ann. Ní íoctaí go leor do na cailíní. Mar a deir Peig í féin:

Agus do chaitheadh cailín bocht formhór a saoil in aimsir sula mbeadh spré bailithe aici. Bheadh an chuid is fearr agus is tábhachtaí de shaol mná óige caite aici ar thuarastal beag.¹¹³

Agus an cleamhnas déanta, ní bhíodh mórán ama ag an mbeirt iad féin a eagrú i gcomhair na bainise. Théidís go dtí an Daingean ansin agus d'fhaigheadh an bhean gúna nua agus théadh an fear go dtí an táilliúir chun culaith nua a fháil. Déanann Eibhlís Ní Shúilleabháin cur síos ar na socruithe a rinne sí dá bainis féin.

Mary and myself went out Tuesday before. We walked it from Dunquin into town (about twelve miles). We rested in town for a few days and then we brought everything necessary for the wedding day, which was Saturday after, such as a blue dress with white collar and cuffs, a long one too, a pair of black shoes, and a new shawl and we dressed the same though Mary was not my bridesmaid for John's niece came from Burnham College Dingle that morning – name Mary Malone - and she was the one, then Pádraig was John's best man.¹¹⁴

Ansin ní bhíodh le déanamh ag an lánúin ach teacht abhaile agus cuireadh a thabhairt dá muintir ar fad dul leo go dtí an Buailtín chun ceiliúradh a dhéanamh leo. Ba ar an mBuailtín a phósadh muintir an Bhlascaoid i gcónaí. D'fhéadfadh suas le sé phósadh a bheith á gceiliúradh ar an mBuailtín in aon lá amháin i rith na hInide, agus a raibh i láthair ag baint an-taitnimh as an lá. Bhíodh an sráidbhaile plódaithe ar laethanta mar sin, mar a léiríonn Muiris Ó Súilleabháin:

Bhí óg agus aosta ann, saibhir agus daibhir, an bacach, an tincéir agus gach uile chineál, duine gan focal as ach é ag breathnú uaidh ar an slua, fear eile meidhreach go maith, fear eile as a cheann le deoch, fear ag amhrán, fear ag gibris agus fear eile ag glamaíl, stócaigh ag spochoireacht ar a chéile sa tsráid, tithe an óil agus iad lán go barra, mé féin agus Máiread brúite bascaithe ina measc d'iarraidh ár gcomrádaithe féin do bhaint amach.¹¹⁵

D'fhanaidís tamall maith i measc an tslua ar an mBuailtín agus ard-chraic acu ann. Seo mar a dhéanann Tomás Ó Criomhthain cur síos ar an mBuailtín ar an lá a phós sé féin.¹¹⁶ Bhí sé de nós ag muintir an Bhlascaoid filleadh ar an mBlascaod oíche sin na bainise. Ba ann a bhíodh an dara leath den cheiliúradh acu. Bhaineadh na seanmhná sult as na hoícheanta sin ach go háirithe toisc nach mbídís in ann dul amach go dtí an Buailtín. Mar sin, bhíodh ar lucht na mbád an chraic a fhágáil, rud a chuaigh dian orthu ar uairibh, mar a insíonn an Criomhthanach:

Dob éigeant dúinn scarúint leis an mBuailtín sa deireadh, insan am ba mhó a raibh greann ann, ach ó ba rud é go raibh an fharraige mhór romhainne agus chuid mhaith againn le tabhairt isteach.¹¹⁷

Nuair a shroichidís caladh an Oileáin, thosaíodh an chóisir istigh. Bhailíodh cách isteach i dtigh na lánúine nua-phósta, agus oíche go maidin a bhíodh acu ann. Chuirfí na fáiltí geala rompu istigh agus chuireadh na seandaoine a mbeannacht orthu. Ansin bhíodh amhránaíocht agus rince acu go dtí go shroichidís deireadh an bhairille. B'shin a tharla an lá a phós Méiní Chéitinn isteach ar an Oileán, ach amháin gur shroich Méiní agus Seán Eoghain an tOileán Tiar ag breacadh an lae an mhaidin i ndiaidh dóibh pósadh. Bhí éagsúlachtaí ar leith ag baint le pósadh Mhéiní agus Seán Eoghain, toisc gur theith sí leis isteach i ngan fhios dá muintir. Rinneadh cur síos mar seo ar an tráthnóna sin:

Soon the islanders were gathering around to see the happy pair and to drink their health. Willing hands brought the two barrels of porter from the Nune and there was whiskey and pipes galore for the assembled company crowding into the little cottage or sitting outside it in the spring air. Seán Eoghain was, in Méiní's phrase, 'not the man to do them wrong', and the drink flowed as long as the barrels contained a drop.¹¹⁸

De ghnáth, thógadh an fear nua-phósta go leor dí isteach leis ón mBuailtín. Ba iad na seanmhná a bhíodh sásta é a fheiceáil ag teacht ina dtreo ansin mar ní dhéanadh sé dearmad orthu ach an deoch a roinnt go flaitiúil leo. Thosaíodh an spraoi i gceart, ámh, nuair a shroicheadh muintir óg an Bhlascaoid tigh na bainise, iad siúd a chaith an lá amuigh agus a bhí réidh i gcomhair a thuilleadh spraoi anois.

Nuair a tháinig na buachaillí óga agus na cailíní a bhí ar an bpósadh, ní abhaile do thánadar ach dul mar a raibh an cleachta. Nuair a tháinig mo dheirbhshiúr Cáit agus Muiris níor dheineadar aon mhoill ag baile ach dul go tigh na bainise.¹¹⁹

Dar ndóigh, níor phós gach éinne taobh istigh de chóras an chleamhnais. Phós cailíní áirithe amach le cuairteoirí a tháinig chun an Oileáin. Mar atá ráite cheana féin, bhíodh muintir óg an Oileáin Tiar an-mhór leis na ‘laethanta breátha’ a thagadh isteach agus na cuairteoirí eile nárbh iad. D’osclaíodís siúd a súile dóibh, agus ba leo a thagadh spraoi an tsamhraidh. Mheallaidís na cailíní leis na scéalta a d’insíodís agus ba shoiléir ó na héadaí a chaithidís agus na ceamaraí agus mar sin a thógaidís isteach leo, go rabhadar saibhir go leor agus go mbeadh saol compordach ag an mbean a phósfadh duine acu. Fad a thagadh na cuairteoirí chun an Oileáin, bhí dóchas éigin ag na cailíní saol níos fearr a chruthú dóibh féin taobh amuigh den Oileán le duine acu, ach nuair a tháinig deireadh le ré na sluaite cuairteoirí chun an Bhlascaoid Mhóir, thráigh dóchas na gcailíní agus bhailíodar leo as an áit.

Nuair a d’imthigh na stroinséirí ní raibh faic le déanamh ag cailíní an Oileáin. Ní raibh aon fhonn orthu pósadh annso. Bhí an iomad taitheige fachta aca i gcómhluadar na ndaoine móra.¹²⁰

I rith an ama, phós beirt de chailíní an Bhlascaoid strainséirí a thagadh chun an Oileáin, agus má phós, chruthaigh siad comórtas úrnua i measc na gcailíní a bhí fós ar an mBlascaod. Bhíodar uilig ag iarraidh cuairteoir a mhealladh chucu féin. Mar a nochtann Mícheál Ó Gaoithín:

Deirim-se leat, a léightheoir, nár spáráil na cailíní an snaisín dearg, ná ola na gruaige. Bhíodar ’á fhéachaint le chéile cé aca an duine ba dheise a bheadh déanta suas. An t-éadach a bhíodh ’á chaitheamh ar maidin ag cailíní aca ní raibh aon dul go mbeadh sé le feicsint ag aoinne uirthi tráthnóna...¹²¹

Nuair nár éirigh le cuid acu cuairteoir a mhealladh chucu féin, bhailíodar leo amach as an áit agus phósadar le mac feirmeora éigin, cuid díobh dealbh go leor, é sin nó thaistil siad anonn go Meiriceá. Ar ais nó ar éigean, áfach, bhíodar diongbháilte go raibh siad chun teitheadh ó shaol an Oileáin Tiar. Níor fhan istigh ach líon beag daoine óga, a raibh a mhalairt de mheon acu i leith an Oileáin agus an tsaol ann, agus na seandaoine, ar ndóigh. Ní raibh gach éinne chomh réidh sin imeacht le duine de na cuairteoirí. I réamhrá an leabhair *Cléití Gé ón mBlascaod Mór*, tagraíonn an tOllamh Pádraig Ó Fiannachta do chailín óg ón Oileán a d'iarr comhairle ar an Athair Pádraig de Barra a chaith tréimhse istigh ar an Oileán. Dúirt sí leis go raibh cuairteoir saibhir tar éis titim i ngrá léi agus gur theastaigh uaidh í a phósadh. Chráigh sé sin an cailín toisc nach raibh sí féin i ngrá leis, ach os rud é go raibh sé saibhir agus a muintir féin dealbh, d'fhéadfadh sí an-mhaitheas a dhéanamh dá muintir dá bpósfadh sí é. Ba Phrotastúnach é an fear óg agus cé go raibh sé féin réidh a chreideamh a athrú di, ní raibh sise sásta duine a tógadh ina Phrotastúnach a phósadh, nó éinne eile nár Chaitliceach ó dhúchas é. Chomhairligh an sagart di gan é a phósadh muna raibh grá aici dó, ach ina ionad sin, dul go Meiriceá, b'fhéidir, áit a raibh líon mór dá muintir lonnaithe cheana féin agus dúirt sé léi go gcoiméadfadh Dia a muintir Faoina aire. Ghlac sí le comhairle an tsagairt, agus d'imigh sí sall go Meiriceá. Timpeall leathchéad bhliain ina dhiaidh sin sheol an bhean sin teachtaireacht taifeadta chuig an bhfear saibhir sin, Seoirse Mac Tomáis, óna clochar sna Stáit Aontaithe.¹²² Ba í Máire Peats Team Uí Chearnaigh (An tSiúr Máire Clemens) an cailín úd. Ba sa bhliain 1928 a thaistil sí go Meiriceá. Is cosúil gurbh í an tSiúr Máire Clemens an t-aon bhean rialta a tháinig ón mBlascaod Mór riamh, ach go dtí gur bhain sí na Stáit Aontaithe amach, chleacht sí saol cosúil leis na cailíní eile go léir ar an Oileán. Nuair

a bhí sí in aois chuige chuaigh sí in aimsir ag dochtúir i Maigh Nuad agus nuair a bhí a tréimhse caite aici in aimsir, chuaigh sí go Meiriceá sa bhliain 1928 i dteannta na gcailíní eile ón mBlascaod agus na sluaite eile ón míntír mhórthimpeall. In ionad pósadh thall, áfach, chuaigh sí isteach sa chlochar agus bhí sí ina bean rialta faoin mbliain 1930.¹²³

Ar feadh an ama a raibh daoine ag cur fúthu ar an mBlascaod, pósadh daoine isteach ar an Oileán is amach as, ach le linn deireadh ré an Oileáin, bhí muintir óg an Oileáin ag pósadh amach, gan éinne ag dul isteach ann a thuilleadh. Ar ndóigh, ba iad siúd na daoine nach raibh bailithe leo ar imirce cheana féin. Thuig siad cé chomh deacair is a bhí an saol ann, agus bhíodar lán-sásta éalú uaidh. Mura raibh an costas taistil ag teacht anall chucu, nó mura raibh fonn orthu an fharraige mhór a thrasnú, ba é an pósadh amach an tslí ab'fhusa dóibh teitheadh ó shaol dian an Oileáin Tiar. Deir Eibhlís Ní Shúilleabháin gurbh iad na fir óga, faoin am sin, nach raibh sásta pósadh agus socrú síos ann.

The girls here would marry in the morning but the boys don't agree with that. They know well that it is not any joke to be married on an Island like this and to bring up families like their fathers did and then not to have enough to eat nor to give them any chance at all in life afterwards.¹²⁴

Léiríonn Seán Ó Criomhthain dearcadh na n-Oileánach i leith an phósta ar an Oileán faoin am a phós sé féin Eibhlís Ní Shúilleabháin:

Bhuaileas ó thuaidh léi, agus ceanglaíodh sinn le cúpla focal, agus sin a raibh air. Fear á rá gur as a meabhair a raibh sé pósadh ar charraig chloiche agus na daoine a bhí pósta ann agus a saolta caite acu ann á fhágaint nó imithe leo as.¹²⁵

Ba iad Seán Cheaist Ó Catháin agus a bhean Bríd an lánúin dheireanach a phós ar an Oileán timpeall na bliana 1946. Níorbh Oileánach ó dhúchas í Bríd, ach phós sí isteach ann, agus bhí cónaí uirthi ann ar feadh seacht mbliana.¹²⁶ Ba mhac leo siúd é Gearóid Cheaist Ó Catháin, a rugadh sa bhliain 1947, an páiste deireanach ar an Oileán. Mar a dúirt sé féin:

Rugadh mise ar an mBlascaod Mór i measc daoine fásta, an duine ba óige bhí sé glan aon bhliain déag ar fhichid.¹²⁷

Bhí cónaí air ann go dtí gur tréigeadh an tOileán sa bhliain 1953, nuair a bhí sé sé bliana d'aois. Fiú deich mbliana sular rugadh Gearóid Ó Catháin, nuair a bhí Niamh Ní Chroimhthain ina leanbh, b'aisteach do na hOileánaigh páiste a bheith ar an Oileán ina measc:

A cradle in the corner of the house is very strange of course here and strange to all Islanders.¹²⁸

Is amhlaidh atá a chinniúint féin i ndán do gach éinne agus luath nó mall, mheall an chinniúint sin gach aon Bhlascaodach óna oileán mara os cionn na farraige. Phós cuid acu amach, chuaigh cuid eile acu amach aimsir an tréigin, d'imigh cuid eile fós acu sall go Springfield, go dtí nár fhan duine nó deoraí istigh, sa deireadh.

Ba í an imirce an trú rogha a bhí ag cailíní óga an Oileáin. Murar phós siad ar an Oileán, nó le feirmeoir ar an míntír, nó fiú le cuairteoir iasachta chun an Oileáin, bhailigh siad leo as an áit go hiomlán, go cathair mhór éigin i Meiriceá, go hiondúil. Ba é Springfield an chathair mhór sin dá bhformhór. Is furasta a aithint, ón léiriú atá tugtha anseo ar shaol mhná an Oileáin, an fáth ar bhailigh líon chomh mór sin dóibh as an áit go cathair gheal Springfield. Mar a luadh cheana, ba iad na mná óga, de ghnáth, a dhéanadh an cinneadh dul sall ar dtús, agus leanadh na fir óga iad nuair a d'fheicidís nach raibh todhchaí i ndán dóibh ar an Oileán Tiar.

Cé nach bhfuil staitisticí cruinne ar fáil ar líon na mBlascaodach óg a d'imigh ón Oileán Tiar ag amanta faoi leith den bhliain, baineann sé le dealramh go dtiocfadh méadú ar líon na mban óg a chuaigh ar imirce i ndiaidh na hInide gach bliain. Mar atá pléite cheana féin, mura ndearnadh cleamhnas do chailín i rith na hInide, ní raibh mórán seans pósta aici go dtí tús Inid na bliana ina dhiaidh sin, agus do chuid do na cailíní ba thréimhse fheithimh rófhada é sin. Go bliantúil, bheadh roinnt mhaith ban óg ag siúl le pósadh, agus mura ndéantaí cleamhnas dóibh i rith na hInide, is cosúil gur mhothaigh cuid mhaith díobh nárbh fhiú fanacht timpeall ar feadh bliana eile, go mór mór, do mba rud é go raibh siad ag súil le pósadh le tamall de bhianta roimhe sin. I gcás mar sin, chuireadh an bhean sin a balcaisí le chéile go dubhach, agus d'imíodh sí trasna na farraige, agus í in umar na haimléise. Tá fianaise le fáil sna leabhair dhírbheathaisnéise ón mBlascaod Mór gur mar sin a tharlaíodh sé ó am go chéile. Is cosúil go ndeachaigh iníon an Dálaigh Mhóir ó Inis Mhicileáin sall go Meiriceá go gairid i ndiaidh do Thomás Ó Criomhthain pósadh le Máire Ní Chatháin. De réir dealraimh, bhí sí féin, agus an Criomhthanach ar aon, ag tnúth go ndéanfaí cleamhnas eatarthu agus nuair nár tharla sé sin, d'imigh sí sall go dubhach. D'fhill an bhean óg

seo na blianta i ndiaidh di imeacht, a sláinte tar éis teip uirthi. Fuair sí bás go gairid tar éis di teacht abhaile ó Mheiriceá.¹²⁹

Is léir, mar sin, go raibh dlúthbhaint idir an pósadh agus an imirce. Do líon mór Blascaodach óg, níorbh é an imirce a gcéad rogha, ar chor ar bith, ach socrú síos sa bhaile, bíodh sé sin istigh ar an mBlascaod Mór, nó amuigh ar an míntír máguaird. Ba é sin cás na mná óige ón Oileán, Cáit, a ndéanann Tomás Ó Criomhthain tagairt di ina leabhar *Allagar na hInise*. Is cosúil gur Cáit Pheig Sayers atá i gceist anseo. Labhair Tomás léi ag tús na hInide agus d'fhiafraigh sé di an mbeadh sí ag pósadh an bhliain áirithe sin. Tá an mhífhoighne agus an cíocras le brath go soiléir i gcaint na mná óige nuair a deir sí:

‘Dhera, ná beinnse pósta le seacht mbliana, a dhuine, dá mbuailfeadh an té liom a phósadh mé.’¹³⁰

agus arís nuair a deir sí:

‘... go bhfuilimse cnagaosta mo dhóthain agus na fiacla go maith agam.’¹³¹

Is léir go raibh a cuid dóchais ag trá go bhfaigheadh sí fear faoin am sin, agus a cuid féinmhuíne cailte aici. Ceistíonn sí í féin, go mb'fhéidir gur uirthi féin atá an locht. Bhí sí dochrach fear a phósadh an bhliain sin, toisc nár mhaith léi dul sall, nó bliain eile a chaitheamh ar nós na bliana a bhí díreach caite aici. Iarrann sí ar Thomás Ó Criomhthain a mhac féin a cheangal léi, cé go raibh sé ró-óg don phósadh go fóill:

‘B’fhearr duit an mac a thabhairt dom, b’fhéidir nárbh fhearr riamh é,’ ar sise.

‘Ach tá sé ró-óg fós, a Cháit.’

‘Nach é sin an locht is fearr air. Nach ag teacht ann a bheidh, a amadáin, agus má tá seisean óg nach mór an ní go bhfuilimse cnagaosta mo dhóthain agus na fiacla go maith agam,’ ar sise, ‘mura bhfuil aon locht agat féin orm chun dul ar an dtinteán.’

‘Ná don diabhal pioc,’ arsa Tomás. ‘B’fhearr liom go mór do léithéid ná giofaire ó inniú go dtí amárach.’¹³²

Ansin cuimhníonn sí ar an spré, rud nach raibh aici, dar ndóigh, agus smaoiníonn sí gurbh é sin an bac a bhí ar a pósadh:

‘Beidh spré uait a bhuachaill, a oiread is nach féidir liomsa a thabhairt duit, is baolach.’¹³³

Tá an dínit cailte aici faoin am sin, tar éis di iarracht ar chleamhnas a dhéanamh di féin, fiú más magadh nó spraoi a bhí i gceist. Cad a bhí i ndán di anois? Dul in aimsir arís, b’fhéidir. Ní bheadh an rogha sin rómhealltach ag a haois anois. Díreach cosúil le Peig sular phós sí, bhí leibhéal éigin féinmheasa tagtha ar Cháit nach ligfeadh go furasta di filleadh ar a bheith ag sclábhaíocht do dhaoine eile. Bhí a saol féin le maireachtáil is le cleachtadh anois aici. Theastaigh uaithe a bheith ag déanamh di féin. An rogha eile a bhí aici ná dul sall go Springfield, áit a raibh gaolta agus cairde aici, ach, de réir dealraimh, ní raibh sí róthoilteanach é sin a dhéanamh. Is léir, nuair a d’fhág sí slán simplí leis an gCrimhthanach an lá sin, go raibh sí i ndeireadh a feide leis an Oileán agus lena cinniúint a bheith i lámha daoine eile. Tá an mhífhóighne chéanna le brath arís nuair atá Cáit agus Eibhlín (Ní Gaoithín, is cosúil)

ag labhairt le chéile faoi sheachtain den Inid a bheith caite agus gan éinne ag teacht ón mÍntír dá lorg. Cuireann Cáit an milleán ar an aimsir, fiú:

- 'A Mhuire! Ní mór. Tá an aimsir an-láidir. Is baolach go rithfidh sí orm féin agus ar Eibhlín seo.'¹³⁴

Má tháinig méadú ar líon na n-imirceoirí an tráth sin den bhliain, i ndiaidh na hInide, ní féidir a rá, áfach, nach raibh cúiseanna eile leis, chomh maith. Faoin am a bhíodh an Inid thart, bheadh an t-earrach ann, agus an aimsir ag dul i bhfeabhas ag druidim leis an samhradh. An tráth sin den bhliain, bheadh an aimsir i bhfad níos oiriúnaí don taisteal, dar ndóigh, agus i ndiaidh dóibh geimhreadh dian eile a chur díobh ar an mBlascaod, bheadh fonn taistil orthu a luaithe is a bheadh an aimsir oiriúnach chuige, toisc ráithe an gheimhridh a bheith an-dian go deo orthu istigh.

Ba le croí trom, mar sin, a d'imigh go leor ógánach ón Oileán. Do thromlach na ndaoine siúd nach raibh a gcroíthe go hiomlán san imirce acu, níor éirigh chomh maith sin leo thall is a d'éirigh lena gcomhghleacaithe a thrasnaigh an tAigéan Atlantach le fonn. Is léir, mar sin, go raibh an dá thaobh den imirce ann. Ar ndóigh, bhí go leor daoine a bhí ag tnúth go mór le dul sall, chomh maith, agus ba ócáid mhór dóibh an lá a tháinig an Rí, fear poist an Bhlascaoid, isteach agus litir ina ghlaic aige dóibh a raibh a gcostas sall go Meiriceá inti. Tráchtann Tomás Ó Criomhthain ar chailín eile a raibh dúil san imirce agus i Meiriceá aici. Cailín neamhspleách, nua-aoiseach a bhí inti agus a súile ar shaol Mheiriceá aici. Nuair a bhuaill an Criomhthanach léi ar an gcosán bhí bróga an-mhíoiriúnacha á gcaitheamh aici, agus cheistigh Tomás ina leith í. Bhí meon na cathrach aici in ionad meon an Bhlascaoid. Bhí an-spéis aici i rudaí deasa, is cosúil.

‘Tá do chosa salach,’ arsa mise leis an gceann patrua. ‘Cad fáth é?’

‘Mar is bróga rince atá orm. Níor cheapas go raibh na cosáin chomh salach,’ ar sise.

‘Is cosúil sin is go bhfuil an rince agat. Cad a cosain siadsan ort?’

‘Punt,’ ar sise.

‘An bhfuil a malairt agat?’

‘Tá bróga arda agam,’ ar sise.

‘Cad a chuaigh na bróga arda?’

‘Dhá phunt,’ ar sise.

‘Sin trí punt cailte le do chosa agat,’ arsa mise. ‘Is dócha dá mbeadh orm tú a tharraingt tríd an siopa i nDaingean Uí Chúise nár mhór dom fiche punt a bheith agam chun tú a fháil réidh.’

‘Ní dhéanfadh sé sin an bheart duit,’ ar sise, ‘mar an lá a bhíos ann d’fhágas cúig phuint déag ann cuid mhaith a bhain liom, nár theastaigh chuige uaim, a bhí cheana agam.’¹³⁵

Ní raibh an cailín seo chun fanacht timpeall go ndéanfaí cleamhnas di le mac feirmeora éigin. A luaithe is a bheadh sí in aois chuige, is an costas faighte aici, bheadh sí ar bhád sall, ag fágaint na gcosán salach ina diaidh in Éirinn. Nuair a cheistigh Tomás i leith an chleamhnais agus an phósta í, ní raibh suim dá laghad aici ann.

‘Ar tháinig aon stócach fós do d’iarraidh?’

‘A Mhuire, níor tháinig. Táim ró-óg fós.’¹³⁶

Léiríonn an bheirt bhan óg seo an t-athrú meoin a bhféadfadh teacht ar dhuine taobh istigh de chúpla bhliain. Ní raibh spéis ar bith ag an mbean óg sa phósadh, ach bhí cailíní cosúil le Cáit ar a dícheall ag iarraidh fear a mhealladh chuici féin. Theastaigh uaithi pósadh agus fanacht in Éirinn dá bhféadfadh sí. Is léir, mar sin, nach ndeachaigh gach éinne trasna le fonn. Is dócha gurbh í Cáit Ní Ghaoithín (Cáit Pheig) a bhí i gceist anseo. Bean óg ab ea í a d'imigh sall go Springfield sa deireadh. Is dócha go mbeadh go leor díobh a d'imigh go Springfield, cosúil le Cáit anseo, breá sásta fanacht gar don bhaile, dá ndéanfaí cleamhnas dóibh. Rud nach dtarlaíodh go minic.

Faoin am a d'imigh Cáit Pheig, bhí sí ag tnúth go mór le dul. Tagraíonn Muiris Ó Súilleabháin di agus dá dheirfiúr féin ina leabhar *Fiche Blian ag Fás*.¹³⁷ Ní mór an cheist a chur, áfach, an é go raibh sí féin agus daoine óga eile cosúil léi féin ag tnúth le dul ar imirce toisc iad a bheith tagtha go deireadh a gcuid foighne leis an Oileán Tiar, nó an raibh fíormhian iontu dul sall go dtí an tOileán Úr? Bhí a fhios acu go raibh orthu dul agus mar sin bheadh sé níos fearr dóibh a bheith ag tnúth leis an saol nua in ionad an seancheann a chaoineadh. N'fheadar, mar sin, an scleondar fírinneach a bhí orthu agus iad ar tí imeachta, nó an é gur cheap siad go gcaithfeadh an áit thall a bheith níos fearr ná an áit ina rabhadar sáite anois? An raibh siad ag ligean orthu go rabhadar breá sásta a bheith ag imeacht, ar mhaithe leo siúd a rabhadar ag fágáil ina ndiaidh?

Tá sé gléineach go raibh grúpa éagsúla imirceoirí ann – iad siúd a chuaigh sall le fonn agus le cíocras; iad siúd a chuaigh toisc nach bhfacadar a mhalairt de shaol i ndán dóibh ar an mBlascaod; ach chomh maith leo siúd, bheadh imirceoirí ann a

bheadh an dá ghné thuasluaite sin fite fuite ina chéile iontu. D'aithin cuid acu nach raibh aon mhaitheas sa mhaoithneachas, chuir siad an chos mhaith chun tosaigh agus d'imíodar chun aghaidh a thabhairt ar a saol nua thall. D'imigh cuid eile le croí trom agus, go hiondúil, ba iadsan na daoine nár éirigh chomh maith sin leo thall agus, uaireanta, a d'fhill, má bhí an praghas acu chuige. Déanfar iarracht na ceisteanna thuas a chioradh sa chéad chaibidil eile, mar aon le meon na mBlascaodach i leith na himirce, trí chéile, a iniúchadh.

Nótaí:

¹ *Peig: A Scéal Féin*, eagr. Máire Ní Mhainín agus Liam P. Ó Murchú (An Daingean: An Sagart, 1998), 139.

² *ibid*, 138.

³ *ibid*, 137.

⁴ Leslie Matson, *Méini – The Blasket Nurse* (Baile Átha Cliath: Mercier Press, 1996), 45-46.

⁵ *ibid*, 63.

⁶ *Leoithne Aniar*, eagr. Pádraig Tyers, agallamh a Trí le Seán Ó Criomhthain, (Baile an Fheirtéaraigh: Cló Dhuibhne, 1982), 126.

⁷ Nóra Ní Shéaghdha, *Thar Bealach Isteach* (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1940), 62.

⁸ *ibid*, 58.

⁹ *ibid*, 59-60.

¹⁰ *ibid*, 61.

¹¹ *ibid*, 197.

¹² *Leoithne Aniar*, eagr. Pádraig Tyers, agallamh a Cúig le Nóra Ní Shéaghdha, 140-141.

¹³ Micheál Ó Gaoithín, *Beatha Pheig Sayers* (Baile Átha Cliath: Foilseacháin Náisiúnta Tta, 1970), 137.

¹⁴ *ibid*, 137.

¹⁵ Eibhlís Ní Shuilleabháin, *Letters from the Great Blasket*, eagr. Seán Ó Coileáin (Colorado: Mercier Press, 1978), 54.

¹⁶ Joan & Ray Stagles, *The Blasket Islands: Next Parish America* (Baile Átha Cliath: The O'Brien Press, 1998), 99.

¹⁷ *Leoithne Aniar*, eagr. Pádraig Tyers, agallamh a hAon le Seán Ó Criomhthain, 85.

¹⁸ *ibid*, 85.

¹⁹ *Peig: A Scéal Féin*, eagr. Máire Ní Mhainín agus Liam P. Ó Murchú, 177.

²⁰ Seán Sheáin Í Chearnaigh, *An tOileán a Tréigeadh* (Baile Átha Cliath: Sáirséal & Dill, 1974), 15.

²¹ *Cín Lae Eibhlín Ní Shuilleabháin*, eagr. Máiréad Ní Loingsigh (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2000), 41.

²² Eibhlís Ní Shuilleabháin, *Letters from the Great Blasket*, eagr. Seán Ó Coileáin, 47-48.

²³ Máire Ní Ghuithín, *Bean an Oileáin* (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1986), 7-8.

²⁴ Nóra Ní Shéaghdha, *Thar Bealach Isteach*, 24.

²⁵ *Cín Lae Eibhlín Ní Shuilleabháin*, eagr. Máiréad Ní Loingsigh, 24.

²⁶ *ibid*, 24.

-
- ²⁷ *Peig: A Scéal Féin*, eag. Máire Ní Mhainnín agus Liam P. Ó Murchú, 141.
- ²⁸ *Cín Lae Eibhlín Ní Shúilleabháin*, eag. Máiréad Ní Loingsigh, 42.
- ²⁹ *Peig: A Scéal Féin*, eag. Máire Ní Mhainnín agus Liam P. Ó Murchú, 152.
- ³⁰ *Cín Lae Eibhlín Ní Shúilleabháin*, eag. Máiréad Ní Loingsigh, 8-9.
- ³¹ Seán Ó Criomhthain, *Lá dár Saol* (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1969), 5.
- ³² Tomás Ó Criomhthain, *Allagar na hInise*, 2ú eagrán Pádraig Ua Maoileoin (Baile Átha Cliath: An Gúm, 1977), 214-216.
- ³³ Tomás Ó Criomhthain, *Dinnsheanchas na mBlascaodai* (Baile Átha Cliath: Cois Life Teoranta, 1935), 21.
- ³⁴ *Cín Lae Eibhlín Ní Shúilleabháin*, eag. Máiréad Ní Loingsigh, 32.
- ³⁵ Peig Sayers, *Scéalta ón mBlascaod*, eag. Kenneth Jackson (Baile Átha Cliath: An Cumann le Béaloideas Éireann, 1938), 68-70.
- ³⁶ *Peig: A Scéal Féin*, eag. Máire Ní Mhainnín agus Liam P. Ó Murchú, 149.
- ³⁷ Leslie Matson, *Méini – The Basket Nurse*, 61.
- ³⁸ Tomás Ó Criomhthain, *An tOileánach*, eag. Seán Ó Coileáin (Baile Átha Cliath: Cló Talbóid, 2002), 68.
- ³⁹ Micheál Ó Gaoithín, *Is Truagh ná Fanann an Óige* (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1953), 1-2.
- ⁴⁰ Leslie Matson, *Méini – The Basket Nurse*, 69-70.
- ⁴¹ Tomás Ó Criomhthain, *Allagar na hInise*, 2ú eagrán Pádraig Ua Maoileoin, 53, agus *Peig: A Scéal Féin*, eag. Máire Ní Mhainnín agus Liam P. Ó Murchú, 152.
- ⁴² Féach Muiris Ó Súilleabháin, *Fiche Bliain ag Fás*, 4ú eagrán Pádraig Ó Fiannachta (An Daingean: An Sagart, 1998), 52-53, Peig Sayers, *Machnamh Seanmhá*, eag. Máire Ní Chinnéide (Baile Átha Cliath: An Gúm, 1980), 102-104 agus Seán Sheáin Í Chearnaigh, *An tOileán a Tréigeadh*, 126-130, Nóra Ní Shéaghda, *Thar Bealach Isteach*, 142, gan ach ceithre sampla a lua.
- ⁴³ Eibhlís Ní Shúilleabháin, *Letters from the Great Basket*, eag. Seán Ó Coileáin, 16.
- ⁴⁴ Seán & Tomás Ó Criomhthain, *Cleití Gé ón mBlascaod Mór*, eag. Pádraig Ó Fiannachta, (An Daingean: An Sagart, 1997), 153.
- ⁴⁵ Seán Ó Criomhthain, *Lá dár Saol*, 1.
- ⁴⁶ Tomás Ó Criomhthain, *An tOileánach*, eag. Seán Ó Coileáin, 247.
- ⁴⁷ *Peig: A Scéal Féin*, eag. Máire Ní Mhainnín agus Liam P. Ó Murchú, 159.
- ⁴⁸ *ibid*, 154.
- ⁴⁹ Tomás Ó Criomhthain, *An tOileánach*, eag. Seán Ó Coileáin, 259-260.
- ⁵⁰ *Peig: A Scéal Féin*, eag. Máire Ní Mhainnín agus Liam P. Ó Murchú, 154.

-
- ⁵¹ *ibid*, 154.
- ⁵² Eibhlís Ní Shúilleabháin, *Letters from the Great Blasket*, eag. Seán Ó Coileáin, 80.
- ⁵³ *ibid*.
- ⁵⁴ Peig Sayers, *Scéalta ón mBlascaod*, eag. Kenneth Jackson, 56.
- ⁵⁵ *Peig: A Scéal Féin*, eag. Máire Ní Mhainnín agus Liam P. Ó Murchú, 12-13.
- ⁵⁶ *ibid*, 22.
- ⁵⁷ *ibid*, 49.
- ⁵⁸ *ibid*.
- ⁵⁹ *ibid*, 51.
- ⁶⁰ *ibid*.
- ⁶¹ *ibid*, 52.
- ⁶² *ibid*.
- ⁶³ *ibid*, 53.
- ⁶⁴ *ibid*, 54.
- ⁶⁵ *ibid*, 95.
- ⁶⁶ *ibid*, 111-112.
- ⁶⁷ *ibid*, 112.
- ⁶⁸ *ibid*, 114.
- ⁶⁹ *ibid*, 115.
- ⁷⁰ *ibid*.
- ⁷¹ *ibid*, 119-120.
- ⁷² Mícheál Ó Gaoithín, *Beatha Pheig Sayers*, 8.
- ⁷³ Peig Sayers, *Scéalta ón mBlascaod*, eag. Kenneth Jackson, 56-57.
- ⁷⁴ Mícheál Ó Gaoithín, *Beatha Pheig Sayers*, 17.
- ⁷⁵ *ibid*.
- ⁷⁶ *ibid*, 46.
- ⁷⁷ *Leoithne Aniar*, eag. Pádraig Tyers, agallamh a Cúig le Nóra Ní Sheaghda, 138.
- ⁷⁸ *Leoithne Aniar*, eag. Pádraig Tyers, 49.
- ⁷⁹ Leslie Matson, *Méini – The Blasket Nurse*, 89.
- ⁸⁰ Mícheál Ó Gaoithín, *Is Truagh ná Fanann an Óige*, 66.

-
- ⁸¹ *ibid.*
- ⁸² *ibid.*
- ⁸³ *ibid.*, 68.
- ⁸⁴ *ibid.*, 69.
- ⁸⁵ Cáit Ní Laoithe – Uí Bheaglaioich, ‘Peig Mhór, Peig Sayers, máthair, scéalaí agus banúdar leabhar’, in *Ceiliúradh an Bhlascaoid 3 – Peig Sayers Scéalaí 1878 - 1958*, eag. Máire Ní Chéilleachair (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1999), 17.
- ⁸⁶ Cole Moreton, *Hungry for Home: Leaving the Blaskets: A Journey from the Edge of Ireland* (New York: Viking Penguin, 2000), 253-254.
- ⁸⁷ *Cín Lae Eibhlín Ní Shúilleabháin*, eag. Máiréad Ní Loingsigh, 79.
- ⁸⁸ Máirín Ní Dhuinnshléibhe – Uí Bheoláin, ‘Cur síos ar Scoil an Oileáin’, in *Ceiliúradh an Bhlascaoid 6 – Oideachas agus Oiliúint ar an mBlascaod Mór*, eag. Máire Ní Chéilleachair (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2000), 16.
- ⁸⁹ Micheál Ó Gaoithín, *Beatha Pheig Sayers*, 42-43.
- ⁹⁰ Cole Moreton, *Hungry for Home: Leaving the Blaskets: A Journey from the Edge of Ireland*, 217.
- ⁹¹ *ibid.*
- ⁹² *ibid.*, 218.
- ⁹³ *ibid.*, 219.
- ⁹⁴ Micheál Ó Gaoithín, *Beatha Pheig Sayers*, 113.
- ⁹⁵ Níor shocraigh ach lánúin amháin síos ar an mBlascaod a phós i ndiaidh do Sheán Ó Criomhthain agus Eibhlís Ní Shúilleabháin pósadh.
- ⁹⁶ Eibhlís Ní Shúilleabháin, *Letters from the Great Blasket*, eag. Seán Ó Coileáin, 22.
- ⁹⁷ Lánúin eile nár phós i rith na hInide ab iad Méiní Chéitinn agus Seán Eoghain Ó Duinnshléibhe. Phós siadsan i ndiaidh na Cásca, tar éis do Mhéiní teitheadh le Seán Eoghain i ngan fhios dá máthair. Dar ndóigh ag an tráth sin den bhliain ach go háirithe ní bheadh máthair Mhéiní ag siúl go bpósfadh a hiníon. Ní bheadh sí ag smaoineamh ar chleamhnas a dhéanamh di go dtí Eanáir na bliana ina dhiaidh sin. Leslie Matson, *Méiní – The Blasket Nurse*, 77.
- ⁹⁸ Muiris Ó Súilleabháin, *Fiche Blian ag Fás*, 4ú eagrán Pádraig Ó Fiannachta, 155.
- ⁹⁹ Micheál Ó Gaoithín, *Is Truagh ná Fanann an Óige*, 29-30.
- ¹⁰⁰ Micheál Ó Gaoithín, *Beatha Pheig Sayers*, 95.
- ¹⁰¹ *Leoithne Aniar*, eag. Pádraig Tyers, agallamh a Trí le Seán Ó Criomhthain, 124.
- ¹⁰² Micheál Ó Gaoithín, *Is Truagh ná Fanann an Óige*, 88-89.
- ¹⁰³ Muiris Ó Súilleabháin, *Fiche Blian ag Fás*, 4ú eagrán Pádraig Ó Fiannachta, 155-162.
- ¹⁰⁴ *ibid.*, 160-161.

-
- ¹⁰⁵ *ibid*, 161.
- ¹⁰⁶ Tomás Ó Criomhthain, *An tOileánach*, eag. Seán Ó Coileáin, 174-175.
- ¹⁰⁷ *ibid*, 187.
- ¹⁰⁸ *ibid*.
- ¹⁰⁹ *ibid*, 188.
- ¹¹⁰ *Leoithne Aniar*, eag. Pádraig Tyers, agallamh a Trí le Seán Ó Criomhthain, 125.
- ¹¹¹ *ibid*, 125.
- ¹¹² Mícheál Ó Gaoithín, *Beatha Pheig Sayers*, 113.
- ¹¹³ *ibid*, 114.
- ¹¹⁴ Eibhlís Ní Shúilleabháin, *Letters from the Great Blasket*, eag. Seán Ó Coileáin, 21.
- ¹¹⁵ Muiris Ó Súilleabháin, *Fiche Blian ag Fás*, 4ú eagrán Pádraig Ó Fiannachta, 168.
- ¹¹⁶ Tomás Ó Criomhthain, *An tOileánach*, eag. Seán Ó Coileáin, 187.
- ¹¹⁷ *ibid*, 187-188.
- ¹¹⁸ Leslie Matson, *Méini – The Blasket Nurse*, 56.
- ¹¹⁹ Mícheál Ó Gaoithín, *Is Truagh ná Fanann an Óige*, 32.
- ¹²⁰ *ibid*, 75.
- ¹²¹ *ibid*, 75-76.
- ¹²² Seán & Tomás Ó Criomhthain, *Cleití Gé ón mBlascaod Mór*, eag. Pádraig Ó Fiannachta, réamhrá VIII-IX.
- ¹²³ Walter McGrath, 'The nun of the Blaskets: From Gaelic outpost to a busy life of good works', *Cork Holly Brough*, 1993, 48.
- ¹²⁴ Eibhlís Ní Shúilleabháin, *Letters from the Great Blasket*, eag. Seán Ó Coileáin, 23.
- ¹²⁵ Seán Ó Criomhthain, *Lá dár Saol*, 4.
- ¹²⁶ Dick Hogan, 'The last child of the Blasket recalls a past way of life', *The Irish Times* 2/2/99, 2.
- ¹²⁷ Gearóid Ó Catháin, 'An Garsún Aonarach', in *Oidhreacht an Bhlascaoid*, eag. Aogán Ó Muircheartaigh (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1989), 357.
- ¹²⁸ Eibhlís Ní Shúilleabháin, *Letters from the Great Blasket*, eag. Seán Ó Coileáin, 24.
- ¹²⁹ Tomás Ó Criomhthain, *An tOileánach*, eag. Seán Ó Coileáin, 248-250.
- ¹³⁰ Tomás Ó Criomhthain, *Allagar na hInise*, 2ú eagrán Pádraig Ua Maoileoin, 130.
- ¹³¹ *ibid*, 130.
- ¹³² *ibid*.

¹³³ *ibid.*

¹³⁴ *ibid.*, 156.

¹³⁵ *ibid.*, 161.

¹³⁶ *ibid.*

¹³⁷ Muiris Ó Súilleabháin, *Fiche Blian ag Fás*, 4ú eagrán Pádraig Ó Fiannachta, 174-175.

Caibidil 4

Rómánsachas, Duairceas agus Réalachas i

leith na hImirce ar an mBlascaod Mór

Sa chaibidil seo breathnófar ar dhearcadh na mBlascaodach i leith na himirce go dtí an tOileán Úr. Díreofar, ach go háirithe, ar an meon rómánsúil i measc na gcailíní agus na mban óg; an duairceas a bhraith go leor Oileánach eile, idir óg agus aosta, i leith bhánú an Oileáin, agus maoithneachas dhaoine áirithe eile dá n-oileán dúchais; agus, sa deireadh, déanfar scagadh ar an meon réalaióch a bhí go láidir i measc na mBlascaodach, chomh maith. Ag tús an chéid seo caite, bhí fírinne searbha le dul i nglaic leo ag muintir an Bhlascaoid. Ní raibh an tOileán torthúil go leor chun gach éinne a chothú agus dá bharr sin, bhí ar líon áirithe daoine imeacht. Ní rabhthas ag súil, áfach, go n-imeodh líon chomh mór is a d'imigh, ag fágáil an Oileáin Tiar bánaithe go hiomlán sa deireadh. Ghlac na Blascaodaigh leis an bhfíric shearbha seo, chuireadar an chos mhaith chun tosaigh agus bhailíodar leo as an áit go Meiriceá. Gné eile den scéal céanna a thuig muintir an Bhlascaoid Mhóir gan dua, ar an Oileán agus i Springfield, chomh maith, ná gurbh iad na heisimirceoirí a chothaigh a raibh fágtha ar an Oileán, nuair a bhí saol an Bhlascaoid ar an dé deiridh. Bhí sé de dhualgas ar shliocht an Bhlascaoid a dtuismitheoirí a chothú agus iad ina seanaois, agus an tslí ab fhearr agus ab fhusa chun é sin a dhéanamh ná dul go Meiriceá agus an t-airgead a sheoladh abhaile chucu.

Is dócha gur rud tarraingteach i gcónaí é an rud iasachta, don aos óg, ach go háirithe. I láthair na huair, téann na sluaite Éireannach óg go Meiriceá go bliantúil le ráithe an tsamhraidh a chaitheamh i gceann de na cathracha móra thall, nó go dtí an Astráil ar feadh bliana. Is é nádúr an aosa óig é agus níl puinn difríochta idir an ghlúin seo agus glúin Mhéiní Cheitinn is Pheig Sayers, nó an ghlúin a tháinig ina ndiaidh. Bhí tréimhsí caite ag Méiní Cheitinn i Meiriceá, gar do Springfield, ina hóige agus nuair a bhí sí sna déaga, mar atá luaite i gCaibidil 3, agus mar sin ní raibh

aon tarraingt ann di arís. Bhí íomhá rómánsúil an Oileáin Úir scriosta di ag a raibh feicthe aici den saol sin. Nuair a cailleadh a hathair ann agus í an-óg, bhí ar mháthair Mhéiní strachailt léi chun a beirt iníonacha óga a chothú. Saol ar an ngannchuid a bhí ag Méiní i Meiriceá agus í óg, agus cé go ndeachaigh sí ar ais agus í sna déaga, níor fhan sí ann ach go sealadach. Ní raibh aon spéis i Meiriceá aici ina dhiaidh sin, ach an uair sin, dhírigh sí a haird ar áit neamh-mhuinteartha eile – An Blascaod Mór. Do Mhéiní agus dá cara, Cáit, bhí rómánsachas ag baint leis an Oileán Tiar toisc nach raibh taithí acu ar an gcineál sin saoil, agus shantaigh siad dul isteach ann.

Ba é an scéal céanna le mná óga an Oileáin Tiar. Dóibh siúd bhí draíocht ag baint le saol Mheiriceá toisc nach raibh taithí an tsaoil sin acu. Ag brionglóidigh a bhí siad, dar ndóigh, ach is mar sin a bhíonn an óige i gcónaí. Bhí tuairimí láidre ag mná óga an Bhlascaoid i leith na himirce agus saol Mheiriceá ach go háirithe. Dá bhformhór, ba rud dearfach é. Mheas siad go raibh saol na bhfuíoll le fáil thall. Go dtí gur thosaigh daoine ag filleadh ar an mBlascaod ó Mheiriceá, ní raibh ach na dea-scéalta le cloisteáil ag na himirceoirí nuair a d'imigh a bhformhór. Dar ndóigh, bheadh sé ródheacair ar aon eisimirceoir a admháil i litir a sheolfaí abhaile nach raibh ag éirí go maith leis thall. Dá bharr sin, scríobhaidís abhaile le scéalta iontacha agus fáltas éigin airgid dóibh siúd sa bhaile, ba chuma cén saghas cuma a bhí orthu. Mar sin ní bhfuair ógánaigh an Oileáin ach taobh claonta amháin de scéal an eisimirceora sular thug siad féin faoin turas sall. Mealladh ógánaigh eile i dtreo Mheiriceá leis na scéalta seo agus le geallúint an dea-shaoil thall. Níor chualadar ach taobh amháin den scéal ar feadh i bhfad ar an Oileán, áfach. Ní deireadh an t-eisimirceoir riamh ach go raibh an saol ag dul leo, fiú dá mbeidís beo bocht agus an saol imithe go mór ina gcoinne. Níor chuala muintir óg an Oileáin Tiar faoin taobh sin, áfach, go dtí go bhfaca siad dóibh féin é

agus iad i Meiriceá. Bhí sé ródhéanach áthchinneadh a dhéanamh ansin. Bhíodar ann go dtí gur éirigh siad clóite leis an saol sin nó go dtí gur thuill siad costas an bhealaigh abhaile. Nuair a thosaigh daoine ag filleadh ar an mBlascaod, chonacthas an taobh eile den scéal, ar uairibh. Chídís daoine ar nós Pheáidí Uí Chriomhthain a tháinig abhaile gan pingin ina phóca aige agus seanghiobail á gcaitheamh aige; nó daoine eile a tháinig abhaile i ndrochshláinte toisc na blianta a bheith caite acu thall i Springfield cosúil le hiníon an Dálaigh Mhóir ó Inis Mhicileáin. É sin ráite áfach, ba dhóchasach a bhíodh an óige agus chreid na hógánaigh a d'imigh go dúthrachtach nach mbeidís féin sa chás céanna leo siúd a d'fhill ar an mBlascaod Mór agus an spiorad cloíte iontu, nach mór. Bhí na dea-thuiriscí tar éis dul i bhfeidhm orthu cheana féin.

Chloiseadh muintir óg an Bhlascaoid na scéalta seo uilig cois tine i rith na n-oícheanta fada geimhridh, nó nuair a bhuailidís isteach ag na seanchomharsana le linn an lae. Bhídís ag tnúth leis an lá go bhféadfaidís féin imeacht leo as an Oileán. D'aithin siad agus iad óg nach raibh todhchaí i ndán dóibh ar an mBlascaod Mór, go raibh claochlú tagtha ar shaol an Oileáin agus nach gcothódh an saol sin go deo iad. B'shin a chuir tús leis an imirce ón mBlascaod Mór, mar atá pléite i gcaibidil 2. Nuair a cuireadh smaoineamh na himirce i gcloigne mhuintir óg an Bhlascaoid ní raibh aon tarraingt siar, áfach. Bhíodar óg, idéalach agus réidh dul sa seans leis an saol thall.

Dar leo bhí saol na bhfuíoll le fáil thall gan na deacrachtaí nó na constaicí a ghoilleadh orthu ar an mBlascaod Mór le cur isteach orthu a thuilleadh. Dá mbeidís sásta obair dhian a dhéanamh d'fhéadfaidís an-dul chun cinn a dhéanamh dóibh féin thall. Dar ndóigh, ní raibh leisce ar mhuintir óg an Oileáin Tiar obair dhian a

dhéanamh. Bhí taithí a ndóthain acu uirthi. Bhí seans pósta acu uilig thall, áit nach gcuirfeadh córas an chleamhnais nó na spréanna bac orthu. D'fhéadfaidís a gcéile féin a roghnú gan éinne ag socrú pósta ar a son.

Mar a luadh cheana, ba iad mná óga an Oileáin ceannródaithe na himirce ón mBlascaod. B'iadsan a rinne an cinneadh ar dtús dul ar imirce agus lean na buachaillí iad nuair a chonaic siad nach raibh todhchaí i ndán dóibh ar oileáinín beag mara gan seans pósta acu ann. Dar ndóigh, ní féidir a rá gur aisfhreagairt ar chinneadh mná nó ban ab ea imeacht gach buachalla ón Oileán Tiar. Bhí go leor fear óg a rinne an cinneadh dóibh féin imeacht sall beag beann ar éinne eile, Mícheál Ó Cearnaigh agus Pádraig Ó Gaoithín ina measc, ach mar ghnáthphatrún, ba iad na mná a d'imigh ar dtús. Bhí an-tóir ar na cathracha móra i measc chailíní an Oileáin ach go háirithe, pé acu cathracha na hÉireann nó cathracha Mheiriceá a bheadh i gceist. Chonaic siad an faisean agus an cineál saoil a bhí ag mná na gcathracha agus shantaigh siad é. Bhí litreacha ag teacht anall go tiubh ag déanamh cur síos ar an saol iontach ann. Bhí tuairiscí faighte acu, chomh maith, ó lucht foghlamtha na Gaeilge ar imeachtaí sna cathracha. Mar a dúirt Séamas Ó Beaglaoich, míntíreach, 'Ní bhfaigheadh aoinne anso aon bhean anois, mar tá boladh na gcathracha agus na mbailte móra fachta acu agus is dócha gur fearr dhóibh san ná boladh an éisc.'¹ Bhí an saol ag athrú agus níor leor cleamhnas, píosa beag talún, agus saol ar an ngannchuid do mhná óga an Bhlascaoid a thuilleadh. Chuir a máithreacha agus a seanmháithreacha suas leis an saghas sin saoil toisc nach raibh a mhalairt de shaol feicthe ag a bhformhór mór acu nó aon trácht cloiste acu air. Chonaic muintir óg an Bhlascaoid nach raibh le déanamh ach dul sall le go mbeadh saol níos fearr i ndán dóibh. Thuig siad nach raibh an t-Oileán in ann iad a chothú a thuilleadh agus nach mbeidís fós ag cur fúthu ar an

Oileán Tiar agus iad ina seandaoine ar aon nós, agus dá bharr, go raibh sé chomh maith dóibh teitheadh ón ártach báite nuair a bhí an óige agus an sprid ina bhfábhar. Bhí an mhóin ag éirí gann ar an Oileán cheana féin agus bhí a phríomhthionscal .i. an iascaireacht, ag dul i léig cheana féin. Ba léir do chách go raibh saol an Bhlascaoid Mhóir ar an dé deiridh.

Bhí athrú meoin ag teacht ar mhuintir óg an cheantair i leith airgid agus riachtanas chomh maith. Nuair a bhí Peig óg thuig sí go raibh airgead an-ghann sa tigh agus nach bhfaighfeadh sí aon airgead le caitheamh le spraoi. Théadh sé dian uirthi nuair a bhíodh pingíní le caitheamh ag na cailíní eile ó bhídís ag díol uibheacha, ach ní bhíodh tada aici féin, cé go raibh sí tar éis na blianta ab fhearr dá hóige a thabhairt ag sclábhaíocht ionas go mbeadh níos mó airgid acu sa bhaile. Níorbh aon mhaith puinn a lorg óna hathair nó óna deartháir, áfach. Thuig sí nach raibh sé ag ceachtar acu le tabhairt di. Bhraith Peig cosúil le hOisín i ndiaidh na Féinne, cheana féin, os rud é go raibh na cailíní ar fhás sí aníos leo imithe as an gceantar le tamall roimhe sin, cuid acu ar imirce go Meiriceá, cuid acu pósta i gceantair eile. D'fhág sé sin go raibh ar Pheig cairde a dhéanamh le daoine a bhí i bhfad níos óige ná í, agus chuir an easpa airgid lena cuid deacrachtaí socrú síos sa bhaile arís.

Ach ní raibh aon airgead agamsa. Dhéanfadh aon leathchoróin amháin mo dhóthain ach ní raibh aoinne ina bun dom. Ní raibh sí ag m'athair ná ag mo mháthair, nó má bhí ní thabharfaidís domsa í chun í a chaitheamh le spórt. Bhí gá cruaidh acu féin léi. Sea, do chuireas in iúl í, ach fuaireas an diúltamh. Bhí ana-dhúil agam chun a bheith i dteannta na ngearchailí eile, agus bhíos ana-mhíshásta tar éis a raibh caite agam leis an dtigh nárbh fhiú leathchoróin mé tar éis mo chruabhearta go léir.²

Is soiléir nach raibh an meon céanna ag cailín glúin amháin níos óige ná Peig ar bhuaill Tomás Ó Criomhthain léi ar an gcosán lá.³ Níorbh ionann a meon nua-aoiseach agus meon an annró a bhí ag Peig, ar chor ar bith. Níor chuir sé isteach ar an gcailín óg seo go raibh cúig phunt déag caite sa Daingean aici ar éadaí agus ar bhróga. A mhalairt ar fad a bhí fíor, i ndáiríre, theastódh a thuilleadh uaithi ach go raibh sé aici cheana féin. B'shin é meon na cathrach a d'fhás go an-tapaidh i measc óige an Oileáin, na cailíní ach go háirithe. Taobh istigh de ghlúin amháin, bhí forsaí eachtranacha tar éis brú isteach ar dhearcadh traidisiúnta tuaithe an cheantair. Níor leor bunriachtanais an tsaoil a thuilleadh don aos óg, ach caighdeán réasunta maireachtála, nach raibh le fáil, dar leo, ach amháin sna cathracha, cathracha Mheiriceá ach go háirithe. Bhí saol mhuintir óg an Bhlascaoid tar éis leathnú amach de bharr na litreacha a sheoltaí abhaile, tionchar na gcuaríteoirí chun an Oileáin agus léamh nuachtán a bheith níos forleithne ná mar a bhíodh. Tháinig fás as cuimse ar ráta na himirce mar thoradh air sin, le linn clainne Pheig Sayers agus clainne Thomáis Uí Chríomhthain. D'fhéadfaí a rá, áfach, gurbh é an t-athrú meoin seo i measc na mBlascaodach óg, agus i measc na n-Éireannach óg i gcoitinne, faoi ndear an imirce níos mó ná coinníollacha eacnamaíochta amháin.

Dealraíodh go raibh saol na bhfuíoll le fáil ag daoine thall i Meiriceá do chuid d'aos óg an Bhlascaoid, i gcomparáid lena saol ar an trá fholamh istigh ar an Oileán Tiar. Faoi mar a scríobh Muiris Ó Súilleabháin agus é ag bríonglóidigh faoi shaol Mheiriceá:

[Bhí] an t-ór agus an t-airgead amuigh ar na clathacha agus gan le déanamh ach é a bhailiú.⁴

Thuig a bhformhór, áfach, nach raibh an t-airgead ar thaobh an bhóthair agus go mbeadh orthu saothrú go dian chun a gcuid a fháil, ach níor chuir sé sin as dóibh. Bhí taithe acu ar an gcruatan agus ar an obair. Bhí siad réidh chuige agus luíodar isteach ar aon chineál oibre a bhí ar fáil.

A luaithe is a théadh duine amháin trasna na farraige go Meiriceá, bhí an chéad duine eile sa teaghlach á ullmhú féin i gcomhair an turais. Shaothraíodh an chéad duine sin go dúrachtach thall agus chuireadh sé airgead i dtaisce ionas go bhféadfadh sé an costas taistil a sheoladh abhaile chuig an chéad duine eile sar i bhfad. Bhíodh an duine sin ag tnúth go mór leis an lá a dtiocfadh an Rí isteach le litir dó ina mbíodh a chostas sall. Bhreathnaíodh formhór na n-ógánach a bhí fágtha ar an Oileán siar i dtreo Mheiriceá go laethúil ag súil lena bhfuascailt ón iasacht. Dóibh siúd, bhí Meiriceá cosúil le Tír na n-Óg. Luigh an dá áit ag bun na spéire siar ón mBlascaod, agus d'fhéadfadh miorúilt ar bith tarlúint in aon cheann den dá áit, dar leo. Cuireann Muiris Ó Súilleabháin an chosúlacht seo i bhfocail fhileata, agus é ar a thuras deireanach go hInis Mhicileáin:

Bhí an ghrian gan scamall sa spéir, an fharraige ina báinté, éanlaithe na mara agus an talún ag cantaireacht dóibh féin go binn. Chuir radharc mo shúl i smaointibh mé. D'fhéachas siar ar íor na spéire agus chonac dar liom Tír na nÓg go soiléir – na bláthanna ioldathacha istigh ins na gairdíní, na tithe breátha geala ag glioscarnaigh le taitheamh na gréine, na maighdeana maorga aghaidhsciamhacha féna bhfolt órga ag siúl trí sna páirceanna agus ag baint na mbláth. Ó, nach trua ná tiocfadh Niamh Chinn Óir anso anois, mar is mear a raghainn léi do dhroim bharr na dtonn!⁵

I measc na mBlascaodach, bhí dlúthcheangal idir Meiriceá agus Tír na n-Óg mar is léir ón méid a scríobh an Súilleabhánach faoin lá sin a chaith sé ar Inis Mhicileáin. Bhí an dá áit suite thiar ón mBlascaod. An chéad uair eile a d'fhéach Muiris ar íor na spéire, shamhlaigh sé Meiriceá os a chomhair amach. Shamhlaigh sé na sráideanna breátha os a chomhair amach agus na tithe galánta, nach raibh feicthe riamh aige ach amháin i ngriangrafanna a seoladh abhaile chuige anall sa phost.

D'fhéachas siar fé íor na spéire, an áit is ceart do Mheirice bheith ina luí, agus do ghluais m'aighe chun smaointe arís. Tuigeadh dom anois go raibh an tOileán Úr le feiscint os mo chomhair féna sráideanna bréatha agus a thithe móra groí, cuid acu ag scríobadh na spéire le haoirde, an t-ór agus an t-airgead amuigh ar na clathacha agus gan le déanamh ach é a bhailiú. Cím na buachaillí agus na cailíní a bhí im chuideachta féin tamall don tsaol ag siúl na sráide go gealgháiritheach agus go compordach; cím anois mo dheartháir Seán agus mo dheirfiúracha Máire agus Eibhlín ag siúl le cois a chéile mar an gcéanna agus iad ag caint orm féin.⁶

Go Méiriceá a théadh formhór mór na mBlascaodach óg. Níor lonnaigh ach corrdhuine i Sasana go fadtréimhseach, cé go raibh sé de nós ag fir óga an Oileáin dul ann i gcomhair ráithe an tsamhraidh le hairgead a shaothrú ar na feirmeacha móra. Go síceolaíoch, bhí Sasana i bhfad Éireann níos faide uathu ná Meiriceá, toisc líon a ndaoine muinteartha agus a gcairde a bhí i Meiriceá, timpeall Springfield ach go háirithe. Faoi mar a déarfadh na Blascaodaigh féin, ba é Springfield an chéad pharóiste eile siar. Bhéidís ina n-aonair go hiomlán in aon cheann de chathracha móra Shasana ach ba chosúil le bheith sa bhaile do na Blascaodaigh a bheith i Springfield, toisc go mbeadh a gcairde ann rompu. Chruthaigh na Blascaodaigh a gcoilíneacht bheag féin ar 'Hungry Hill', i Springfield. Mar a dúirt Cole Moreton, údar an leabhair

Hungry for Home: Leaving the Blaskets: A Journey from the Edge of Ireland, faoin am a tréigeadh an tOileán go hoifigiúil i mí Samhna na bliana 1953;

... there were at least a hundred times more people of Blasket origin in America than on the island itself.⁷

Ag casadh an chéid seo caite, is beag teaghlach ar an mBlascaod Mór nach raibh duine ar a laghad acu imithe sall go Meiriceá. Is minic, ina leabhar *An tOileánach*, a dhéanann Tomás Ó Criomhthain tagairt don teaghlach béal dorais dó agus é óg. Beirt clainne, mac agus iníon, a bhí ag an tseanlanúin agus iad beo bocht. Chaith an mac an-chuid ama in aimsir agus gan an tsláinte go rómhaith aige riamh chuige.

Bhí Tomás bocht i gcónaí, agus dob éigeant dó an mac do chur in aimsir ó thuaidh go Paróiste an Fheirtéaraigh. Thug sé chúig bhliana ag aodhaireacht stoic ann, gan bhróg ná stoca.⁸

Ba é an aoireacht an t-aon mhaitheas a bhí ann, áfach, os rud é nach raibh cumas iascaireachta ann. Dar leis an gCriomhthanach, níor thuill sé airgead riamh ar an iascaireacht, rud a chuir go mór le cruachás eacnamaíochta an teaghlaigh:

Níor réitigh an fharraige riamh leis: ní tapúla do bheadh sé insa bhád ná go mbeadh an tonn taoscach air. D'fhág san é gan aon tseilg do thabhairt riamh ón bhfarraige leis ...⁹

Le linn an ama sin .i. c1875, ní raibh líon mór daoine ag trasnú na farraige i gcomparáid leis an méid a tháinig daichead bliain ina dhiaidh sin. Bhí iníon an tí ag

tnúth go mór leis an lá a ndéanfadh a muintir thall foirithint uirthi, áfach, agus í a thógaint as a gcruachás ina raibh sí. Sa deireadh, tháinig an costas chuici anall óna huncail sna Stáit Aontaithe, agus d'imigh sí a luaithe is a bhí sí in ann chuige. Dar ndóigh, bhreathnaigh an ógbhean seo ar an imirce mar shlí ealaithe óna cuid deacrachtaí agus ón mbochtanas sa bhaile. Thuig sí nach raibh aon dul as ach imeacht léi go Meiriceá ach bhí sí ag tnúth le caighdeán níos airde maireachtála a chruthú di féin thall. Ní raibh a deartháir i bhfad imithe in aimsir arís nuair a d'imigh sí agus níorbh fhada i ndiaidh di imeacht nuair a bhí an tscanlanúin in ann a mac a ghlaoch abhaile toisc go seoladh an iníon síntiúis airgid abhaile chun a tuismitheoirí a chothú. Cúig bliana a chaith sí thall i Meiriceá agus rinne sí an-dul chun cinn fad a bhí sí ann.¹⁰

Níos déanaí, áfach, a d'imigh tromlach na n-Ógánach ón Oileán Tiar. Ó chasadh an chéid seo caite ar aghaidh, thosaigh daoine ag bailiú leo, ina ngrúpaí beaga ar dtús agus ina sluaite ina dhiaidh sin. Nuair a chuaigh Seán Team Ó Cearnaigh sall go Springfield don chéad uair sa bhliain 1901, ní raibh pobal mór de mhuintir an Bhlascaoid lonnaithe ann. Ní raibh ach naoi mbliana déag slánaithe aige nuair a bhailigh sé féin agus a dheartháir, Muiris, as an mBlascaod Mór. Le híomhá rómánsúil de Mheiriceá ina gcloigne acu, bhíodar réidh le hollshaibhreas a dhéanamh dóibh féin. Bhraith siad gur fusa saol na Stát ná saol an Bhlascaoid agus go raibh airgead le fáil in aisce thall. Ag an am sin ní raibh na scéalta faoi réalachas thír an allais tar éis an Blascaod a shroichint agus chreid Seán Team gurbh é Meiriceá tír na bhfeidearthachtaí agus na mbrionglóidí. D'imigh sé le cíocras agus le fonn, ach ní raibh sé ann i bhfad nuair a d'fhoghlaim sé nach i gcónaí a mbíonn na cnoic i bhfad uait níos féarmhaire. Bhain sé féin agus Muiris Springfield amach ach in ionad an

t-ór a bhailiú ó na sráideanna, bhí orthu dul i mbun oibre crua ar thuarastal íseal. In ionad saibhreas mór a dhéanamh, chaithidís leath dá dtuarastal beag ar chíos i dteach lóistín. D'fhill Seán Team ar an Oileán Tiar agus a bhrionglóid is a íomhá scriosta aige, i ndiaidh dó cúig bliana a chaitheamh i mbun na hoibre seo. D'fhan a dheartháir sna Stáit, áfach, agus lean sé den obair seo ar feadh i bhfad. Ghlac sé le réalachas thír an allais agus chuir sé suas leis.

D'fhill Seán Team ar oileán a óige agus d'oibrigh sé leis ann ar feadh tréimhse ag iascaireacht, ag feirmeoireacht agus ag seilg, cosúil le cách. D'aithin sé, sar i bhfad, nach raibh saol an Bhlascaoid an-fhuirist ach an oiread agus d'éirigh sé corrach arís. Sa bhliain 1908 d'fhill sé ar Springfield, Meiriceá. An uair seo fuair sé obair ar thuarastal maith ar an iarnród a bhí á thógáil um an dtaca sin. An tréimhse seo, d'éirigh go geal leis agus shaothraigh sé cuid mhaith airgid. Bhí airgead maith á thuilleamh aige ach fós ghoill an cumha go géar air, ar nós go leor eisimirceoirí eile, agus tháinig sé abhaile an athuair, agus maoin áirithe ina sheilbh aige. Shocraigh sé síos ar an mBlascaod agus thóg sé clann ann. D'fhan sé ar an Oileán Tiar go dtí gur bhog sé amach, ina sheanaois, go tigh a iníne ar an míntír.

B'eiseamlár é Seán Team Ó Cearnaigh d'imirceoirí óga an Bhlascaoid nuair a chuaigh sé sall go Meiriceá ar dtús sa bhliain 1901. D'imigh sé sall gan aige ach brionglóid agus fuair sé amach faoi réalachas an Oileáin Úir sar i bhfad. Scriosadh an íomhá rómánsúil a bhí aige a luaithe is a chuaigh sé i dtír agus as sin bhí air saothrú go dian chun é féin a chothú nó teacht abhaile agus a admháil gur theip air. Ní raibh tada in aisce thall d'eisimirceoirí an Bhlascaoid, rud a d'fhoghlaim gach uile dhuine acu go tapaidh.

Tar éis do Sheán Team Ó Cearnaigh teacht ó na Stáit Aontaithe don dara huair shocraigh sé síos ar an mBlascaod Mór, rinneadh cleamhnas dó le bean óg ón míntír, agus phós sé. Thóg sé a chlann ann agus chuir sé deacrachtaí an tsaoil de, go mór mór nuair a cailleadh a bhean go hóg, ag fágáil clann óg ina diaidh. Agus a chlann féin fásta, bhí ar Sheán Team slán a chur leo, chomh maith, agus ligean dóibh a slí féin a aimsiú sa saol seo.

Ba é Mícheál, an dara mac ba shine, an cheád duine a d'imigh ón nead i ndiaidh dá dheartháir, Seáinín, bás a fháil go tubaisteach istigh ar an mBlascaod i rith Nollaig na bliana 1947. Bhí Mícheál ag obair i mBaile Átha Cliath le tamall roimhe sin agus nuair a thagadh sé abhaile ar saoire chíodh sé na deacrachtaí a bhain le saol an Oileáin Tiar faoin am sin. Ní raibh sé maoithneach ar chor ar bith maidir lena chinneadh imeacht sall. Chonaic sé cé chomh teoranta is a bhí saol an Oileáin agus bhí sé breá sásta éalú ón saghas sin saoil i ndiaidh na tubaiste a tharla dá dheartháir, Seáinín. Theastaigh ón teaghlach trí chéile an tOileán a fhágáil ag an am sin, chomh maith, ach bhí ar dhuine amháin imeacht ar dtús chun an tslí a réiteach. Mar a dúirt Mícheál féin:

Somebody had to lead the field. I said to myself, 'If I go over there and pay my way, and then talk to my uncle or aunt to bring out my brother Muiris or Peaidí, that would help.'¹¹

Ní raibh sé i gceist aige riamh fanacht ar an Oileán Tiar go deireadh a shaoil, ámh:

I was glad to get the opportunity... I was always ambitious to get out of that place.¹²

Is cosúil nach raibh dearcadh chomh idéalach aige i leith saol Mheiriceá is a bhí ag a athair roimhe, ach d'aithin sé go raibh saol níos fearr le cleachtadh thall. Bhí post réasúnta maith aige i mBaile Átha Cliath agus dá bharr sin, bhí sé in ann a thicéad féin a cheannach sall. Ní cinneadh leithleach ab ea a imeacht sall, mar bhí sé i gceist aige an costas a shabháil agus é a chur abhaile go dtí an chéad duine eile a raibh spéis aige an turas a dhéanamh. Thuig Mícheál réalachas an tsaoil thall nuair a bhí sé ag imeacht agus thuig sé go mbeadh air saothrú go dian chun aon dul chun cinn a dhéanamh thall, ach bhí sé réidh do dhúshlán ar bith. Bhí scéalta a athar cloiste aige agus bhí sé i bhfad Éireann níos aibí ná eisean agus é ag dul sall. Bhí tréimhse caite aige i bpríomhchathair na hÉireann, agus cuid mhaith foghlamtha aige ann faoin saol. Mheas sé go mbeadh rud ar bith níos fearr ná a bheith sáite ar an mBlascaod Mór agus a bheith ar a dhícheall ag iarraidh é féin, agus b'fhéidir sa todhchaí, a chlann a chothú ar an iascaireacht. Chuaigh Mícheál Ó Cearnaigh sall go Meiriceá le fonn, ach bhí a shúile oscailte aige agus é ag dul agus thuig sé, go pointe áirithe, cad a bhí i ndán dó. Níorbh ionann eisean agus mórchuid de na fir agus de na mná óga soineanta a thrasnaigh an fharraige lena linn. Bhí meon oiriúnach aige i gcomhair na himirce agus dá bharr sin, d'éirigh go maith leis ann. A luaithe is a bhí sé féin socraithe thall, chuir sé airgead anall ionas go mbeadh a dheartháireacha agus a dheirfiúracha in ann dul amach chuige, go dtí nach raibh fágtha sa bhaile ach Céit amháin, an té ba shine den teaghlach.

Bhí an dearcadh céanna ag Pádraig Ó Gaoithín i leith na himirce is a bhí ag Mícheál Ó Cearnaigh, agus chuaigh siad araon de bharr báis thragóidigh sa teaghlach. Tar éis do Thomás Ó Gaoithín, deartháir Phádraig, bás a fháil go tubaisteach ar an

Oileán agus é ina fhear óg, ní fhaca Pádraig go raibh todhchaí i ndán dó féin ar an Oileán Tiar. Bhí an áit ró-uaigneach dó in eagmais a dhearthár, agus theastaigh uaidh imeacht le tús úr a chur lena shaol in áit nua. An t-aon difríocht a bhí idir cás Mhíchíl agus cás Phádraig ná go raibh Pádraig ag cur faoi ar an Oileán nuair a thit tubaiste a dhearthár amach agus bhí sé ann ina dhiaidh. D'oibrídís le chéile go laethúil go lá a bháis, agus dá bharr sin, b'áit níos uaigní é an Blascaod Mór do Phádraig Ó Gaoithín i ndiaidh a dhéarthar ná mar a bhí do Mhícheál Ó Cearnaigh toisc go raibh seisean bailithe leis as an Oileán le fada sula bhfuair a dheartháir bás. Bhí Pádraig Ó Gaoithín sásta a dhóthain ar an Oileán Tiar go dtí gur thit an tubaiste sin amach. Mar a dúirt Mícheál Ó Gaoithín faoina dheartháir, Pádraig:

Ní raibh aon chlaoidhe leis an áit aige agus d'imigh sé go hAimeiriocá nuair a fuair sé an costas óm' Aintín Cáit. Is dóigh liom ná himtheochadh sé chomh luath mara mbeadh an tineóisc d'éirig dár ndearbhráthair Tomás bocht. Ón lá san do cailleadh Tomás ní raibh aon spéis aige 'á chur i gcúram tighe ná áite. Ba dhóigh leat gur duine é a bhí idir a bheith ina chodladh agus ina dhúiseacht.

'Ní fhéadfainn maireamhaint leis an uaigneas annso,' ar seisean, lá, lem' mháthair. 'Bhíos ana-cheanamháil ar Thomás, ach anois, ó fuair sé bás ní chuirfead barra chnoic an Oileáin siar go deó aríst díom.'¹³

Mar sin, bhailigh sé leis as an Oileán trasna go Springfield.

D'fhág Máire Ní Shúilleabháin, deirfiúr Mhuiris Uí Shúilleabháin, agus Cáit Ní Ghaoithín, deirfiúr Mhícheál Uí Ghaoithín, an tOileán le cois a chéile, agus chuir siad an turas go Springfield díobh i dteannta a chéile. Scríobhann Muiris Ó Súilleabháin agus Mícheál Ó Gaoithín beirt faoina n-imeacht ina saothair. Beirt chailíní óga

soineanta a bhí iontu; iad ag súil leis an saol iontach a bheadh acu thall i Meiriceá, i bhfad ó dheacrachtaí agus ó chruatan an Bhlascaoid Mhóir. Bhí go leor de shaol an anró feicthe acu ar an mBlascaod agus bhí cíocras orthu i leith shaol nua Mheiriceá.

Sula ndeachaigh a deartháir, Pádraig sall, bhí Cáit Pheig Ní Ghaoithín ag súil le pósadh, b'fhéidir ar an míntír, de réir dealraimh. Bhí díomá uirthi ar dtús nuair nach ndearnadh cleamhnas di, mar a léirítear sa saothar *Allagar na hInise*, leis an gCrimhthanach.¹⁴ Ina leabhar *Is Truagh ná Fanann an Óige*, deir a deartháir, Mícheál Ó Gaoithín, nach raibh fonn taistil ar Cháit go dtí go ndeachaigh Pádraig sall agus gur thosaigh sé ag caint faoin gcostas a sheoladh abhaile chuici. De réir na tuairisce a thugann Mícheál anseo, bhí Cáit an-amhrasach agus bhí meon diúltach aici i leith na himirce fiú agus an costas faighte aici agus, i ndáiríre níor theastaigh uaithi dul sall, dar le Mícheál.

Ní raibh mo dhearbhráthair Pádraig imthighte go hAimeiricá ach dhá bhliadhain nuair a chuir sé an costas go dtí mo dheirbhsiúr Cáit. Ní raibh aon fhonn ar Cháit dul go hAimeiricá, ach nuair a fuair sí an costas, níor mhaith léi tarrac siar. Cabhruigheann Dia leis an laige. Do ghlac sí misneach agus bhailigh sí léi sall.¹⁵

Is an-éagsúil an cuntas a thugann Muiris Ó Súilleabháin ina leabhar *Fiche Blian ag Fás*, ar imeacht a dheirféar féin, Máire, agus Cáit Ní Ghaoithín. Dar leis, ba ag tnúth leis an lá a bhfaighfidís an costas taistil i litir ó Mheiriceá a bhí an bheirt acu. Tá cuntas i bhfad níos dearfaí agus níos cothroime ag Muiris Ó Súilleabháin i leith imeacht na gcailíní ón Oileán ná mar atá ag Mícheál Ó Gaoithín, sa mhéid is go dtagraíonn sé do sceitimíní áthais agus do na deora bróin araon. Dar leis an Súilleabhánach, ba í Cáit Pheig a dúirt ar dtús go mbeadh sí ag dul sall agus nár

thosaigh Máire ag caint faoi dhul go Meiriceá go dtí gur fhógair Cáit Pheig go mbeadh sí ag dul. Níor theastaigh ó Mháire a bheith fágtha sa bhaile ar an mBlascaod ina haonar agus shocraigh sí ar dhul go Meiriceá ina teannta. Dar ndóigh, ní raibh gach éinne sásta lena cinneadh dul sall. Phléasc Eibhlín amach ag gol nuair a fuair sí amach go raibh a deirfiúr dá fágaint, agus ní róshásta a bhí a hathair, ach an oiread. Óinseach ab ea í, dar leis.¹⁶

Nuair a bhí an cinneadh déanta agus na litreacha seolta sall ag impí ar a ngaolta an costas a chuir chucu, bhí Cáit Pheig agus Máire ag tnúth le lá a n-imeachta. Bhíodh an bheirt acu i dteannta a chéile i gcónaí ag beartú pleananna den scoth agus ag breathnú ar na pictiúir gheoite a sheoltaí anall de Chathair Springfield.

- Ó, a deireadh Cáit, raghaimíd isteach sa tigh mhór san an chéad lá, a Mháire; agus ansan do ritheadh beirt acu amach ar an urlár ag déanamh bolga-boghaisín le racht áthais.¹⁷

Lean an gliondar agus an scléip go dtí gur tháinig an costas chucu agus ansin, is dócha gur bhraith siad go raibh deireadh tagtha lena n-óige, lena saol ar an mBlascaod agus le gach a raibh aithnidiúil dóibh go dtí sin. Bhíodar chun an tOileán a fhágáil ina ndiaidh, agus na daoine a bhain leis, gan fios a bheith acu an bhfeicfidís beo arís iad. Fiú, dá dtiocfaidís abhaile ar cuairt am éigin, is cinnte go mbeadh cuid den seandream, a mbídís chomh cairdiúil leo, imithe ar shlí na fírinne. Ní raibh i gceist go dtí sin ach baothchaint agus cumadóireacht go dtí go raibh luach an chostais ina nglaic acu. Ansin, bhí sé fíor. Bhíodar le himeacht. Tháinig claochlú gruama, dubhach ar na cailíní agus ar a raibh sa dá thigh, chomh maith.

Trí seachtaine ina dhiaidh sin, do tháinig an costas go dtí Máire, agus is uirthi a tháinig an t-athrú mór an tráthnóna sin, í ag gol go dubhach... Is gearr go dtagann Cáit Pheig isteach agus a shúile féin chomh dearg le rós ó bheith ag gol.¹⁸

Ghoill imeachtaí an lae sin go géar ar athair Mháire, cé gur lig sé air nár ghoill:

‘- Cad é an mhaith dhuit bheith ag gol mar sin, a leadhbóg?’ arsa m’athair a bhí suite sa chathaoir cois tine agus cuma dubhach air... Thugas féin fé ndeara an caipín a bhfad anuas ar shúilibh m’athar an tráthnóna san, rud nár thugas fé ndeara riamh roimis sin.¹⁹

Nuair a chonaic Cáit Pheig go raibh Máire chomh trí na chéile is a bhí, rinne sí iarracht misneach agus ardú meanman a thabhairt di agus í ag iarraidh a buairt féin a chur faoi chois, chomh maith.

‘ – Canathaobh go bhfuileann tú ag caoineadh mar sin, a Mháire?’ arsa Cáit ag tógaint a ceann in airde, ‘ná feacaís Nóra Pheats a chuaigh sall gan éinne muinteartha thall léi, an cailín bocht? agus ní mar sin duitse – nach thall atá do mhuintir ar fad?’²⁰

As sin amach, ní raibh ar fud an tí ach deora – deora Mháire a bhí ar tí fágáil agus deora Eibhlín a bheadh fágtha ina haonar i ndiaidh a deirféar.

Bhíodh Máire gach lá anois ag caoineadh. – Mhuise, ní fheadar ‘on domhan, a deireadh sí nuair a bhíodh sí ag ní na n-áraistí, an dtiocfaidh an lá go deo arís go mbead á ní seo? Mar an gcéanna nuair a bhíodh sí ag scuabadh an urláir. D’fhéachfadh ar an scuab, thiteadh na deora léi, ritheadh as san go dtí Rós mo mhadra agus bheireadh barróg isteach uirthi. – Mhuise, a Róisín, a deireadh sí, nach mó lá a

bhíodh beirt againn thiar ar an dTráigh Bháin, mise ag caitheamh cloch amach san uisce agus Róisín ag rith amach sa tsnámh ina ndiaidh!²¹

Agus í ag druidim le lá a himeachta, tháinig nádúr an Bhlascaoid Mhóir, fiú amháin, faoi bhrón, dar le Muiris Ó Súilleabháin. Ní rud neamhchoitianta, áfach, i saothar an tSúilleabhánaigh é comhbhá an dúlra, agus an pearsantú, chomh maith. Tá siad le feiceáil ina shaothair tríd síos:

Sea, do bhí an aimsir á chaitheamh agus Máire ag druideam leis an sprioclá. Thugas fé ndeara cuma dubhach ag teacht ar chreatlach an tí, agus tuigeadh dom go raibh an cnoc os cionn an bhaile a bhí ag déanamh foscadh do sna tithe, go raibh sé ag athrú datha ar nós fear mór stuama a bhuaileadh a cheann fé le cumha.²²

Is iomaí duine, dar ndóigh a bhí idir dhá chomhairle mar gheall ar an imirce agus nach raibh róchinnte faoina raibh i ndán dóibh dá bhfanfaidís nó dá n-imeoidís. Feictear an choimhlint seo go soiléir i scríbhinní Pheig agus í ag trácht uirthi féin mar bhean óg. Ar lámh amháin, bhí sí ag tnúth go mór lena cara, Cáit Jim, a leanúint trasna go Meiriceá, ach ar an lámh eile, níor thapaigh sí a deis imeachta nuair a fuair sí é.

Dar léi féin, ba é an imirce an plean a bhí aici féin agus ag Cáit Jim ó bhí siad an-óg, agus go mór mór nuair a d'fhill Peig ón Daingean, tar éis di a céad tréimhse a chaitheamh in aimsir. Fuair Cáit Jim a seans imeachta ar dtús, nuair a shocraigh a hathair ar an tigh is an talamh a dhíol i nDún Chaoin agus dul sall i dteannta a raibh fágtha in Éirinn dá theaghlach. Bhí seift beartaithe ag na cailíní. Bhí Cáit Jim chun airgead a shaothrú thall agus é a sheoladh anall go Peig ionas go mbeadh sí in ann a

ticéad sall a cheannach. Bhí Peig chun dul in aimsir arís, fad a bhí sí ag fanacht ar an gcostas ó Cháit Jim, ionas go mbeadh airgead aici féin dá turas sall.

Ní raibh Peig pioc sásta agus í in aimsir don dara huair. Caitheadh go dona léi ann, ach bhí dóchas ag Peig an tráth úd go mbeadh sí ag dul sall go Cáit Jim i Meiriceá, mar a shíl sí. Ba é an dóchas sin a choimeád ó umar na haimléise í. Ní raibh sí le bheith in aimsir ach ar feadh tréimhse ghairid go leor, a cheap sí, chun airgead a thuilleamh le Cáit Jim a leanúint.²³ Léirítear sa leabhar *Beatha Pheig Sayers* go raibh Peig ag tnúth le dul sall go Meiriceá fad a bhí sí ag obair ar an bhfeirm:

Do gheall sí nuair a bheadh aon stór beag bailithe aici go dtabharfadh sí léi sall mise. Sin é do bhí ag coimeád mo mhisnigh suas an fhaid go léir. Is dóigh liom mara mbeadh an dóchas láidir a bhí agam go bhfóirfeadh Cáit orm, ná seasóinn leath na haimsire.²⁴

Cé go raibh an-dúil ag Peig dul go Meiriceá, is léir go raibh sí idir dhá chomhairle faoi, ag an am céanna. Thaitin a baile dúchais go mór léi agus chuaigh sé dian uirthi smaoineamh ar an áit a fhágáil. Admhaíonn sí go mb'fhearr léi fanacht in Éirinn dá bhféadfadh sí é sin a dhéanamh:

Dá mb'é toil Dé go mbeadh sé i ndán dom baile beag éigin d'fháil in Éirinn ní fhágfainn lem mharthain í.²⁵

Déanann sí cur síos ar aoibhneas an nádúir agus na háite timpeall uirthi agus deir sí nach bhféadfadh sí aon áit níos deise a shamhlú ar dhroim an domhain.²⁶ Feictear

coimhlint inmheánach Pheig go gléineach sa dá thuairim éagsúla seo. Sa deireadh, áfach, ba threise a grá dá háit dhúchais ná an dúil imeachta inti, agus fiú nuair a fuair sí deis imeachta, shocraigh sí ar fanacht in Éirinn. Níor thapaigh sí an t-aon seans riamh a tháinig chuici an fharraige a thrasnú. Sa saothar *Beatha Pheig Sayers*, léirítear go bhfuair Peig agus a muintir tairscint dul anonn nuair a fuair a hathair litir ó dhuine muinteartha leis thall a d'imigh i rith an drochshaoil. Bhí maoin mhór aige ag deireadh a shaoil ach gan aon chlann aige, áfach. Bhí a fhios aige go mbíodh gaolta aige ar leithinis an Daingin, tráth, agus dá mbeadh aon duine díobh fós ann, bheadh sé sásta a mhaoin a bhronnadh orthu, gan le déanamh acu ach teistiméireacht a fháil ó shagart an pharóiste. Bhí seans ag an teaghlach uilig dul sall an tráth úd, ach bhí máthair Pheig lag agus gan í in ann an turas go Meiriceá a chur di. Bhíodh Peig an-mhór i gcónaí lena máthair agus ní fhágfadh sí ina diaidh í. Mar a dúradh léi:

Ní raghaidh do mháthair as an láthair go bhfuil sí nó go gcuirfear ó dheas thar cnoc í sa reilig bheannaithe ina luí i bhFionntrá.²⁷

Fad a bhí a máthair beo, dúirt sí nach bhfágfadh sí a ceantar dúchais go deo.

... ní fhágfadsa Éire go deo, nó go scarfaidh an bás tusa liom, a Mham.²⁸

Caithfear an cheist a chur, áfach, ar leithscéal í máthair Pheig di gan dul sall. Agus an tairscint os a comhair aici, nochtann sí a fíorthuairim i leith na himirce.

B'fhéarr agus ba ghrástula liom stóilín beag cois tine i mbothán bocht in Éirinn.²⁹

Tá seans ann nach raibh i gceist aici riamh, i ndáiríre, le pleananna na himirce ach brionglóidí na hóige nach gcomhlíonfadh sí choíche. Bhí creideamh i nDia aici go ndéanfadh Sé aon fhoirithint uirthi ba ghá, dá gcuirfeadh sí a cuid muiníne Ann.³⁰ Ní raibh an maithneas céanna ag a hathair, áfach, agus d'impigh sé uirthi a seans a thapú.

Tuigfí fós do chuid leanbhaíochta a ghearrchaile, nuair a bheir ag comhrac le bochtaineacht agus le dealús an tsaoil seo. An uair sin b'fhéidir ná diúltófa don séan mór so dá mbeadh sé le fáil agat. Ach tá go maith.³¹

Is dócha go raibh Peig in amhras go bhféadfadh eisimirceoir a bheith sásta go fírinneach i dtír iasachta. Bíodh is go raibh maoin shaolta acu, bheadh rud easnamhach ina saol choíche. Tá rian den éad le brath i gcaint Pheig faoi shaol Cháit Jim i Meiriceá, ach thuig sí, ámh, go raibh na seoda ba luachmhaire aici fós – a dúchas agus a hoidhreach. Agus í ag trácht ar Cháit Jim, deir sí:

Ise i dtír iasachta, í ina bean uasal, fáinne ar a méir agus uaireadóir ina póca. N'fheadar an bhfuil sí sásta inniu, nó an bhfuil sí ag cuimhneamh ormsa fé mar atáimse ag cuimhneamh uirthise? B'fhéidir go bhfuil formad aici liom. Tá an maolchnoc so go bhfuilim im shuí air chomh taitneamhach le haon bhall i dtír na bPoncán.³²

Fear óg a bhí go mór idir dhá chomhairle mar gheall ar an imirce, chomh maith, ab ea Muiris Ó Súilleabháin. Bhí sé an-soiléir dó ó aois sách óg nach raibh an tOileán Tiar in ann a mhuintir a chothú a thuilleadh. Bhí sé de thuiscint aige go mbeadh air an tOileán a fhágáil agus é fásta, agus ghéill sé dó sin, ach cad a bhí i ndán dó ina

dhaidh sin? Is léir go raibh an choimhlint inmheánach chéanna ag Muiris Ó Súilleabháin is a bhí ag Peig Sayers i leith na himirce. Bhí suáilcí agus duáilcí na himirce le cur i gcomparáid aige le haoibhneas is le hanachain shaol na hÉireann. Faoi dheireadh, áfach, tháinig an lá go raibh air a rogha a dhéanamh. Measadh go rachadh sé sall mar a rinne a dheirfiúracha, Máire agus Eibhlín, agus a dheartháir Seán, ach bhí Muiris óg go mór faoi thionchar chuairteora agus charad, a mhol dó a mhalairt a dhéanamh. Ba é Seoirse Mac Tomáis an cara sin. Tháinig sé go dtí an tOileán Tiar don chéad uair ar an 27ú lá Lúnasa 1923 ar chomhairle Robin Flower, áit ar bhuail sé le Muiris Ó Súilleabháin. Bhí sé féin agus Muiris Ó Súilleabháin thart ar an aois chéanna agus d'eascair cairdeas buan eatarthu, a mhair go dtí go bhfuair an Súilleabhánach bás, go tragóideach i nGaillimh.

Ina leabhar dírbheatháisnéise *Fiche Blian ag Fás*, tugann Muiris Ó Súilleabháin beachtchuntas ar an gciapadh a d'fhulaing sé agus é ag iarraidh teacht ar an gcinneadh ab fhearr dó agus ar an mbriseadh croí a lean an cinneadh áirithe sin dó. Ar lámh amháin, bhí Máire agus Seán thall, agus Tomás Eoghain Bháin, dlúthchara a óige, agus iad ag impí air teacht amach chucu, ach ar an lámh eile, bhíodh Seoirse Mac Tomáis ag teacht chun an Oileáin gach samhradh agus é ag tathant air gan dul sall ach fanacht in Éirinn. Ní raibh ach deartháir amháin fágtha aige in Éirinn, Mícheál, a bhí lonnaithe le tamall i nDaingean Uí Chúise, é ag obair do tháilliúir agus ag déanamh go maith dó féin ann.

Tháinig an scéal chun cinn, lá, agus Muiris is Seoirse ar Inis Mhicileáin. An lá sula ndeachaigh Seoirse thar n-ais tar éis dó tréimhse a chaitheamh istigh i dteannta a charad a bhí ann. Seans go sleamhnódh bliain eile tharstu, nó níos measa, go mbeadh

Muiris bailithe leis faoin am a thiocfadh Seoirse arís, ach gur chuir Seoirse an cheist lom, ‘Is í an cheist í, ar seisean, an bhfuil Meirice caite as do cheann agat ó shin?’³³ De réir dealraimh, bhí sé ag iarraidh a thuairim féin a chur i bhfeidhm ar Mhuiris le fada an lá roimhe sin.

Is mion minic roimis sin a bhí Seoirse ag spochoireacht liom gan dul go Meirice in aon chor ach dul isteach ins na Gardaí; ach más ea do bhí leisce an domhain orm rud a dhéanamh air, agus do bhínn ag iarraidh an scéal a chur ar chairde i gcónaí. Ach bhí an lá deireanach tagtha anois, agus bhí a fhios ag beirt againn, mura n-aontóinn leis an lá san, go mbeinn bailithe liom sara dtiocfadh an samhradh arís.³⁴

Samhlaíonn sé a chairde is a mhuintir thall agus iad ag baint taitnimh as an saol. Breathnaíonn sé trasna na farraige agus ina aigne féin feiceann sé sráideanna Mheiriceá agus pobal an Bhlascaoid orthu. Chuaigh an radharc intinne i bhfeidhm go mór air.

Cím na buachaillí agus na cailíní a bhí im chuideachta féin tamall don tsaol ag siúl na sráide go gealgháiritheach agus go compordach; cím anois mo dheartháir Seán agus mo dheirfiúracha Máire agus Eibhlín ag siúl le cois a chéile mar an gcéanna agus iad ag caint orm féin. Do bhí na deora ag bogadh im shúilibh ach níor shileas.³⁵

Is léir go bhfuil sé go mór trí na céile faoina thodhchaí. Iompaíonn sé ar a chara, gan fios aige cad ba chóir dó a rá leis:

Cad é an freagra a thabharfainn air? An ndéarfainn leis gurbh fhearr liom dul i measc mo chomrádaithe thall ná tabhairt fé phríomhchathair na hÉireann lena chois?³⁶

Deir Seoirse go neamhbhalbh leis nach bhfuil saol Mheiriceá chomh heasca is a cheaptar agus nach ar na sráideanna thall a gheobhaidh sé a shaibhreas. Ní chuireann sé sin chun suaimhnis é go hiomlán, áfach, mar ina intinn istigh, cloiseann sé a dheirfiúr, Máire, ag iarraidh a chur ina luí air go mb'fhearr dó teacht anall chucu agus a bheith i measc a ghaolta ná fanacht in Éirinn i bhfad óna dhaoine muinteartha.

Tuigeadh dom anois go raibh Máire ag tomhas a doirn liom agus í ag rá amach: Ná bac leis sin ach tar anso amach mar a bhfuil do dhaoine féin, nó má théann tú go Baile Átha Cliath, ní fheicfir éinne dod mhuintir go deo arís.³⁷

Ní raibh Seoirse Mac Tomáis sásta géilleadh, áfach, agus ligean dá chara imeacht uaidh sall. Bhain sé triail as cur chuige nua. Chuir sé na daoine a d'fhill ar an Oileán, tar éis dóibh seal a chaitheamh san Oileán Úr, i gcuimhne do Mhuiris. Thagair sé dá ndroch-chuma agus dá ndrochshláinte, ach go háirithe.

Ach cogar é seo liom, ar seiscan ag deimhniú lena láimh, más maith leatsa stair Mheirice bheith agat, féach ar an bponcán a thagann abhaile, féach an cló a bhíonn air, gan braon fola ina chorp ná go mbíonn fágtha ansúd thall aige; féach an cailín a théann sall féna haghaidh bhreá sciámhach, nuair a thagann sí anall abhaile, bíonn cuma mhílitheach uirthi agus an craiceann go casta ar a héadan – dá dtabharfá é sin fé ndeara, a Mhuiris, ní raghfá go deo ins an áit sin.³⁸

Gan dabht, ní raibh le déanamh ag Muiris chun an fhianaise sin a fháil ná ceist a chur ar a dheirfiúr eile, Eibhlín, a bhí thall chomh maith. Is dócha nach mbeadh sí féin

chomh díograiseach le Máire ag mealladh a dearthár anall. Sa deireadh, ghéill Muiris do Sheoirse agus dúirt sé go rachadh sé go Baile Átha Cliath.

I mí Márta na bliana dár gcionn (1927), d'fhág Muiris an tOileán Tiar le dul go Baile Átha Cliath. Chuaigh sé sna Gardaí i mBaile Átha Cliath agus cuireadh go hIndreabhán é agus é cáilithe ina Gharda. De réir dealraimh níor thaitin na cathracha móra leis, mórán. Is cosúil, ar an iomlán, go raibh sé sásta lena chinneadh gan dul ar imirce, ach tháinig áifeala air uair amháin nach ndeachaigh sé sall agus é in umar na haimléise i mbarda oispidéil i mBaile Átha Cliath. Chuimhnigh sé ar a ndeachaigh sall dá chairde agus dá mhuintir.

Nach mé a bhí go ciapaithe agus go cráite, agus go mórmhór nuair a chinn gach othar agus a dhaoine féin ag teacht chuige agus gan éinne ag teacht chugham féin, mar bhí mo chara thall i Sasana an uair sin agus muintir an chaisleáin ar a laetheanta saoire in iarthar na hÉireann; agus maidir lem mhuintir féin, is ar an dtaobh eile den domhan a bhíodar go léir, agus is mé a bhí cráite nár chuaigh sall ina ndiaidh.³⁹

Is léir mar sin go raibh a chúis féin ag gach éinne dul sall nó fanacht. Do chuid acu, ba chinneadh easca é imeacht sall, ach don chuid eile, bhí orthu dianmachnamh a dhéanamh ar na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhain le saol an imirceora, sula ndearna siad a gcinneadh deireanach. Dar ndóigh, bhíodh sé fós dian ar dhaoine scarúint óna ngaolta sa bhaile, óna n-áit dhúchais agus ó gach a mbíodh muinteartha dóibh ar feadh a saoil, ach bhí daoine ar an mBlascaod Mór nár theastaigh uathu dul sall ar chor ar bith. Fiú má thuig siad go raibh an tOileán Tiar imithe i léig agus nach raibh ábhar a gcothaithe ar an Oileán, ba scarúint ródhian dóibh é. D'fhéachaidís ar

bhád na himirce le duairceas ina gcroíthe, agus bhraith siad i gcónaí ina dhiaidh sin go raibh siad ruaigthe óna n-Oileán dúchais.

Duine mar sin ab ea Eibhlín Ní Súilleabháin, deirfiúr le Muiris Ó Súilleabháin. Lean sí a deirfiúr Máire, agus a deartháir Seán, sall sna 1920idí, ach gan aon fhonn uirthi chuige. Níor theastaigh riamh ach an tOileán uaithi. Bhíodh cumha uirthi i gcónaí nuair a bhíodh uirthi oíche a chaitheamh amuigh ar an míntír, agus ní theastaíodh uaithi an dara hoíche a chaitheamh amuigh choíche. Bhíodh leisce uirthi dul amach dá mbeadh seans ar bith ann nach bhféadfadh sí filleadh ar an mBlascaod an tráthnóna sin. Uair amháin, bhí sé beartaithe ag grúpa ón Oileán dul go dtí an Daingean le haghaidh lá aonaigh. Bhí caoirigh le díol agus earraí eile le ceannach acu ann. Fiú nuair a tháinig an mhaidin sin, bhí Eibhlín fós ag iarraidh an scéal a chur ar cairde. Dúirt sí go raibh cuma na báistí ar an spéir agus go raibh sí ag tnúth nach drochlá a bheadh ann. Bhí sí ar tí fanacht ar fad go dtí go ndúirt a hathair léi imeacht. Deir Eibhlín go raibh ard-chraic acu oíche sin an aonaigh agus go raibh sí féin agus Eibhlís ag rince fad na hoíche, cé go raibh náire orthu ar dtús. Bhí a fhios aici roimh ré, áfach, go mbeadh sí ag fanacht thar oíche amuigh agus bhí sí réidh chuige sin. Níorbh amhlaidh an scéal an lá dár gcionn, áfach. Bhí sí féin ag tnúth le dul isteach an lá sin, agus nuair nár éirigh lena plean, bhí sí go mór trína céile. Ar an 28ú Deireadh Fomhair 1923, déanann Eibhlín cur síos ar an oíche chráite sin a bhí uirthi a chaitheamh ar an míntír:

Do bhí sé a hocht a chlog nuair a shroicheadar Dún Chaoin, agus thánamair anuas go dtí an dtigh go rabhas féin an oíche fá dheireadh agus do chaitheamair an suipéar. Do bhíomair i gcás idir dhá chomhairle an dtiocfaimís isteach abhaile nó an bhfanfaimís amuigh, mar ní raibh an oíche róchneasta in aon chor, ach dob é críoch an scéil gur

tháinig na garsúin abhaile agus ní ligfeadh mo dheartháir mé féin in aon chor isteach ar eagla go mbeadh sé garbh, agus b'éigean dom fanacht amuigh agus, gan bhréag, do thugas an oíche ag gol i dtaobh nár thána isteach abhaile.⁴⁰

Agus an dearcadh sin aici i leith oíche amháin a chaitheamh i nDún Chaoin, áit a raibh sí fós in ann a hOileán a fheiscint, n'fheadar conas go bhféadfadh sí smaoineamh ar dhul ar imirce go Meiriceá agus a saol a chaitheamh ann mar dheoraí. De réir dealraimh, níor éirigh go rómhaith léi thall. Níor phós sí riamh agus fuair sí bás thall nuair nach raibh sí ach sna daichidí.

Ina leabhar *Cín Lae Eibhlín Ní Shúilleabháin*, leagann Eibhlín béim i gcónaí ar aoibhneas shaol an Bhlascaoid, ar phéisiúir shimplí an Oileáin agus ar an sult a bhíodh ag an dream óg uilig ann. Díríonn sí i gcónaí ar dhaoine ag teacht isteach, in ionad an bhéim a leagan ar fhágáil mhuintir óg an Oileáin. Luann sí teacht na gcuariteoirí ar fad, Seoirse Mac Tomáis ina measc, agus na laethanta breátha a chaith siad i dteannta a chéile. Is cosúil go bhfuil sí ag iarraidh suntas a thabhairt do phléisiúir shaol an Oileáin tríd na tagairtí uilig a dhéanann sí don spraoi a bhí acu leo.⁴¹

Ní thráchtann sí ach go fánach ar dhaoine ag imeacht agus ní luann sí tórraimh Mheiriceánacha nó na hoícheanta scléipe a bhíodh acu sula n-imeodh duine. Na daoine a luann sí a d'fhág an tOileán i rith na tréimhse a raibh an cín lae á scríobh aici, d'fhág siad faoi scamall bróin, de réir chuntas Eibhlín. Insíonn Eibhlín scéal faoi bhuachaill amháin, Muiris óg, a d'fhág an tOileán faoi bhrón toisc a chailín a bheith imithe sall cheana féin agus nach bhféadfadh sé maireachtáil ar an mBlascaod ina héagmais. Ba chinneadh tobann é dó imeacht sa deireadh. Cé go raibh an imirce

luaite aige cúpla uair roimhe sin, níor cheap éinne go n-imeodh sé, chomh luath sin ar chor ar bith, go dtí go ndearna sé a chuid socruithe taistil sa Daingean. Is dócha gur aisfhreagairt a bhí i gceist lena imeacht ar chinneadh a bhí déanta ag a chailín roimhe. Dar le hEibhlín, ní raibh sé féin ag tnúth le dul trasna agus anois bhí air í a leanúint sall nó an chuid eile dá shaol a chaitheamh ar an mBlascaod go dubhach, agus a ghrá geal i bhfad uaidh.⁴² Mar sin, dar ndóigh, ba faoi bhrón, agus in éadan a thola féin a ndeachaigh sé sall. Murach go ndeachaigh sise sall, ní rachadh sé féin ar chor ar bith, dar le hEibhlín Ní Shúilleabháin.

Dúirt sé liom ná raibh aon chuimhneamh aige ar an áit a dh'fhágaint in aon chor i mbliana, ná b'fhéidir an bhliain seo chúinn, mara mbeadh gur imigh a chailín tá cúpla mí ó shin, agus ar an gcion a bhí aige uirthi deir sé go gcaithfidh sé imeacht i mbliana más féidir leis é.⁴³

Leagann sí béim chomh maith ar an uaigneas agus ar an mbriseadh croí a d'fhulaing na daoine óga eile a bhí fágtha ar an mBlascaod i ndiaidh na ndaoine a d'imigh. Níor smaoinigh sí ar fhíricí loma an scéil gurbh iad na himirceoirí a chothaigh muintir an Oileáin nó go mbeadh a cairde níos fearr as i Meiriceá, ach dhírigh sí go hiomlán ar an uaigneas a mbíodh ar mhuintir óg an Oileáin i ndiaidh a gcairde. Agus í ag tagairt do Mhuiris óg, atá luaite thuas, deir sí:

...do bhí sé insa Daingean inné ag tógaint a phictiúir chun a bheith ag imeacht go dtí an tOileán Úr, agus do bhí sé dá rá le tamall go mbeadh sé ag imeacht ach, más ea, níor chreid éinne é go dtí inniu. Níor chreideas féin, leis, é agus d'fhiafraíos do an raibh sé fíor, agus dúirt sé liom go raibh,... agus más rud é go bhfágfaidh sé an baile go deo is é mo mhórthuairim go mbeidh arduaigneas orm 'na dhiaidh.⁴⁴

Luann sí in áit eile, chomh maith, an dochar a dhéanann na cailíní sin a d'imíodh sall don phobal a bhí fágtha ina ndiaidh. D'fhág cailín amháin beirt bhuachaillí ag troid go fíochmhar ina diaidh. Is léir gur ghoill a himeacht go géar ar dhuine amháin acu, ar a laghad.

...is dóigh liom ná raibh ' fhios acu in aon chor go raibh sí chun imeachta, ach do bhí amhras againn i gcónaí go raibh buachaill aici 'na diaidh agus go bhfóire Dia orainn, do bhí sé sin an-uaigneach 'na diaidh, agus tá fós agus is dócha go mbeidh go deo. Ní raibh ' fhios riamh agam go raibh sé chomh holc go dtí le cúpla lá. Do bhí sé istigh im theannta tamall don lá agus do bhí amhrán ar siúl agam féin mar gheall ar bhuachaill gur imigh a chailín uaidh, agus pé súilfhéachaint a thugas ar fhear an chúinne do chonac a cheann fé agus gach deoir aige dá ligeant anuas, ach do ghlacas trua dó agus d'éiríos don amhrán ach, más ea, níor ligeas orm go bhfeaca chuige é mar is dócha go dtiocfadh náire air.⁴⁵

Óna taobh féin, ghoill imeacht na ndaoine óga ar Eibhlín. Bhí an-uaigneas uirthi i ndiaidh duine amháin, Mícheál, ach go háirithe. Ar an 14ú lá Meán Fómhair 1923, d'fhág sé an tOileán. Déanann Eibhlín Ní Shúilleabháin cur síos gléineach ar an lá corraitheach dubhach sin. Cuireann imeacht Mhíchíl imeacht a deirféar i gcuimhne di, eachtra eile a chorraigh go mór í.

Do bhíos ag cuimhneamh ansan ar an lá a d'imigh mo dheirfiúr féin agus gan agam ach í, gur cheapas go ndéanfadh dhá leath dom chroí leis an uaigneas, ach ní raibh a leath orm an fhaid a bhíos insa Daingean 'na teannta nó go dtí gur imigh sí ar an ngluaisteán as mo radharc.⁴⁶

Is léir go raibh Eibhlín agus Máire an-ghar dá chéile mar dheirfiúracha mar tá sé luaite ag a ndeartháir, Muiris Ó Súilleabháin, ina leabhar *Fiche Blian ag Fás*, chomh maith, go raibh imeacht Mháire an-dian ar fad ar Eibhlín.⁴⁷

Ba chuid de phobal na n-ógánach iad na cuairteoirí fad a bhí siad ar an Oileán agus ghoill a n-imeacht ag deireadh an tsamhraidh gach bliain orthu siúd a bhí fágtha ann, chomh géar is dá mba Oileánaigh ó dhúchas iad. Bhí Eibhlín an-cheanúil ar Sheirse Mac Tomáis agus nuair a d'fhágadh sé ag deireadh gach samhraidh bhíodh an-bhrón uirthi ina dhiaidh.

Tá Seirse imithe uainn inniú agus tá saghas uaignis orainn 'na dhiaidh agus tá beirt eile dos na cailíní imithe uainn, leis, agus tá uaigneas maith orainn 'na ndiaidh sin, mar ná fuil ach fíorbheagán ann anois acu, agus is dócha gur ghearr a bheidh an méid sin féin ann acu.⁴⁸

Tá an t-uaigneas le brath go láidir nuair a deir sí go bhfuil sí in éad leo siúd a bhí thall i Meiriceá, ach díreach cosúil le Peig Sayers, úsáideann sí leithscéal a tuismitheora mar chúis fhanachta. Ina cás-sa, áfach, ba é a hathair a bheadh fágtha ina aonar dá n-imeodh sí. I ndáiríre níor theastaigh uaithi dul sall ach ba ar a caothúlacht féin a luaigh sí a hathair anseo.

Is mór é m'fhormad leo mar ní gá dóibh fanacht insan ártach báite in aon chor, agus ní mar sin domsa – caithfead fanacht ann go ceann tamaill eile, ach go háirithe, mar nár mhaith liom m'athair a dh'fhágaint ina aonar toisc ná fuil aon duine aige ach mé féin.⁴⁹

Díríonn sí ar an taobh diúltach den imirce arís nuair a luann sí gur cuireadh buachaill ón gCom, ceantar ar an míntír, abhaile toisc ceal scolaíochta agus Béarla a bheith air.

Tá sé tagthaithe thiar insa Chom arís, agus is dócha gurb ann a chaillfear anois é, mar más ceal scolaíochta do tháinig leis ní ligfear leis sall go deo.⁵⁰

Ba ar an nóta diúltach sin a cuireadh deireadh le Cín Lae Eibhlín Ní Shúilleabháin.

Fear eile nár theastaigh uaidh an fharraige a thrasnú ab ea Mícheal Ó Gaoithín, mac Pheig Sayers. Ní raibh uaidh riamh ach an tOileán agus an seansaol ann, mar is léir óna shaothar, *Is Truagh ná Fanann an Óige*. Dar lena mháthair ní raibh fonn air imeacht, ach ní raibh tada le déanamh aige ar an Oileán. Bhí a dheartháireacha agus a dheirfiúracha imithe sall cheana féin, agus bhí sé chomh maith dó iad a leanúint. Scríobhadh sé i gcónaí faoin taobh dorcha dubhach den imirce agus is dócha go bhfuil a chuid mothúcháin féin i leith na himirce le brath san insint a thugann sé ar imeacht a dheirféar, Cáit.⁵¹ Díreach cosúil le hEibhlín Ní Shúilleabháin, leag Mícheál Ó Gaoithín béim ar an uaigneas a bhí air féin agus ar dhaoine eile ar an Oileán i ndiaidh do dhaoine óga dul sall. Deir sé go raibh an-chumha air nuair a d'imigh a dheartháir, Pádraig, ar ais go Meiriceá tar éis dó cuairt a thabhairt ar an mbaile, go mór mór os rud é gur thóg sé a ndeirfiúr Eibhlín sall leis, ina theannta. Agus é ag labhairt le Pádraig ar lá a imeachta le hEibhlín, deir sé:

'Mhuise, a dheartháir mo chroidhe,' arsa mise, 'is mó olcas dom-sa tú theacht go hÉirinn ná maitheas, mar tá oiread uaignis orm i láthair na huair seo agus do mharbhóchadh an fear is treise dá bhfuil ar an Oileán.'⁵²

Ina theannta sin, deir se nár theastaigh ó roinnt mhaith de mhuintir óg an Bhlascaoid an tOileán a fhágáil, ina gcroíthe istigh, ach nach raibh aon ní le déanamh acu sa bhaile agus mar sin, bhailigh siad leo sall go dubhach. Faoina dheartháir, Muiris, deir sé :

Ní raibh aon fhonn ar Mhuiris dul go hAimeiriocá ach oiread is a bhí ar a dheirbhsiúr Cáit, ach cad a bhí le déanamh annso aige. Bhí sé beo bocht ann agus gan faic de bharr a shaoghail aige.⁵³

Nuair a fuair sé seans imeachta é féin tháinig mearbhall air faoi cad ba chóir dó déanamh. Chuir a dheartháir Pádraig an costas anall chuige, ach chruthaigh sin fadhb do Mhícheál. Ba é an duine deireanach den teaghlach é a raibh cónaí air ar an mBlascaod agus toisc go raibh a athair ar shlí na firinne le fada roimhe sin, bheadh a mháthair fágtha ina haonar ar an Oileán dá n-imeodh seisean. Bheadh sé an-dian air scarúint óna mháthair dá bharr.

Connus imtheóchainn uaithe agus í fhágaint ansan, b'shin í an fhadhb. Beart in aghaidh Dé dhom ab eadh é, gan dabht, í fhágaint ina haonar ar an Oileán agus gan aoinne chun féachaint ina diaidh.⁵⁴

Thuig sé, áfach, go raibh air dul sall go Meiriceá toisc nach raibh aon ní ar an Oileán aige le déanamh. Bhí tionscal an éisc, príomhthionscal an Bhlascaoid Mhóir, titithe i léig, agus gan mórán cuideachta óige ar an Oileán faoin am sin. Bhí sé deacair ar dhaoine a saol a chaitheamh ar an gcaolchuid, iad beo bocht de shíor. Chuige sin, bheartaigh Mícheál ar dhul sall ar feadh tréimhse, go dtí go raibh carn mór airgid i

dtaisce aige agus ansin go dtiocfadh sé abhaile chun an chuid eile dá shaol a chaitheamh go suaimhneach ar an mBlascaod lena mháthair. Ba le croí trom agus go han-chorraithe a d'fhág sé an tOileán Tiar, áfach. Cé go raibh a fhios aige go raibh sé de dhualgas air dul, chun a mháthair a chothú in Éirinn, bhí an scarúint an-dian air fós. Ghlac sé le comhairle a mháthar, a thug sólas dó agus chuaigh sé sall. Ba é a dúirt Peig leis, agus é ar tí imeacht ná:

Ná feiceann tú go bhfuil gach aoinne ag teiceadh as a fhéadann é. Beir i measc do dhearbhráthaireacha féin pé saoghal atá i ndán duit. Ní beag duit a mbeidh fén aindheise annso.⁵⁵

Ní rófhada a bhí sé thall nuair a bhuaill fonn fillte é. Ní raibh an t-ádh leis maidir le post a fháil, agus bhí sé in ísle bhrí dá bharr. Bhíodh náire air ag teacht abhaile lá i ndiaidh lae gan aon phost faighte aige. Dar ndóigh, níor éirigh leis a phlean a chur i gcrích thall, mar atá, filleadh ar an mBlascaod lena shaibhreas déanta aige. Ina ionad sin, níor lig sé faic air thall, go dtí gur bhailigh sé luach a thicéid abhaile agus chuir sé a chuid socruithe taistil in eagar, gan focal a rá le héinne thall go dtí go raibh sé ar tí filleadh. Bhí a dheirfiúr, Cáit, agus a dheartháireacha thall ar buile leis gur chaith sé a sheans amú. D'fhill sé ar an mBlascaod agus b'shin deireadh le Meiriceá agus leis an imirce dó. Chaith sé an chuid eile dá shaol faoi dhíon a mháthar ar an mBlascaod go dtí gur bhog an bheirt acu amach go Baile Bhiocáire sa bhliain 1942. Níor phós sé riamh.

Is é Cole Moreton a insíonn go scaoilte scéal imirceora eile, Peaidí Ó Cearnaigh, mac le Seán Team Ó Cearnaigh, agus deartháir le Mícheál Ó Cearnaigh, iad beirt atá luaite sa tráchtas seo. Cé go raibh tréimhsí caite ag Peaidí i Sasana agus é ag obair

mar spailpín feirme i rith ráithe an tsamhraidh, níor theastaigh uaidh riamh ceantar an Bhlascaoid a fhágáil go fadtréimhseach. Ba mhór aige an lá a d'fhilleadh sé ar an mBlascaod ag deireadh an tsamhraidh. Nuair a fuair a dheartháir, Séainín, bás ar an Oileán sa bhliain 1947, briseadh ceangail Pheaidí leis an Oileán. Ní raibh an maoithneas céanna air is a bhí ar leithéidí Eibhlín Ní Shúilleabháin nó Mhíchíl Uí Ghaoithín. Chonaic sé deacrachtaí shaol an Bhlascaoid trí thinneas a dhearthár, rud nár theastaigh uaidh a fheiceáil arís choíche, ach fós, bhí sé sa bhaile ar an mBlascaod. Ní raibh a mhalairt de bhaile ar eolas aige agus mar sin, nuair a tháinig litir chuige, i Mí Márta na bliana 1948 lena chostas taistil inti, ní raibh sé réidh aghaidh a thabhairt ar shaol nua i gCathair Springfield. Bhí sé ar a sháimhín so ar an Oileán lena athair, ag dul go dtí an cnoc chun an mhóin a thabhairt abhaile nó dul amach ar an bhfarraige le criú naomhóige ag iascaireacht. Bhí a fhios aige féin agus ag a athair go mbeadh sé dian ar Pheaidí a oileán dúchais a thréigean le dul sall ach bhí a fhios acu beirt, chomh maith, go raibh gá lena imeacht. Ní raibh todhchaí i ndán dó ar an Oileán Tiar. Bhailigh sé leis sall agus de réir dealraimh níor fhill sé ar an mBlascaod riamh. Bhí sé le fanacht lena uncail, Muiris, thall. Tá cur síos gléineach, soiléir, truamhéalach déanta ag Moreton ar imeachtaí dóchúla an lae sin a d'fhág Peaidí an tOileán agus ar an mbriseadh croí a d'fhulaing an t-athair i lár an Daingin an lá sin a d'fhág sé slán deireanach lena mhac óg nach bhfeicfeadh sé arís choíche ar an saol seo. Bhí mac eile curtha aige cúpla mí roimhe sin agus bhí mac eile imithe uaidh trasna na farraige cheana féin. Déanann Moreton cur síos ar thuras dóchúil Pheaidí ón mBlascaod go Cóbh agus as sin sall go Meiriceá. Ní féidir a rá le cinnteacht cérbh iad sonraí a thurais, áfach, ach is féidir dul sa seans agus a rá gur lean sé i gcoiscéimeanna na mílte eile a d'fhág Ciarraí le linn an ama sin, agus go raibh ar Pheaidí Ó Cearnaigh dul tríd na próisis chéanna le gach éinne eile acu i gCóbh agus nuair a chuaigh sé i dtír

i Meiriceá. Seacht mí i ndiaidh dó Springfield a bhaint amach, chuaigh Peaidí san arm agus cuireadh go Georgia é, áit ar chaith sé dhá bhliain. Seachas an tréimhse ghairid sin, chaith sé an cuid eile dá shaol i Springfield, é ag obair don ‘Bay State Gas Company’ i dteannta a dheartháireacha, Billy agus Team, go dtí go ndeachaigh sé amach ar an bpinsean sa bhliain 1986. Níor phós sé riamh agus, de réir dealraimh, níor shocraigh sé síos ann chomh maith is a shocraigh a dheartháireacha. Níor chuir sé fréamhacha síos ann riamh. Theastaigh uaidh filleadh ar Iarthair Chiarraí i gcónaí agus bhí sé i gceist aige teacht anall agus cur faoi lena dheirfiúr Céit, ar an Muiríoch. D’éirigh sé tinn, áfach, agus chuir sé sin deireadh lena bhrionglóid. Ag deireadh a shaoil, bhí sé fágtha faoi chúram na n-altraí in Oispidéal an Arcadia, gan cara nó gaol ag faire amach dó. Is truamhéalach an íomhá a chuireann Moreton os comhair an léitheora ag deireadh an leabhair *Hungry for Home: Leaving the Blaskets: A Journey from the Edge of Ireland*, d’imirceoir Bhlascaodach nár theastaigh uaidh riamh a bheith ann. Ba dhólásach, ghruama an áit inar bhuaile Cole Moreton le Peaidí Ó Cearnaigh, an áit a mbeadh sé go deireadh a shaoil.

The Arcadia hospital is a profoundly sad place. Patients lie motionless on the lawns, strapped into their beds under the sun or the shade of trees. The six-storey concrete box resembles the Fisk factory, and inside the heat is so thick that one can hardly walk through it. Old men and women in their nightclothes line the nicotine-yellow corridors, waiting for an angel to disturb the still air. Some rock back and forth, back and forth, others stare.⁵⁶

D’fhéadfaí a rá gur éirigh le Peaidí Ó Cearnaigh thall sa chaoi go bhfuair sé fostaíocht bhuan a d’íoc tuarastal réasúnta, ach is léir óna chuntas saoil nár éirigh leis saol taitneamhach, sásúil a chruthú dó féin thall. Fiú nuair a chuaigh sé amach ar a

phinsean sa bhliain 1986, tar éis dó beagnach daichead bliain a chaitheamh thall, shantaigh sé filleadh go buan ar a cheantar dúchais.

Níor éirigh le héinne den triúr atá luaite anseo thuas, mar atá, Mícheál Ó Gaoithín, Eibhlín Ní Shúilleabháin agus Peaidí Ó Cearnaigh socrú síos i gceart i Meiriceá. Níor éirigh le héinne acu a gcuid maoithneachais i leith a mbaile dúchais a chur díobh, rud a bhí riachtanach le saol nua a chruthú thall. Níor phós éinne acu riamh, agus is cosúil nár chuir siad fréamhacha síos ar chor ar bith – b'fhéidir nár theastaigh uathu iad a chur. Tháinig Mícheál Ó Gaoithín abhaile, gan ach seal an-ghairid a chaitheamh thall. Fuair Eibhlín Ní Shúilleabháin bás go hóg thall, agus ag deireadh a shaoil, bhí Peaidí Ó Cearnaigh fágtha in Oispidéal an Arcadia gan éinne dá mhuintir dá chun aire a thabhairt dó. I gcodarsnacht ghlan leis sin, bhí saol den scoth ag cuid dá ngaolta a d'imigh sall rompu agus ina ndiaidh le dearcadh difriúil acu i leith Meiriceá agus na himirce. D'éirigh go geal le Mícheál Ó Cearnaigh agus Eibhlín Ní Chearnaigh, gan ach beirt a lua, sna Stáit Aontaithe idir shaol oibre agus shaol sóisialta, toisc gur thuig siad tábhacht agus riachtanas na himirce. Chuir siad aon mhaoithneachas a bhí ina gcróithe i leith an Bhlascaoid go leataobh agus bhreathnaigh siad ar an imirce mar dheis chun saol níos fearr a chruthú dóibh féin. Fuarthas fostaíocht dóibh nuair a bhain siad Springfield amach agus shocraigh siad síos i measc an phobail nua go tapaidh agus bhaineadar taitneamh as slí nua maireachtála a bhí níos bríomhaire ná mar a bhí saol an Oileáin le fada an lá. Phósadar araon imirceoirí Éireannacha eile. Thóg siad a gclanna ann agus d'fhéach siad chuige go ndearna siadsan dul chun cinn sa saol.

Ní amháin go mbíodh an imirce dian ar na daoine óga a d'imigh sall agus ar a gcomrádaithe óga chomh maith, a bhíodh ag tnúth go mór le dul ina ndiaidh, bhíodh an scarúint dian ar na seandaoine, chomh maith, dar ndóigh. Thuig siadsan gurbh iad na daoine óga todhchaí agus croí an Oileáin. Lena n-imeacht ón Oileán fograíodh deireadh le saol an Bhlascaoid. Caithfidh go raibh cuid acu buartha faoina seanaois féin agus cé a bheadh fágtha istigh chun aire a thabhairt dóibh, nó an mbeadh orthu bogadh amach go dtí an mhintír. Is cinnte go mbeidís uaigneach i gcaitheamh an gheimhridh chrua gan na daoine óga ag teacht isteach chucu.⁵⁷ Bhí dearcadh ábhairín diúltach ag roinnt mhaith de na seandaoine ar an Oileán i leith na himirce agus saol Mheiriceá i gcoitinne, go mór mór na daoine nár chaith seal thall riamh. Ní raibh taithí dá gcuid féin acu ar an saol thall, ach amháin na tuairiscí a bhí cloiste acu faoi 'Thír an Allais' thall, agus na daoine a chonaic siad a d'fhill ar an Oileán, a sláinte tar éis teip orthu.

Ina measc siúd bhí Tomás Ó Criomhthain, fear a chaith a shaol ar fad ar an mBlascaod agus nach raibh mórán measa aige ar shaol Mheiriceá. Ní bhfuair sé aon rud go heasca riamh ar an Oileán ach ba ann a bhí a bhaile agus bhí sé sásta a dhóthain ann. Níor chleacht sé a mhalairt de shaol riamh agus ní raibh aon suim aige é a thriail ach an oiread. Ba é an t-aon duine de scríbhneoirí móra an Bhlascaoid nár leag béim faoi leith ar dheacrachtaí agus ar mhíbhuntaistí shaol an Oileáin, ach nuair a d'imigh gach éinne dá dheartháireacha agus dá dheirfiúracha, admhaíonn sé go raibh an-uaigneas air ina ndiaidh. Ghoill imeacht Pheidí go géar air, ach go háirithe. Bhí sé fágtha ar an Oileán ar nós Oisín i ndiaidh na Féinne.

Má bhíos im pheata tamall do bhí caoi agam air, me tamall ar ghlúin gach nduine acu so, ach féach gur gairid do bhí an ruaig á chur ó chéile orainn. An sult, an greann, an caitheamh aimsire do bhíodh ar siúl againn roim bia, am bídh, tar éis bídh, anois gan faic ach glór na caillí bhéal doiris agus sámsaireacht Thomáis Mhaoil.⁵⁸

Is beag meas a bhí aige ar shaol Mheiriceá. Chonaic sé an drochstad a bhí ar chuid de na daoine a d'fhill ó thír an allais, agus an t-athrú meoin a bhí tagtha orthu. D'fhás bearna idir cuid den lucht fillte agus a seanchomrádaithe ar an Oileán. Ní raibh meas madra ag Tomás orthu siúd a tháinig abhaile le béasa ardnósacha agus éadaí galánta Meiriceánacha nár oir do shaol an Bhlascaoid. Dar leis, bhí siadsan tar éis a n-oidhreacht a dhíol thall agus ní fhéadfadh sé aon mheas a bheith aige orthu a thuilleadh. Chruthaigh na daoine sin an bhearna a bhí eatarthu féin agus na hOileánaigh, d'aon ghnó.

Duine mar sin ab ea Máire Thomáis Mhaoil, 'iníon na caillí bhéal doiris'. Is léir nár aithin na Blascaodaigh í nuair a bhí sí ag teacht isteach i naomhóg ó Dhún Chaoin. Bhí iontas ar Tomás nuair a thuig sé gurbh í a sheanchomharsa a bhí inti.

Ach cé a bheadh ann ach iníon na caillí agus mara raibh déanamh suas uirthi níor lá fós é!⁵⁹

'Bean uasal' a ghlaoigh sé uirthi ag cur in iúl go raibh éadaí agus stíl an-difriúil aici ná mar a bhí ag mná eile an Oileáin. Bhí sí ag iarraidh a stíl nua agus a saibhreas a thaispeáint ionas go dtuigfeadh a raibh bailithe timpeall uirthi, is ag croth láimh léi, cé chomh maith is a bhí an saol aici thall, gur tháinig sí ó sheanbhothán ar oileán mara, ach go raibh sí ina bean uasal anois. Más é sin an plean a bhí aici, níor éirigh léi an

dallmhullóg a chur ar Thomás, áfach. Labhrann sé go dímheasúil faoina cuid éadaigh ghalánta agus an blas a bhí ar a cuid cainte.

Bhí háta ornáideach uirthi agus cúpla cleite cocálta in airde as, slabhra buí óir sofhisceanta ón dtaobh amuigh dá cuid éadaigh, scáth gréine ina láimh, tuin ar a teangain piocu ina Ghaelainn nó ina Bhéarla an chaint.⁶⁰

Bhí seacht mbliana caite thall aici agus, dar le Tomás Ó Criomhthain, ba léir gach noiméad de ar a haghaidh. Nochtann sé a thuairim i leith Meiriceá nuair a thugann sé ‘tír an allais’ air. Théadh mná óga amach le sláinte an oileáin agus sciamh na hóige ar a n-aghaidheanna, ach nuair a d’fhillidís, bhíodh dearadh na crua-oibre brúite orthu. Faoin mbean áirithe seo, deir sé:

Níorbh fhios cérbh é searrach na deighlárach, dar ndóigh, ní raibh istigh iontu ach an deilbh. Níor mhór an tsruith riamh í, agus tar éis di seacht mbliana do thabhairt i dtír an allais ba mhíchrotúla ná san í.⁶¹

Is léir nach raibh mórán measa aige ar an gcaoi inar athraigh sí nuair a d’imigh sí sall agus gur lú meas fós a bhí aige ar an áit ar chaith sí a cuid ama. I ndiaidh a cuid ardnósachais, ní raibh i ndán di, de réir dealraimh, ach cleamhnas. An Inid i ndiaidh di teacht abhaile rinne a hathair cleamhnas di le feirmeoir dealbh ón míntír. Tar éis méid an óir a thug sí abhaile léi, níor thug a hathair don fheirmeoir ach méid beag de. B’shin a bhí de cheart aige lorg, mar b’shin a bheadh sé in ann a sholáthar di ar feadh a saoil amach.

Léiríonn an Criomhthanach a bharúil i leith Mheiriceá agus ar an gcineál saoil a chleachtaí ann nuair a d'fhill a dheartháir, Peaidí, ar an mBlascaod ó Mheiriceá don chéad uair. Tháinig sé abhaile chun a bheirt mhac a bhailiú agus iad a thabhairt anonn leis. An uair sin ní raibh sé i gceist aige ach tamall a thabhairt ar an Oileán Tiar. Ní raibh aon tuairim ag a raibh sa tigh go raibh sé ag teacht. Bhí droch-chuma air, gan á gcaitheamh aige ach seanghiobail éadaigh. Is cinnte go raibh codarsnacht ghlan idir eisean agus Máire Thomáis Mhaoil a tháinig abhaile lena slabhraí óir agus a cuid éadaigh ghalánta. Mar a deir an Criomhthanach faoi:

Gan air an t-éadach, gan san féin rómhaith air. Is dócha gur duine eile do shín a lámh leis sin féin chuige.⁶²

D'imigh sé sall arís gan mhoill agus an bheirt ghasúr leis. An uair sin chaith sé seacht mbliana thall. Dar leis an gCriomhthanach, ní raibh sé díomhaoin lá den tréimhse sin, ach de réir cosúlachta, d'ól sé ar thuill sé, sa tslí is go raibh sé fágtha ar an ngannchuid arís, i ndiaidh a dheich mbliana thall. Ba mheasa a chuma an dara huair a d'fhill sé:

“Sea, ar fhiscint an dearthár dom, tar éis teacht dó, ní raibh aon imeacht fé, pé duine do chaithfeadh tuairim leis, ná gur sa coillte do chaith sé a sheacht mbliana. Ní raibh éadach air; ní raibh cló ar a phearsain féin; ní raibh pingin rua ina phóca; agus is beirt deirféar do, do bhí thall, do chuir anall é ar a gcostas féin.⁶³

Dar le Tomás, ba é an saol crua thall ba chúis le droch-chuma Pheáidí anois. Níor smaoinigh sé gurbh é tionchar na ragairne a bhí le sonrú ar a aghaidh agus ar a chorp. Níor admhaigh sé go raibh fadhb óil aige agus seans nár thuig sé fadhb Pheáidí i gceart. Bhí leithscéal breá cumtha ag Peáidí ag míniú a bhochtanaís, áfach. Dúirt sé

gur chaith sé go fial leis na gasúir agus nár cheadaigh sé dóibh dul amach ag obair. Is léir gurbh fhear an-bhródúil ab ea Peaidí, fiú nuair nach raibh ach sin féin aige, agus níor theastaigh uaidh a rá gur chlis air thall. Ina theannta sin, ámh, léiríonn sé soineantacht na n-Oileánach i leith cúrsaí an tsaoil taobh amuigh den Oileán. Chreid Tomás sceál a dhearthár, cé nach raibh sé inchreidte don léitheoir. Thóg sé de réir a fhocail é agus b'shin deireadh an scéil dó é. Is léir go raibh Peaidí an-tugtha don ól ach mheas Tomás gur beag an méid airgid a bheadh le caitheamh aige ar an ól tar éis dó na billí don triúr acu a íoc. Molann Tomás a ndearna Peaidí thall dá mhic.⁶⁴ Ní raibh ansin ach peirspeictíocht an Oileánaigh, áfach. De réir dealraimh, tuairisc nó pingin ní bhfuair Peaidí óna mhic ón uair a tháinig sé anall. Cáineann Ó Criomhthain na buachaillí as ucht na faillí sin ar a n-athair.⁶⁵

Bhí athrú meoin tagtha ar Pheaidí i leith an Oileáin nuair a tháinig sé abhaile don dara huair sin. Is dócha go raibh náire air filleadh ar an mBlascaod an uair sin mar ní dheachaigh sé díreach abhaile ón Daingean. Deir Ó Criomhthain linn gur chaith sé seal 'ag máinneáil leis ó áit go hait'⁶⁶ sular tháinig sé isteach arís. Thuig Tomás go raibh a chuid deacrachtaí féin ag Peaidí ach ní raibh sé sásta é a ligean uaidh arís, ach fáiltiú roimhe isteach ina theaghlach féin. Mar a dúirt sé, '...cá bhfuil an saoi gan a locht féin?'⁶⁷ Mhaith sé a lochtanna agus chuaigh sé i mbun oibre leis. Bhí ciall cheannaithe ag Peaidí faoin am sin, agus níor ól sé braon ó d'fhill sé. Thuig sé an dáinséar a bhain le halcól agus an fharraige a chur le chéile agus nuair a thugadh foirne na mbád ornáideach a ndíoladh Tomás agus Peaidí éisc leo agus iad ar an bhfarraige, nuair a thugaidís siúd deochanna dóibh tar éis dóibh an margadh a dhéanamh, ní óladh Peaidí a rian. Nuair a thug bádóir amháin deoch láidir dóibh, dúirt Peaidí le Tomás gan é a ól go dtí go raibh siad ar thalamh thirim arís.⁶⁸ B'oibrí

den scoth é Peaidí an uair sin agus bhí an-dúil san airgead aige. Is dócha go raibh a dhóthain ama caite aige ar an trá fholamh thall. Mar a dúirt Peaidí féin:

‘Nach mór an náire d’éinne bheith ag dul abhaile oíche chiúin chalma ná fuil fada ná fuar,’ arsa Peaidí liom féin, ‘ agus ór le fáil i bpotáí?’ ar seisean. ‘Ach, dá mbeadh na daoine insan áit seo tamall mar a rabhas-sa, do bheadh eolas a thuilleadh acu,’ arsa Peaidí.⁶⁹

Agus iad ar an bhfarraige lá, tugadh cuireadh do Thomás agus do Pheaidí teacht ar bord loinge agus fad a bhí siad ag ithe béile breá i dteannta na bhfear uasal, tháinig náire ar Thomás toisc na héadaí a bhí á gcaitheamh aige a bheith salach. Bhí sé ábhairín míchompordach ina gcomhluadar dá dheasca. Ní amhlaidh a bhí a dheartháir, áfach. Is léir go raibh taithí áirithe aige ar a bheith míshlachtmhar agus ag lorg deirce ó dhaoine.

Bhí sórt náire ormsa a bheith salach brocach ina leithéid d’áit, ach níor chuir an fear eile aon tsuim ann ach a bholg a líonadh. An méid scáinteacht agus náire do bhí ag baint leis i dtuais a shaoil d’fhág sé ina dhiaidh insa tíortha iascachta iad, agus dúirt sé liomsa leis, dá mbeadh tamall agam féin as baile, gur chuma liom cá mbuailfeadh bia liom chuinn é a chaitheamh.⁷⁰

Bhí saol Mheiriceá tar éis dul i bhfeidhm go smior ar Peaidí. *An Yank* a ghlaonn Tomás air, tar éis dó filleadh. Bhí cuid de sheanthraidisiúin an Oileáin caite go leataobh aige. Níor chreid sé sna síoga nó sna piseoga a thuilleadh, neamhchosúil le muintir an Bhlascaoid nár chorraigh amach riamh. Mar a dúirt an tOileánach, ‘...iad so do théann insa tíortha thar lear ná cuirid suim in aon rud, beo nó marbh.’⁷¹

Do roinnt mhaith daoine ar an mBlascaod nár fhág riamh é, Tomás Ó Criomhthain ina measc, ní hamháin gurbh é Meiriceá ‘Tír an Allais’ ach ba ‘Tír an Diabhail’ í, chomh maith. Mar a dúirt Oileánach amháin, ‘Pé áit a bhfuil an diabhal ina chónaí, tá sé de shíor sna Stáit.’⁷² Ba é sin tuairim na seandaoine, ach go háirithe, agus go minic, tuairim na dtuismitheoirí ar an Oileán Tiar a d’fhág slán lena gclann ar fad agus iad ag dul sall. Tá litríocht an Bhlascaoid breac le tuairiscí faoi thuismitheoirí a bhí fágtha ar an Oileán ina n-aonar agus iad ag druidim leis an tseanaois. Deir Tomás Ó Criomhthain go mbíodh ‘an chailleach bhéal doiris ina suí ana-mhoch gach maidean’ ó d’fhág an t-aon iníon a bhí aici gan súil aici go gcasfadh sí arís go deo uirthi.⁷³ Go gairid i ndiaidh do Pheig Sayers dul isteach chun cónaithe ar an Oileán, cuireadh an teaghlach trí na céile nuair a d’fhógair beirt de dheirfiúracha a céile go raibh siadsan le himeacht. Tháinig a lá féin go ndeachaigh a teaghlach féin uaithi, dá fágaint ina haonar. Bhí ar Mhéiní Chéitinn an chros chéanna a iompar nuair a d’imigh a hiníon uaithi ar dtús agus a mac ina diaidh. Thart ar an mbliain 1926 a d’imigh Máire, iníon Mhéiní, go Springfield, agus cé go raibh sí an-uaigneach ina diaidh thuig sí, ó bhí Máire an-óg, go raibh an imirce i ndán di. Ní raibh aon ealú uaithi ar an Oileán beag mara. I ndiaidh di dul, mhínigh sí do Mhícheál Ó Gaoithín conas a chuaigh imeacht a hiníne i bhfeidhm uirthi, nuair a dúirt sí, ‘that was the first time that the island became dark around me.’⁷⁴ Gheall Máire go bhfillfeadh sí gach ceathrú bliain, áfach, agus thug sé sin ardú meanman do Mhéiní. Chomhlíonaigh Máire a geallúint chomh fada agus ab’fhéidir léi. D’imigh Séamus, mac Mhéiní, sall chomh maith, ach ní go Springfield. Ní bhfuair sé mórán scolaíochta riamh agus bhí a fhios aige nach mbainfeadh sé amach caighdeán an oideachais a bhí ag teastáil le dul isteach sna Stáit Aontaithe. Dá bharr sin, bheartaigh sé ar dhul go Ceanada, áit a

raibh caighdeán an oideachais a bhí de dhíth ar inimirceoirí níos ísle ná mar a bhí sna Stáit Aontaithe. Ní raibh mórán Éireannach i gCeanada an tráth úd, agus go deimhin ní raibh pobal Blascaodach ann. Níor shocraigh Séamus síos i gCeanada agus d'fhill sé ar an mBlascaod go gairid i ndiaidh dá athair bás a fháil. D'fhan seisean istigh cé go raibh a mháthair tar éis bogadh amach.⁷⁵ Ba thréimhse an-dubhach do Mhéiní é nuair a bhí a bheirt clainne imithe sall uaithi. Bhí a fear céile i ndrochshláinte faoin am sin, agus bhí a mhac agus a bhean chéilese sa tigh léi, chomh maith, ach ní raibh aon duine dá clann féin ann.

Is minic a bhí tuismitheoirí an Oileáin fágtha ina n-aonar ag deireadh a saoil, ag tnúth is ag guí go bhfillfeadh duine den chlann, ar saoire fiú amháin, ach ina gcroíthe istigh thuig siad gur beag seans a bhí ann go bhfillfeadh aon duine dá gclann. Bhreathnaídis amach trasna na farraige go Dún Chaoin ag súil go bhfeicfidís duine amháin sa bhreis i naomhóg ag déanamh ar an gcaladh agus go mba mac nó iníon acu siúd an duine breise sin a bhí tagtha abhaile chun an chuid eile dá shaol nó dá saol a chaitheamh leo ar an mBlascaod. Bhreathnaídis amach siar, i dtreo Mheiriceá, agus ghuídís go raibh dul sa saol ag a gclann thall. Tugann Eibhlís Ní Shúilleabháin cuntas brónach, truamhéalach faoi sheanbhean amháin ón mBlascaod a bhí fágtha sa chás sin, ina haonar ina seanaois:

...her children are all in America only one son that's a man here but not in her house. Imagine her sitting in the corner alone thinking and looking at her empty house [in] which her grand-children should be playing and she knows that she will never see her dear ones again... Nothing will take her out of this place now but her coffin and alas she is buried alive already with rather a long time.⁷⁶

Cé go raibh uaigneas an domhain ar na tuismitheoirí i ndiaidh dá gclanna dul sall, dar le Seán Ó Criomhthain, bhí dóchas éigin acu go raibh saol níos fearr á chleachtadh acu thall, agus go raibh siad slán ón bhfarraige. Thuig siad, dar leis, go raibh gá lena n-imeacht, go raibh an saol athruithe agus nach raibh tada sa bhaile dóibh. Cé go raibh Peig Sayers croíbhriste nuair a d'imigh Pádraig, a mac, uaithi sall go Meiriceá, bhí dóchas áirithe ina croí aici. Bhí sí tar éis cúigear clainne a chur faoin am a d'fhógair Pádraig go raibh sé le himeacht agus ní raibh ach tréimhse ghairid ó cailleadh Tomás. Mar sin, do Pheig, ní raibh an imirce chomh dona is a mheas sí tráth dá saol nuair a bhí a clann óg agus nuair a smaoiníodh sí orthu ag imeacht uaithi sall. Bhí a fhios aici go mbeadh sí an-uaigneach i ndiaidh Phádraig agus gach duine eile acu a d'imeodh, ach fós níor chosúil an imirce leis an mbás di a thuilleadh. Bhí Pádraig beo, sábháilte agus ag déanamh dó féin thall agus bhí sí sásta go raibh ag éirí leis ann agus go raibh sé slán ón bhfarraige agus ó aillte an Bhlascaoid.

Tuismitheoir a thuig riachtanas na himirce go rímhaith ab ea Seán Team Ó Cearnaigh. Thuig sé réalachas scéal an Oileáin agus réalachas shaol Mheiriceá, chomh maith, mar bhí taithí aige féin orthu araon. Bhí a fhios aige go bhféadfaí dul chun cinn maith a dhéanamh sa saol sin dá n-oibreofaí go dian. Bhí a fhios aige, ina theannta sin, go raibh gá lena mhic agus lena iníonacha a slí féin a dhéanamh sa saol. Oíche shocraid a dhearthár, d'inis Mícheál Ó Cearnaigh dá athair go raibh sé ag smaoiníocht ar dhul sall. Déanann Cole Moreton cur síos cruinn corraitheach ar an noiméad gairid sin a mhair i bhfad idir athair agus mac. Briseann an t-athair an tost fada le ráiteas simplí, sothuigthe, tochtach:

“Mícheál,” he says so quietly that his voice can hardly be heard. “My own son. I always thought that you would do the right thing.”⁷⁷

Ba é réalachas sceál an Bhlascaoid ná go raibh an saol tar éis bogadh ar aghaidh. Saol meánaoiseach a chleacht muintir an Oileáin Tiar i gcónaí. Níor athraigh siad a slite maireachtála nó feirmeoireachta mórán ó chuaigh an chéad dream isteach roimh an drochshaol. An t-aon athrú a rinne siad ar a slite iascaireachta ná bogadh ó na seanbháid mhóra go dtí na noamhóga, agus d’fhéadfaí a rá gur dul ar gcúl in ionad dul chun cinn a bhí i gceist ansin. Bhí míbhuntaiste tíreolaíoch orthu á gceangail sa tseanaois. Bhí siad scoite amach ón míntír agus ó na háiseanna a bhain léi, gan deis acu a slí bheatha a athrú nó mórán forbartha a dhéanamh nuair a theip ar thionscal traidisiúnta an Oileáin.

Ba áit shuaimhneach é an Blascaod, neamhthruaillithe ag trup na cathrach nó trádáil. Bhí Gaeilge bhreá nádúrtha á labhairt ann agus mar sin, bhí an-tarraingt ann do dhaoine a raibh suim acu sa Ghaeilge agus a raibh cónaí orthu i gcathracha móra ar nós Bhaile Átha Cliath nó Cathair Londan. Thaitin an tslí shimplí mhaireachtála go mór leo, i gcodarsnacht le saol na cathrach. Tháinig siad i measc na n-Oileánach agus d’fhoghlaim siad Gaeilge uathu, ach má d’fhoghlaim, d’fhoghlaim muintir óg an Bhlascaoid an-chuid uathu siúd, chomh maith. D’fhoghlaim siad faoin gcineál saoil a bhféadfaidís a bheith acu sna cathracha. Rinne cuid mhaith de na cuairteoirí seo, Bláithín agus Seoirse Mac Tomáis ina measc, a seacht ndícheall saol an Bhlascaoid a chothú le hearraí agus airgead a sheoladh chucu, agus a chaomhnú le tacaíocht agus le comhairle a thairscint nuair a bhí siad istigh ann. Níor éirigh leis an lucht léinn saol an Bhlascaoid a chaomhnú ar feadh i bhfad, áfach.

Faoin am a bhí sruthán na himirce ag sní go láidir, bhí daonra an Oileáin tar éis fás go pointe nach raibh riamh feicthe ar an Oileán. Bhí an iomarca daoine ag brath ar thalamh nach raibh róthorthúil riamh. Bhí an mhóin ag éirí gann cheana féin agus ní raibh an iascaireacht chomh rathúil is a bhíodh, ach an oiread. Ní fhéadfadh gach éinne fanacht ann, bhí gá le himeacht líon áirithe daoine ionas go bhféadfadh an dream eile fanacht ann go ceann tamaill eile. Ba é firinne an scéil ná gurbh fhéidir caighdeán maireachtála i bhfad níos airde a bhaint amach sna Stáit Aontaithe ná mar a bhí ar fáil ar an mBlascaod, agus b'shin a bhí ag teastáil ón dream óg. Bhí a bhfráma tagartha níos leithne anois de bharr na gcuariteoirí, nuachtán domhanda agus na dtuairiscí a tháinig abhaile chucu. Bhí postanna maithe le fáil thall, saor ó bhaol na farraige. Bhí tithe galánta acu thall le huisce reatha agus le leictreachas. Ní bheadh ar na mná dul sa tóir ar uisce chun na héadaí a ní agus ní bheadh orthu olann a sníomh le geansaithe agus stocaí a chniotáil. D'fhéadfaidís iad uilig a cheannach sna siopaí móra. Bhí saol sóisialta iontach acu leis na pictiúrlanna, na hallaí rince agus na cluichí gach Domhnach sna páirceanna imeartha breátha. Ní raibh ar éinne dul amach san fharraige sa tóir ar an sliotar thall. É sin uilig curtha i gcomparáid le saol meánaoiseach an Bhlascaoid, ní haon ionadh gur roghnaigh an dream óg saol Mheiriceá.

Bhíodh deacrachtaí faoi leith ag pobail oileáin i gcónaí agus bíonn fós is dócha, ach mura dtugann an rialtas tacaíocht fhorbartha i bhfoirm gríosaithe chun an dream óg a choimeád ann nó daoine óga nua a mhealladh chun na háite, ní fhéadfaí go leor de na deacrachtaí úd a sharú. Sa chéad leath den fhichiú haois, ní raibh an t-airgead nó an mhian ag rialtas na hÉireann gach a raibh de dhíth a dhéanamh i gcomparáid

leis an lá atá inniú ann nuair a dhéanann an rialtas gach a bhfuil ag teastáil le saol na n-oileán a chaomhnú. Thaitin íomhá na seanÉireann go mór le Taoiseach amháin ach go háirithe um an dtaca sin, Éamon de Valera, agus d'oir saol agus muintir an Bhlascaoid go foirfe don íomhá sin. Níor theastaigh uaidh an saol sin a lot le forbairt nó go mbeadh aon rian den nua-aois air. Pléifear le meon De Valera i leith an Bhlascaoid níos cuimsithí i gCaibidil 6.

Ba iad na heisimirceoirí a chothaigh saol an Bhlascaoid ar feadh i bhfad. Ghealtaí saol nua dóibh siúd a bhí fós ar an mBlascaod Mór nuair a d'imíodh duine muinteartha leo sall go Meiriceá. Bhíodh saol réasúnta maith ag muintir an Oileáin ansin, fad a bhí duine muinteartha leo ag seoladh na *dollars* anall abhaile chucu. Ag tús na haoise seo caite, bhí ag éirí go maith le muintir an Bhlascaoid de bharr na himirce agus na litreacha a sheoltaí abhaile. Mar a dúirt Seán Ó Criomhthain, 'bhí an tOileán Tiar faoi bhláth,' an tráth úd.⁷⁸ Lean na litreacha agus na beartanna ag teacht ar feadh i bhfad, agus an-fháilte rompu ar an Oileán. Ar feadh an taca ar fad a bhí sé i Meiriceá, bhí sé de nós ag Team Ó Cearnaigh, mac le Seán Team Ó Cearnaigh, airgead a sheoladh abhaile chuig a dheirfiúr, Céit, gach bliain i gcomhair Lá 'le Pádraig. Sula bhfuair sé bás i Meiriceá, d'iarr sé ar a bhean chéile an rud céanna a dhéanamh agus lean sí den traidisiún as sin amach. Cé go raibh thart ar leathchéad bliain caite ag Team thall, níor dhearmad sé síntiús a sheoladh abhaile chuig a dheirfiúr ar a laghad uair sa bhliain. De réir an Chriomhthanaigh, chuir tuismitheoirí áirithe ar an Oileán brú ar a gclann mac agus iníonacha airgead a sheoladh abhaile chucu trí litreacha a chur sall chucu ag gearán faoi dhrochstaid an Oileáin agus faoin saol ainnis a bhí acu ann, cé go rabhadar sách compordach faoin am sin.⁷⁹ Leathnaigh an bhearna, an taca sin, idir na daoine a raibh duine muinteartha leo thall agus na

daoine nach raibh. Bhíodh na daoine nach raibh éinne den teaghlach thall in éad leis na daoine a raibh duine díobh thall toisc na litreacha seo a sheoltaí abhaile, ach níorbh fhada go raibh gach éinne sa chás céanna .i. go raibh litreacha ag teacht chucu anall chomh maith. Dar le Seán Sheáin Í Chearnaigh, ba í an imirce an rud ab fhearr a tharla don Bhlascaod Mór agus dá mhuintir toisc an méid airgid a sholáthraigh sí dóibh. Mar a dúirt an Cearnach, ‘Ní bheadh bróg nó stoca ar na daoine mara mbeadh í.’⁸⁰ Dúirt sé go bhfillleadh daoine tar éis dóibh seal a chaitheamh i Meiriceá nó i Sasana agus cuma na ndaoine uaisle orthu. Bhíodh ‘airgead ina bpócaí agus sa bhanc chomh maith’ ag na daoine sin, dar leis.⁸¹ É sin ráite, níor theastaigh uaidh féin dul rófhada ón sean-nead. B’fhearr leis go mór fanacht in Éirinn, fiú más i mBaile Átha Cliath a bhí sé. ‘Ach leis sin, ní maith liom an focal imirce a fheiscint. Cuireann sé ag aiseag mé.’⁸²

B’eiseamláir í Máire Thomáis Mhaoil de bhean óg a d’imigh sall chun saol níos fearr a chruthú dá tuismitheoirí ar an mBlascaod. D’éalaigh sí féin ó bhochtanas an Oileáin, ach ina theannta sin, fad a bhí sí thall, sheoladh sí airgead abhaile chun cruatan a tuismitheoirí a laghdú sa bhaile. D’éirigh léi rudaí saolta a thabhairt dóibh ag deireadh a saoil, ach d’fhág sí a máthair go cráite ina diaidh, mar atá pléite sa chaibidil seo cheana féin.⁸³ Deir Peig Sayers gur chas an saol dian ar a dheartháir, Pádraig, le linn dó a chlann a thógáil. Dhéanadh sé a dhícheall dóibh i gcónaí, ach bhíodh sé de shíor ag streachailt go dtí go ndeachaigh an cailín ba shine den chlann sall. As sin amach ní raibh aon easpa ar an teaghlach. Sholáthraigh sí dóibh uilig ó Mheiriceá agus nuair a bhí an chuid eile díobh in aois chuige, thóg sí anonn chuici iad. Ó lonnigh an cailín sin i Meiriceá, ní fhaca Pádraig lá bocht arís. Tháinig an t-am go raibh Méiní Chéitinn, banaltra an Bhlascaoid, ag brath ar bhronntanais ó

Mheiriceá, cosúil le go leor eile. Bhí sí fós óg a dóthain nuair a cailleadh a fear céile, agus gan í incháilithe don seanphinsean. Ní raibh de theacht isteach aici ach pinsean na mbaintreach um an dtaca sin, agus bheadh sí ar an ngannchuid ar fad murach na hearraí agus an t-airgead a sheoltaí abhaile chuici ó Springfield. A hiníon, don chuid is mó, a sheoladh na hearraí sin chuici.

Nochtann Seán Ó Criomhthain go raibh lánúin amháin in ann an tOileán a fhágáil agus teach a cheannach ar an míntír tar éis dá gclann mac agus iníon dul sall go Meiriceá. Sheolaidís airgead abhaile chuig an tseanlánúin agus iad socraithe thall.⁸⁴ Bhíodh géarghá leis an gcúnamh sin ó Mheiriceá i dteaghlaigh faoi leith, go mór mór i rith an gheimhridh nuair nach mbíodh mórán ag teacht isteach ón iascaireacht nó ó bheith ag tabhairt aire do chuairoteoirí agus mar sin de, mar a insíonn Eibhlís Ní Shúilleabháin i litir dár dáta 18/08/1931:

From this month out their lobster season is ended you know and the people won't earn anything until next April or May for certain. Their little spared money must bring them through all winter now and when they're all big families of course they must do without lots of wanted things sometimes. But God is good and sees everything. Some of them get help from America of course.⁸⁵

I litir eile a sheol sí chuig George Chambers níos déanaí, deir sí gurbh é an plean a bhí aici dá hiníon, Niamh, ná go rachadh sí go Meiriceá, áit a bheadh saol níos fearr aici. Ag druidim ar dheireadh ré an Bhlascaoid, bhraitheadh na teaghlaigh istigh go hiomlán ar ar sheoltaí abhaile ó na Stáit Aontaithe, dar le hEibhlís Ní Shúilleabháin. Gach a raibh acu, fuairadar ó Mheiriceá é – a gcuid éadaí, éadaí leapa, airgead – an uile ní ó Mheiriceá.⁸⁶

Dar ndóigh, bhí na heisimircigh an-tábhachtach do na daoine óga a bhí fágtha ar an mBlascaod Mór mar b'iad a sheoladh an t-airgead abhaile dá ndeartháireacha agus dá ndeirfiúracha ionas go mbeidís in ann an turas amach a dhéanamh chomh maith. Déanfar plé níos doimhne ar an ábhar tábhachtach seo sa chéad chaibidil eile. Bhíodh ógánaigh an Bhlascaoid ag tnúth leis na litreacha agus na beartanna ó Mheiriceá, áfach, fiú amháin nuair nach raibh súil acu go mbeadh a gcostas i gceann acu. Bhíodh na cailíní óga, ach go háirithe, ag faire amach do na rudaí deasa a bhíodh sna beartanna a thagadh ó Springfield .i. gúnaí deasa agus ribíní agus rudaí mar sin. Bhíodh bréagáin sna beartanna um Nollaig do na páistí ach bíodh na daoine fásta ag tnúth leis na *dollars* a bhíodh iontu. Nuair a d'imigh Máire Ní Shúilleabháin sall, bhí a deirfiúr Eibhlín an-chorraithe ina diaidh, mar a insíonn Muiris Ó Súilleabháin. Theastaigh uaithi a bheith cinnte nach ndéanfadh Máire dearmad beart nó dhó a sheoladh chuici, áfach, fad a bhí sí ag fanacht ar a costas féin le dul sall ina diaidh.⁸⁷

Mar sin is léir go raibh tuairimí an-éagsúla ag cuid mhaith de mhuintir an Bhlascaoid i dtaobh na himirce. Níor bhain na tuairimí sin le glúin nó le haois faoi leith ach iad fite fuite ina chéile, i measc na nglúinte ar fad. Mar atá léirithe thuas, is iomaí duine a raibh bárúil láidir acu i leith na himirce agus iad óg ach d'athraigh sé sin, cúpla uair b'fhéidir, i rith a saoil, mar a chonacthas i gcás Pheig Sayers. D'imigh cuid de na daoine sall le fonn, iad ag tnúth leis an saol nua a bhí rompu; d'imigh cuid eile acu faoi bhrón toisc nár theastaigh uathu, i ndáiríre, dul ar chor ar bith; chuir dream eile a gcuid maoithneachais i leataobh agus d'fhéach siad go réalaióch ar an suíomh ina raibh siad – iad beo bocht agus ag streacailt de shíor. D'imigh siadsan toisc go bhfaca siad go raibh an imeacht riachtanach, luath nó mall. Breathnófar sa

chéad chaibidil eile ar conas a d'éirigh leis na Blascaodaigh óga thall sna Stáit
Aontaithe.

Nótaí:

¹ Seán Sheáin Í Chearnaigh, *Iarbhlascaodach ina Dheoraí* (Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, 1978), 93.

² Mícheál Ó Gaoithín, *Beatha Pheig Sayers* (Baile Átha Cliath: Foilseacháin Náisiúnta Tta, 1970), 71.

³ Tomás Ó Criomhthain, *Allagar na hInise*, 2ú eagrán Pádraig Ua Maoileoin (Baile Átha Cliath: An Gúm, 1977), 161.

⁴ Muiris Ó Súilleabháin, *Fiche Blian ag Fás*, 4ú eagrán Pádraig Ó Fiannachta (An Daingean: An Sagart, 1998), 188.

⁵ *ibid*, 187.

⁶ *ibid*, 188.

⁷ Cole Moreton, *Hungry for Home: Leaving the Blaskets: A Journey from the Edge of Ireland* (New York: Viking Penguin, 2000), 88.

⁸ Tomás Ó Criomhthain, *An tOileánach*, eagr. Seán Ó Coileáin (Baile Átha Cliath: Cló Talbóid, 2002), 49.

⁹ *ibid*, 28.

¹⁰ *ibid*, 49.

¹¹ Cole Moreton, *Hungry for Home: Leaving the Blaskets: A Journey from the Edge of Ireland*, 219.

¹² *ibid*, 217.

¹³ Mícheál Ó Gaoithín, *Is Truagh ná Fanann an Óige* (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1953), 67.

¹⁴ Tomás Ó Criomhthain, *Allagar na hInise*, 2ú eagrán Pádraig Ua Maoileoin (Baile Átha Cliath: An Gúm, 1977), 130.

¹⁵ Mícheál Ó Gaoithín, *Is Truagh ná Fanann an Óige*, 67.

¹⁶ Muiris Ó Súilleabháin, *Fiche Blian ag Fás*, 4ú eagrán Pádraig Ó Fiannachta, 174.

¹⁷ *ibid*.

¹⁸ *ibid*.

¹⁹ *ibid*.

²⁰ *ibid*.

²¹ *ibid*, 175.

²² *ibid*.

²³ *Peig: A Scéal Féin*, eagr. Máire Ní Mhainín agus Liam P. Ó Murchú, (An Daingean: An Sagart, 1998), 115.

²⁴ Mícheál Ó Gaoithín, *Beatha Pheig Sayers*, 18.

²⁵ *Peig: A Scéal Féin*, eagr. Máire Ní Mhainín agus Liam P. Ó Murchú, 124.

-
- ²⁶ *ibid.*
- ²⁷ Mícheál Ó Gaoithín, *Beatha Pheig Sayers*, 87-88.
- ²⁸ *ibid.*, 88.
- ²⁹ *ibid.*, 89.
- ³⁰ *ibid.*
- ³¹ *ibid.*
- ³² *Peig: A Scéal Féin*, eag. Máire Ní Mhainín agus Liam P. Ó Murchú, 123.
- ³³ Muiris Ó Súilleabháin, *Fiche Blian ag Fás*, 4ú eagrán Pádraig Ó Fiannachta, 188.
- ³⁴ *ibid.*
- ³⁵ *ibid.*
- ³⁶ *ibid.*
- ³⁷ *ibid.*
- ³⁸ *ibid.*, 188-189.
- ³⁹ *ibid.*, 227.
- ⁴⁰ *Cín Lae Eibhlín Ní Shuilleabháin*, eag. Máiread Ní Loingsigh (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2000), 142.
- ⁴¹ *ibid.*, seo roinnt samplaí den chineál sin scríbhneoireachta:
Bealtaine 23, 1923 – Tá buachaillí ón Daingean ar a laethanta saoire againn le cúpla lá agus bíonn ardsport againn, mar fear seoigh is ea é. 19.
Meitheamh 18, 1923 - ...'sé an t-am a thánamar abhaile aréir ón rince ná leathuair tar éis a haon, agus cad é oíche is ' bhí againn le spórt! Bhí na seanamhná féin agus na seandaoine ann, agus níorbh aon mhaitheas leo a bheith ann, leis, mara raghaidís ag rince. 41.
Iúil 11, 1923 – Do tháinig fear eile stróinséartha isteach chuinn ana-dhéanach aréir in aonacht le fear an phoist...Do bhíomair ina theannta tamall don oíche aréir agus bhí ardchuideachta againn air, mar tá sé ana-phléisiúrtha agus is maith linn go mór é. 58-59.
Iúil 12, 1923 – Do chuas suas go dtína tigh aréir agus bhí ardoíche cuileachtan againn ag imirt cartáí, sinn féin agus Pádraig de Barra...Níor bhraitheamair an oíche ag imeacht, agus bhí sé a dó dhéag a chlog insan am go rabhamair réidh... 59-60.
Lúnasa 19, 1923 – Do tháinig mórán stróinséirí fen mbaile inniu arís, ach do fhliuch an lá orthu. Is dócha mara mbeadh san go ndéanfadh sé ardlá againn... 89.
Meán Fómhair 2, 1923 – Do bhí ardsport againn ó mhaidean mar do thainig mórán stróinséirí fen mbaile. 100.
- ⁴² *ibid.*, 125.
- ⁴³ *ibid.*
- ⁴⁴ *ibid.*
- ⁴⁵ *ibid.*, 120.
- ⁴⁶ *ibid.*, 108.
- ⁴⁷ Muiris Ó Súilleabháin, *Fiche Blian ag Fás*, 4ú eagrán Pádraig Ó Fiannachta, 174.

-
- ⁴⁸ *Cin Lae Eibhlin Ní Shúilleabháin*, eag. Máiréad Ní Loingsigh, 119.
- ⁴⁹ *ibid.*
- ⁵⁰ *ibid.*, 164.
- ⁵¹ Micheál Ó Gaoithín, *Is Truagh ná Fanann an Óige*, 67-68.
- ⁵² *ibid.*, 69-70.
- ⁵³ *ibid.*, 68.
- ⁵⁴ *ibid.*, 71.
- ⁵⁵ *ibid.*
- ⁵⁶ Cole Moreton, *Hungry for Home: Leaving the Blaskets: A Journey from the Edge of Ireland*, 267.
- ⁵⁷ Muiris Ó Súilleabháin, *Fiche Blian ag Fás*, 4ú eagrán Pádraig Ó Fiannachta, 176.
- ⁵⁸ Tomás Ó Criomhthain, *An tOileánach*, eag. Seán Ó Coileáin, 69.
- ⁵⁹ *ibid.*, 95.
- ⁶⁰ *ibid.*
- ⁶¹ *ibid.*
- ⁶² *ibid.*, 76.
- ⁶³ *ibid.*, 225.
- ⁶⁴ *ibid.*
- ⁶⁵ *ibid.*, 225-226.
- ⁶⁶ *ibid.*, 226.
- ⁶⁷ *ibid.*
- ⁶⁸ *ibid.*, 229.
- ⁶⁹ *ibid.*, 234-235.
- ⁷⁰ *ibid.*, 238.
- ⁷¹ *ibid.*, 240.
- ⁷² Tomás Ó Criomhthain, *Allagar na hInise*, 2ú eagrán Pádraig Ua Maoileoin, 33.
- ⁷³ Tomás Ó Criomhthain, *An tOileánach*, eag. Seán Ó Coileáin, 49.
- ⁷⁴ Leslie Matson, *Méini – The Blasket Nurse* (Baile Átha Cliath: Mercier Press, 1996), 147.
- ⁷⁵ *ibid.*, 147-148.
- ⁷⁶ Eibhlís Ní Shúilleabháin, *Letters from the Great Blasket*, eag. Seán Ó Coileáin, 83-84.

-
- ⁷⁷ Cole Moreton, *Hungry for Home: Leaving the Blaskets: A Journey from the Edge of Ireland*, 50.
- ⁷⁸ *Leoithne Aniar*, eag. Pádraig Tyers, agallamh a haon le Seán Ó Criomhthain, (Baile an Fheirtéaraigh: Cló Dhuibhne, 1982), 66.
- ⁷⁹ *ibid.*
- ⁸⁰ Seán Sheáin Í Chearnaigh, *Iarbhlascaodach ina Dheoraí*, 24.
- ⁸¹ *ibid.*, 25.
- ⁸² *ibid.*
- ⁸³ Tomás Ó Criomhthain, *An tOileánach*, eag. Seán Ó Coileáin, 49.
- ⁸⁴ *Leoithne Aniar*, eag. Pádraig Tyers, agallamh a Trí le Seán Ó Criomhthain, 129.
- ⁸⁵ Eibhlís Ní Shúilleabháin, *Letters from the Great Blasket*, eag. Seán Ó Coileáin, 66-67.
- ⁸⁶ *ibid.*, 93.
- ⁸⁷ Muiris Ó Súilleabháin, *Fiche Blian ag Fás*, 4ú eagrán Pádraig Ó Fiannachta, 174.

Caibidil 5

Imirce i nDán ón gCliabhán

Sa chaibidil seo, breathnófar ar chinniúint na himirce do mhuintir óg an Bhlascoid, go mór mór sa chéad leath den fhichiú haois. Um an dtaca sin, ón am a shaolófaí leanbh ar an Oileán Tiar bhí a fhios ag a thuismitheoirí go rachadh sé sall. Thuig na páistí iad féin, chomh maith, ó aois an-óg go mbeadh an imirce i ndán dóibh. Bhí a fhios ag múinteoirí an Oileáin go rachadh formhór na bpáistí a bhí os a gcomhair go Meiriceá agus mar sin bhí scolaíocht an Oileáin Tiar dírithe ar an gcinniúint sin. Déanfar iniúchadh sa chaibidil seo ar scolaíocht an Bhlascoid mar sin agus ar an tslí ina raibh sé dírithe ar riachtanas na himirce. Déanfar plé ar nósanna na himirce a mhair ar an Oileán ón litir a scríobhtaí ag lorg airgid don chostas sall go dtí an tórramh Méiriceánach agus tionlacan an imirceora amach chun na míntíre. Breathnófar ar thuras na n-eisimirceach sall agus ar phróiséis an chlárúcháin ar Oileán Ellis, i Meiriceá agus níos déanaí i gCóbh, in Éirinn, i gcás na mBlascaodach. Caithfear súil ar an saghas saoil a bhí ag na heisimirceoirí ón mBlascaoid thall. An raibh Tír na mBrionglóidí chomh geal is a ceapadh roimh ré? Ar fhan siad dílis do nósanna an Bhlascoid nó ar thréig siad iad chun dul chun cinn níos fearr a dhéanamh ina mbaile nua na mílte míle ón mBlascaod Mór? Pléifear sa deireadh na daoine a d'fhill ar an mBlascaod Mór nó ar an gceantar maguaird ó na Stáit Aontaithe agus na cúiseanna éagsúla is iomadúla a bhain lena bhfilleadh.

Pléifear anois le hoideachas ar an mBlascaod Mór a bhí mar ullmhúchán don imirce. Bhí an-bhéim i gcónaí ar an oideachas ar an mBlascaod Mór, idir scolaíocht agus oiliúint. An chéad scoil riamh ar an Oileán, ba scoil phrotastúnach í agus osclaíodh roimh an drochshaol í, timpeall na bliana 1838. 'Scoil an tSúip' a thugtaí ar an scoil sin, toisc go dtugtaí anraith do na páistí a d'fhreastalaíodh uirthi, gan le déanamh ag a dtuismitheoirí ach a gcreideamh a athrú go dtí an Protastúnachas! Dar

ndóigh ní raibh roinnt mhaith tuismitheoirí ar an mBlascaod Mór toilteanach céim mar sin a ghlacadh. Bhí Clarissa Hussey, athmháistreás na mBlascaodaí um an dtaca sin, ina Caitliceach agus bhagair sí díshealbhú ar aon duine a chabhródh le tógáil na scoile, fiú amháin. Ar na cúiseanna sin agus ar chúiseanna eile nach iad, níor mhair ‘Scoil an tSúip’ rófhada ar an Oileán Tiar. Níor thaitin creideamh na scoile leis na Blascaodaigh mórán nó an ‘múinteoir gallda’ a cuireadh ag múineadh inti, ach an oiread.¹ Ba iad na daoine ba dheilbhe a chuir a bpáistí chun na scoile sin nuair nach raibh a ndóthain acu féin chun iad a chothú ach a luaithe is a bhí ábhar a gothaithe acu stop siad dá gcur chuici. Déanann Tomás Ó Criomhthain cur síos ar an ré dorcha sin ar an mBlascaod Mór:

Cuireadh fógra in airde, na páistí ná raibh a ndóthain le n-ithe acu, teacht ar an scoil seo, mar a raibh bia flúirseach agus oideachas ina theannta. Chuir cúpla bochtán éigin a gclann ar an scoil tamall éigin, ach an uair a bhog an saol agus gur thug Dia aon ghreim dóibh féin, d’fhágadar ansan iad.²

De réir Thuarascáil Powis a foilsíodh sa bhliain 1870, ní raibh fiú dalta amháin ag freastal ar Scoil an Pharóiste – ‘Scoil an tSúip’ – an bhliain sin agus ní raibh ón mbliain 1868. Faoin scoil seo deir an tuarascáil: ‘Not in connection with the National Board, but with Church Education Society. Maintained by private individuals – Discontinued.’³ Faoin am sin bhí scoil náisiúnta an Bhlascaoid oscailte agus faoi lán seol le hochtar buachaillí agus seachtar cailíní ag freastal uirthi.

Thuig tuismitheoirí an Bhlascaoid tábhacht an oideachais dá bpáistí agus fuair na páistí a gcuid oideachais fhoirmeálta ar scoil, cé nach oideachas léanúnach a fuaireadar go minic, agus d’fhoghlaim siad a thuilleadh taobh amuigh den scoil

chomh maith. De bharr na tuisceana sin a bhí ag tuismitheoirí an Oileáin, d'fháiltigh siad roimh Scoil Náisiúnta an Bhlascaoid Mhóir nuair a osclaíodh í. Cé gur bunaíodh *The Board of Commissioners of Irish Education*, an dream a bhí freagrach as bunú scoileanna náisiúnta na hÉireann, sa bhliain 1831, níor tógadh scoil náisiúnta ar an mBlascaod Mór go dtí an bhliain 1864.⁴ Níor thréimhse fhanachta fhada a dóthain í sin do ghasúr amháin ar an Oileán, áfach. Bhí air siúd lá eile a ghlacadh le caitheamh faoin dtor. Tomás Ó Criomhthain ab ainm don ghasúr sin agus insíonn sé, agus é ina sheanfhear ina leabhar dírbheathaisnéise *An tOileánach* faoin mbealach ar éirigh leis éalú ón scoil ar an gcéad lá sin. Timpeall deich mbliana d'aois a bhí sé an taca sin agus ní mó ná sásta a bhí sé go raibh deireadh tagtha anois lena chuid neamhspléachais agus spraoi.⁵ Déanann sé cur síos ar theacht isteach an chéad mhúinteora, Áine (Neans) Ní Dhonncha, agus nochtann sé stádas an mhúinteora i measc na n-Oileánach. Bhí ard-mheas acu uirthi agus ar gach múinteoir de chuid na scoile náisiúnta a tháinig isteach ar an mBlascaod. 'Bean uasal' a ghlaonn Tomás ar an máistreás anseo.

An uair do shroich an bád an caladh, dúirt na daoine go raibh bean uasal inti, ach b'í bean í ná máistreás scoile. Ar chlos an scéil sin dhomsa, níor chuir sé puinn suilt orm, mar is sid é an t-am díreach do bhíos im chleithire fir, dar leo, slat bheag agam agus dibhán ceangailte ina barra.⁶

Ba í Neans Ní Dhonncha an chéad mhúinteoir i scoil an Bhlascaoid. Chuaigh sí isteach ar an Oileán Tiar i mí Eanáir na bliana 1864 agus osclaíodh an scoil do pháistí an mhí chéanna. Ní raibh láthair an tí scoile ceannaithe i bhfad ag na húdaráis nuair a osclaíodh an scoil agus gan mórán socrúithe déanta acu uirthi. Bhí droch-chuma ar thigh na scoile an t-am sin ach bhíodhas ag súil go bhfaighfí maoiniú ón mBord chun

leasaithe a dhéanamh dá nglacfaí leis an scoil mar scoil náisiúnta faoin gcóras oideachais. Dá nglacfaí leis an scoil, d'íocfaí as tuarastal an mhúinteora, chomh maith. Tháinig cigire isteach ar an 15ú Márta, an bhliain chéanna agus cé nach raibh sé róthógtha le staid na scoile, d'aithin sé go raibh géarghá le scoil náisiúnta ar an mBlascaod Mór.⁷ Glacadh leis an scoil faoin gcóras, ach bhí ar na húdaráis cruth na scoile a fheabhsú gan mhoill. Ceathrar is fiche a bhí ar an rolla an lá sin a chuaigh an cigire isteach ach ní raibh i láthair ach naonúr déag – dáréag cailíní agus seachtar buachaillí, ach bhíothas ag súil go gclárófaí ceathrar déag eile sar i bhfad. Dhá chuid a bhí sa tigh scoile – áit chónaithe don mhúinteoir agus seomra teagaisc amháin. Bhí bord ann don mhúinteoir agus binse amháin sé troithe ar fhad do na daltaí. Bhí dhá cheann eile ar an míntír mar aon le cófra leabhair, ach iad ag fanacht go dtí go raibh an aimsir oiriúnach chun iad a thabhairt isteach. Urlár cré a bhí sa tigh scoile agus dhá fhuinneog bheaga. Tugadh aitheantas oifigiúil don scoil ar an 3ú Meitheamh 1864.

Bhíodh sé i gcónaí deacair múinteoir a fháil a bheadh toilteanach dul isteach ar an mBlascaod ag múineadh, agus nuair a bhí duine faighte ag údaráis na scoile, bhíodh sé níos deacra fós iad a choimeád istigh ann ar feadh ama réasúnta fada. An saghas múinteora a d'fhaightí de ghnáth ná iad siúd a bhíodh díreach cáilithe, nó fiú gan iad a bheith cáilithe, agus a d'fhanadh ann go dtí go bhfaighidís scoil níos feiliúnaí dóibh féin nó go dtí go bpósfaidís amach. Is léir, os rud é go raibh breis is fiche múinteoir fostaithe i scoil an Oileáin idir na blianta 1864 agus 1942 agus tréimhsí fada ann ina raibh an scoil dúnta go hiomlán, nach raibh leanúnachas scoile nó oideachais ag páistí an Bhlascaoid Mhóir.⁸ Ba mhinic múinteoirí neamhcháilithe nó mí-oiriúnacha a bheith fostaithe i Scoil an Bhlascaoid. Ba mhinic, chomh maith, na bunriachtanais in

easnaimh inti .i. leabhair agus troscán, agus ba bhunúsach sheanchaite an bothán de thigh scoile a bhíodh ag páistí an Oileáin Tiar. É sin uilig ráite, bhíodh an tinreamh go maith trí chéile sa scoil. Chuireadh tuistí an Oileáin a bpáistí chun na scoile ionas go bhféadfaidís dul chun cinn a dhéanamh sa saol tríd an oideachas. B'fhíorannamh dóibh lá saor ón scoil a thabhairt do na páistí chun iad a chur ag obair sna páirceanna nó ar an gcnoc, nó chun iad a chur ag iascaireacht. Ba é an t-oideachas an t-aon bhealach gurbh fhéidir leo iad féin a fheabhsú i gcomhair an tsaoil. Ní raibh mórán oideachais .i. oideachas foirmeálta, ag seanghlúinte an Bhlascaoid, ó ghlúin Thomáis Uí Chriomhthain siar. Níor thosaigh Tomás Ó Criomhthain ar scoil go dtí go raibh deich mbliana slánaithe aige, agus gan a chuid scolaíochta leanúnach ina dhiaidh sin, ach an oiread. Dar ndóigh, ní ionann é sin is a rá nach raibh sé féin agus a chomhghleacaithe oilte. Bhí siad sáoilte sa tráidisiún, sna scéalta fiannaíochta agus sa bhéaloideas agus i ngach aon rud eile a bhain lena saol féin ar an Oileán, domhan beag iargúlta a bhí scoite amach ón 'ngnáthshaol', mar a déarfá. B'ionann iad agus go leor eile ar oileáin eile na tíre, mar aon leo siúd a mhair i gceantair iargúlta na míntíre. Mar a dúirt Séamus Ó Duilearga ina léacht 'The Gaelic Storyteller', faoina chara, an scéalaí Seán Ó Conaill:

He had never been to school, was illiterate as far as unimaginative census officials were concerned, and he could neither speak nor understand English. But he was one of the best-read men in the unwritten literature of the people whom I have ever known, his mind a storehouse of tradition of all kinds, pithy anecdotes, and intricate hero-tales, proverbs and rimes and riddles, and other features of the rich orally preserved lore common to all Ireland three hundred years ago.⁹

Toisc gan Béarla maith a bheith ag seanghlúinte an Bhlascaoid, áfach, ní raibh na deiseanna céanna imeachta acu. Ní éireodh leo thall i Méiriceá ar chor ar bith gan Béarla oibre a bheith acu, rud a thuig siad féin go han-mhaith. D'fhéadfaidís fanacht i measc a ndaoine féin, muintir na Gaeilge, nó dul thar lear chun poist shuaracha a fháil ag sclábhaíocht ó cheann ceann na bliana ar bheagán airgid gan meas ag éinne orthu. Rinne líon beag díobh é sin, chomh maith, ach bhí seans níos fearr ag an dream oilte ó dheireadh na naoú haoise déag ar aghaidh. Chaith a bhformhór níos mó ama ar scoil ná mar a chaith a dtuismitheoirí nó a seantuismitheoirí. Bhí níos mó béime ar thábhacht na scoile agus an oideachais fhoirmeálta ón am sin amach. Ar scoil, bhí an-bhéim ar an mBéarla agus bhain roinnt mhaith díobh ard-chaighdeán Béarla amach ar fhágáil na scoile dóibh. Ba é an Béarla bun agus barr an scéil dóibh agus iad ag iarraidh saol nua a chruthú dóibh féin i bhfad ón mBlascaod, ó Éirinn agus ó lucht labhartha na Gaeilge. Bhí seans dul chun cinn a dhéanamh acu thall, rud nach raibh ag na glúinte a d'imigh rompu gan mórán scolaíochta acu. D'aithin an seandream cé chomh tábhachtach is a bhí an t-oideachas foirmeálta i saol Oileánaigh a mbeadh air an tOileán a fhágáil, luath nó mall. Dúirt Seoirse Mac Tomáis faoin seandream:

Bhíodar gan scolaíocht, ach bhí léann sinseartha dá gcuid féin acu, agus é lán-oiriúnach don saol a bhí acu. Ba chúng an saol é, ach bhí an-eolas doimhin acu air.¹⁰

Thuig siad, áfach, gur cúng an saol a bhí acu, agus thuig siad chomh maith, cé go raibh a gcuid oideachais oiriúnach don saol a bhí á chleachtadh acu istigh ar an Oileán Tiar, nach raibh sé feiliúnach don saol taobh amuigh in aon chor agus nach ndéanfadh an dream óg aon dul chun cinn gan scolaíocht mhaith agus Béarla cruinn a bheith acu.¹¹ Dar le Seán Ó Criomhthain, theastaigh ó thuismitheoirí an Oileáin go mbeadh

Béarla ag na gasúir agus bhí an-spéis go deo acu ann, ‘... ba bhreá lena gcroí a bheith ag éisteacht leis na leanaí agus leis na páistí ag léamh an Bhéarla.’¹² Dealraíodh dóibh gurbh é an Béarla teanga an tsaibhris. Mar a dúirt Seoirse Mac Tomáis, ‘For the peasants who still spoke it the language was a mark of poverty and backwardness, which they were determined to shake off.’¹³

Bhí an-bhéim go deo ar mhúineadh an Bhéarla i scoil an Bhlascaoid. D’fhéachtaí air mar ábhar riachtanach os rud é go mbeadh tromlach na ndaltaí ag fágáil an Oileáin le dul go Meiriceá, go Sasana nó go ceann de chathracha móra na hÉireann. Tugadh túsáite don Bhéarla ar scoil mar a dúirt Máirín Ní Dhuinnshléibhe-Uí Bheoláin:

Bhí an-bhéim ar an mBéarla ní nach ionadh mar thuig na múinteoirí go maith go mbéidís go léir ag bailiú leo thar lear – go Meiriceá nó go Sasana agus go dtí tíortha eile. Toisc an Ghaolainn a bheith chomh maith againn bhíodar ábalta níos mó ama a thabhairt don mBéarla agus bhí caighdeán arda ann de réir dealraimh.¹⁴

Bhí an-chuid oibre le déanamh ag scoláirí agus múinteoirí an Bhlascaoid Mhóir chun caighdeán réasúnta a bhaint amach sa Bhéarla, ionas go bhféadfadh na daltaí é a úsáid mar ghnáth-theanga oibre agus iad i bhfad ón mBlascaod. Ní labhraítí ach Gaeilge amháin ar an mBlascaod agus mar a dúirt an cigire scoile Liam Ó Conghaile ag deireadh na naoú haoise déag:

... the children understand scarcely a word of what they read, that they do not in fact understand an unusual question asked to them by inspector, priest or teacher.

English is in truth a *modern* or *foreign* language to these children, a language which they hear not a word of in their homes or intercourse with one another.¹⁵

Chomh maith leis an mBéarla agus an Ghaeilge, rinne siad stáidéar ar an mata, an stair agus an tíreolas. I ndiaidh an lae scoile oifigiúil a dhéantaí an creideamh a mhúineadh. Dar le Mícheál Ó Cearnaigh, chuirí béim faoi leith ar thíreolas agus ar stair Mheiriceá, chomh maith le stair agus tíreolas na hÉireann, mar ullmhúchán don saol a bhí i ndán do na daltaí:

All the rivers, all the towns, all the cities. We had a fairly good idea of where Springfield, Massachusetts was. Most everybody on the island had relatives over here.¹⁶

Dar le Nóra Ní Shéaghdha, duine de mhúinteoirí scoil an Bhlascaoid, bhí an-spéis ag na páistí scoile iad féin sa Bhéarla, mar aon lena dtuismitheoirí. Bhí a fhios acu féin ó aois an-óg go raibh an t-árthach sall i ndán dá bhformhór. Mar a dúirt Ní Shéaghdha:

... bhí an-dúil acu sa Bhéarla. Cé a thógfadh orthu é? Dá raghaidís síos don Daingean chaithfeadh sé a bheith acu, agus ní raibh aon rud ina gceann an uair sin ach Meiriceá. Ní raibh aon rud le fáil ag baile acu agus dá bhrí sin dheineadar a ndícheall an Béarla a fhoghlaim, rud a dheineadar chomh maith agus a d'fhéadfaidís, is dócha.¹⁷

Bhí géarghá leis an mBéarla do na Blascaodaigh a luaithe is a d'fhág siad an tOileán. Fiú mura raibh siad ach sa Daingean ag an margadh, bhíodh orthu a gcúram a dhéanamh trí Bhéarla go minic. Béarla briste a bhíodh ag na hOileánaigh don chuid is mó, ach rinne siad an-iarracht a gcuid Béarla a fheabhsú.¹⁸ Agus iad óg ní labhraídís Béarla taobh amuigh den scoil toisc náire a bheith orthu de bharr na mbotún a

dhéanfaidís, ach nuair a bhí siad níos sine, iad ag smaoineamh ar a dtodhchaí faoin am sin, dar ndóigh, thapaigh siad gach aon deis a tháinig chucu a gcuid Béarla a chleachtadh. Ba bhreá leo an Béarla a dhéanamh ar scoil agus b'é a bhí uathu agus iad sna hardranganna in ionad na Gaeilge.¹⁹ In agallamh a rinne sé le Pádraig Tyers, insíonn Seán Ó Criomhthain go bhfaigheadh na daoine óga leabhair bheaga Bhéarla ó na cuairteoirí agus óna ngaolta i Meiriceá agus go mbídís á léamh gach aon seans a d'fhaighidís.²⁰ D'fhoghlaimídís Béarla ó na cuairteoirí a thagadh isteach ag foghlaim Gaeilge chomh maith, fiú nuair a bhídís ina bpáistí beaga.

Thuigidís go léir é áfach agus bhíodh an-saol againn sa tsamhradh nuair a thagadh na laethanta breátha isteach. Iad súd a bheadh ag foghlaim na Gaolainne abair, bheimis ina dteannta san na laethanta ar fad ar an dtráigh ag caint leo, ag iarraidh iad a thuiscint agus bheimis ábalta iad a fhreagairt as Gaolainn ach ní fhéadfaimis iad a fhreagairt as Béarla chomh maith in aon chor.²¹

Ba scolaíró maithe iad lucht an Bhlascaoid agus thagaidís le chéile istoíche chun a gceachtanna a dhéanamh i dteannta a chéile. Chuir na daltaí iad féin an-bhéim ar na ceachtanna Béarla toisc gur ar Mheiriceá a bhídís ag smaoineamh, agus go mbeadh an Béarla riachtanach thall ansin. Bheadh Béarla maith ag teastáil uathu ionas go n-éireodh leo sa scrúdú a bheadh le déanamh ag gach eisimirceach i gCóbh nó ar Oileán Ellis.

Bhí scolaíocht an Bhlascaoid curtha in oiriúint don imirce go héifeachtach. Dhírigh na múinteoirí ar a mbeadh de dhíth ar na hOileánaigh óga taobh amuigh den Oileán, i Meiriceá nó i Sasana. Thuig múinteoirí an Oileáin go maith gurbh é an bád bán a bhí i ndán do na páistí faoina gcúram. Bhí ar an múinteoir Béarla a mhúineadh

do pháistí nár chuala a bhformhór comhrá nádúrtha i mBéarla riamh ina n-óige, cuid acu go dtí go raibh siad críochnaithe leis an scoil. De réir dealraimh rinne na múinteoirí jab réasúnta maith freisin mar d'éirigh le líon mór Blascaodach óg i scrúdú Béarla na n-eisimirceoirí. Dar le Seán Ó Criomhthain, níor diúltaíodh riamh d'aon inimirceoir ón mBlascaod dul i dtír i Meiriceá de bharr ceal scolaíochta a bheith air, murab ionann agus muintir na míntíre gar don Oileán.²²

... ní raibh aon duine ón Oileán a chuaigh go Cóbh Chorcaí nár thug a chosa go pras sall leis, agus mórán daoine ón tír amuigh a casadh abhaile, agus an chuid ba mhó acu curtha abhaile de dhesca gan scríobh ná léamh a bheith acu.²³

Is dócha gur chaith múinteoirí an Bhlascaoid an-chuid ama i mbun an Bhéarla ar scoil toisc go bhfacathas dóibh nach raibh mórán rogha ag na Blascaodaigh óga ach imeacht ón Oileán. Lasmuigh den Oileán, ba léir go mbeadh níos mó seans ag muintir óg na míntíre fancht gar don bhaile ar feadh a saoil ná mar a bhí ag muintir óg an Bhlascaoid. Bheadh orthu dul ar imirce nó dul amach chun na míntíre, cibé rud, bheadh an Béarla ag teastáil. Ghlac Nóra Ní Shéaghdha an-trua do na daoine a d'imigh sall go Meiriceá. Thuig sí gur mó seans a bhí ann go raghaidís sall ná go bhfanfaidís in Éirinn. Mar a dúirt sí féin:

Is cruaidh é sceál an Oileánaigh ag scaradh le n-a mhuintir. Mo chráidhteacht is mo chumha ná tráighfidh, chreidfinn gur mó oidhche deorach dólásach a chaithfidh sé i dtíortha iasachta ag smaoineamh ar an mbaile.²⁴

Bhí múinteoir Mhuiris Uí Shúilleabháin sa scoil ar ar fhreastail sé sa Daingean go mór i bhfábhar an Bhéarla, chomh maith. Dealraíodh di nach raibh aon mhaitheas sa

Ghaeilge agus gur chóir Béarla a bheith ag gach aon ógánach, mar aon leis an nGaeilge nó ina hionad, fiú amháin. Mheas sí go mbeadh an scolaíocht a gheobhadh Muiris sa Daingean níos fearr ná aon scolaíocht nó oiliúint a gheobhadh sé ar an mBlascaod, agus go mbeadh post maith i ndán dó dá bhfanadh sé sa Daingean. Ní fhaca sí aon mhaitheas dó, ó thaobh oideachais de, dul ar ais go dtí an tOileán Tiar le bheith i measc a mhuintire féin. An Béarla an rud ba thábhachtaí do pháiste, dar léi. Rinne sí iarracht buntáistí na scolaíochta sa Daingean a chur ina luí ar athair Mhuiris nuair a tháinig sé ag triail ar an leaid óg:

Ar an gcéad dul síos, caillfidh sé a theanga Bhéarla agus dá dheascaibh sin beidh sé ina amadán nuair éireoidh sé suas ina bhranach, má mhaireann sé leis – cá raghaidh sé? ní bhfaighidh sé post gan Bhéarla.²⁵

Níor aontaigh athair Mhuiris léi agus níor thug sé mórán airde uirthi ach an oiread.

- Nach fearr ná san an dá theanga bheith aige? arsa m'athair, agus rud eile atá sa scéal, níl a fhios agat cad é an chuma go n-iontóidh Éire amach fós – b'fhéidir go raghadh an teanga iasachta fé chois, ar seisean ag déanamh smiota gáire.²⁶

Do na múinteoirí istigh ar an mBlascaod Mór, a chonaic an saol Gaelach ag bláthú ann, ba obair dhian, chontráilte dóibh an Béarla a mhúineadh do na gasúir is na gearrchailí scoile. Dealraíodh dóibh go raibh díothú á dhéanamh acu ar an saol breá Gaelach sin le gach focal nua Béarla a mhúinidís dóibh. Mar a dúirt Máire Nic Gearailt, múinteoir deireanach scoil an Bhlascaoid;

An obair ba chrua ar scoil ná múineadh an Bhéarla. Níor mhaith liom ligint do na scoláirí an scoil a fhágaint gan eolas cuíosach maith ar an mBéarla. Thuigeas go maith cad a bhí i ndán dóibh, agus ní scéalta fiannaíochta nó rudaí mar sin ar scoil a dhéanfadh an chur chun cinn dóibh, fiú amháin munar chuadar sall go Meiriceá.²⁷

Chríochnaídís leis an scoil de ghnáth am éigin i ndiaidh dóibh dul faoi lámh easpaig. Ansin, go hiondúil, chaitheadh na fir óga cúpla bliain i mbun iascaireachta timpeall an Bhlascaoid, ach ba ghnách do na mna óga dul in aimsir go baile mór éigin in Éirinn. Théadh a bhformhór go Trá Lí, Luimneach, Corcaigh nó Baile Átha Cliath. Ar na Stáit a bhíodh a smaointe feadh na haimsire, áfach, agus luath nó mall scríobhaidís chuig duine muinteartha leo a bhí lonnaithe thall cheana féin ag lorg an chostais sall uathu. Go hiondúil, d'fhillidís ar feadh tréimhse ar an mBlascaod sula dtéidís sall. Bhídís ag fanacht ar fhear an phoist ansin Dé Máirt is Dé hAoine nuair a théadh sé amach chun an post a bhailiú, féachaint an raibh a gcostas tagtha. Bhailidís thíos ag an gcaladh, áit a dtugadh fear an phoist amach na litreacha agus na beartanna don slua a bhíodh bailithe ann roimhe. Dar le Máirín Ní Dhuinnshléibhe-Uí Bheoláin, ní bhíodh i gceann na mban óg ach teitheadh ón mBlascaod agus chuige sin bhídís ag feitheamh ar an gcaladh le scéal ó Mheiriceá faoi cathain a d'fhéadfaidís bailiú leo as an Oileán.

An cailín ba shine ba thúisce a d'imíodh sall ón mBlascaod de ghnáth. A luaithe is a théadh sise, bhíodh an chéad duine eile sa teaghlach ag faire ar dhul ina diaidh. Shaothraíodh an chéad chailín sin go dian thall agus chuireadh sí airgead le chéile chun deartháir nó deirfiúr a thabhairt amach. D'fhaightí post don inimirceach nua sin nuair a thagadh sé amach agus d'oibríodh sé go dtí go raibh luach a chostais go Meiriceá i dtaisce aige. Thugadh sé an t-airgead ar ais dá dhéirfiúr, a sheol abhaile ar

dtús chuige é, agus sheoladh sise anall arís é chuig an chéad duine eile den ál. Leanadh an nós sin ar aghaidh mar sin go dtí go raibh gach éinne den teaghlach thall i Meiriceá, go minic. Bhíodh sé de dhualgas ar an té ab óige den teaghlach fanacht sa bhaile chun aire a thabhairt don tseanlanúin ina seanaois, áfach, ach amháin, sa chás go mbeadh duine eile den chlann lonnaithe ar an Oileán cheana féin. Dá mbeadh, leanadh an duine óg sin a mhuintir sall freisin. Is dócha nárbh eisceacht é an tOileán Tiar sa mhéid sin, mar ba ghnáthnós forleathan é ar fud na tíre seo an taca úd, ach bhí an buile marfach faighte ag saol an Bhlascaoid, agus ó shin amach ní raibh ann ach ceist ama go mbeadh deireadh le saol an Oileáin Tiar ar fad. De réir an Chriomhthanaigh;

Bhí daoine ag rámháocht leo le fonn agus le fiach fós, ach má bhí ní raibh an sprid beo iontu a bhí blianta roimis sin. Bhí daoine á rá go raibh lúth agus mire an Oileáin ag dul ar lár.²⁸

Le linn óige Sheáin, bhí neart ban óg fós ar an mBlascaod Mór, ach má bhí ní raibh aon ní dá gcoiméad ann ach gan an costas a bheith faighte acu go fóill.²⁹ Dar leis, ní mór an méid a cheannódh ticéad ó Chóbh go Nua Eabhrac an uair sin. Sé phunt nó mar sin a bhíodh air.³⁰

Nuair a thagadh an costas chuig ógánach nó bean óg ar an mBlascaod, bhíodh go leor le déanamh aige nó aici ach gan móran ama ag an duine óg chun an uile ní a eagrú. Bheadh culaith nua nó gúna nua le fáil sa Daingean uaireanta, ach ba mhinic a thagadh sé sin i dteannta an chostais chuig na cailíní ach go háirithe, go mór mór más deirfiúr léi thall a sheol an costas anall chuici. Thuigfeadh deirfiúr, a chuaigh i dtír

mar inimirceach í féin tráth, cé chomh tábhachtach is a bheadh sé do bhean óg a saol nua a thosnú sa chulaith cheart! Theastódh uaithi an chuma sheanGhaelach a fhágáil ar an mBlascaod ina diaidh, agus culaith is cuma na cathrach a thabhairt uirthi féin a luaithe is a leagfadh sí cos ar thalamh Mheiriceá. Sula bhféadfaí dul aon áit, ámh, bheadh ar an mBlascaodach óg dul go dtí an Daingean nuair a gheobhadh sé nó sí an costas sall chun rudaí a shocrú i gcomhair an turais. Bheadh pas agus ticéad le heagrú.

Cé go mbíodh na daoine óga ag tnúth go mór lena gcostas a fháil sa phost, nuair a thagadh sé, sa deireadh, ba mhinic a thagadh athrú meoin agus mothúchán orthu i leith an Oileáin agus a gceantair dhúchais. In ionad an árthaigh bháite a bhí ann sula bhfuair siad luach an chostais, bhreathnaigh siad ar an mBlascaod Mór anois mar long choimhdeachta, an t-aon bhaile a raibh taithí acu air riamh agus nach bhfeicfidís go deo arís, b'fhéidir. Déanann Muiris Ó Súilleabháin cur síos ina leabhar *Fiche Blian ag Fás* ar mhothúcháin a dheirfear, Máire, sa tréimhse sular imigh sí go Meiriceá. Sula bhfuair sí an costas, bhí sí ag tnúth le teitheadh ón ártach báite, cosúil le go leor eile nach í, ach a luaithe is a fuair sí é tháinig claochlú uirthi, í ag gol an t-am ar fad. Thug sí suntas nua do ghnáthrudaí laethúla ar nós an mhadra agus curaimí an tí. Thagadh tocht uirthi nuair a smaoiníodh sí nach bhfeicfeadh sí an madra, Róisín, go deo arís, nó nach nglanfadh sí an tigh go deo, ach an oiread. Mheas sí nach mbeadh sí sa bhaile i measc a daoine féin arís choíche. Dealraíodh di, i rith na laethanta, sin nach raibh an baile chomh dona is a shíl sí le fada an lá roimhe sin.³¹

An oíche sula dtéadh Blascaodach óg ón Oileán ar a thuras sall, bhíodh cóisir faoi leith acu istigh ar an Oileán. An 'Tórramh Méiriceánach' a thugtaí air mar níor cheap

éinne dá mbíodh bailithe i gcomhair na hócáide, go bhfeicfidís an t-ógánach sin arís choíche ar an mBlascaod Mór. Ba chosúil leis an mbás í an imirce an tráth úd, go mór mór ag deireadh na naoú haoise déag. Faoi mar a dúirt Peig Sayers faoin imirce, ‘Is cosúil le bás é, mar is duine as an míle a fhilleann ar an dtír seo go deo.’³²

Oíche go maidín a bhíodh acu an oíche sin le ceol agus amhránaíocht. D’fhanaidís ina ndúiseacht, tríd an oíche, i dteannta an duine a bhí le himeacht, díreach cosúil le hoíche thórraimh sula dtógfaidís an corp amach le cur i reilig ar an míntír. Ghiorraíodh an ceol, an rince agus an amhránaíocht an oíche fhada bhrónach a bhíodh le caitheamh acu. Chabhraíodh braoinín fuisce agus go leor tae leis, dar ndóigh. Ócáid bhrónach ab ea an ‘Tórramh Meiriceánach’ gan amhras, ach dhéanadh an comhlúadar an oíche chomh taitneamhach agus chomh héadromchroíoch agus ab’fhéidir leo. Ní labhraíodh éinne ar a raibh i ndán an lá dár gcionn agus ní luadh éinne an bád a bheadh ag fanacht i gCóbh, ach fós thuig gach duine a raibh i gceist leis an gcás beag a bhíodh i gcúinne an tí. Dá n-éireodh cumha an imirceora iomarcach rachadh sé amach ag breathnú ar na réalta os a cionn, na cinn chéanna a bheadh fós ag lonnru anuas air agus é ar an bhfarraige ag dul sall, agus nuair a shroichfeadh sé Méiriceá. Bheidís, as sin go deo, mar saghas ceangal síoraí idir a shaol nua agus a bhaile, agus é na mílte míle uaidh. Shiúlfadh sé go barr an chnoic agus bhreathnódh sé i dtreo na Talún Uire. Dá bhféadfadh sé a raibh i ndán dó a fheiscint anois os a chomhair! Luath nó mall, thiocfadh cuideachta chuige i bhfoirm ghaoil nó charad. I ndiaidh tamaillín, shiúlfaidís go réidh le cois a chéile ar ais go dtí an tigin plódaithe. Taobh istigh bheadh na daoine óga i mbun rince ar an urlár agus iad ag baint spraoi as an oíche. Déarfadh duine amháin amhrán tapaidh a raibh na focail ar eolas ag gach éinne agus chasfadh an slua i dteannta a chéile an curfá.

Déarfadh duine eile caoineadh mín brónach, in oiriúint don ócáid. Ag breacadh an lae, bheidís fós ag scéalaíocht go dtí go raibh sé in am don bhóthar.

Bhí tórramh Meiriceánach i dtigh Mhuiris Uí Shúilleabháin an oíche sula ndeachaigh a dheirfiúr, Máire, sall. Déanann sé cur síos cruinn beacht ar imeachtaí na hócáide sin. Ócáid don bhaile ar fad a bhí ann. Dar leis an Súilleabhánach, bhí ‘gach éinne bailithe isteach, idir óg agus aosta,³³ agus bhí idir bhrón is áthas ar a raibh ann.

... cé go raibh ceol agus amhráin, rince agus rí-rá ag dul san aer, do bhí cuma dhubhach ar a raibh istigh.³⁴

Ghoill an ócáid go géar ar gach éinne, dar ndóigh, ach do na hógfhir is na hógmhna a bheadh fágtha ar an ártach báite i ndiaidh a gcairde, bhíodh uaigneas na hoíche sin ag briseadh a gcroíthe. Bhíodh ógánaigh an Oileáin Tiar an-ghar dá chéile ó bhí siad ina naonáin, mar a dúirt Máirín Ní Dhuinnshléibhe–Uí Bheoláin:

Bhíomar i dteannta a chéile ar scoil, tháingamar abhaile i dteannta a chéile. Nuair a tháinig Dé hAoine, bhíomar i dteannta a chéile agus Dé Sathairn agus Dé Domhnaigh. Nuair a tháinig na laethanta saoire againn bhíomar i dteannta a chéile.³⁵

Dá bhrí sin, nuair a d’imíodh duine den ghrúpa, bhí folúntas i saol na ndaoine a bhí ann, folúntas a d’éirigh níos leithne agus níos mó le himeacht gach duine nó beirt. Tagraíonn Ó Súilleabháin do ghiorracht na n-Oileánach óg dá chéile agus dá gcion ar a chéile:

... ba chosúil leis an t-aon chlann iad, aos óg an Oileáin – abair leat féin, a léitheoir, oileán beag scriosta amach ón míntír agus gan fiche slat idir aon dá thigh acu, na buachaillí agus na cailíní gach oíche ghealaí ag rince thiar ar an nDuimhne nó suite i dteannta a chéile ag éisteacht le fuaim na dtonn ó Thráigh an Ghrin aníos, agus ansan, nuair a thagadh an duibhré, iad do bheith bailithe le chéile ag caint is ag comhrá i dtigh sheanNeil. Níorbh aon ionadh iad do bheith tromchríoch nuair a bheadh éinne ag scarúint uathu.³⁶

Léiríonn an Súilleabhánach meon na mBlascaodach óg faoin imirce an tráth úd tríd an gcomhairle a thug sé dá dheirfiúr an oíche sin agus í trí na chéile faoi bheith ag imeacht is ag dul i bhfad ó bhaile, óna cairde is óna deartháirín, Muiris. Is éard a dúirt sé léi ná:

- Tóg go réidh é, arsa mise, ná feiceann tú gach éinne ag imeacht anois, agus is gearr go bhfeicfir mise thall chomh maith le cách.³⁷

Ní raibh aon amhras ar Mhuiris ag an nóimeád sin ach go mbeadh seisean ag dul sall cosúil le cách. Thug focail a dearthár faoiseamh aigne éigin di agus chuadar isteach sa tigh arís agus rinneadar beirt an scit.

Nuair a bhí curaimí na maidine déanta bhíodh sé in am aghaidh a thabhairt ar an Daingean. Déanann Peig cur síos ar an maidin a chuaigh Muiris, an mac ba shine léi, sall. Bhíodar i gcistin an tí le chéile agus eisean á ullmhú féin don turas:

Ar maidin an lae a bhí sé chun imeacht bhí sé ina sheasamh ag am mbord is a chuid giúrléidí is páipéar buailte ar an mbord aige. Bhíos suite sa chúinne is me a d'iarraidh a bheith suáilceach. Bhíos ag féachaint air i gan fhios dó.³⁸

Is dócha gurbh iomaí nóiméad ciúin mar sin a chaith tuismitheoir agus páiste i dteannta a chéile sular imigh an duine óg, an duine críonna ar a dhícheall fáthadh gáire a choimeád ar a aghaidh, is misneach a thabhairt don imirceoir, agus dó féin. Théadh an t-imirceach go tithe na seanchomharsan breoite nach mbeadh in ann dul síos go dtí an caladh agus d'fhágadh se slán acu siúd ann. Ansin théadh an baile ar fad i dteannta an imircigh go caladh an Oileáin, an t-imirceach chun tosaigh agus an baile ina dhiaidh, agus ba ann a d'fhágadh an t-ógánach slán le muintir chríonna an Bhlascaoid agus le tromlach na gcomharsan. Déanann Peig tagairt don slua thíos ag an gcaladh ar an lá a d'imigh a mac, Muiris, ón mBlascaoid:

Do leanas síos go dtí an caladh é. Ba gheall le sochraid mhóir a raibh de dhaoine ag dul go dtí an caladh an lá sin.³⁹

Bhíodh gach olagón ó na seanmhná, ach go háirithe, ansin. Smaoinigh siad ar an ngeimhreadh fada a bhí le teacht gan cuideachta óg, bhríomhar ag teacht isteach chucu le scéalta an bhaile. Mar a dúradh le Máire Ní Shúilleabháin agus Cáit Pheig Ní Ghaoithín agus iad ar tí imeachta:

- Mhuise, mo chroí go deo thú, a deireadh bean, nach é an trua go deo thú a bheith ag imeacht! - Ó mhuisse, a Mháire, a deireadh bean eile, conas a mhairfead id dhiaidh nuair a thiocfaidh an oíche fhada gheimhrigh agus gan tú ag teacht go dtí an doras ná do gháire agam le cloisint?⁴⁰

Ba mhinic, má bhí an aimsir oiriúnach, gach naomhóg ón Oileán curtha chun farraige chun an t-imirceoir nó na himirceoirí a thionlacan ar an gcéad chéim dá dturas fada. Bheadh an t-imirceoir sa chéad naomhóg agus an slua dá leanúint sna naomhóga eile. D’fhanadh an dream istigh ag amharc amach ar an bhfarraige go dtí go raibh siad imithe as radharc. Chasaidís ansin agus d’fhillidís ar an mbaile go dubhach, brónach. Más ag imeacht i rith drochaimsire a bhí an duine, ní bheadh ach naomhóg amháin nó dhó in ann an turas amach a dhéanamh, agus radharc i bhfad níos uaigní ab ea sin ná slua mór ag dul amach i dteannta an imirceora.

Go hiondúil, dhéanadh gaolta agus cairde an imirceora an turas amach leo. I gcás Pheig, áfach, nuair a bhí a mac, Muiris, ag imeacht uaithi d’fhan sí istigh ar an gcaladh ag breathnú amach ar lucht na naomhóg. Níorbh aon rud eisceachtúil é sin, ámh, níor thaitin an fharraige le formhór na mban, agus fiú ar ócáid mar sin, rinne cuid acu gach iarracht an turas amach a sheachaint. Tháinig mac eile léi, Pádraig, abhaile ag triail ar a dheirfiúr, Eibhlín. Tráchtann Mícheál Ó Gaoithín ar an gcómhrá a bhí idir é féin agus a dheartháir ag an gcaladh nuair a bhí sé féin agus Eibhlín ar tí imeachta, agus is léir nach ndeachaigh sé amach á dtionlacan, ach an oiread. Chuaigh sé síos go dtí an caladh leo ach níor thrasnaigh sé an bealach leo.⁴¹

Nuair a shroicheadh an slua an caladh i nDún Chaoin, thugaidís faoin mbóthar go dtí an Daingean. Shiúilidís, ag gáire is ag gol feadh na slí, chomh fada le háit ar a thugtaí Carraig an Ghiorraí, ard-phointe ar an mbealach idir Sliabh an Fhíolair agus Cruach Mhárthain. Ansin scaraidís lena chéile don uair dheireanach. Chasadh an slua, go dubhach, i dtreo an bhaile agus ní bhíodh fágtha i dteannta an imirceora ansin

ach a theaghlach féin agus b'fhéidir cara nó beirt. Leanaidís siúd ar aghaidh go dtí an Daingean, an chraic is an chuideachta cúlaithe go mór. Dar le Peig, bhí nós an tionlacain fós beo i mBaile Bhiocáire chomh maith agus í óg. Ag Mám an Chlasaigh a scaradh na daoine lena chéile, an taca úd. Tráchtann Peig anseo thíos ar an scarúint dubhach sin idir chairde nó ghaolta:

Ba bhrónach an radharc é scarúint na gcarad le chéile. Bhíodar chomh scartha le chéile feasta is dá mba in uaigh a bheidís curtha, mar níor tharlaigh éinne acu ar a chéile riamh ina dhiaidh sin.⁴²

Go minic, bhíodh orthu fanacht thar oíche sa Daingean i gceann de na tithe lóistín, ach an mhaidin dár gcionn bhíodh an traein ag feitheamh. Scarúint tapaidh a bhíodh i gceist sa deireadh ag an stáisiún traenach. Mar a dúirt Muiris Ó Súilleabháin;

... d'fhágamair slán agus beannacht ag an mbeirt go dubhach deorach. Do chuir an traen fead aisti agus fead eile, agus i gceann leathnóimint do bhíodar ó léargas orainn.⁴³

agus léiríonn Peig conas mar a d'imigh a cara, Cáit Jim, uaithi ar an traein, chomh maith:

Bhíos ag gol gan dabht, ach dúirt sí liom:

'Ná bíodh eagla ort, a chailín,' ar sise, 'má fhágann Dia mo sláinte agamsa, ní fada go gcuirfeadsa chútsa an costas. Slán leat anois,' ar sise, agus do chrom sí féin ar ghol.

Sara raibh am agam na deora a ghlanadh óm shúile bhíodar sciobtha chun siúil as mo radharc.⁴⁴

Bhíodh a léithéid de radharc corraitheach le feiceáil ag stáisiúin éagsúla trasna na tíre, go mór mór in áiteanna bochta iargúlta. Tugann J.M. Synge cuntas ar an radharc a chonaic sé ar thraein ó Uíbh Ráthaigh go Trá Lí, nuair a bhí sé ar chuairt sa cheantar ag tús na haoise seo caite.⁴⁵

Ina cín lae, easaontaíonn Eibhlín Ní Shúilleabháin lena deartháir sa mhéid a deir sé faoi Mháire ag imeacht uathu ar an traein. Dar léi, d'imigh sí i ngluaisteán.⁴⁶ Is dócha gur cuma i ndáiríre conas mar a thaistil sí, mar sa deireadh, ba é an toradh céanna é – bhí sí imithe uathu. Cé gur cuireadh deireadh leis an tseirbhís traenach do phaisinéirí ón Daingean go Trá Lí i rith an Dara Cogaidh Domhanda de bharr chiondáil an ghuail,⁴⁷ bhí an líne fós oscailte do phaisinéirí sa bhliain 1925 nuair a thaistil Muiris an Phoncáin Ó Cearnaigh an tslí ar a bhealach go dtí na Stáit.⁴⁸ Is cosúil gur thaistil Máire Ní Shuilleabháin, i dteannta Cháit Pheig, roimhe timpeall na bliana 1920.⁴⁹ B'eisceacht í mar sin murar thaistil sí ar an traein. Nuair a dúnadh an líne traenach, ní raibh slí go Trá Lí ag na Blascaodaigh ach i mbusanna agus i dtascaithe. Bhíodh seanveain ag Kruger i nDún Chaoin i rith an ama sin, áfach, agus ba mhínic dó síob a thabhairt do na Blascaodaigh óga agus iad ar a mbealach go Cóbh le dul sall.⁵⁰ Go hiondúil théadh muintir an Bhlascaoid ón Daingean go Trá Lí agus as sin síos go Cóbh. Dar ndóigh, imeacht gan filleadh a bhí i gceist dá bhformhór.

Rinne Muiris an Phoncáin an turas sall sa bhliain 1925. An oíche i ndiaidh dó teacht ón Oileán, d'fhan sé sa Daingean agus an mhaidin dár gcionn fuair sé an traein

ón Daingean go Trá Lí. Ba dháinséarach an turas é tríd na sléibhte le caoirigh ar an líne go minic. De réir dealraimh, ní raibh Muiris róthógtha leis an traein áirithe sin:

I took the train from there [an Daingean] to Tralee – you could jump out of the train and jump back inside again – and the train would still be there, it was so slow.⁵¹

Dúnadh an líne sin do phaisinéirí sa bhliain 1939 toisc go raibh na busanna in ann an turas a dhéanamh i bhfad níos tapúla ná an traein.

Is amhlaidh gur chuir an Gealbhánach, an gníomhaire taistil sa Daingean, daoine i dteagmháil le chéile a bheadh ag déanamh an turais chéanna. Bhuail Muiris le cailín a bhí ag filleadh ar Mheiriceá i ndiaidh di teacht abhaile i gcomhair sochraide, agus bhí siad i dteannta a chéile ar an traein. Bhí aithne mhaith ag an gcailín sin ar bhaile Thrá Lí agus thóg sí Muiris go hóstán deas i gcomhair béile sula bhfuair siad an traein, trí Mhalla, go Corcaigh. Bhíodh an turas sin deacair ar Bhlascaodaigh óga nach raibh mórán Béarla acu, agus dá bhformhór, nach bhfaca baile níos mó ná an Daingean riamh cheana. Bhí siad i measc slua anaithnid, doicheadallach ar uairibh, gan teanga an tslua acu nó fios cá rabhadar ag dul. Bhreathnaigh an slua orthu mar shimpleoirí agus mar bhochtáin. Mhaslaíodar iad i dteanga iasachta. Ba ghnách do mhuintir an Bhlascaoid imeacht ó Chorcaigh go Bostún nó Nua Eabhrac. Chuaigh Muiris é féin go Bostún, ach bhuail sé le colcúigear dá chuid i gCorcaigh a bhí chun long a fháil go Nua Eabhrac. Bhí an-chuid le déanamh ag an eisimirceach nuair a bhain sé Corcaigh amach le pas agus gach aon ní mar sin a eagrú. Bhíodh oíche, agus uaireanta an dara hoíche, le caitheamh acu i gCorcaigh sula gcuirfidís chun farraige.

Bhí an *White Star Line* ar cheann de chomhlachtaí móra taistil an uair úd, agus ba leis an gcomhlacht sin a thaistil roinnt mhaith d'ógánaigh an Bhlascaoid. B'éigean dóibh clárú le hoifig an *White Star Line* i gCóbh a luaithe is a bhain siad an baile amach. Ansin bhíodh orthu dul go hÁras na Consulachta Meiriceánaí, áit ina ndéantaí iniúchadh ar pháipéir an eisimircigh, agus ina gcuirtí scrúdú leighis air. Bhí ar gach duine a bheith sláintiúil a dhóthain chun an turas a chur dó. Chuaigh an riail sin siar go dtí an drochshaol nuair a fuair na mílte bás ar an bhfarraige, daoine a bhí rólag chun an turas sall a dhéanamh ar chor ar bith. Ón am sin, bhí dlí i bhfeidhm a chuir freagracht ar na comhlachtaí loinge i dtaobh sláinte a bpaisinéirí. Éinne a raibh drochaoibh air ar shroicint Mheiriceá dó, bhí ar an gcomhlacht ar thaistil sé leo é a iompar abhaile arís.⁵² B'shin sna seanlaethanta, áfach, agus faoin am a bhí tromlach na mBlascaodach ag dul sall bhí an scéal sin athruithe, de bharr go raibh sláinte ghinearálta an náisiúin i bhfad níos fearr an tráth úd ná mar a bhí sí nuair a cuireadh an riail i bhfeidhm. Dar ndóigh, ba shláintiúil iad muintir an Bhlascaoid. Ba mhíthrócaireach an áit é an Blascaod dóibh siúd nach raibh an tsláinte go maith acu. Éinne a bhí in ann an Bealach a thrasnú i naomhóg, ní bheadh fadhb aige an fharraige a thrasnú i long mhór mhillteach.

Nuair a bhí gach aon rud eagraithe ag an eisimirceach, ní raibh le déanamh aige ach fanacht. Ní bhíodh aon chúiteamh dóibh siúd a chaill an long. Is dócha gur beag duine a chaith a sheans uaidh sa tslí sin, ámh. Idir na blianta 1815 agus 1970, d'imigh breis is trí mhilliún duine ar imirce ó Chóbh. Ar dtús théidís sna longa cónra, ina dhiaidh sin ar na galtáin, agus ina dhiaidh sin arís ar na línéir iontacha ar nós an Titanic.⁵³

Ag casadh an chéid seo caite, chaitheadh long timpeall coicise ag trasnú an Aigéin Atlantaigh ach tháinig feabhas air sin le himeacht na mblianta. Sna tríochaidí, bhíodh an *Queen Mary* in ann an turas ó Southampton go Nua Eabhrac a dhéanamh taobh istigh de shé lá, luas maith go mór mór os rud é go dtógann sé cúig lá fós ar an *QE2* an turas céanna a dhéanamh sa lá atá inniu ann. Ba bhunúsach na seomraí a bhí ag na bochtáin ag casadh an chéid seo caite, nuair a bhí Seán Team Ó Cearnaigh ag imeacht leis siar, ach rinne siad cúis mhaith. I ndiaidh an Chogaidh Mhóir tháinig feabhas suntasach ar chaighdeán na seomraí sin ar na longa. Ceathrar, de ghnáth, a bhíodh in aon seomra amháin. Nuair a bhí Muiris an Phoncáin Ó Cearnaigh ag dul sall, bhí fear ó Dhún Chaoin, fear ó Bhaile an Fheirtéaraigh agus fear ó Chorcaigh ina theannta.⁵⁴ Seachtain a bhí sé ar bord an *St. Marion* nuair a tháinig sé i dtír i mBostún. Timpeall na bliana 1946, chuaigh Mícheál Ó Cearnaigh sall. Bhí sé ag obair i mBaile Átha Cliath sular imigh sé go Meiriceá agus ó ghníomhaire taistil i mBaile Átha Cliath a fuair sé ticéad don *Queen Mary* ó Southampton go Nua Eabhrac. Ba é Mícheál an chéad duine dá ál a d'imigh sall agus bhraith sé go raibh sé de dhualgas air dul sall chun deis saol níos sábháilte a thabhairt dá chúigear dheartháracha agus dá bheirt dheirfiúracha ar an Oileán Tiar. B'uaigneach agus ba bhuartha an turas é, ámh, mar a thagraíonn sé dó anseo thíos:

I sailed from England to New York on the *Queen Mary* and felt like crying on deck sometimes – its a big undertaking to leave your native land, and head for a foreign shore, not knowing what kind of job you are going to get or how well you are going to be treated.⁵⁵

Thaistil Peaidí Ó Cearnaigh ó Chóbh go Nua Eabhrac ar bord an *USS Washington*. Chuaigh a dheartháir, Máirtín, ar an *Georgic*, long a raibh spás inti do mhíle cúig chéad phaisinéir.

Dóibh siúd a thaistil go Meiriceá idir na blianta 1892 agus 1924, bhíodh orthu clárú ar Oileán Ellis ar dtús sula ligtí i dtír iad. Éireannach óg, Annie Moore, ab ea an chéad inimirceach a claraíodh riamh ar Oileán Ellis nuair a osclaíodh an oifig chlarúcháin ann ar an gcéad lá Eanáir, 1892. Bhí sí tar éis an turas a dhéanamh i dteannta a beirt deartháracha óga ar an *SS Nevada*. Dhá lá dhéag a bhí caite acu ar an bhfarraige, i lár an gheimhridh, ón 20ú de Mhí na Nollag nuair a bhain siad Oileán Ellis amach.⁵⁶ Ón mbliain 1924 ar aghaidh, áfach, rinneadh an próiséas i dtír dhúchais an inimirceora. Claraíodh líon níos lú daoine ann in aghaidh an bliana as sin amach go dtí gur dúnadh an oifig sa deireadh mar lárionad an chlarúcháin d'inimirceoirí ó gach cearn den domhan. Dá bhrí sin, ní raibh ar na Blascaodaigh a d'imigh sall i ndiaidh na bliana 1924 clárú ar Oileán Ellis. Cuireadh scrúdú leighis orthu siúd in Áras na Consulachta Meiriceánaí, i gCorcaigh.

Nuair a chuaigh Seán Team Ó Cearnaigh, athair Mhíchíl Uí Chearnaigh atá luaite thuas, go Meiriceá ar dtús, sa bhliain 1901, bhí air dul trí phróiséas an chlarúcháin ar Oileán Ellis. Chaitheadh an t-imirceoir a sheanghiobail éadaigh, a bhíodh á gcaitheamh aige fad an turais uaidh, agus cuireadh sé a chuid éadaigh mhaithe air nuair a bhí sé ag clárú, ag iarraidh dea-imrisean a chruthú don oifigeach. D'fhágadh siad gach ar thóg siad leo ón mbaile ag doras an fhoirgnimh agus leanadh siad ar aghaidh i scuaine go seomra an chlarúcháin. Scartaí teaghlaigh óna chéile ag an bpointe sin, mar bhíodh scuainí ar leith do na fir, do na mná agus do na páistí. Bhíodh

gárdaí ag dul timpeall ag cinntiú nach mbrisfí na rialacha. Thagadh suas le cúig chéad duine faoi bhráid gach oifigigh i seomra an chlárúcháin in aghaidh an lae. Eatarthu ar fad, bhíodh na hoifigigh líofa i gceithre theanga is daichead. Ní bhíodh ach cúpla nóiméad ag gach inimirceach chun é féin a chruthú os comhair an oifigigh. Chuirte ceisteanna ar na hinimircigh le fáil amach an raibh a staid intinne sláintiúil go leor chun iad a ligean i dtír agus an raibh siad sláintiúil a ndóthain. Bhíodh píosa le léamh acu, chomh maith, ag an bpointe sin.⁵⁷ D'éirigh le Seán Team Ó Cearnaigh i 'scrúdú an chlárúcháin' nuair a chuaigh sé go Meiriceá don chéad uair sa bhliain 1901 agus arís nuair a d'fhill sé sa bhliain 1908. De réir tuairisce ón mBlascaod, níor cuireadh aon duine ón mBlascaod abhaile ó Oileán Ellis riamh, de bharr nach raibh cumas léimh sách maith aige.

Ní bhíodh fáilte roimh chách thall san Oileán Úr, áfach. Gach mí dhiúltaí do thart ar mhíle duine dul i dtír ag Oifig an chlárúcháin ar Oileán Ellis.⁵⁸ Chuirte na hinimirceoirí faoi scrúdú leighis mar chuid de phróiseas an chlárúcháin. Fiú amháin agus iad sa scuaine ag feitheamh, bhíodh oifigigh ag breathnú orthu i ngan fhios dóibh, féachaint an raibh aon rud as an tslí ag baint leo – an raibh droch-chasacht orthu nó aon mhíchumas fisiciúil orthu? I ndiaidh na bliana 1907, nuair a bhí dlithe nua curtha i bhfeidhm, bhí sé i bhfad níos deacra cead isteach a fháil sna Stáit le míchumas ar bith nó le galair éagsúla. I ndiaidh na bliana sin, ní bhíodh cead isteach ag éinne a raibh an eitinn orthu, mar shampla. Bhíodh na dochtúirí ar a n-aire don chalar agus do thracóime, ach go háirithe. Ba ar chúis sin an scrúdú leighis nach ndeachaigh Mícheál Ó Súilleabháin, deartháir le Muiris Ó Súilleabháin, sall. Seachas Muiris é féin, ba é Mícheál an t-aon duine den teaghlach a d'fhan in Éirinn. Bhí cos bhacach ag Mícheál agus bhí a fhios aige nach ligfí dó dul i dtír i Meiriceá, dá barr.

Shocraigh sé ar dhul ag obair do tháilliúir sa Daingean, agus d'éirigh go maith leis ann, de réir dealraimh. Phós sé Hanna Ní Chearnaigh agus chónaíodar i nDuibhneach.⁵⁹ Ina leabhar *Fiche Blian ag Fás*, insíonn Muiris Ó Súilleabháin go raibh a ghlúin féin ar fad imithe ón Oileán, seachas é féin amháin, faoin am a bhí seisean ag smaoineamh ar imeacht:

Bhí mo dheartháir Mícheál ag obair do tháilliúir i nDaingean Uí Chúise, agus dá bhrí sin ní raibh sa tigh ach mé féin, m'athair agus m'athair críonna.⁶⁰

Bhí ar lucht na himirce scrúdú léitheoireachta a dhéanamh, chomh maith, mar atá luaite thuas. Ó aimsir an Chogaidh Mhóir amach, bhíodh ar gach inimirceoir sliocht a léamh i mBéarla nó i gceann de phríomhtheangacha na tíre agus ba mhinic an sliocht a bheith tógtha ón mBíobla.⁶¹ B'shin an fáth go raibh léamh agus tuiscint an Bhéarla chomh tábhachtach sin i scoil an Bhlascaoid. Éinne nár éirigh leo, chuirí abhaile iad. De réir scríbhneoirí an Bhlascaoid Mhóir, níor cuireadh éinne abhaile ó na Stáit Aontaithe riamh de bharr ceall scoaíochta a bheith orthu, murab ionann agus an mhintír. Luann Eibhlín Ní Shúilleabháin buachaill bocht amháin a cuireadh abhaile de bharr nach raibh sé in ann sliocht a léamh go sásúil. Ní saoire a bhí aige fad a bhí sé ag fanacht le teacht anall, ach an oiread, faoi mar a dúirt Eibhlín Ní Shúilleabháin:

Is olc an rud ceal na scoláireacht, de réir dealraimh. Do coimeádadh é seo trí lá in oileán an choraintín agus ní ligfí aon duine a bhain leis ag féachaint [air], mar do chuaigh a uncail ag triall air agus bhí scéal fuar aige: ní ligfí do féachaint amháin air. Agus nuair a bhí na trí lá suas aige insan oileán buaileadh ar bhord na loinge arís é agus anall leis. Tá sé tagaithe thiar insa Chom arís agus is dócha gurb ann a chaillfear anois é, mar más ceal scolaíocht do tháinig leis ní ligfear leis sall go deo.⁶²

Luadh Séamus Ó Duinnshléibhe, mac Mhéiní Chéitinn, thuas. Chuaigh seisean go Ceanada, seachas na Stáit Aontaithe, toisc gan mórán scolaíochta a bheith air. Bhí trí mhúinteoir difriúla ag Séamus i scoil an Bhlascaoid taobh istigh dá chéad chúpla bhliain inti. Mheas Méiní go n-éireodh níos fearr leis nuair a tháinig an Máistir Ó Sábháin, ach níor éirigh agus chaill sé go leor laethanta scoile. Eagraíodh go gcuirfí chun na scoile i nDún Chaoin é, agus go bhfanfadh sé le máthair Mhéiní amuigh. Dúradh nár chaith sé mórán thar dhá lá sa scoil fad a bhí sé ar an míntír. Bhí sé breis is deich mbliana d'aois faoin am a d'fhill sé ar an mBlascaod agus níor chaith sé mórán ama ina dhiaidh sin ar scoil.⁶³ De bharr an easpa leanúnachais sin ina chuid scolaíochta, níor bhain Séamus Ó Duinnshléibhe caighdeán léimh nó scríofa réasúnta amach sa Bhéarla riamh. Bhí a fhios aige nach gcomhlíonfadh sé riachtanais scrúdú an inimirceora sna Stáit, agus dá bharr sin, shocraigh sé ar dhul go Ceanada, toisc nach raibh leibhéal oideachais an-ard de dhíth ar inimircigh chun na tíre sin. Níor roghnaigh mórán Blascaodach eile dul go Ceanada, áfach.

Cé nach raibh ar Mhuiris an Phoncáin, deartháracha Uí Chearnaigh agus go leor Blascaodach eile nach iad, a chuaigh sall ó na meánfhichidí ar aghaidh, dul trí phróiséas an chlárúcháin ar Oileán Ellis, bhí próiséas an chustaim ag an gcalafort i Meiriceá dian fós.⁶⁴ Ní bhíodh an turas déanta go fóill, áfach, nuair a chuaigh siad i dtír. Fuair na hOileánaigh óga iad féin i gCathair Nua Eabhrac nó Cathair Bhostúin agus an tslí go Springfield fós le cur díobh. Go dtí deich lá nó coicíos roimhe sin, ní raibh baile níos mó ná an Daingean feicthe acu riamh, agus anois fuair iad féin i gceann de chathracha móra na Stát Aontaithe. Bhíodh an t-ádh le cuid acu, iad siúd a raibh duine rompu ag feitheamh orthu ag an gcalafort, chun iad a thionlacan ar an

gcéim dheireanach dá dturas fada. Don chuid eile, áfach, ní bheadh éinne rompu go dtí go mbainfidís Springfield amach. Ba ghnách do na hinimirceoirí nua an traein a fháil síos go Springfield. Nuair a shroich Muiris an Phoncáin stáisiún Springfield bhí a dheirfiúr roimhe agus a neachtanna léi.⁶⁵ Thaitin saol an Bhlascaoid go mór leis sula ndeachaigh sé sall. Bhí sé sona sásta sa bhaile ar an Oileáinín agus bhí an t-athrú saoil an-dian air i dtosach.

Ba ghnách do mhuintir an Bhlascaoid duine a bheith ag feitheamh orthu ag an stáisiún traenach i Springfield, muna raibh duine rompu ag an gcalafort. Ba mhinic a thógtaí an t-inimirceoir nua go dtí an *John Boyle O'Reilly Social Club* tar éis dó teacht isteach. Bheadh cuid den seandream ann cinnte. Mhothódh an t-inimirceach nua níos fearr le pionta os a chomhair aige agus é i measc a sheanchomhluadair arís. Do thromlach na mBlascaodach a thaistil sall i ndiaidh an Chogaidh Mhóir, bhí daoine muinteartha leo thall cheana féin, rud a laghdaigh an t-uaigneas a bhraith siad, beagáinín. Mar a dúirt Mícheál Ó Cearnaigh:

I had at that time 5 aunts and 3 uncles in Springfield. Upon my arrival in the States, I found that I had more relations here than back home in Ireland!⁶⁶

B'fhíor-uaigneach agus ba chorrathach an tréimhse í do go leor inimirceach nuair a chuaigh siad go Meiriceá ar dtús, ba chuma cé mhéid cairde is gaolta a bhíodh bailithe timpeall orthu, go dtí gur éirigh siad féin clóite leis an áit.⁶⁷ Bhíodh Eibhlín Ní Chearnaigh go mór trí na chéile agus í ag dul ag obair gach maidín, 'I used to cry going over there every morning. I thought I was crazy coming here.'⁶⁸ Saol an-difriúil ó shaol an Bhlascaoid a bhíodh á chleachtadh thall an tráth úd agus bhí

Eibhlín tamall ag dul i dtaithe air.⁶⁹ Dúirt Mícheál Ó Cearnaigh nár thóg sé i bhfad air a dheartháracha agus a dheirfiúr a thabhairt amach ina dhiaidh. A luaithe is a bhí post ag Blascaodach agus suim bheag i dtasice aige, sheoladh sé anall chuig an chéad duine eile é, agus thosnaíodh an próiseas an athuir.⁷⁰

D'éirigh go breá le muintir an Bhlascaoid, tríd is tríd, agus ní bhíodh tréimhse fhada caite acu nuair a bhíodh siad in ann an costas a sheoladh anall chuig an gcéad duine eile. Chuaigh Máire Ní Chriomhthain, deirfiúr Thomáis Uí Chriomhthain, sall go Meiriceá i ndiaidh dá céad fhear céile bás a fháil. D'fhág sí mac óg faoi chúram a tuismitheoirí agus bhailigh sí léi sall chun airgead mór a thuilleamh. Ní raibh sé i gceist aici riamh fanacht ann ach go sealadach de bharr an pháiste a bheith sa bhaile. Trí bliana a chaith sí thall, ach sular fhill sí ar an mBlascaod Mór sheol sí luach an chostais anall chuig a beirt deirfiúracha, Nóra agus Eibhlín. Faoin am sin, bhí Peaidí imithe go Meiriceá cheana féin, bhí Cáit pósta, agus bhí Tomás ró-óg fós le bheith ag smaoineamh ar dhul aon áit. Cé go raibh a mac óg ag feitheamh uirthi sa bhaile ar an mBlascaod, ní raibh Máire sásta filleadh go dtí gur chomhlíon sí a dualgas i leith a deirfiúracha agus a deis a thabhairt dóibh dul sall. Mar a dúirt an Criomhthanach:

Bhí Máire i Meirice fós, Nóra agus Eibhlín age baile. Ní raibh fonn anall ar Mháire nó go mbeadh an bheirt sin thall ina diaidh, rud do thit amach. Is ró-ghearr ina dhiaidh sin gur chuir sí an costas go dtí iad.⁷¹

Chuaigh an bheirt acu sa bhliain chéanna. Chomh luath is a bhí siad socruithe thall thosaigh Máire ag smaoineamh ar an turas abhaile a chur di, a cuid dualgaisí i leith a deirfiúracha comhlíonta aici.

Ba é Pádraig Ó Gaoithín an chéad duine de chlann Pheig Sayers a d'imigh sall. Óna aintín, Cáit, thall a fuair sé féin an costas, ach níorbh fhada a bhí sé féin ann nuair a chuir sé airgead abhaile chuig Cáit, a dheirfiúr. D'imigh sí agus sar i bhfad tháinig an costas abhaile chuig Muiris, an té ba shine de chlann Pheig, agus bhailigh sé leis sall, chomh maith. Dar lena dheartháir Mícheál, d'éirigh le Muiris post maith a aimsiú dó féin thall. Théadh sé féin, i dteannta a dheirfear, Cáit, ar cuairt go dtí a n-aintín, Cáit, go rialta, agus bhí sí an-bhródúil astu beirt, Cáit ach go háirithe.⁷² Ní raibh fágtha ar an mBlascaod i dteannta Pheig an uair sin ach Mícheál amháin, os rud é go raibh Eibhlín (Neilí) ag obair i nDún Druma i mBaile Átha Cliath. In ionad an costas a sheoladh abhaile chuig Eibhlín, tháinig Pádraig abhaile ar cuairt agus ní raibh sé sásta go dtí gur imigh Eibhlín ina theannta ar ais go Meiriceá. Chuaigh an bheirt acu sall ar long de chuid an *White Star Line*, in Aibreán na bliana 1928. I Mí an Mheithimh, an bhliain ina dhiaidh sin, d'imigh Mícheál tar éis dó an costas a fháil anall.⁷³ Ba sa tslí sin a d'imigh go leor teaghlach sall go Meiriceá an tráth úd, ní amháin ón mBlascaod ach ó cheantair éagsúla trasna na tíre. Na Súilleabhánaigh, na Criomhthanaigh, na Cearnaigh, na Cathánaigh is na Gaoithínigh, rinne siad uilig an rud céanna. Nuair a bhíodh an chéad duine socruithe sheoladh sé an t-airgead anonn chun seans a thabhairt don chéad phearsa eile teitheadh ón gcruachás ina raibh siad ar an Oileán Tiar.⁷⁴ Ba chomhartha maith é, áfach, go raibh na heisimirceoirí ón mBlascaod in ann an t-airgead sin a sheoladh abhaile don chuid eile den teaghlach. Thug sé le fios dóibh sa bhaile go raibh saol réasúnta compordach cruthaithe acu dóibh féin thall, rud a thug suaimhneas áirithe dá dtuismitheoirí buartha, uaigneacha.

Tríd is tríd, d'éirigh go maith leis na Blascaodaigh lena saol nua i Meiriceá. Mar atá pléite i gCaibidil 2, théadh formhór mhór na mBlascaodach go Springfield,

Massachusetts agus na ceantair mórtimpeall air, ar nós Chicopee agus Holyoke. Chuir líon mór díobh fúthu i ndúiche de chathair Springfield ar a dtugtaí ‘Hungry Hill’, nó Liberty Heights go hoifigiúil, sa tslí is go raibh comharsanacht Bhlascaodach thall i Springfield sa deireadh. Bhídís chomh dlúth thall is a bhídís riamh ar an Oileán Tiar. D’oibrigh siad go dian agus fuair siad luach a saothair. Ba mhó scéal a chloistí, i measc na mBlascaodach óg ar an Oileán, faoi na daoine sin ar rith an saol leo thall ná mar a chloistí fúthu siúd ar imigh an saol ina gcoinne thall. Ní fios d’éinne cérbh é nó cérbh í an chéad Bhlascaodach a d’imigh sall nó cén saghas saoil a chleacht sé nó sí thall ach nuair a thosaigh líon mór Éireannach ag imeacht sall sa chéad leath den naoú haois déag, ba sna coinníollacha ba mheasa a mhairidís. Thógaidís na poist ba lú meas ar na tuarastail ba ísle ag an am, na poist nach mbacfadh éinne eile leo. Chuiridís fúthu sna ceantair ba bhoichte. Ní bhíodh aon oideachas orthu gur fiú trácht air, agus níor thuig roinnt mhaith díobh an Béarla, fiú amháin. Mar a dúirt Seán Ó Criomhthain:

Ní raibh iontu ach faoi mar a bheadh ainmhithe. Nuair a labhradh an maor nó an saoste leo chun seo nó siúd a dhéanamh ba mhar a chéile dó a bheith ag caint leo nó faoi mar a bheadh sé ag caint le hasal nó le capall.⁷⁵

Ar an iomlán, b’oibrithe maithe iad na hÉireannaigh, áfach, agus d’fhaigheadh a bhformhór fostaíocht go gairid i ndiaidh dóibh na Stáit a bhaint amach.

Le himeacht aimsire, tháinig feabhas ar chuid na nÉireannach thall. Le tuiscint éigin acu ar an mBéarla, bhídís in ann poist beagáinín níos fearr a fháil, agus rinne siad dul chun cinn ann. Bhíodh go leor muillte mórtimpeall Chicopee an tráth úd agus go leor oibre iontu, do na mná ach go háirithe. Ba chun na dúiche sin a chuaigh

tuismitheoirí Mhéiní Chéitinn ó leithinis Chorca Dhuibhne, agus is cosúil gur luigh máthair Mhéiní isteach ar obair na muillte ar feadh tréimhse.⁷⁶ Nuair a chuaigh Méiní sall í féin agus í sna déaga, ba i muilleann a d'oibrigh sí, chomh maith. Chuaigh sí go Chicopee ar dtús ach bhog sí síos go Hartford gan mhoill agus d'fhan sí ann lena haintín. Bhí sé níos fusa post a fháil ann agus bhí teach mór breá ag a haintín ann. Bhí airgead maith le tuilleamh ann an uair sin, agus bhí saol sóisialta maith aici ann. Nuair nach mbíodh sí ag obair, théadh sí ag spaisteoireacht timpeall an bhaile i dteannta cairde, go minic. D'oibríodh sí go dtí a haon a chlog ar an Satharn ach bhíodh sí saor chun bualadh leis na cailíní eile sa tráthnóna. Théidís ag damhsa, de ghnáth oíche Shathairn, i halla faoi leith ina mbailíodh na hinimircigh óga Éireannacha ar fad. Bhíodh gúna deas agus hata aici do na rincí seo, ag cur cuma na mná óige uaisle uirthi féin. Thosaíodh na rincí ag a hocht ach chuireadh a haintín iachall uirthi a bheith thar n-ais sa tigh ag meán oíche, ar a dhéanaí. Shiúilfeadh fear óg Éireannach an bealach abhaile léi, í á cosaint ar olc aige. Maidin Dé Domhnaigh, théadh sí ar Aifreann agus bhíodh sí saor don lá ansin. Bhí saol maith, neamhspléach aici i Meiriceá, is léir. D'oibríodh sí óna seacht go dtí a sé tráthnóna ón Luan go dtí an Aoine, agus óna seacht go dtí a haon ar an Satharn. Sé huair is caoga in aghaidh na seachtaine ar an iomlán, agus d'fhaigheadh sí suim ar comhbhéis le ceithre scilling in aghaidh an lae. Sa bhaile in Éirinn ní bhfaigheadh cailín aimsire mórán níos mó ná sin in aghaidh na seachtaine.⁷⁷

I rith na naoú haoise déag agus i mblianta tosaigh na fichiú haoise, thógadh an-chuid cailíní neamhphósta ón Oileán Tiar post i dtigh mór éigin thall agus d'oibríodís iontu mar ghiollaí tí. Ní mórán airgid a bhíodh le saothrú leis an gcineál sin oibre, ach fós sheolaidís luach an chostais abhaile chuig deartháir nó deirfiúr sa

bhaile. Bhí cailíní ón Oileán fostaithe leis an saghas sin oibre trí aimsir an Chogaidh Mhóir, agus ina dhiaidh, cé go raibh roghanna eile fostaíochta ag teacht chun cinn faoin am sin sna monarchana móra. De bharr cúrsaí eacnamaíochta na Stát Aontaithe sna fichidí, gearradh siar ar mhéid na fostaíochta do na hinimircigh óga sna tithe móra. Ón am sin amach, fostaíodh sna monarchana, sna siopaí agus sna hoispidéal iad, den chuid is mó. Bhí daoine faoi leith fós fostaithe ag na daoine saibhre ina dtithe móra i bhfad níos déanaí ná an Chéad Chogadh Domhanda, áfach. Léiríonn Máire Ní Chéilleachair ina halt, 'Mná i Litríocht an Bhlascaoid', go raibh Eibhlís Ní Chatháin fostaithe ag an Seanadóir McLean i gConnecticut sa bhliain 1933, nuair a foilsíodh *Fiche Blian ag Fás*, leabhar a cara scoile, Muiris Ó Súilleabháin. Fad a bhíodh na polaiteoirí ag déanamh scagadh ar an leabhar, bhíodh Eibhlís ag freastal orthu agus ag éisteacht lena dtuairmí ina leith, ach ní ligfeadh eagla nó umhlaíocht di a rá le héinne acu go raibh sí féin ar scoil le húdar an leabhair.⁷⁸

Ag casadh an chéid, ba é tógáil an iarnróid rogha oibre na bhfear. Obair dhian a bhí ann ach bhídís sásta é a dhéanamh agus tuarastal macánta a thuilleamh. Nuair a d'fhill Seán Team Ó Cearnaigh ar na Stáit Aontaithe sa bhliain 1908, luigh sé isteach ar an obair sin, fad a bhí sé sna Stáit don dara huair sin, agus airgead maith aige le saothrú ann. D'oibríodh cuid do na hinimircigh fhir ar thógáil na gcanálacha, chomh maith, obair a bhí faoi lán seol an tráth úd.

Mar thoradh ar an nós sin a bhí i bhfeidhm ar an mBlascaod, agus in Éirinn i gcoitinne, an costas a sheoladh abhaile chuig an chéad duine eile sa teaghlach, nuair a théadh an duine sin sall d'fhanadh sé sa cheantar céanna lena dhaoine muinteartha, agus níos minicí ná a mhalairt, d'fhanadh sé faoi chúram a ghaoil go dtí go raibh sé

socrúithe agus post faighte aige. D'fhaigheadh sé arásán nó tigh dá chuid féin ansin agus sa tslí sin d'fhás dlúthphobal Blascaodach agus Éireannach i gCathair Springfield agus sa dúiche mhórthimpeall Springfield. Ba bhuntáiste ollmhór é sin don inimirceach nua mar bheadh aithne ag duine éigin ar dhuine éigin eile a mbeadh post aige d'fhear óg fuinniúil díograiseach, nó do bhean óg chúramach, dhícheallach.

Insíonn Seán Ó Criomhthain scéal faoi bhuachaill amháin ón Oileán Tiar a d'imigh go Springfield agus ar éirigh go han-mhaith leis thall. Ní raibh sé ach ocht mbliana déag nuair a chuir sé an turas go Meiriceá de. Thosaigh sé ag obair i siopa rothar nuair a bhain sé na Stáit amach agus d'fhreastail sé ar scoil oíche, chomh maith. I ndiaidh trí bliana ag obair dó ann, ceapadh mar mhaor an tsiopa é. Agus é ina mhaor, bhíodh sé in inmhe post a chur ar fáil do go leor inimirceach nua ón mBlascaod. Bhíodh sé in ann teacht abhaile chun an Bhlascaoid ó am go chéile, toisc post maith a bheith aige thall.⁷⁹

Deirtear gur ar scáth a chéile a mhaireann na daoine agus is cinnte go raibh a fhios ag Seán Chéitinn, seanathair Mhéiní Chéitinn, gur fíor an méid sin nuair a d'fhill sé ar na Stáit Aontaithe i dteannta a iníne, Nóra. Nuair a bhain siad Nua Eabhrac amach, bhuaile Seán le fear ón Daingean a raibh aithne aige ar fhear Éireannach eile a raibh muileann aige agus a bheadh sásta é a fhostú. D'oibrigh an Céitinneach mar mhaor sa mhuileann don fhear sin go dtí gur fhill sé ar Chiarraí nuair a bhí Nóra socrúithe thall. Mar a tharla, ba é athair a chéile úinéir an mhuilinn agus d'fhéach seisean chuige go dtabharfaí aire mhaith do Nóra, a gharíníon féin, go deireadh a saoil.⁸⁰

De réir mar a d'fhás pobal na n-Éireannach sa chéad cheathrú den fhichiú haois, rinne siad an-dul chun cinn i sochaí Springfield. Cé gur obair neamhsciliúil a bhí ar bun ag a bhformhór fós, bhí ardú céime glactha acu ón obair shuarach a rinne na glúinte Éireannach a d'imigh rompu. Ba thiománaithe traenacha agus busanna cuid acu faoin am sin, uncail Mhíchíl Uí Chearnaigh ina measc. Eadóirsíodh iad agus dá bharr sin, bhí vóta le caitheamh acu. D'eagraíodh iad féin i gcomhair na dtoghchán agus d'fhéachaidís chuige go mbíodh Éireannach tofa, duine a d'oibreodh ar a son ar fad. Bhí leo ansin mar bheadh duine ag faire amach ar a son agus ag déanamh a dhícheall fostaíocht mhaith a chur ar fáil do mhuintir a thíre dúchais. Ó shin i leith, tá sloinnte Éireannacha le cloisteáil i measc fhoireann Halla na Cathrach, agus i measc na bpóilíní is foirne na seirbhísí éigeandála eile. Faoin mbliain 1923, Éireannach ab ea Ceannfort na bPóilíní i Springfield. Tógadh eaglaisí caitliceacha a raibh scoileanna agus oispidéil ag gabháil leo, sa tslí is go raibh dlúthphobal eagraithe Éireannach i Springfield, leis an eaglais mar lárionad, faoin am a d'imigh an ghlúin dheireanach sall ón mBlascaod.⁸¹ Ba bhuntáiste eile é dóibh gur cine geal a bhí iontu. Bhí siad níos infhostaithe i gcultúr a bhí amhrasach fós faoi dhath craicinn.

Bhraith an saghas agus an méid fostaíochta a bhí ar fáil do na hinimircigh go hiomlán ar choinníollacha eacnamaíochta na Stát, agus anuas air sin, bhraith líon na n-imirceoirí a d'imigh ón mBlascaod sall ar na seansanna fostaíochta thall. Bhí go leor oibre ar fáil sa dara leath den naoú haois déag ar na láithreáin thógála agus ar thógáil an iarnróid. Bhí an obair flúirseach, chomh maith, sna monarchana ag tús na fichiú haoise agus rinne ráta na himirce scáthánú ar an bhfíric sin. Le linn an Chogaidh Mhóir, bhí neart fostaíochta ar fáil sna Stáit, chomh maith, ach bhíodh sé an-dian ar imircigh cead isteach a fháil i rith an aga sin. Nuair a tháinig an cúlú

eacnamaíochta sna fichidí le titim an mhargaidh airgeadais, tháinig an-chuid dífhostaíochta leis. Tháinig cúlú ar líon na n-imirceoirí ón mBlascaod i rith an ama sin, chomh maith. Mar a dúirt Eibhlís Ní Shúilleabháin i litir a scríobh sí chuig George Chambers ag tús na dtríochaidí:

The Yank Pats' daughter, is staying at home this winter too, because there isn't much work in America these days.⁸²

É sin ráite, níorbh iad na 'poist mhóra' a bhí de dhíth ar lucht an Bhlascaoid. Bhí siad sásta aon saghas oibre a dhéanamh, fad a bhí siad in ann a rá gur thuill siad a gcuid airgid go macánta. Tuarastal íseal a fuair a bhformhór ach fós bhí sé níos fearr ná mar a bheadh acu sa bhaile. De réir dealraimh, bhí obair den chineál sin ar fáil i gCathair Springfield, fiú amháin le linn an chúlaithe. A luaithe is a tháinig feabhas ar bith ar eacnamaíocht Mheiriceá, tháinig méadú arís ar líon na mBlascaodach a d'imigh sall chun triail a bhaint as saol na Stát. Níor tháinig staonadh iomlán ar an imirce ón mBlascaod le linn an chúlaithe, áfach. Bhí daoine áirithe fós toilteanach dul sa seans go mbeadh an t-ádh leo.

Ba sa tréimhse idir an dá Chogadh Domhanda a chuaigh an líon mór de ghlúin dheireanach an Bhlascaoid sall. Arís, i rith an Dara Cogadh Domhanda, tháinig laghdú ar líon na n-imirceoirí go Meiriceá ón mBlascaod. I ndiaidh an Chogaidh, ní raibh mórán daoine óga fágtha ar an Oileán Tiar. Na daoine nach ndeachaigh sall, bhíodar ag smaoineamh ar theacht amach chun na míntíre faoin am a thosaigh an cogadh. Bhí feabhas éigin tar éis teacht ar an ngeilleagar agus na daoine deireanacha ag dul sall ón Oileán Tiar. Bhí fostaíocht ar fáil easca go leor dóibh siúd nach raibh

faitíos orthu roimh obair dhian. Bhí saol an-difriúil ag na Blascaodaigh a d'imigh sall sa tréimhse i ndiaidh an Chogaidh Mhóir go dtí gur tréigeadh an tOileán faoi dheireadh, i gcomparáid leo siúd a d'imigh ag tús thréimhse na himirce ón mBlascaod Mór. Saol níos compordaí a chleacht siadsan.

Nuair a bhain Muiris an Phoncáin Ó Cearnaigh Springfield amach sa bhliain 1925, bhí an-chuid dá mhuintir thall cheana féin aige. Ní raibh ach seachtain caite aige ann nuair a thosaigh sé ag obair leis an gcomhlacht ghais. Ó Éireannach eile a fuair sé an post ann, dar ndóigh.⁸³ Ní raibh sé i bhfad ag obair ann, áfach, nuair a ghortaigh sé a dhrom go dona agus b'shin an uair a bhraith sé an Blascaod uaidh.⁸⁴ Níor theith sé sa deireadh. D'fhan sé i Springfield agus chuaigh sé thar n-ais chuig an gcomhlacht gais nuair a tháinig sé chuige féin arís, agus chaith sé tamall eile ag obair dóibh. D'athraigh sé ansin agus chuaigh sé ag obair don *Fisk* agus d'éirigh go maith leis ann. Cé gur briseadh as a phost é ar feadh tamaill, glaodh thar n-ais air, agus bhí airgead mór aige á thuilleamh an uair sin. Dar ndóigh, ba sna coinníollacha ba mheasa a bhí an t-airgead ab'fhearr sna monarchana an uair sin, ach níor chuir na coinníollacha oibre isteach a bheag ná a mhór ar Mhuiris. Bhíodh uaireanta oibre fada aige ann – deich n-uaire cúig lá sa tseachtain agus leathlá maidin Dé Sathairn, ach bhíodh an t-airgead go maith agus saol maith aige dá bharr.⁸⁵

Nuair a shroich Mícheál Ó Cearnaigh Nua Eabhrac timpeall na bliana 1946, bhí a uncail Team ag feitheamh air ann. Tiománaí bus ab ea Team, ach an lá sin thógadar an traein ó Nua Eabhrac go Springfield le chéile. Bhuail Mícheál lena ghaolta ar fad ann an lá sin agus d'fhoghlaim sé cé chomh mór is a bhí an chraobh Mheiriceánach dá mhuintir. Bhí cúigear aintíní agus triúr uncailí aige i Springfield, gan trácht ar chol

ceathracha agus col cúigir. Thug cuid acu bronntanais airgid dó agus bhí leis, a mheas sé;

I thought it was great. I said to myself, 'My God, I don't have to work at all.' But that doesn't last very long.⁸⁶

Fuair duine muinteartha leis post dó, sar i bhfad, in ollmhargadh. D'oibríodh sé ann i rith an lae agus tar éis dá dheartháracha dul amach agus socrú i Springfield, théidís amach ag péinteáil tithe le chéile i ndiaidh an lae oibre. Rinne Mícheál dul chun cinn leis an gcomhlacht sin trí teastas a dhéanamh i scoil oíche. D'fhan sé leis an gcomhlacht céanna ar feadh seacht mbliana is fiche ó bhain sé Springfield amach go dtí gur dúnadh an siopa áirithe ina raibh sé ag obair. Chuaigh sé ag obair ansin mar fhear slándála i Halla na Cúirte. Cara leis a fuair an post sin dó. D'fhan sé ann go dtí go ndeachaigh sé amach ar pinsean, ocht mbliana déag níos déanaí ar an 26ú Feabhra, 1991.

Níor rud neamhghnáthach é d'inimirceoir nua a raibh clann aige dhá nó trí phost a bheith aige chun teach a cheannach agus an teaghlach a chothú, cosúil le Mícheál Ó Cearnaigh agus a dheartháracha ag péinteáil na dtithe i ndiaidh a lae oibre. Níor fhág sé sin mórán ama acu aithne cheart a chur ar a gclann go dtí go raibh siad beagnach fásta, i go leor cásanna. Is amhlaidh a bhí le hathair Sheán Cahillane, ach is dócha go ndeachaigh sé thar fóir leis an ráiteas thíos chun a phointe a shoiléiriú;

Oh God I don't think I met the man until I was about eleven.⁸⁷

ach thuig sé gur oibrigh sé ar son an teaghlaigh i gcónaí:

He had five kids and he was newly immigrated, so he had three jobs.⁸⁸

Nuair a bhain Máirtín Ó Cearnaigh, dearthair Mhíchíl, Springfield amach, fuarthas post dó i seamlas Handy. Bhíodh na coinníollacha go dona, ach an t-airgead go maith. Mar a dúirt Máirtín é féin:

That was the highest-paid place in Springfield in them days. I had a lot more than the American boys.⁸⁹

Cúig bliana a chaith sé i mbun na hoibre sin. Bhí eacnamaíocht Mheiriceá láidir an tráth úd agus ní bhíodh sé dian ar na hinimircigh Bhlascaodacha obair a fháil sna monarchana.

You could leave a job on Friday and walk into one on Monday in those days.⁹⁰

As sin, chuaigh Máirtín ag obair sa *Fisk Tyre and Rubber Company*. Bhíodh an mhonarcha i gcónaí an-te, ach i lár an tsamhraidh, nuair a d'eiríodh an teocht taobh amuigh, bhíodh sé dáinséarach taobh istigh. D'éiríodh an teas iomarcach do go leor oibríthe agus bhíodh otharcharranna ag feitheamh taobh amuigh ar feadh an lae chun cóir leighis a sholáthar dóibh siúd a raibh sé de dhíth orthu. Sa *Fisk*, bhíodh an t-airgead ab fhearr ag dul do na hoibríthe a d'oibrigh sna coinníollacha ba mheasa.⁹¹ D'oibrigh fear ó Chom Dhíneoil sa *Fisk* ar feadh na mblianta agus nuair a chríochnaigh sé ní raibh ach cuid de scámhóg amháin fágtha aige de bharr an tsalachair agus na dtoiteanna ann. Ar uairibh, bhíodh air dhá sheal ocht n-uaire a

dhéanamh i ndiaidh a chéile. Dar ndóigh, ní raibh aon cheardchumann ann chun cearta na n-oibrithe a chosaint.⁹²

Ar theacht go Meiriceá do Pheáidí Ó Cearnaigh, chuaigh sé go Springfield cosúil le cách chun a bheith i measc a dhaoine féin. Chaith sé dhá bhliain in Georgia in Arm na Stát Aontaithe, ach chaith sé an chuid eile dá shaol oibre ag saothrú don *Bay State Gas Company*, i dteannta a dheartháracha Billy agus Team nuair a shroich siad Springfield. Chuaigh Peáidí amach ar pinsean ón gcomhlacht sin sa bhliain 1986.⁹³ Bhí deartháir eile acu a d'imigh sall, freisin, ach ní dheachaigh sé sall díreach ón mBlascaod. Muiris an deartháir sin, agus ba chóir go dtiocfadh an costas abhaile chuige-se ó Mhícheál ar dtús, in ionad Pheáidí, toisc eisean a bheith níos sine ná Peáidí, ach faoin am a bhí an t-airgead curtha le chéile ag Mícheál thall bhí a dheartháir bailithe leis as an Oileán cheana féin. Chuaigh sé i seirbhís mar mhairnéalach trádála i Sasana. Chaith sé tamall i mbun na hoibre sin, sula ndearna sé a bhealach go Springfield, chomh maith.⁹⁴

D'éirigh go maith le mic Sheáin Team thall i Meiriceá, mar sin, fuair siad an fhostaíocht ab fherr a mbeadh aon inimirceach neamhoilte ag tnúth léi, agus ní mórán díomhaointis a chonaiceadar ina saol oibre.

Maidir leis na mná, um an dtaca céanna, d'oibrídís i monarchana agus i seirbhísí poiblí don chuid is mó. Nuair a bhainidís Springfield amach d'fhaightí post dóibh, cosúil le bás na bhfear óg, bheadh aithne ag cara nó gaol léi ar dhuine a mbeadh post aige di. Nuair a chuaigh Eibhlín Ní Cearnaigh, col ceathrar Mhíchíl Uí Cearnaigh, sall ar dtús fuarthas post di san oispidéal áitiúil, ag glanadh na cistine. Bhíodh

an-chumha uirthi ar dtús sula ndeachaigh sí i dtaithí ar a saol nua.⁹⁵ Is dócha go raibh sí in ann cur suas leis an bpost go dtí gur iarradh uirthi an obrádlann a ghlanadh i ndiaidh obráide lá. Ní raibh sí in ann chuige sin:

Oh good God I turned, and out the door. That was that.⁹⁶

De réir dealraimh, níorbh iad na mná óga neamhphósta amháin a d'oibríodh taobh amuigh den bhaile, murab ionann is go leor ban sa bhaile in Éirinn. I ndiaidh dóibh pósadh, chuaigh Máirín, Bean Mhíchíl Uí Chearnaigh, ag obair san ollmhargadh céanna leis.⁹⁷

Mar atá cruthaithe anois, d'oibrigh na Blascaodaigh idir fhir is mhná, go han-dian sna Stáit ach fuair siad luach a saothair, chomh maith. Ar an iomlán, bhí saol maith compordach acu thall. Bhí saol sóisialta maith acu, de réir cosúlachta, i gcodarsnacht ghlan le saol an Bhlascaoid. Chuir siad go mór le saol Chathair Springfield, ina theannta sin agus thuill siad moladh ón gCongressman Richard Neal sa bhliain 2005 as sin:

It is at the John Boyle O'Reilly Club that tales of life on the Blaskets are still told by Irish Americans with surnames such as Carney, Cahillane, Moore, Keane, Guiheen, Crohan, Sullivan and Garvey. These storytellers have made Springfield a much richer place to live. I am proud to count these islanders among my closest friends.⁹⁸

I lár na naoú haoise déag, nuair a théadh inimircigh Éireannacha go Springfield, chuiridís fúthu an-ghar don abhainn sna hárasáin ba mheasa agus ba bhoichte, ach de réir mar a dhéanaidís dul chun cinn éigin, bhogaidís suas an cnoc go tithe breátha

compordacha leis na háiseanna nua-aimseartha ab fhearr ag an am.⁹⁹ Bhíodh na tithe aer-oiriúnaithe i rith an tsamhraidh agus téite i rith an gheimhridh. Bhíodh áiseanna nua-aimseartha eile acu ar nós mheáisín níocháin agus cuisneora sna tithe, ina theannta sin.

Theastaigh ó na hÉireannaigh ar fad a bheith i seilbh a dtithe féin, in ionad iad a thógaint ar cíós. Nuair a phós Mícheál Ó Cearnaigh is a bhean, Máirín, ar dtús thóg siad árasán beag ar cíós ar an tríú hurlár de thigh mór. De réir mar a rinneadar dul chun cinn bhog siad go hárasán níos mó, níos giorra d'uncail Mhíchíl ar Hungry Hill, agus as sin cheannaigh siad a dtigh féin i lár an cheantair Bhlascaodaigh i Springfield. Tigh dhá theaghlach a bhí ann agus bhíodar anois in ann an dara hurlár a ligean ar cíós le teaghlach eile. Nuair a ceapadh mar bhainisteoir é san ollmhargadh ina n-oibríodh sé, bhí Mícheál Ó Cearnaigh in ann tigh níos mó a cheannach dá chlann arís.

Bhíodh saol sóisialta beo gníomhach ag pobal an Bhlascaoid i Springfield. Choinnigh siad a gcluichí agus a nósanna tráidisiúnta Gaelacha beo ina dtír nua, agus bhíodar an-bhródúil astu, ach ina theannta sin, ghlac siad le cultúr na tíre sin. Na daoine ar rith an saol leo thall, chreid siad ina dtír nua mar thír na mbrionglóidí agus d'fhéach siad ar ghlacadh leis an gcultúr nua sin mar shaibhriú ar a gcultúr féin, ní mar dhíothú ar a gcultúr. Théidís amach ag damhsa oíche Shathairn i rith na gcaogaidí go dtí an Tara Hall go hiondúil, ach le himeacht aimsire, agus go háirithe le teacht an teilifíseáin go tigh an ghnáthMheiriceánaigh, chuaigh na hallaí damhsa i léig. Ghéill siad d'oícheanta cois teilifíse. Oíche Dé hAoine nó Dé Sathairn,

bhailíodh cairde i dtigh faoi leith agus i ndiaidh an fhulachta, bhreathnaíodh na fir ar an spórt ar an teilifís le cúpla canna, fad a bhíodh na mná ag cómhraí eatarthu féin.¹⁰⁰

Mar a luadh cheana, níor thréig muintir an Bhlascaoid a nósanna, a gcaitheamh aimsire, a gcreideamh nó a dteanga nuair a d'imigh siad sall go Meiriceá. Chloígh siad chomh docht agus ab'fhéidir leo le nósanna faoi leith, ach dar ndóigh, chuaigh cinn eile i léig sar i bhfad. Tugadh faoi deara sna daichidí deireanacha gur bhain líon mór de na hinimircigh fhir nua le Contae Chiarraí, go háirithe na dúichí siar ón Daingean, agus ina theannta siúd, bhíodh go leor inimirceach ag dul go Springfield ó Chontae Mhaigh Eo, agus ceantair éagsúla eile a raibh an pheil Ghaelach an-láidir iontu. Sa bhliain 1948, cuireadh foireann peile le chéile de mhuintir Chiarraí, agus dar ndóigh, d'imríodh fir óga an Bhlascaoid ar an bhfoireann áirithe sin. An bhliain i ndiaidh a bunaithe, 1949, bhuaigh an fhoireann Chiarraíoch an New England League Championship.¹⁰¹ Is dócha go raibh an fhoireann sin an-tábhachtach do go leor fear óg agus iad ag iarraidh dul i dtaithí ar an saol nua thall. Ba chuimhneachán ar an mbaile agus ba cheangal leis an seantír í an pheil i measc na bhfoirgneamh ard agus na gciníocha éagsúla. Choinnigh an pheil na fir óga le chéile agus thug sí cuspóir dóibh dá gcuid ama saoir. Bhíodh seisiúin traenála acu tráthnónta i rith na seachtaine i Van Horn Park, i lár a gceantair féin, agus ba mhinic a bhíodh cluiche acu le himirt ar an Domhnach i Nua Eabhrac, i mBostún, in Albany agus in áiteanna eile nach iad. Choinnigh sé dlúthcheangal idir na Blascaodaigh féin agus muintir Chiarraí i gcoitinne, rud a bhí an-tábhachtach go mór mór don mhionlach nach raibh cónaí orthu ar Hungry Hill.

Cé nach mbídís ag imirt iad féin, théadh mná an Bhlascaoid agus mná fhir an Bhlascaoid go dtí na cluichí peile, chomh maith, mar lucht féachana. De réir mar a bhíodh a gclanna ag fás aníos, d'fhreastalaíodh na páistí ar na cluichí, chomh maith, lena máithreacha agus iad óg, agus níos déanaí lena gcairde féin. Ba shiamsaíocht an Domhnaigh é do go leor teaghlach inimirceach ón mBlascaod. Mar a dúirt Seán Cahillane:

I remember seeing three thousand people at these games: all kids in the strollers, the mothers showing off the babies. The older Irish that had emigrated in the twenties and thirties were there. Everyone had their caps on, and was smoking.¹⁰²

Nuair a bunaíodh an fhoireann ní raibh ionad sóisialta dá gcuid féin acu, agus de réir mar a neartaigh sí, d'aithin daoine áirithe go raibh ionad dá gcuid féin de dhíth, seachas hallaí a thógaint ar cíos gach aon uair a bhíodh ócáid sóisialta ag an bhfoireann, nó ag an bpobal Éireannach, i gcoitinne.

Nuair a ceapadh Mícheál Ó Cearnaigh, nó Mike Carney mar a thug sé air féin ar theacht i dtír sna Stáit dó, nuair a ceapadh eisean mar uachtarán ar an *John Boyle O'Reilly Social Club*, sa bhliain 1960, chuir seisean chuige ionad sóisialta dá gcuid féin a sholáthar don chlub. Bhí sé i gceist aige gur cineál ionad pobail a bheadh ann – ábhairín cosúil leis an Dáil ar an Oileán Tiar. Ba rud an-tábhachtach do Mícheál é féith an phobail a choinneáil beo i measc na mBlascaodach ach go háirithe, agus go mbeidís féin aontaithe, agus aontaithe lena ndeartháireacha Éireannacha sa domhan nua coimhthíoch sin. ‘Cultural Mecca’ a thugann Mícheál Ó Cearnaigh ar an gclub sin, fiú sa lá atá inniu ann.¹⁰³ Sa bhliain 1962, osclaíodh an ciste tógála, agus cé nach raibh ballraíocht an chlub ar oscailt do mhná, bunaíodh an ‘Ladies Auxiliary’ ag an

am sin, ionas go bhféadfaidís cur leis an tionscnamh nua. Cheannaigh an club a ionad féin ocht mbliana i ndiaidh dóibh an ciste a bhunú agus ó shin i leith, is áit lárnach é do mhuintir an Bhlascaoid thall do gach aon saghas ócáide.¹⁰⁴

Mar aon lena gcluichí Gaelacha, a bhfeiseanna is a seisiúin, thóg na Blascaodaigh a gcreideamh sall leo chomh maith. Bhí a gcreideamh agus an eaglais an-tábhachtach do na Blascaodaigh i Springfield. Thall ní bhíodh le déanamh acu ach siúl síos go dtí an eaglais in ionad trí mhíle d'fharraige chontúirteach a thrasnú i naomhóg bheag éadrom. Théidís go dtí Aifreann an Domhnaigh agus labhraídís Gaeilge le chéile ar na céimeanna ina dhiaidh.¹⁰⁵ Is dócha go raibh an leanúnchas sin tábhachtach dóibh, mar aon leis na cluichí.

Ba phobal dlúth iad na Blascaodaigh nuair a bhí siad ar an Oileán agus ba mhar a chéile a bhídís agus iad ag cur fúthu i Springfield. Ar Hungry Hill a bhíodh an pobal lonnaithe agus bhídís ar a ndícheall ag iarraidh aithris a dhéanamh thall ar an gcomharsnacht idéalach a bhíodh acu ar an oileán mara siar ó Dhún Chaoin. Ag tógáil a gclann dóibh, theastaigh uathu go mbeadh óige chomh soineanta, chomh neamhspleách agus chomh sabháilte ag a bpáistí ar Hungry Hill agus a bhíodh acu féin ar an mBlascaod Mór. Chruthaigh siad comharsanacht bheag shabháilte ina mbeadh aithne ag na páistí ar a gcomharsana ar fad, agus nach mbeadh cúis fhaitís ag na tuismitheoirí iad a ligean amach, díreach cosúil lena n-óige féin ar an mBlascaod Mór. Éinne nach raibh fréamhacha Blascaodacha acu féin, ba as paróiste gar don Oileán iad agus bheadh aithne acu ar lucht an Bhlascaoid ó rincí nó ó aonaigh an Daingin sula ndeachaigh siad sall. Mar a dúirt Eibhlín Cahillane (Ní Chearnaigh) faoi thógáil a páistí:

Ah, good God, we had a beautiful gang. Every house open, kids down on the fences, and you'd never be afraid if they'd go out, nobody was going to touch them at all. It's a different world now. You have to lock all the doors... I feel sorry for the ones starting with kids now.¹⁰⁶

Nochtann a mac, Seán, go raibh an-chuid saoirse ag páistí na mBlascaodach thall i Springfield. Cosúil le hóige a dtuismitheoirí ar an Oileán, bhídís i gcónaí ag bualadh isteach chuig a gcairde i ndiaidh an lae scoile agus i rith an tsamhraidh, ach go háirithe.

We'd get up in the summer, head out the door, have breakfast at somebody's house, have dinner at another house – and while we were doing that there were three meals being cooked at our house, and somebody was eating them. Friends of my sister stopping by, maybe... You thought nothing of it. You ended up with a lot of surrogate brothers and sisters.¹⁰⁷

Dhéanadh na mná gach iarracht cloí le tráidisiúin éagsúla an Bhlascaoid. Dhéanadís na béilí tráidisiúnta i gcomhair na Nollag agus na bhféilte eile, agus thagadís le chéile chun iad a ullmhú. Chaithidís laethanta fada mar sin, ag cócaireacht agus ag scéalaíocht i dteannta a chéile. Dar le Cahillane, bhíodh sé 'much like in one of those books on the island where they all go to the well to hear stories and talk.'¹⁰⁸

Cé go raibh saoirse ag páistí na mBlascaodach thall ar Hungry Hill, thuig siad féin nár chóir dóibh dul thar fóir leis an bpleidhcíocht nó trioblóid ar bith a tharraingt ar a dtuismitheoirí. Ní bhíodh garda nó breitheamh ar an mBlascaod agus dá bharr sin,

bhíodh orthu a síocháin féin a choimeád ar an Oileán, i gcónaí. Theastaigh uathu an rud céanna a dhéanamh thall sa mhéad is ab'fhéidir leo. Níor theastaigh uathu dul i muinín na bpóilíní, mura raibh géarghá leis. Bheadh na haithreacha an-dian ar a gclann dá mbéidís i dtrioblóid leis an dlí. In aois a chúig bliana déag, bhlais Seán Cahillane a chéad deoch mheisciúil sa pháirc phoiblí. Rug na póilíní air agus cuid dá chairde, agus síos go dtí an stáisiún leo. Póilín Éireannach a tháinig isteach chucu agus a thug rabhadh dóibh. Dúirt sé go labhródh sé lena n-aithreacha an chéad uair eile a thiocfaidís os a chomhair sa stáisiún. Scaoil sé leo, ansin, ag bun a mbóthar féin. Faoin eachtra, dúirt Seán Cahillane:

If you have a choice of getting arrested or your father findin' out, you'd take getting arrested. These fathers were tough strong guys. They had real pleasant sides to them, but they didn't want their kids crossing the line, and certainly not getting picked up by the cops.¹⁰⁹

Bheadh na tuismitheoirí náirithe os comhair an tsaoil dá mbéarfadh na póilíní ar a mac nó a n-iníon, rud a bheadh fíordheacair deighleáil leis i bpobal a bhí chomh fite fuite lena chéile.

De bharr nach raibh garda lonnaithe riamh ar an Oileán Tiar, bhíodh ar na hOileánaigh a gcóras dlí féin a chur i bhfeidhm. Thuig gach éinne cad a bhí inghlactha agus cad nach raibh, mar aon lena gcuid dualgaisí i leith a gcomhOileánach. Thuig siad, chomh maith, gur bhraith gach éinne ar a chéile ar an Oileán agus nach mbeadh sé pioc ciallmhar easaontas a chruthú leis an té go mb'fhéidir go mbeifeá ag brath air amárach. Bhí teorainneacha ann ar an Oileán agus ní thrasnaítí go minic iad. Níorbh amhlaidh a bhí i Springfield, áfach. Bhí níos mó

solúbthacht ann a cheadaigh do dhaoine faoi leith, ón taobh amuigh ach go háirithe, dul in aghaidh na seanluachanna agus a rogha rud a dhéanamh, ach ní bheadh sé sin sásúil do phobal a bhíodh i gcónaí chomh dlúth is a bhíodh pobal an Bhlascaoid. Ní raibh taithí acu ar an dlí a ghlaoch isteach agus dá bhrí sin, bhíodh córas bhreithiúnas an phobail i bhfeidhm ar Hungry Hill, mar a bhíodh sé ar an mBlascaod. Bhíodh gach éinne freagrach dá chomharsana as a n-iompar féin ach má trasnaíodh an líne íocadh as. Sa tslí sin, bhí na daoine ar Hungry Hill cinnte dearfa go raibh a gcomharsanacht shabháilte dá bpáistí. Insíonn Seán Cahillane cad a tharla do dhuine amháin a sháraigh an cód moráltachta seo. Chuir sé béim, ámh, ar an bhfíric nár shíolraigh an duine seo ó Iarthar Chiarraí, amhail is gur rud tábhachtach é sin.

The whole family, everything, just shut right down. He couldn't play sports, couldn't be involved with anyone else. Couldn't really function at all for a while.¹¹⁰

É sin ráite, nuair a bhíodh cabhair ó dhuine den phobal, thagadh an chomharsanacht i gcabhair ar an duine nó ar a theaghlach. Dá mbeadh duine tinn, dhéanadh an pobal a ndícheall dó nó di agus don teaghlach. Nuair a shocraigh Seán Cahillane ar shlí bheatha a dhéanamh dó féin sa pholaitíocht, tháinig, ní amháin an pobal Blascaodach ach an pobal Éireannach le chéile chun tacaíocht a thabhairt dó.¹¹¹ Bhíodh foireann aige agus rinne siad an-chuid oibre ag dul ó dhoras go doras. Bhí muintir Hungry Hill breá sásta duine dá ndream féin a fheiscint ag tógaint céim chun tosaigh mar sin. Idir a mhuintir féin agus a chairde, bhí aithne ag foireann Sheáin ar phobal mór a bhí lánsásta tacaíocht a thabhairt dó. Mar a dúirt Cahillane, 'If I didn't know them then my friends did, or my younger brothers, or my older cousins the Moores.'¹¹² Dar

ndóigh nuair a toghadh é sa bhliain 1974, bhí sé in ann cabhair a thabhairt dá chairde Éireannacha, rud a rinne sé le fonn is le cíocras.¹¹³

Bhíodh sé de nós ag inimircigh an Bhlascaoid pósadh taobh istigh den phobal Éireannach thall, agus go minic taobh istigh den phobal Ciarraíoch, is dócha gurbh é sin a gciorcaí sóisialta. Luaitear sa leabhar *Méini: The Blasket Nurse* go dtéadh Méini go dtí na rincí le slua Éireannach, agus nach raibh sí róthógtha le comhlúadar na gciníocha éagsúla eile a bhí sa cheantar céanna lena linn.¹¹⁴ Bhí a haintín Cáit, an aintín ar fhan sí léi, pósta le fear ó Chorca Dhuibhne. Phós Eibhlín Ní Chearnaigh Muiris Cahillane, fear ó Bhaile na nGall, ceantar gar dá hOileán dúchais. Bainis mhór a bhí acu agus thug Muiris cuireadh teacht chun na bainise do gach éinne ar bhuaíl sé leo ag an gcluiche peile an tseachtain roimhe sin. Ba é nós an Bhlascaoid i gcónaí slua mór a thabhairt chun bainise. An oíche sula ndeachaigh sé go Sasana le bheith ina mhairnéalach trádála, bhuaíl col ceathrar Eibhlín, Muiris Ó Cearnaigh, le bean óg áitiúil ag rince i nDaingean Uí Chúise. Scaradar an oíche sin tar éis dóibh tamall maith a chaitheamh ag rince le chéile, ach toisc eisean a bheith ag imeacht go Sasana an lá dár gcionn, ní raibh ceachtar acu ag súil go mbuailfidís lena céile arís choíche. Sé bliana ina dhiaidh sin, áfach, agus é ag rince sa Tara Hall i Springfield, chonaic sé Siobhán os a chomhair ar an urlár. Phós siad sa bhliain 1951.

Bhí deartháir Mhuiris, Mícheál, deimhin i gcónaí go bpósfadh sé Éireannach. Níor thaitin coincheap an phósta idirchiníoch leis ar chor ar bith. Bhíodh seisean mór le, Máirín, bean óg ó Chontae Ros Comáin agus é ag obair i mBaile Átha Cliath sula ndeachaigh sé sall go Meiriceá. Bliain i ndiaidh dó Springfield a bhaint amach, scríobh sé chuici ag impi uirthi teacht anall chuige. Chuaigh sí agus phós siad. Agus

é faoi agallamh ag Cole Moreton, d'admhaigh Mícheál nach mbeadh sé róshásta dá bpósfadh aon duine dá mhuirín féin éinne nach raibh fréamhacha Éireannacha aige nó aici.¹¹⁵ Ní raibh gach éinne de lucht an Bhlascaoid chomh docht sin i gcoinne póstaí idirchiníocha, áfach. An chéad lá a bhain Máirtín Ó Cearnaigh, deartháir eile de dheartháracha Mhíchíl Uí Chearnaigh, Springfield amach, tógadh go cluiche peile é. Bhí a dheartháir Péaidí ag imirt in aghaidh Hartford. Bhuail sé le bean óg sa slua darbh ainm Eleanor ar tháinig a teaghlach ón bhFrainc, ach a raibh an-spéis aici sa chultúr Gaelach. Phósadar siúd i ndiaidh beagán aimsire.¹¹⁶

Cé nach bhfuil luaite anseo ach cás dreama bhig, is féidir a rá gurbh é gnáthphatrún na mBlascaodach é pósadh taobh istigh dá gcultúr féin. Fiú amháin, i gcás Mháirtín Uí Chearnaigh agus a mhná, Eleanor, cé gur ó theaghlach Francach ise, ghlac sí leis an gcultúr Éireannach mar a rogha cultúir agus sa chaoi seo, d'fhéadfaí a rá nár phós Máirtín taobh amuigh dá chultúr féin, ach an oiread, os rud é nach raibh air a chultúr Gaelach a thréigean nó a chomhghéilleadh.

Bhí an cultúr Gaelach an-tábhachtach do na hinimircigh Bhlascaodacha, agus theastaigh uathu an saibhreas sin a roinnt lena bpáistí. Cé gur saoránaigh de chuid na Stát Aontaithe iad siúd, ghlac siad go toilteanach le cultúr a dtuismitheoirí, agus rinne siad a ndícheall é a chaomhnú is a fhorbairt i measc na gciníocha eile. Tá ainmneacha Blascaodacha ag formhór na dara glúine seo, mar aon lena dtuismitheoirí agus a ngaolta a raibh cónaí orthu fós i gCiarraí. Agus iad ag fás aníos, bhreathnaigh siad orthu féin mar Mheiriceánaigh, ach níos tábhachtaí fós, mar Mheiriceánaigh Éireannacha. I rith na mblianta, thug líon mór de shliocht na n-eisimirceach cuairt ar a ngaolta in Éirinn agus, má bhí an aimsir oiriúnach chuige, thapaigh an-chuid dóibh

an deis dul isteach ar oileán óige a dtuismitheoirí, chun na háiteanna éagsúla a raibh scéalta cloiste acu fúthu a fheiscint dóibh féin.

D'insíodh an seandream go leor scéalta seanchais ón mBlascaod don ghlúin óg a d'éisteadh go cúramach leo. Ba mhinic iad inste thall tráthnóna breá samhraidh ar phóirse duine éigin, nó sa chúlgháirdín nuair a chuir an teas marfach bac le haon seans obair a dhéanamh. Siar ar an mBlascaod Mór, áfach, d'insítí na scéalta céanna suite cois tine i rith an gheimhridh chun oíche fhada fhluich a chur isteach. Insíonn Seán Cahillane conas mar a bhí sé le linn a óige féin i Springfield:

Somebody would always stop the conversation when there were eight or ten people over the house, and start telling a story about the pookes, or the banshee. They always talked about home, and growing up on the Blaskets, especially when you got the men over.¹¹⁷

Dar ndóigh, bhíodh na scéalta sin aistruithe ón nGaeilge go teanga na glúine óige. Ní raibh sé de nós ag muintir an Bhlascaoid thall an Ghaeilge a mhúineadh dá gclann. Eisceacht ab ea Mícheál Ó Cearnaigh sa mhéid seo mar mhúin sé Gaeilge dá chlann. Bhí an dátheangachas tábhachtach dó. Agus é ag labhairt faoina chlann féin, deir sé;

They're all Americans but they have a total respect for Irish. I thought them Gaelic as they grew up. Being bilingual is important. It's not an extra load. I keep telling them, 'Don't ever lose your heritage.'¹¹⁸

D'fhorhmór na mBlascaodach thall, áfach, ní fhaca siad riachtanas na Gaeilge don chéad ghlúin eile agus níor spreag siad iad í a fhoghlaim. Thuig cuid den dream óg corrfhocal a labhraíodh a dtuismitheoirí eatarthu féin agus i measc a gcairde, áfach.

From inflection you would know what they were saying. If there was a sudden loud shrieking Gaelic word coming out of his mouth it was because you were almost going to get burned, or something was gonna fall on you.¹¹⁹

Do na páistí, b'í an Ghaeilge 'teanga na ndaoine fásta'. Bhíodh comhráite idir chairde agus lanúineacha i nGaeilge ionas nach dtuigfeadh na páistí iad. Dar le hEibhlín Ní Chearnaigh, bheadh sé uafásach dá bhfoghlaimedh na páistí Gaeilge.

If we wanted to say anything – myself and my husband – that we didn't want them to know, we'd be talking in Irish.¹²⁰

É sin ráite, d'fhoghlaim roinnt mhaith den dara ghlúin an Ghaeilge agus iad fásta. Bunaíodh ranganna Gaeilge do dhaoine fásta i Springfield agus d'fhreastail líon mór daoine orthu.

Cosúil lena dtuismitheoirí rompu, chuir na hinimircigh Bhlascaodacha a muinín san oideachas. Theastaigh uathu go mbeadh caighdeán ard oideachais ag an dream óg ionas go bhféadfaidís dul chun cinn maith a dhéanamh dóibh féin sa saol agus slí bheatha níos fusa a fháil dóibh féin ná na poist deacra, fhisiciúla a bhíodh acu féin. Níor theastaigh ó thuismitheoir ar bith a chlann mac a fheiceáil ag obair sa *Fisk* nó sa seamlas. Chuir Mícheál Ó Cearnaigh chuige go rachadh a cheathrar páistí go hinstitiúid tríú léibhéal, agus dar leis féin, tá ag éirí go breá le gach éinne acu de bharr

an oideachais a fuair siad.¹²¹ Do Mhícheál, bhí an t-oideachas ar an tríú léibhéal chomh tábhachtach dá chlann is a bhí an Béarla dó féin agus é ar scoil ar an mBlascaod. De réir dealraimh, ba bhrionglóid é lucht na dara glúine a fheiscint le hoideachas maith acu, a roinn Mícheál lena chairde ón mBlascaod i Springfield. Mar a dúirt a chol cúigear, Seán Cahillane:

They came here to be successful, to give their kids a chance to get ahead, and they got that. Every one of us had a high school or college education. In most cases, we were the first ones in the family who got there, the first ones who didn't have to use a shovel or a mop to make a living.¹²²

Chonaic muintir an Bhlascaoid a bpáistí ag obair mar phóilíní, polaiteoirí, múinteoirí, dlíodóirí, dochtúirí agus go leor slite beatha eile nach iad, i Springfield agus in áiteanna éagsúla eile trasna na Stát, chomh maith. Níor chuir Eibhlín Ní Chearnaigh aon bhrú ar a páistí ó thaobh na scoile agus an oideachais de, áfach. Rinne siad a ndícheall ar scoil agus ba leor san di. Theastaigh uaithi go mbainfidís ceol as a n-óige seachas a bheith gafa leis na leabhair an t-am ar fad. D'oibrigh an meon réchúiseach sin go rímhaith lena teaghlach, de réir cosúlachta, mar chuadar ar aghaidh go dtí an oideachas ar an tríú leibhéal. Seo thíos an chomhairle a thug Eibhlín dá clann agus iad ag fás aníos:

I told 'em first of all not to be too keen on getting the highest mark. Once you do that, if you loose out you'll be very upset, and you'll have to work yourself like anything. Life is not worth that. You have to have the fun of growing up too. As long as your passing, thats the main thing... They went along to college, and they left Mama then.¹²³

De réir mar a d'fhás clanna na mBlascaodach agus a d'fhág said an chomharsnacht, tháinig claochlú arís ar Hungry Hill. Mar atá luaite thuas, d'éirigh go maith leis an dara glúin ó thaobh fostaíochta agus slite beatha de. Bhíodar in ann tithe breátha sna bruachbhailte a cheannach, ach leis sin thosnaigh próiseas bhánú na mBlascaodach arís, an uair seo ó Hungry Hill. D'fhan cuid díobh i mbruachbhailte Springfield, gar dá dtuismitheoirí, ach scaip an chuid eile trasna na Stát, i bhfad óna seancheantar. Ní raibh mórán Blascaodach fágtha ansin ar Hungry Hill ach an tseanghlúin, agus iadsan ag dul in aois.¹²⁴ Murab ionann is an tOileán Tiar, ní raibh Hungry Hill bánaithe ar feadh i bhfad. Bhog daoine nua isteach sna tithe a d'fhág na hÉireannaigh agus thug siadsan a gcultúr féin leo, chomh maith. Ba mhionlach iad na hÉireannaigh anois sa cheantar nach raibh ach Éireannaigh amháin ann fiche nó tríocha bliain roimhe sin. Níor phobal é a thuilleadh, ach áitreabh do dhaoine anaithnide, agus do sheandhaoine ach go háirithe níl an tsábháilteacht chéanna i gcomharsnacht mar sin. Mar a dúirt Eibhlín Ní Chearnaigh:

We used to have lots of parties, but nobody wants to leave their houses at night, they all want to stay home, for fear somebody will break in.¹²⁵

Tá na Blascaodaigh a mhaireann agus a sliocht i Springfield fós an-Ghaelach sa lá atá inniu ann, agus iad gníomhach ar son chaomhnú an Bhlascaoid.¹²⁶ Cé nach raibh Gaeilge ón gcliabhán ag sliocht na mBlascaodach thall, chuir líon mór díobh an-spéis sa teanga agus iad fásta. Eagraítear ranganna Gaeilge mar aon le ranganna rince Gaelach i Springfield agus sna ceantair mháguaird agus bíonn tinreamh maith acu i gconaí.¹²⁷ Múintear litríocht an Bhlascaoid in Holyoke College, coláiste i gceantar

gar do Springfield, agus áit a raibh cónaí ar roinnt de mhuintir an Bhlascaoid a d'imigh sall, chun aitheantas a thabhairt do dhream inimirceach a chuir go mór leis an gceantar.¹²⁸

Imirce gan filleadh ar an mbaile go deo a bhí i gceist d'fhormhór mór na mBlascaodach, ach níorbh amhlaidh do gach éinne. Na daoine atá luaite thuas, shocraigh siad síos go tapaidh agus d'éirigh go maith leo ina saol nua thar lear, ach bhí dream eile ann nár rith an saol leo thall agus a bhain an tOileán Tiar amach arís, cuid acu ar shaoire ghairid, agus cuid acu níos buaine, ar chúiseanna éagsúla. I rith na naoú haoise déag is cinnte nár fhill ach líon beag daoine ar an mBlascaod tar éis dóibh dul sall go Tír na mBrionglóidí. Ba chinneadh buan é an uair sin imeacht. Mar a dúirt Peig Sayers nuair a bhí a cara, Cáit Jim, ag imeacht timpeall na bliana 1890, 'Is brónach an rud é duine a bheith ag dul go dtí Meiriceá. Is cosúil le bás é, mar is duine as an míle a fhilleann ar an tír seo go deo.'¹²⁹

Níos déanaí, áfach, nuair a bhí an taisteal trasatlantach níos tapúla agus níos fusa, mhéadaigh ar sheans na n-imirceoirí filleadh ar Éirinn. D'fhill daoine ar go leor cúiseanna – chun saol nua a thosnú in Éirinn agus píosa beag talún a cheannach leis an airgead a bhí curtha i dtaisce acu thall; le pósadh, i gcás ban ach go háirithe, i ndiaidh dóibh spré a thuilleamh thall; de bharr gur theip an tslánite orthu thall i Meiriceá; toisc gur theip orthu saol nua fiúntach a chruthú dóibh féin sna Stáit nó toisc gur éirigh an cumha a bhraith siad i leith an bhaile iomarcach sa tslí is go raibh orthu filleadh. Bhí daoine ann, dár ndóigh, nár fhill ach go sealadach agus ar fhilleadh dóibh d'aithin cuid díobh go raibh an saol athruithe chomh mór sin sa bhaile

nár bh é an pobal céanna a d'fhág siad ar chor ar bith iad, agus thuig siad gur bhréagbhrioglóid a bhí acu i leith an bhaile.

D'fhill Máire Ní Shúilleabháin, deirfiúr Mhuiris ar Chorca Dhuibhne i ndiaidh an rí-rá ar fad a bhí sa tigh ar fhogairt di go raibh sí chun imeachta. Deich mbliana a chaith sí thall sna Stáit sular tháinig sí abhaile. Ba ann a bhuaill sí lena fear céile, Cíobhánach ón gCarraig in Iarthar Dhuibhneach, agus ba ann a phós siad. Tháinig siad abhaile agus cé nár chuir Máire fúithi arís ar an mBlascaod Mór, lonnaigh siad gar don Oileán ar an gCarraig, i mBaile na nGall. Bhí an bheirt acu tar éis déanamh go maith dóibh féin sna Stáit, de réir dealraimh, agus bhí saol compordach acu i mBaile na nGall.¹³⁰ Seo mar a dhéanann Seán Sheáin Í Chearnaigh tagairt dóibh ina leabhar, *Iarbhlascaodach ina Dheoraí*, 'Feirmeoir is ea Pádraig agus bíonn deich gcinn de bha aige ce ná fuil aon chabhair aige ach a bhean.'¹³¹ Oibrí maith díograiseach ab ea e, áfach, agus gan aon am aige don leisciúlacht, b'shin mar a dhéantaí an t-airgead thall.¹³² D'fhan Máire in Iarthar Chiarraí ansin go deireadh a saoil.

Rinne col ceathrar Sheáin Sheáin an rud céanna. Chuaigh sise, Máire Ní Chearnaigh, sall go dtí na Stáit agus phós sí Seán Ó Beaglaoidh thall, ach shocraigh siad ar theacht anonn chun cur fúthu ar na Grafaí, i nDuibhneach. Rinne siadsan go maith dóibh féin freisin, agus nuair a d'fhill siad bhí siad in ann talamh agus ocht gcinn de bha bainne a fháil. Dúirt a col ceathrar, Seán Sheáin Í Chearnaigh, gur 'fada ó ocras iad'.¹³³ Chaith máthair Sheáin Sheáin tréimhse i Meiriceá, chomh maith. Luann Seán Sheáin go raibh Béarla maith aici de bharr na sé bliana a bhí caite thall

aici.¹³⁴ Is dócha gur tháinig sí abhaile sular phós sí, agus gur phós sí sa bhaile le fear ó Chorca Dhuibhne, ámh.

Insíonn Seán Ó Criomhthain sceál, ina leabhar *Lá Dár Saol*, faoi fhear ón mBlascaod a chaith breis is daichead bliana thall ag obair agus a tháinig abhaile, ní go dtí an tOileán Tiar a bhí dulta i léig go maith faoin am sin, ach go hIarthar Dhuibhneach, agus é in aois a phinsin chun blianta deiridh a shaoil a chaitheamh ina thír dhúchais. Bhí carn mór airgid déanta aige ag teacht abhaile dó i ndiaidh a chruabhearta thall agus dar ndóigh, bhí an-chéiliúradh sa bhaile nuair a d'fhill sé. Eisean a d'íoc, áfach:

Níor múchadh aon tsolas ar feadh seachtaine i mBaile na Leacan nuair a tháinig Tadhg abhaile. Ghlaigh sé coimhtheach agus muinteartha iad, agus níor fhág sé aon tart orthu i rith na haga sin.¹³⁵

Bhíodh comhlúadar a dhóthain aige, fad a d'íoc sé;

... ambriathar go mbíodh faire amach air féachaint cá mbeadh a thriall chomh luath is a chuireadh sé a chos thar tairsing. Má chasfadh sé siar bhíodh an fear faire imithe ag gloach ar na steocaeirí. Iad curtha le chéile go deas ina mbeirt agus ina mbeirt d'fhonn is na bheadh an t-ualach as an tslí ar Thadhg nuair a raghaidís isteach.¹³⁶

ach ní fhéadfadh an t-airgead sní mar sin i gcónaí nó ní bheadh tada fágtha aige tar éis a shaol a chaitheamh thall. Sa deireadh, bhí air scaradh leis an gcuideachta ar fad. Is cinnte nach raibh aon aiféala air i ndiaidh dó teacht abhaile, ámh. Bhí sé chun taitneamh a bhaint as saol simplí folláin an iascaire as sin amach. 'Agus is fearr liom

a bheith anso in Éirinn ná leath a bhfuil agam d'airgead tuillte riamh thall agam. Braithim óg arís ó thána abhaile.¹³⁷

Ní raibh an t-ádh le gach éinne, áfach gur rith an saol leo thall, nó gur tháinig siad abhaile cosúil le Tadhg anseo thuas faoi ualach airgid. Is iomaí duine a tháinig abhaile i ndrochshláinte, nó faoi bhrón ar chúis amháin nó ar chúis eile. Cé gur ar an míntír a shocraigh na daoine atá luaite anseo thuas, b'iomaí duine a chuir fúthu ar an mBlascaod arís i ndiaidh dóibh filleadh. D'fhill daoine áirithe ó Mheiriceá toisc nár fheil aeráid na Stát dóibh, nó na coinníollacha oibre inar chaith siad suas le caoga uair in aghaidh na seachtaine agus níos mó ná sin i gcás daoine áirithe. Chuir Seoirse Mac Tomáis na daoine sin i gcuimhne do Mhuiris Ó Súilleabháin nuair a theastaigh uaidh dea-íomhá Mheiriceá a ruaigeadh ó intinn a charad, agus é ag impí air gan dul sall. Dúirt sé leis foghlaim ó bhotúin na ndaoine a d'imigh sall roimhe go neamhurchóideach. D'imigh siad lán d'fhuinneamh agus de bhrionglóidí na hóige ach nuair a thangadar ar ais, bhíodar snoite, caite ag cruatan an tsaoil thall, b'shin iad na daoine a raibh deis acu filleadh.¹³⁸ Tagann cur síos Thomáis Uí Chriomhthain ar iníon na Cailí Béal Dorais nuair a tháinig sí abhaile ó Mheiriceá chun cuimhne anseo. Bean óg a bhí inti agus í ag dul sall, agus cuma shláintiúil na hóige agus an Oileáin uirthi. Níorbh amhlaidh an scéal, áfach, nuair a d'fhill sí:

Níorbh fhios cérbh é searrach na deighlárach, dar ndóigh; ar a shon na mbalcaisí deighmhaiseach do bheith uirthi ní raibh istigh iontu ach an deilbh. Níor mhór an tsruith riamh í, agus tar éis di seacht mbliana do thabhairt i dtír an allais ba mhíchrotúla ná san í.¹³⁹

Thagadh biseach ar fhormhór na ndaoine a tháinig abhaile i ndrochshláinte sar i bhfad. Dar le Seán Ó Criomhthain, shocraíodar síos go seasta ar an Oileán agus de ghnáth, phósadar i ndiaidh dóibh filleadh.¹⁴⁰ Bheadh airgead éigin bailithe ag formhór na bhfear a d'fhill agus nuair a bhuaileadh fonn pósta iad, ba iad a d'fhaigheadh rogha na mban, sa chaoi is go mbíodh éad orthu siúd a d'fhan ar an Oileán leo siúd a tháinig abhaile ó Mheiriceá:

Má bheadh aon bhean le fáil ó Abhainn an Scáil anoir bhíodh sí fachta acu agus í tabhartha leo isteach don Oileán acu pósta baiste agus a cúig nó a sé de chaoirigh in éineacht léi.¹⁴¹

An chéad uair a chuaigh athair Mhéiní Chéitinn go Meiriceá, bhí air filleadh go hÉirinn ar ordú an dochtúra, i ndiaidh dó dhá bhliain a chaitheamh ann, agus cé gur fhill sé ar Mheiriceá cúpla uair eile ina dhiaidh sin, níor thug sé tréimhse fhada riamh ann. Bhí ar Mhéiní í féin filleadh de bharr drochshláinte agus b'shin an uair a bheartaigh sí ar phósadh isteach ar an Oileán Tiar. Agus í ag obair sa mhuilleann i Hartford, d'fhaigheadh sí tinnis chinn uafásacha de bharr na hoibre a bhíodh ar bun aici. Bhuail drochfhiabhras í agus ar feadh trí seachtaine bhí an dochtúir féin an-bhuartha fúithi. Agus í tagtha chuici féin arís, chuaigh sí ag obair sa mhuilleann an athuair, ach ní fada a bhí sí ann nuair a thosaigh sí ag fulaingt leis na tinnis chinn arís. Bhí sé in am di smaoineamh go dáiríre ar theacht abhaile go buan. Chuaigh sí thar n-ais go Dún Chaoin, áit ar oir an saghas oibre níos fearr di. Sar i bhfad bhí sí pósta agus ag cur fúithi ar an Oileán Tiar, deireadh go deo leis na tinnis chinn agus le Meiriceá.

Is dócha gurb í iníon an Dalaigh Mhóir ó Inis Mhicileáin an duine is mó a sheasann amach ó litríocht an Bhlascaoid ar fad mar dhuine a d'fhill ar a háit dhúchais de bharr drochshláinte a bhuaill í thall i Meiriceá, tríd an gcur síos a dhéanann Tomás Ó Criomhthain ar a filleadh in *An tOileánach*. Ba í an cailín céanna í a raibh cleamhnas idir í féin agus Tomás Ó Criomhthain luaite ina n-óige ach dar ndóigh, nár tharla. Ní luann Ó Criomhthain mórán faoina teacht abhaile ach gur tháinig sí faoi thinneas éigin agus go rabhthas ag súil go dtiocfadh biseach uirthi in aer folláin na mBlascaodaí, ach faraoir géar, chuaigh a sláinte chun donais agus cailleadh í. Is ar a sochraid a dhéanann an Criomhthanach cur síos gléineach, corraitheach. Deir sé gur mhór an tsochraid a bhí inti agus gur tháinig daoine ó Uíbh Ráthach fiú, chun comhbhrón a dhéanamh lena muintir toisc iad a bheith chomh cabhrach, fláithiúil i gcónaí le cách.

... do bhí gach nduine a d'iarraidh iad do shroistint insa chruachás, agus do bhí daoine bailithe ann cuid mhaith an oíche seo. Do bhí naomhóga ag scoistint an oileáin go dtína deich a chlog insan oíche.¹⁴²

An-lá a bhí ann don tsochraid, a deir sé;

... do bhí an lá an-aoibhinn agus an fharraige an-chiúin.¹⁴³

Mar aon le corp na mná óige anois, a cuid fulaingthe curtha di aici, bhí an fharraige ciúin, calma. Cuireadh i reilig Dhún Chaoin í mar, ar nós an Bhlascaoid Mhóir, ní chuirfí éinne ar Inis Mhicileáin.

Do bhí an lá so na sochraide ar na laethanta ba bhreátha do chonac riamh agus ba theo agus, an uair do bhí gach nduine cruinn ar bharr an chaladh, do chuirfeadh sé iontas ar dhuine gach a raibh ann. Is go naomhóig Uíbh Ráthaigh do chuaigh an chomhra, agus do bhí triúr d'fhearaibh maithe inti... An uair do bhíodar réidh, do thugadar a gcúl don gCloich, agus do chromadar ar a bheith ag cirriú na bá aniar.¹⁴⁴

Caithfidh go ndeachaigh brón na hócáide sin i bhfeidhm go smior ar an Oileánach mar d'fhan sonraí an lae sin go soiléir i gcuimhne an Chriomhthanaigh, fiú agus é ina sheanfhear agus cuntas a bheatha á bhreacadh aige. Chuimhnigh sé go raibh 'fear mór dearg chuinn tosaigh i naomhóig Uíbh Ráthaigh' agus go raibh 'an teas ag luí go maith air, agus allas aige á shéideadh do mhullach a chinn.'¹⁴⁵ Dhéantaí sochraidí a thionlacan amach chun na míntíre an tráth úd, cosúil le tionlacan na ndaoine a bhí ag dul ar imirce trasna an Bhealaigh. Ba chomhartha omóis é. Deir Ó Criomhthain nach bhfaca sé riamh roimhe sin nó ó shin go deireadh a shaoil an méid céanna naomhóg ag dul amach i ndiaidh a chéile chun comhra a thionlacan.

Ar shroistint chaladh an Oileáin don sochraid, do bhí a thuilleadh naomhóga ansan romhainn, agus do bhí orainn fós trí mhíle eile d'fharraige nó breis. Súilfhéachaint dár thugas, n'fheaca oiread naomhóga riamh i dteannta a chéile, dar liom. Do chuireas romham iad do chomhaireamh, agus do fuaireas amach go raibh hocht cinn déag ann acu. N'fheaca a oiread san riamh do bháid i sochraid ar an bhfarraige, ná go dtí an lá inniú.¹⁴⁶

Tharla ó am go chéile go bhfillfeadh duine ar an mBlascaod faoi bhrón, ní de bharr cúrsaí sláinte, ach toisc go bhfuair an cumha i leith an bhaile an fear maith orthu nó de bharr gur loic saol Mheiriceá orthu. Ba ar an gcúis sin a tháinig Peaidí Ó Criomhthain

abhaile go dtí an Blascaod don dara huair, agus b'ann a d'fhan sé as sin amach, mar atá pléite cheana i gCaibidil 4. Bhí an saol tar éis dul amú go hiomlán air thall, mar is léir ón méid a dúirt a dheartháir faoi ar theacht abhaile dó:

... ní raibh aon imeacht fé, pé duine do chaithfeadh tuairim leis, ná gur sa coillte do chaith sé a sheacht mbliana. Ní raibh éadach air; ní raibh cló ar a phearsain féin; ní raibh pingin rua ina phóca; agus is beirt deirféar do, do bhí thall, do chuir anall é ar a gcostas féin.¹⁴⁷

An scéal céanna a bhí ag Mícheál Ó Gaoithín nuair a d'fhill seisean, cé nach raibh cuma chomh dona sin air. Bhí náire air toisc nár éirigh leis post a fháil thall agus chuir sé chun farraige abhaile a luaithe is a bhí sé in ann, ach má bhí náire air siúd, bhí Peig breá sásta é a fheiscint ag teacht isteach chuici:

... níorbh fhada ina dhiaidh sin gur fhill mo mhac, Mícheál, ón Oileán Úr, agus ba dho go raibh an tigh roimis. 'Ní thagann olc i gcoill ná i gcurrach ná go ndeineann sé maith do dhuine éigin.' B'é cruatan an tsaoil fé ndeara dho filleadh, is má bhí brón air, do bhí lúcháir ormsa.¹⁴⁸

Ina leabhar, *An tOileán a Tréigeadh*, luann Seán Sheáin Í Chearnaigh fear eile a tháinig abhaile go dtí an Blascaod Mór faoi bhrón agus faoi dhíomá i ndiaidh dó dhá scór bliain a chaitheamh sna Stáit, cé go ndearna sé an-iarracht é sin a choiméad faoi cheilt. Bhí gach éinne a bhain leis imithe ar shlí na fírinne cheana féin faoin am a shroich sé an tOileán ach ní raibh focal de thuirsc cloiste ag éinne acu uaidh leis na cianta roimhe sin mar 'bhíodh tamall anso agus tamall ansúd aige.'¹⁴⁹ Agus é ar ais ar

an Oileán, bhíodh sé gleasta go deas neata i gcónaí is é ag bothántaíocht, agus cuma an airgid air.

Bhíodh sé ag imeacht ó thigh go tigh san Oileán nuair a tháinig sé agus cion maith ag na daoine air, mar cheapadar go raibh na bainc lán d'airgead aige agus ná bheadh aon cheal go deo ar aoinne a luífeadh sé leis. Bhí culaith mhaith éadaigh air agus hata glas, fé mar a bheadh ar mhinistir maith láidir.¹⁵⁰

D'éirigh leis an dallmhullóg a chur ar mhuintir an Oileáin ar feadh tréimhse lena chuid éadaigh dheasa, ach thuig siad faoi dheireadh nach raibh pingin rua aige. Ghlac duine ar an Oileán trua dó, sa deireadh, agus thug seanbhothán de thigh dó nach raibh róghlanánta, nó róchompordach ach an oiread, ach bhí an poncán lánsásta le carthannacht a sheanchomharsan.

Ba chuma leis an seanphoncán ach a bheith istigh ó spéir na hoíche, mar bhí taití aige ar an anró, an fhaid a bhí sé i Meiriceá. Amach sna coillte a chaith sé a shaol ann, tamall ag obair agus tamall ag ól. Ní raibh aon pháirt de Mheiriceá ná gur leag sé cos ann.¹⁵¹

Chuir sé cruth éigin ar sheantigh a uncail le cabhair óna chomharsana agus chuir sé faoi ann. Bhíodh comhluadar aige gach aon oíche de bharr na scéalta iontais ó Mheiriceá a bhíodh aige á n-insint. Fuair sé naomhóg bheag agus théadh sé ag iascach gliomach i rith an tsamhraidh. Chuir sé an chuid eile dá shaol de ar an gcuma sin.

D'fhill Máire Ní Chríomhthain, deirfiúr Thomáis, ar an Oileán Tiar tar éis di seal a chaitheamh sna Stáit Aontaithe, ach ní de bharr drochshláinte nó gur loic an saol thall uirthi a tháinig sí abhaile, ach chun an dlí a chur ar mhuintir a chéile bhásaithe thar ceann a mic óig. Tar éis dá céile, Máirtín, bás a fháil, dhiúltaigh a dheartháir cuid an linbh a thabhairt dó. Chuaigh Máire go Meiriceá chun airgead a shaothrú ionas go bhféadfadh sí cás dlí a chur in aghaidh mhuintir a chéile. Trí bliana a chaith sí i Meiriceá agus fad an ama sin bhí an páiste faoi chúram a sheantuismitheoirí, a muintir féin, ar an mBlascaod. Is cosúil gur rith an saol léi thall mar nuair a d'fhill sí bhí sí in ann dul chun cúirte chun cuid a mic a bhaint amach dó, agus mar aon leis sin, sular fhill sí, bhí sí in ann an costas a sheoladh abhaile chuig a beirt deirféar, Nóra agus Eibhlín. Mar a dúirt an Criomhthanach:

... do bhain sí amach an Blascaod i ndeireadh an Fhómhair agus gairid do chéad punt ina bóthar.¹⁵²

Shocraigh Máire síos ar an mBlascaod ina dhiaidh sin agus phós sí an athuair. Chuir siad tigh nua suas dóibh fein agus d'fhan siad ann go breá sásta. Fear gan mórán saibhreas saolta ab ea é ach muna raibh sé saibhir, sealgaire maith a bhí ann. Nuair a bhí sé in aois chuige, chuaigh mac chéad phósadh Mháire Uí Chríomhthain sall go Meiriceá é féin.

Tháinig méadú suntasach ar líon na ndaoine a d'fhill ar a n-oileán dúchais i rith na fichiú haoise, nuair a bhí an taisteal sall is anall níos tapúla, níos fusa is níos saoire. Bhíodh daoine in ann filleadh ar an mBlascaod go sealadach chun ath-thriail a bhaint as saol an Bhlascaoid, ar nós Sheáin Team Uí Chearnaigh, agus níos déanaí fós

d'fhilleadh daoine ar saoire ar feadh cúpla seachtain lena dteaghlaigh féin ionas go bhféadfaidís siúd an seanáit a fheiscint, rud a bheadh dodhéanta agus domhachnamhach do na hainniseoirí a d'fhág an tír i rith an drochshaoil agus ar feadh i bhfad ina dhiaidh.

Tráchtann Seán Ó Criomhthain ar Bhlascoadach a d'imigh go Meiriceá agus gur rith an saol go maith leis ann, sa chaoi is go mbíodh sé in ann turasanna a dhéanamh abhaile ó am go chéile. Bhíodh sé dian air filleadh ar na Stáit, áfach, tar éis dó seal a chaitheamh sa bhaile. Mar a dúirt an Criomhthanach:

Thug sé turas nó dhó abhaile agus nuair a bhíodh sé ag fágaint ní go tirim a bhíodh na súile aige, agus is lánmhínic a dúirt an fear sin ná ceannódh ór na cruinne taitneamh an dúchais.¹⁵³

Timpeall na bliana 1926 a d'imigh Máire Ní Dhuinnshléibhe, iníon Mhéiní Chéitinn, go Meiriceá. Shocraigh sí síos i Springfield agus phós sí Austin Kilcoyne ann. Ar imeacht di, áfach, gheall sí dá máthair go bhfillfeadh sí anall chuici gach ceithre bliana agus rinne sí a seacht ndícheall é sin a dhéanamh, cé go raibh sé deacair i rith blianta an chogaidh. Ba mhór an compord agus an faoiseamh do Mhéiní é nuair a thagadh sí abhaile, go mór mór agus í ag dul in aois, ach bhíodh gach scarúint óna hiníon chomh dian is a bhí an chéad cheann ar Mhéiní nuair a bhíodh Máire ag filleadh ar na Stáit, agus dar ndóigh, ghoill an scarúint ar Mháire chomh maith. Bhíodh sí ag fágaint a máthair ina diaidh gan a fhios a bheith aici an mbeadh sí beo i gceann ceithre bliana eile nó an bhfeicfeadh sí arís í. Nuair a thagadh Máire abhaile ar saoire mar sin, chaitheadh sí go fíormhaith lena máthair agus bhíodh sí in ann aire a thabhairt di agus rudaí saolta a chur ar fáil di nach raibh a gaolta i nDún Chaoin, a

thugadh aire go lán-aimseartha di, in acmhainn a dhéanamh.¹⁵⁴ Cé go bhfilleadh Máire Ní Dhuinnshléibhe ó Mhéiriceá go rialta ní bhíodh sé i gceist aici riamh fanacht in Éirinn ach go sealadach.

Fear eile a thug tamall sa bhaile tar éis dó beagnach daichead bliain a chaitheamh thall i Springfield ab ea Peaidí Ó Cearnaigh. I ndiaidh dó dul amach ar pinsean, tháinig sé abhaile chuig tigh a dheirfear, Cáit, ar feadh ceithre mhí. Chuaigh a thír dhúchais i bhfeidhm chomh mór sin arís air, gur smaoinigh sé ar fhilleadh go buan. Faraor, ní raibh seanaois ina thír féin i ndán do Pheaidí mar bhuail tinneas é nuair a bhí sé ar ais sna Stáit agus bhí air pé smaoinemh a bhí aige ar fhilleadh a chaitheamh as a cheann.

Níl luaite anseo ach an mionlach. I ndiaidh an dara cogaidh domhanda, bhí i bhfad níos mó deiseanna taistil ag imircigh ar fud na cruinne. Bhí i bhfad Éireann níos mó feardarthachtaí ag an nglúin dheireanach a d'imigh sall ón mBlascaod ná mar a bhí ag na hOileánaigh a d'imigh i rith na naoú haoise déag nó fiú ag tús na fichiú haoise. Don dream deireanach, níorbh ionann an imirce is an bás. Bhí a fhios acu go bhféadfaidís filleadh ar an mBlascaod nó ar Chorca Dhuibhne, fiú amháin, dá mba mhaith leo, ar saoire nó go buan.

Bhíodh an-spraoi ag muintir an Oileáin Tiar nuair a d'fhilleadh duine ón Oileán Úr, go sealadach nó go buan. Bhíodh ceol agus rince, scéalaíocht is amhránaíocht na hoícheanta sin agus bhailíodh gach éinne le chéile, díreach mar a rinne siad an oíche sula ndeachaigh sé sall. Bhíodh dea-ghiúmar ar gach éinne ar na hocáidí sin, duine dá gcuid féin tagtha thar n-ais chucu, i gcodarsnacht ghlan leis na hoícheanta uaigneacha,

brónacha a chaití sula n-imíodh duine sall. Déanann Tomás Ó Criomhthain cur síos ar an spraoi a bhí acu an oíche a d'fhill a mhac is a chlann ó na Stáit, an lá céanna a d'imigh Cáit Ní Ghaoithín agus Máire Ní Shúilleabháin sall.

Is é an lá céanna a tháinig mac dom féin abhaile ó Mheiriceá, agus bhí oíche ghrinn againn an oíche sin, ceol agus rince agus amhráin, agus cuideachta aoibhinn.¹⁵⁵

Ní ar an mBlascaod a thosaigh an ceiliúradh sin, áfach, ach i nDún Mór ar an míntír, i dtigh a dheirféar.¹⁵⁶ Níor fhan mac Thomáis ach tréimhse ghairid, áfach. Chuaigh sé thar n-ais go Meiriceá sár i bhfad.

Is cinnte go ndeachaigh saol Mheiriceá i bhfeidhm go mór ar a ndeachaigh ann, bíodh sé sin chun a maitheasa nó a mhalairt. Na daoine a d'fhill ar an mBlascaod, fiú go sealadach, ba mhinic a ndearcadh ina leith féin, i leith an Oileáin is a nósanna, agus i leith na hoibre, iad a bheith athruithe ó bhonn acu.

Chonacthas Máire Thomáis Mhaoil cheana féin, a tháinig abhaile chun an Bhlascaoid. Cáilín a bhí inti nuair a d'imigh sí nach raibh mórán de shaibhreas an tsaoil aici, ach nuair a d'fhill sí faoina cuid éadaigh ghalánta, ba ar éigean a d'aithin éinne í. Bhí sí as áit i measc a daoine féin. Ghlaigh Tomás Ó Criomhthain 'bean uasal' uirthi, ag tabhairt le fios cé chomh difriúil is a bhí an bhean a tháinig isteach ar an naomhóg go Caladh an Oileáin ón gcailín a d'imigh amach ina cosúlacht de naomhóg cúpla bhliain roimhe sin. Bhí a dearcadh ina leith féin agus i leith a seanchomharsana athruithe ó bhí sí i Meiriceá.

Nuair a thagadh duine abhaile ó na Stáit Aontaithe, ba mhinic d'fhéachaidís ar an Oileán le súile nua. D'fheicfidís áilleacht ann nach bhfaca siad riamh cheana. Bhainfidís sult as simplíocht an tsaoil ann – an rud go díreach ar theith siad uaithi tamall roimhe sin. Bhraith siadsan an t-aiféala níos géire go raibh an tOileán ag dul i léig. Ba mhinic iad a bheith níos tráidisiúnta ná a gcomhleacaithe nach ndeachaigh sall riamh. Fear mar sin ab ea Mícheál Ó Gaoithín. Nochtann sé a smaointe i leith bhánú an Oileáin ina leabhar, *Is Truagh ná Fanann an Óige*:

Is ait an mac an saol agus is uaigneach atá sé indiu, seachas an uair a bhíos ag éirghe suas. Táim ag machtnacmh indiu ar na daoine go léir a bhí suas lem' linn agus atá bailighthe leo as an saoghal so go bráthach aríst.

Is brónach iad mo smaointe nuair a bhreithnighim siar ar an saol aoibhinn atá caithte agam. Tá na bliadhanta fada imthighthe leo agus níl le feicsint agamsa indiu, ach na sean-fhothracha go mbídís ina gcómhnuidhe. Ba chuimhin liom-sa fir agus mná láidir misneamhail do bheith ag áitreabh sna tighthe sin atá indiu foiríor ina bhfothracha. Tá dhá thigh déag imthighthe chun raice lem' chuimhne, a bhí fá réim mhaith le linn m'óige. Tá féar faille agus neantóg ag fás timcheall ortha indiu. An b'aon iongnadh dom-sa, a léightheóir, do chonnaic spórt agus cuideachta ins na tighthe sin, a bheith brónach!¹⁵⁷

Faoin nádúr agus faoi áilleacht an Oileáin deir sé:

Is mó buachaill agus cailín mánla i nÉirinn, go bhfuil deis aige ar dul i n-áit chun neithe níos taithneamhaighe dh'fheicsint ná atá annso agam-sa, ach mar sin féin ní cháinim-se an ball uaigneach so, mar níl aon bhall i nÉirinn is deise liom ná é. Tá an fharraige agus na carraigeacha agus na cumaracha dubha agus na sléibhte na hÉireann gan cheó os mo chomhair amach. Is álainn an radharc iad le feicsint lá gréine. Ach is

breághtha ná san iad d'fheicsint nuair a bhíonn an stoirm san Gheimhreadh ann. Imthigheann an ceó liath dá n-éadain le gaoith. Ní bhéimeann fuacht ná sioc ná báisteach iad. Fanann an deilbh mhaordha chéadna ortha i gcómhnuidhe...¹⁵⁸

Leanann sé ar aghaidh ar an gcaoi seo le cuntas thar a bheith maoithneach. Dar leis na cuntais eile ar fad a scríobhadh faoi nádúr agus faoi thimpeallacht an Bhlascaoid, is scanrúil an radharc agus is baolach an áit e an Blascaod i rith stoirme.

I rith na tréimhse gairide a bhí Mícheal Ó Gaoithín i Meiriceá, tháinig an-chuid athruithe ar shaol an Bhlascaoid sa bhaile. Chuaigh sé an-dian air dul i dtaithí ar na hathruithe sin nuair a tháinig sé abhaile. Níos déine fós air a bhí an t-athrú meoin a bhí tagtha ar na Blascaodaigh i leith an Oileáin. Neamhchosúil leis féin, ní raibh siadsan pioc maoithneach faoi sheansaol an Oileáin. D'aithin siad go raibh saol níos fusa agus níos sábháilte le cleachtadh i Meiriceá, nó ar an míntír agus thapaigh siad an deis dul ann. Fágadh an Gaoithíneach ar nós Oisín i ndiaidh na Féinne, mar a dúirt sé féin, ag sanntú saoil nach raibh inmharthana a thuilleadh:

Ach táimse mar Oisín i ndiaidh na Féinne fós ag breithniú amach tríd an bhfuinneóig agus ag machtnamh go duairc ar na neithe seo go léir. Sé an rud go bhfuilim ag machtnamh air agus mé am' shuidhe annso go bhfuil deire le réim na ndaoine ar an Oileán mar a dtiocfaidh aon athrughadh ar an saoghal go luath.¹⁵⁹

Ba choimhthíoch an coincheap dó é go dteastódh ó dhaoine an Blascaod Mór a thréigean:

Is beag a cheapas nuair a thána abhaile ó Aimeiriocá, go n-imtheóchadh na daoine as an Oileán agus go raghaidís ag maireamhaint ar an dtír mhóir. Bhí ráfla ar siubhal go raibh cuid aca ag imtheacht. Ní chreidfí focal de. Scéal mór iongantach ab ea é. Cá raghadh na daoine bochta nuair fhágfaidís an áit a bhí aca? B'in í an cheist.¹⁶⁰

Sa deireadh, áfach, bhí ar Mhícheál féin an tOileán Tiar a thréigean arís, an uair seo go buan.

I gcás fhormhór na ndaoine a d'fhill ar an mBlascaod toisc gur loic saol Mheiriceá orthu, tháinig dúil mhallaithe chun oibre orthu, de bharr gur mhachnaigh siad ar cé chomh deacair is a bhí sé orthu airgead a thuilleamh thall. Théidís amach ag iascaireacht gan fonn orthu teacht isteach go dtí go mbíodh an naomhóg síos go maith san uisce faoi ualach an éisc nó na ngliomach a bheadh ar bord acu. Is amhlaidh a bhí Peaidí Ó Criomhthain nuair a d'fhill sé ar an mBlascaod ó Mheiriceá don dara huair. Bhí cíocras chun oibre air agus ní raibh sé sásta gan iomlán a fhuinnimh a chur isteach. Dar ndóigh, ba ar an airgead a bhí sé ag smaoineamh, chomh maith.¹⁶¹

Maidir le nósanna agus slite an Bhlascaoid, bhíodh cuid mhaith dóibh cailte nó tréigthe ag an imirceoir a d'fhill ar an mBlascaod go minic. Roghnaíodar leighis nua-aimseartha in ionad na seanleigheas a bhíodh acu fadó ar an Oileán. Bhíodh a bhfráma tagartha leathnaithe ag a raibh feicthe acu, agus i gcás daoine áirithe, ní bhíodh siad in inmhe ciall na sean-nósanna a fheiscint nó a thuiscint a thuilleadh. Nuair a d'fhill Peaidí Ó Criomhthain ar an mBlascaod níor chreid sé sna púcaí a thuilleadh, agus chuaigh sé dian air tuiscint cad ina thaobh gur chreid a dheartháir iontu.¹⁶² Do lucht na himirce, Peaidí Ó Criomhthain san áireamh, bhí eispéireas na

himirce agus saol Mheiriceá dulta i bhfeidhm go smior orthu, cé nár shíl cuid díobh go raibh athrú ar bith tagtha orthu féin.

Is léir, mar sin, go raibh teacht is imeacht, imirce is aisimirce i gceist ón mBlascaod ar feadh i bhfad, ach sa deireadh, dar ndóigh, d'imigh líon níos mó ná mar a d'fhill riamh, ag fágaint dream an-bheag agus an-leochaileach istigh. Bhí orthu siúd an tOileán Tiar a thréigean sa deireadh. Breathnófar, sa chéad chaibidil eile ar bhánú deireanach sin an Bhlascaoid Mhóir.

Nótaí:

¹ Tomás Ó Criomhthain, *Dinnsheanchas na mBlascaodaí* (Baile Átha Cliath: Cois Life Teoranta, 1935), 1.

² *ibid*, 1-2.

³ Breandán Ó Conaire, 'Mainistir na Súpanna', in *Tomás an Bhlascaoid*, eag. Breandán Ó Conaire (Conamara: Cló Iar-Chonnachta, 1992), 43.

⁴ Tógadh scoil náisiúnta ar an mBuaitín sa bhliain 1838 agus ceann i nDún Chaoin sa bhliain 1840.

⁵ Tomás Ó Criomhthain, *An tOileánach*, eag. Seán Ó Coileáin (Baile Átha Cliath: Cló Talbóid, 2002), 13-16.

⁶ *ibid*, 13.

⁷ Ina thuairisc don Bhord mhol sé go nglacfaí leis an scoil agus bhí an méid seo le rá aige; 'I have been informed by the teacher and others that when this school opened, not one of the children *could tell his or her name in English* and anything the teacher or I had to say to [the] children on [the] day of my visit we had to say in Irish as they would not understand. As I believe there is no part of Ireland where a national school is so needed as here, I had to recommend the application [for aid] to be granted.' Mhol sé Neans Ní Dhonncha mar mhúinteoir sa scoil, chomh maith, cé nach raibh sí iomlán cáilithe mar mhúinteoir bunscoile; '...her attainments are very limited but I believe she is competent to conduct this school for years... The teacher is not at present qualified to conduct an ordinary national school but I believe that she is quite capable of conducting this school for a long time. In my opinion two or three years must elapse before one will have a pupil in [the] Second Book. – Máiréad Nic Craith, 'Primary Education on The Great Blasket 1864-1940', in *Journal of the Kerry Archaeological and Historical Society* 28 (1995), 77-137.

⁸ Ba í Áine Ní Dhonncha, nó Neans mar a thugtaí uirthi, an chéad mhúinteoir sa scoil náisiúnta ar an Oileán. D'fhan sí ag múineadh ar an Oileán ar feadh ceithre bliana go dtí Feabhra na bliana 1868, nuair a phós sí amach go Baile an Fhéirtéaraigh. D'fhan sí ag múineadh ar an mBuaitín ansin, go dtí gur tháinig sí amach ar pinsean sa bhliain 1907. Ba í a deirfiúr, Cáit Ní Dhonncha, a chuaigh isteach ag múineadh i scoil an Bhlascaoid ina diaidh. Thosaigh sí ag múineadh ann ar an 16ú Márta den bhliain 1868. Ba í scoil an Bhlascaoid an chéad scoil a bhí aici riamh. Níor fhan sí istigh ach go dtí deireadh na bliana sin nuair a phós sí amach. I lár Mí Eanáir na bliana ina dhiaidh sin a thosaigh Roibeárd Mac Gabhann ag múineadh ar an Oileán. Níor réitigh sé riamh leis na hOileánaigh, óg nó aosta, agus níor éirigh leis mar mhúinteoir dá bharr. Ráithe a chaith sé i scoil an Oileáin, agus d'fhág sé ag deireadh Mí Márta, 1869. Fágadh an scoil dúnta ina dhiaidh sin ar feadh bliana go leith nach mór. Ní raibh sagart an pharóiste, An tAthair Liam Mac Aogáin, in ann aon mhúinteoir, cáilithe nó neamhcháilithe, a mhealladh chun na scoile feadh an taca sin. I Mí Iúil na bliana 1870 chuaigh Mícheál Ó hAiniféin isteach mar mhúinteoir. Seansaighdiúr a bhí ann agus chuaigh sé isteach i dteannta a mhná agus a mbeirt iníonacha. Chaith sé sé bliana ag múineadh ann, tréimhse fhada i gcomparáid le múinteoirí eile ar an Oileán, ach sa deireadh bhí air éirí as an bpost de bharr drochshláinte. I ndiaidh don scoil a bheith dúnta ar feadh tréimhse, chuaigh Pádraig Ó Dálaigh isteach mar mhúinteoir, cé nach raibh sé cáilithe. Trí bliana go leith a chaith sé istigh agus bhí an scoil dúnta ar feadh trí ráithe arís nuair a ligeadh chun siúil é, toisc gan é a bheith cáilithe. Chuaigh Seán Ó Cíobháin isteach i ndiaidh an Dálaigh agus d'fhan sé ann go dtí Bealtaine na bliana 1888 ach an scoil a bheith dúnta ar feadh tréimhsí fada nuair nach raibh sé ann, mar shampla idir Meán Fómhair na bliana 1885 agus Mí Iúil na bliana dár gcion fad a bhí an Cíobhánach ag freastal ar Choláiste Phádraig i mBaile Átha Cliath. Chuaigh Tomás Ó Scailín ag múineadh i scoil an Bhlascaoid ansin, ach níor fhan sé ach tréimhse an-ghairid. Ní raibh sé cáilithe mar mhúinteoir. Ceapadh Mícheál Ó Cíobháin, deartháir le Seán, mar mhúinteoir ar an mBlascaoid idir na blianta 1888 agus 1892. Thosaigh Mícheál Ó Cinnéide ag múineadh sa scoil in Aibreán na bliana 1892 agus thug sé trí bliana istigh ann. Ba é Pádraig Ó hUallacháin an chéad mhúinteoir eile ann. D'fhan seisean ar an mBlascaoid go dtí deireadh na bliana 1898 cé go raibh sé thar an aois oifigiúil dul amach ar pinsean faoin am sin. Chaith Liam Ó Beoláin, deartháir le Cáit Jim, cara Pheig Sayers, seal gairid ag múineadh istigh. Liam Prenderville ab ea an chéad mhúinteoir eile a chaith idir na blianta

1900-1904 ag múineadh i scoil an Bhlascaoid. Chaith Arthur Beckett agus Thomas Conway tréimhsí gairide istigh sular tháinig Tomás Ó Sabháin i bhFómhair na bliana 1906. Sa bhliain 1908 fuair scoil an Bhlascaoid an dara múinteoir, Cáit Ní Mhainín a d'fhan ag múineadh ann mar mhúinteoir cúnta go dtí 1933. D'fhan Tomás Ó Sabháin ag múineadh i scoil an Oileáin go dtí 1924. Pádraig Mac Gearailt a lean Ó Sabháin go scoil an Oileáin ach níor fhan sé ach bliain amháin agus ghlac Máiréad Ní Mhurchú cúram scoil an Bhlascaoid uirthi féin timpeall na bliana 1926 ar feadh bliana. Ba í Nóra Ní Shéaghda, údar an leabhair, *Thar Bealach Isteach*, an chéad mhúinteoir eile ar an mBlascaod. Cé nach raibh sí róthógtha faoi dul isteach ag múineadh ar an mBlascaod ar dtús, chaith sí sé bliana go leith istigh ann sa deireadh. Chaith Pádraig Ó Lúing seal gairid ag múineadh istigh ann sa bhliain 1934 sular tháinig Máire Nic Gearailt, an múinteoir deireanach i scoil an Bhlascaoid. Chuaigh sí isteach i mBealtaine na bliana 1934 agus d'fhan sí ann ag múineadh go dtí gur dúnadh an scoil i Mí Eanáir na bliana 1942 toisc líon na ndaltaí a bheith tite chomh mór sin. - Breandán Ó Conaire, 'Spléachadh ar Scoil Náisiúta an Bhlascaoid sa 19ú hAois', in *Tomás an Bhlascaoid*, eag. Breandán Ó Conaire, 89-119, agus Mícheál Ó Dúbhshláine, 'Scoil an Bhlascaoid Mhóir 1864-1940' in *Ceiliúradh an Bhlascaoid 6 – Oideachas agus Oiliúint ar an mBlascaod Mór*, eag. Máire Ní Chéilleachair, 38-71.

⁹ Diarmuid Ó Giolláin, 'An Léann Dúchais, an tOideachas agus an Imirce', in *Ceiliúradh an Bhlascaoid 6 – Oideachas agus Oiliúint ar an mBlascaod Mór*, eag. Máire Ní Chéilleachair (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2000), 21.

¹⁰ Seoirse Mac Tomáis, *An Blascaod a Bhí* (Maigh Nuad: An Sagart, 1977), 26.

¹¹ B'amhlaidh a bhí le linn Mhéini Chéitinn ar an míntír, chomh maith. Chonaic tuismitheoirí na míntíre go raibh gá leis an mBéarla sa bhaile agus i gcéin. Labhraíodh roinnt mhaith tuismitheoirí ar an míntír i mBéarla amháin lena bpáistí, murab ionann is ar an mBlascaod, is níor mhaith leo go labhraíodh na gasúir i nGaeilge ar chor ar bith, nó go mbeadh sí acu fiú amháin. I measc na n-ógánach labhraíodís Gaeilge ach ba é an Béarla teanga an tinteáin. Insíonn Leslie Matson sa leabhar *Méini: The Blasket Nurse*, sceál a léirigh Méini Chéitinn dó; 'On one occasion her grandmother Méireas asked her in Irish, "An bhfacais an t-asal? – Did you see the donkey?" but she was not to be caught out. Putting on as innocent a face as she could manage she replied, "And what does that mean, Grandmother?"' - Leslie Matson, *Méini – The Blasket Nurse* (Baile Átha Cliath: Mercier Press, 1996), 27.

¹² *Leoithne Aniar*, eag. Pádraig Tyers, agallamh a Dó le Seán Ó Criomhthain, (Baile an Fheirtéaraigh: Cló Dhuibhne, 1982), 109.

¹³ George Derwent Thomsom, *Island Home: The Blasket Heritage* (An Daingean: Brandon, 1988), 30.

¹⁴ Máirín Ní Dhuinnshléibhe – Uí Bheoláin, 'Cur síos ar Scoil an Oileáin', in *Ceiliúradh an Bhlascaoid 6 – Oideachas agus Oiliúint ar an mBlascaod Mór*, eag. Máire Ní Chéilleachair, 14.

¹⁵ Breandán Ó Conaire, 'Spléachadh ar Scoil Náisiúnta an Bhlascaoid sa 19ú hAois', in *Tomás an Bhlascaoid*, eag. Breandán Ó Conaire, 103.

¹⁶ Cole Moreton, *Hungry for Home: Leaving the Blaskets: A Journey from the Edge of Ireland* (New York: Viking Penguin, 2000), 213.

¹⁷ *Leoithne Aniar*, eag. Pádraig Tyers, agallamh a Cúig le Nóra Ní Shéaghda, 138.

¹⁸ Ní bhíodh siad líofa nó gar do bheith, in ainneoin iarrachtaí na múinteoirí. Tharraing sé sin siar iad ar uairibh mar a nochtann Mícheál Ó Cearnaigh agus é faoi agallamh ag Cole Moreton, 'We had a pretty good education, the only thing that hindered us when we left the island for the mainland was the English. We didn't know that much.' (Cole Moreton, *Hungry for Home: Leaving the Blaskets: A Journey from the Edge of Ireland*, 231.)

¹⁹ *Leoithne Aniar*, eag. Pádraig Tyers, agallamh a Trí le Seán Ó Criomhthain, 116.

²⁰ *ibid.*

-
- ²¹ Máirín Ní Dhuinnshléibhe – Uí Bheoláin, ‘Cur síos ar Scoil an Oileáin’, in *Ceiliúradh an Bhlascaoid 6 – Oideachas agus Oilíúint ar an mBlascaod Mór*, eag. Máire Ní Cheilleachair, 17.
- ²² Cé go bhféadfaí a rá nach bhfuil an ráiteas a dtagraítear dó anseo iomlán cruinn, toisc nár éirigh le Séamus Ó Duinnshléibhe, mac Mhéiní Chéitinn, cos a leagan riamh ar thalamh Mheiriceá, is dócha go bhféadfaí an mhainneachtain áirithe sin a mhaitheamh de bharr gur chaith Séamus an-chuid dá óige ar an míntír faoi chúram mhuintir Mhéiní agus gur fuair sé a chuid oiliúna amuigh, pé méad a fuair sé riamh.
- ²³ *Leoithne Aniar*, eag. Pádraig Tyers, 65.
- ²⁴ Nóra Ní Shéaghdha, *Thar Bealach Isteach* (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1940), 20.
- ²⁵ Muiris Ó Súilleabháin, *Fiche Blian ag Fás*, 4ú eagrán Pádraig Ó Fiannachta (An Daingean: An Sagart, 1998), 22.
- ²⁶ *ibid.*
- ²⁷ Muiris Mac Conghail, *The Blaskets: A Kerry Island Library* (Baile Átha Cliath: Country House, 1987), 40.
- ²⁸ Seán Ó Criomhthain, *Lá dár Saol* (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1969), 3.
- ²⁹ *ibid.*, 4.
- ³⁰ *Leoithne Aniar*, eag. Pádraig Tyers, agallamh a Ceathar le Seán Ó Criomhthain, (Baile an Fheirtéaraigh: Cló Dhuibhne, 1982), 128.
- ³¹ Muiris Ó Súilleabháin, *Fiche Blian ag Fás*, 4ú eagrán Pádraig Ó Fiannachta, 174-175.
- ³² *Peig: A Scéal Féin*, eag. Máire Ní Mhainnín agus Liam P. Ó Murchú (An Daingean: An Sagart, 1998), 112.
- ³³ Muiris Ó Súilleabháin, *Fiche Blian ag Fás*, 4ú eagrán Pádraig Ó Fiannachta, 175.
- ³⁴ *ibid.*
- ³⁵ Máirín Ní Dhuinnshléibhe – Uí Bheoláin, ‘Cur síos ar Scoil an Oileáin’, in *Ceiliúradh an Bhlascaoid 6 – Oideachas agus Oilíúint ar an mBlascaod Mór*, eag. Máire Ní Cheilleachair, 17.
- ³⁶ Muiris Ó Súilleabháin, *Fiche Blian ag Fás*, 4ú eagrán Pádraig Ó Fiannachta, 175.
- ³⁷ *ibid.*, 176.
- ³⁸ *Peig: A Scéal Féin*, eag. Máire Ní Mhainnín agus Liam P. Ó Murchú, 161.
- ³⁹ *ibid.*
- ⁴⁰ Muiris Ó Súilleabháin, *Fiche Blian ag Fás*, 4ú eagrán Pádraig Ó Fiannachta, 176.
- ⁴¹ Micheál Ó Gaoithín, *Is Truagh ná Fanann an Óige* (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1953), 70.
- ⁴² *Peig: A Scéal Féin*, eag. Máire Ní Mhainnín agus Liam P. Ó Murchú, 112.
- ⁴³ Muiris Ó Súilleabháin, *Fiche Blian ag Fás*, 4ú eagrán Pádraig Ó Fiannachta, 176.
- ⁴⁴ *Peig: A Scéal Féin*, eag. Máire Ní Mhainnín agus Liam P. Ó Murchú, 113.

- ⁴⁵ Seo thíos an cuntas a thug J.M. Synge. 'At several stations girls and boys thronged in to get places for Queenstown, leaving parties of old men and women wailing with anguish on the platform. At one place an old woman was seized with such a passion of regret, when she saw her daughter moving away from her forever, that she made a wild rush after the train; and when I looked out for a moment I could see her writhing and struggling on the platform, with her hair over her face, and two men holding her by the arms.' - John Millington Synge, *In Wicklow, West Kerry and Connemara* (Baile Átha Cliath: O'Brien Press, 1980), 115.
- ⁴⁶ *Cín Lae Eibhlín Ní Shúilleabháin*, eag. Máiréad Ní Loingsigh (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2000), 108.
- ⁴⁷ Cole Moreton, *Hungry for Home: Leaving the Blaskets: A Journey from the Edge of Ireland*, 169.
- ⁴⁸ Tom Biuso, 'Tobar an Phuncain: A Story From the Great Blasket Island & Hungry Hill, Springfield, Massachusetts', in *Irish America Magazine*, June 1990, 38-42.
- ⁴⁹ Tomás Ó Criomhthain, *Allagar na hInise*, 2ú eagrán Pádraig Ua Maoileoin (Baile Átha Cliath: An Gúm, 1977), 226.
- ⁵⁰ Cole Moreton, *Hungry for Home: Leaving the Blaskets: A Journey from the Edge of Ireland*, 95.
- ⁵¹ Tom Biuso, 'Tobar an Phuncain: A Story From the Great Blasket Island & Hungry Hill, Springfield, Massachusetts', in *Irish America Magazine*, June 1990, 40.
- ⁵² Cole Moreton, *Hungry for Home: Leaving the Blaskets: A Journey from the Edge of Ireland*, 176.
- ⁵³ Chuaigh céad fiche is a trí dhuine ar bord an Titanic i gCóbh – céad is trí dhuine dhéag dóibh bochtáin a chuaigh sa stírís. *ibid*, 181.
- ⁵⁴ Tom Biuso, 'Tobar an Phuncain: A Story From the Great Blasket Island & Hungry Hill, Springfield, Massachusetts', in *Irish America Magazine*, June 1990, 38-42.
- ⁵⁵ Mike Carney, 'A personal journey from the Blaskets to Springfield', in *Irish Echo, Boston Massachusetts*.
- ⁵⁶ www.cobhheritage.com
- ⁵⁷ Cole Moreton, *Hungry for Home: Leaving the Blaskets: A Journey from the Edge of Ireland*, 190-194.
- ⁵⁸ *ibid*, 190.
- ⁵⁹ Nuala Ní Aimirgin, *Muiris Ó Súilleabháin: Saol agus Saothar* (Maigh Nuad: An Sagart, 1983), 51.
- ⁶⁰ Muiris Ó Súilleabháin, *Fiche Blian ag Fás*, 4ú eagrán Pádraig Ó Fiannachta, 185.
- ⁶¹ Cole Moreton, *Hungry for Home: Leaving the Blaskets: A Journey from the Edge of Ireland*, 194.
- ⁶² *Cín Lae Eibhlín Ní Shúilleabháin*, eag. Máiréad Ní Loingsigh (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2000), 164.
- ⁶³ Leslie Matson, *Méiní – The Blasket Nurse* (Baile Átha Cliath: Mercier Press, 1996), 73-74.
- ⁶⁴ Tom Biuso, 'Tobar an Phuncain: A Story From the Great Blasket Island & Hungry Hill, Springfield, Massachusetts', in *Irish America Magazine*, June 1990, 38-42.
- ⁶⁵ *ibid*, 42.

-
- ⁶⁶ Mike Carney, 'A personal journey from the Blaskets to Springfield', in *Irish Echo, Boston Massachusetts*.
- ⁶⁷ Tom Biuso, 'Tobar an Phuncain: A Story From the Great Basket Island & Hungry Hill, Springfield, Massachusetts', in *Irish America Magazine*, June 1990, 38-42.
- ⁶⁸ Cole Moreton, *Hungry for Home: Leaving the Blaskets: A Journey from the Edge of Ireland*, 254.
- ⁶⁹ *ibid.*
- ⁷⁰ Mike Carney, 'A personal journey from the Blaskets to Springfield', in *Irish Echo, Boston Massachusetts*.
- ⁷¹ Tomás Ó Criomhthain, *An tOileánach*, eag. Seán Ó Coileáin, 68.
- ⁷² Micheál Ó Gaoithín, *Is Truagh ná Fanann an Óige*, 67-68.
- ⁷³ Cáit Ní Laoithe – Uí Bheaglaoich, 'Peig Mhór, Peig Sayers, máthair, scéalai agus banúdar leabhar', in *Ceiliúradh an Bhlascaoid 3 – Peig Sayers Scéalai 1878 - 1958*, eag. Máire Ní Chéilleachair (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1999), 17.
- ⁷⁴ Carolyn Lumsden, 'Islanders find Home in Mass.', in *Sunday Boston Globe*, 20 Márta, 1988.
- ⁷⁵ *Leoithne Aniar*, eag. Pádraig Tyers, 64.
- ⁷⁶ Leslie Matson, *Méini – The Basket Nurse*, 23-24.
- ⁷⁷ *ibid.*, 42.
- ⁷⁸ Máire Ní Chéilleachair, 'Na Mná i Litriocht an Bhlascaoid', in *Oidhreacht an Bhlascaoid*, eag. Aogán Ó Muircheartaigh (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1989), 323.
- ⁷⁹ *Leoithne Aniar*, eag. Pádraig Tyers, 65.
- ⁸⁰ Leslie Matson, *Méini – The Basket Nurse*, 24-25.
- ⁸¹ Cole Moreton, *Hungry for Home: Leaving the Blaskets: A Journey from the Edge of Ireland*, 210.
- ⁸² Eibhlís Ní Shúilleabháin, *Letters from the Great Basket*, eag. Seán Ó Coileáin (Colorado: Mercier Press, 1978), 51.
- ⁸³ Tom Biuso, 'Tobar an Phuncain: A Story From the Great Basket Island & Hungry Hill, Springfield, Massachusetts', in *Irish America Magazine*, June 1990, 42.
- ⁸⁴ *ibid.*
- ⁸⁵ *ibid.*
- ⁸⁶ Cole Moreton, *Hungry for Home: Leaving the Blaskets: A Journey from the Edge of Ireland*, 220.
- ⁸⁷ *ibid.*, 238.
- ⁸⁸ *ibid.*
- ⁸⁹ *ibid.*, 260.
- ⁹⁰ *ibid.*
- ⁹¹ *ibid.*, 264.

⁹² *ibid*, 264-265.

⁹³ *ibid*, 269.

⁹⁴ Níorbh é Muiris Ó Cearnaigh an t-aon Bhlascaodach a d'fhág an tOileán Tiar sa chaoi sin. Ina leabhar, *An tOileánach a Tréigeadh*, nochtann Seán Sheáin Í Chearnaigh gur imigh a dheartháir féin, Tomás, ón Oileán i rith an Dara Chogaidh Domhanda agus chuaigh sé i seirbhís leis an arm. D'fhan sé ann go dtí go raibh a thréimhse caite aige ann agus as go brách leis sall go Meiriceá ina dhiaidh sin. - Seán Sheáin Í Chearnaigh, *An tOileán a Tréigeadh* (Baile Átha Cliath: Sáirseál & Dill, 1974), 166.

⁹⁵ Cole Moreton, *Hungry for Home: Leaving the Blaskets: A Journey from the Edge of Ireland*, 254.

⁹⁶ *ibid*.

⁹⁷ *ibid*, 221.

⁹⁸ Mícheál Ó Cearna, 'An bhfuil faic sa bhféachaint? Blaiseadh den Siompóisian ar staid na n-oileán inné, inniu is amárach', in *Ceiliúradh an Bhlascaoid 8 – Tréigean an Oileáin*, eag. Máire Ní Chéilleachair (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2005) 40.

⁹⁹ 'Who was the First? In Search of Blasket Islanders in Springfield, Mass.', in *Evening Echo*, 24 Samhan, 1982, 8.

¹⁰⁰ Cole Moreton, *Hungry for Home: Leaving the Blaskets: A Journey from the Edge of Ireland*, 221.

¹⁰¹ Mike Carney, 'A personal journey from the Blaskets to Springfield', in *Irish Echo, Boston Massachusetts*.

¹⁰² Cole Moreton, *Hungry for Home: Leaving the Blaskets: A Journey from the Edge of Ireland*, 243.

¹⁰³ As agallamh a rinne Mícheál Ó Cearnaigh le Laoise Ní Cheallaigh, 14/10/'06, (neamhfhoilsithe).

¹⁰⁴ Mike Carney, 'A personal journey from the Blaskets to Springfield', in *Irish Echo, Boston Massachusetts*.

¹⁰⁵ 'Who was the First? In Search of Blasket Islanders in Springfield, Mass.', in *Evening Echo*, 24 Samhan, 1982, 8.

¹⁰⁶ Cole Moreton, *Hungry for Home: Leaving the Blaskets: A Journey from the Edge of Ireland*, 256.

¹⁰⁷ *ibid*, 237.

¹⁰⁸ *ibid*, 242.

¹⁰⁹ *ibid*, 243.

¹¹⁰ *ibid*, 241.

¹¹¹ Bhíodh guth láidir ag an bpobal Éireannach i Springfield an tráth úd, agus tá fós. As timpeall seachtó ceathar míle de dhaonra na cathrach, b'Éireannaigh iad tuairim is daichead a ceathar míle díobh. (*ibid*, 229.)

¹¹² *ibid*, 245.

¹¹³ *ibid*.

¹¹⁴ Leslie Matson, *Méini – The Blasket Nurse*, 42.

-
- ¹¹⁵ Cole Moreton, *Hungry for Home: Leaving the Blaskets: A Journey from the Edge of Ireland*, 228.
- ¹¹⁶ *ibid*, 263.
- ¹¹⁷ *ibid*, 244.
- ¹¹⁸ *ibid*, 227.
- ¹¹⁹ *ibid*, 244.
- ¹²⁰ *ibid*.
- ¹²¹ *ibid*, 227.
- ¹²² *ibid*, 247.
- ¹²³ *ibid*, 256.
- ¹²⁴ *ibid*, 257.
- ¹²⁵ *ibid*, 256.
- ¹²⁶ Minutes of Meeting of The Great Blasket Island Forum and the Descendants of the Blasket Islanders at Elms College, Springfield, M.A. on 28th October, 2001, ar www.kerrycoco.ie/blasket/min28
- ¹²⁷ 'Who was the First? In Search of Blasket Islanders in Springfield, Mass.', in *Evening Echo*, 24 *Samhan*, 1982, 8.
- ¹²⁸ Minutes of Meeting of The Great Blasket Island Forum and the Descendants of the Blasket Islanders at Elms College, Springfield, M.A. on 28th October, 2001, ar www.kerrycoco.ie/blasket/min28
- ¹²⁹ *Peig: A Scéal Féin*, eagr. Máire Ní Mhainnín agus Liam P. Ó Murchú, 112.
- ¹³⁰ Nuala Ní Aímhirgín, *Muiris Ó Súilleabháin: Saol agus Saothar*, 53.
- ¹³¹ Seán Sheáin Í Chearnaigh, *Iarbhlascaodach ina Dheoraí* (Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, 1978), 101.
- ¹³² *ibid*, 101-104.
- ¹³³ *ibid*, 105.
- ¹³⁴ Seán Sheáin Í Chearnaigh, *An tOileán a Tréigeadh*, 115.
- ¹³⁵ Seán Ó Criomhthain, *Lá dár Saol*, 90.
- ¹³⁶ *ibid*, 91.
- ¹³⁷ *ibid*, 92.
- ¹³⁸ Muiris Ó Súilleabháin, *Fiche Blian ag Fás*, 4ú eagrán Pádraig Ó Fiannachta, 189.
- ¹³⁹ Tomás Ó Criomhthain, *An tOileánach*, eagr. Seán Ó Coileáin, 95.
- ¹⁴⁰ *Leoithne Aniar*, eagr. Pádraig Tyers, 65.
- ¹⁴¹ *ibid*, 66.
- ¹⁴² Tomás Ó Criomhthain, *An tOileánach*, eagr. Seán Ó Coileáin, 249.

-
- ¹⁴³ *ibid.*
- ¹⁴⁴ *ibid.*
- ¹⁴⁵ *ibid.*
- ¹⁴⁶ *ibid.*, 250.
- ¹⁴⁷ *ibid.*, 225.
- ¹⁴⁸ *Peig: A Scéal Féin*, eag. Máire Ní Mhainnín agus Liam P. Ó Murchú, 165.
- ¹⁴⁹ Seán Sheáin Í Chearnaigh, *An tOileán a Tréigeadh*, 134.
- ¹⁵⁰ *ibid.*
- ¹⁵¹ *ibid.*, 135.
- ¹⁵² Tomás Ó Criomhthain, *An tOileánach*, eag. Seán Ó Coileáin, 68.
- ¹⁵³ *Leoithne Aniar*, eag. Pádraig Tyers, 65.
- ¹⁵⁴ Leslie Matson, *Méini – The Blasket Nurse*, 147.
- ¹⁵⁵ Tomás Ó Criomhthain, *Allagar na hInise*, 2ú eagrán Pádraig Ua Maoileoin, 226.
- ¹⁵⁶ *ibid.*, 227.
- ¹⁵⁷ Micheál Ó Gaoithín, *Is Truagh ná Fanann an Óige*, 76.
- ¹⁵⁸ *ibid.*, 76-77.
- ¹⁵⁹ *ibid.*, 84.
- ¹⁶⁰ *ibid.*, 85.
- ¹⁶¹ Tomás Ó Criomhthain, *An tOileánach*, eag. Seán Ó Coileáin, 235-236.
- ¹⁶² *ibid.*, 239-241.

Caibidil 6

Deireadh Ré

D'fhág siarshruth na himirce a rian ar an mBlascaod. Faoi shamhradh na bliana 1947, ní raibh istigh ach duine is caoga, i gcodarsnacht le seisear is céad sa bhliain 1938. Ní raibh fágtha ar an Oileán Tiar an uair sin ach na seandaoine agus fíorbheagán daoine óga, agus iadsan ag smaoineamh ar dhul, chomh maith. Chuaigh an dream beag sin, nach ndeachaigh sall go Meiriceá, amach chun na míntíre agus chaitheadar a saol amuigh ar nós na ndeoraithe eile i Springfield. Cé gur fhan formhór na n-imirceoirí intíre an-ghar don Bhlascaod, agus cé go raibh radharc acu óna dtithe amach ar an mBlascaod, níorbh ionann radharc an Oileáin dóibh is a bheith istigh ann. Shocraigh cuid acu síos go tapaidh, gan aon aiféala orthu i ndiaidh dóibh teacht amach, ach bhraith an chuid eile dóibh an tOileán uathu go deireadh a saol. Bhíodar siúd ina ndeoraithe, cé nár fhág siad an paróiste. Sa chaibidil seo beifear ag breathnú ar chás na ndeoraithe seo, agus ar na coinníollacha ba chúis dóibh géilleadh faoi dheireadh agus dul amach chun na míntíre. Breathnófar ar chás teaghlaigh amháin, mar atá Seán Ó Criomhthain is a bhean Eibhlís Ní Shúilleabháin agus a n-iníon, Niamh, agus ar a ndearcadh i leith na himirce intíre. Tabharfar sracfhéachaint ar dhearcadh an Stáit i leith bhánú an Bhlascaoid agus a iarrachtaí ar son na mBlascaodach. Níorbh é an tréigean deireadh scéal an Bhlascaoid, áfach. Déanfar iniúchadh ansin ar shaol nua na míntíre do na deoraithe Blascaodacha seo.

Ar an iomlán, ba iad na seandaoine agus na daoine a bhí glan i gcoinne dul sall na daoine a bhí fós ag cur fúthu ar an Oileán ag deireadh na ndaichidí. Mar a dúirt Seán Ó Guithín:

Ní raibh aon duine ansin ann ach criú dhá naomhóg, is dócha agus dorn seandaoine.¹

Imircigh a d'fhill a bhí i gcuid acu, Mícheál Ó Gaoithín ina measc, a bhí an-mhaoithneach i leith an Bhlascaoid agus an-chosantach faoin saol a chleachtaí ann. Ina leabhar *Is Truagh ná Fanann an Óige*, ní leagann Mícheál Ó Gaoithín aon bhéim ar leochaileacht nó ar mhíbhuntáistí shaol an Bhlascaoid, ach ar an saol iontach, neamhspleách, folláin a bhí le cleachtadh istigh. Scríobhann sé go maoithneach agus go fadálach faoi mheath oileán breá a óige. I gCaibidil 23 dá leabhar *Is Truagh ná Fanann an Óige*, tagraíonn an Gaoithíneach do mheath an Oileáin, do mhéid na dtithe folamha ar an mBlascaod Mór faoin am sin, agus faoina uaigneas féin is uaigneas na mBlascaodach eile a bhí fágtha ann.

Ach mo bhrón géar guirt ní fhillfidh chughainn go bráthach ár gcairde is ár ngaolta. Ní líonfar aríst go deó na suidheacháin atá folamh, ná ní seinnfear an ceól binn suaire, ná ní chluinfear clagarnach na gcos ar na húrláir, ná an gáire binn ceólmhar.²

Níl aon fhaoiseamh aige ó na smaointe brónacha sin:

Ní fheadar cad atá ag nochtadh smaointe chomh huaigneach so am' chroidhe. Tá siad ag rith chugham agus gan aon lorg agam ortha. Cuirim scaipeadh ortha, ach seo chugham aríst iad ina gceathanna troma dubha.³

Leanann sé air leis an gcuntas maoithneach faoi ré órga an Bhlascaoid nuair a bhí daonra mór istigh i gcodarsnacht leis an Oileán ar fhill sé ó Mheiriceá air, nach raibh ann ach seandaoine don chuid is mó.

Tá deire leis an sean-nós agus is baoghalach go bhfuil deire le saoghal na ndaoine ar an Oileán, leis.⁴

Cé go ndeachaigh sé féin ar imirce, is meon diúltach a léiríonn sé i leith na himirce agus fágáil an Oileáin, i gcoitinne. Chuaigh sé sall go Meiriceá le croí trom agus ní fada a thug sé ann, ach an oiread, ach bhí athruithe dulta i bhfeidhm ar an Oileán nuair a d'fhill sé agus chuaigh sé dian air deighleáil leis na hathruithe sin a bhí titithe amach ar an Oileán, fad a bhí sé thall. Níor thuig sé cad ina thaobh go dteastódh ó éinne an áit fhoirfe sin a fhágáil le dul chun cónaithe ar an míntír nó thar lear. Is léir go raibh sé iomlán neamhréadúil faoi fhoirfeacht an Bhlascaoid mar ionad cónaithe faoin am sin.⁵ Bhí seisean beag beann ar na hathruithe a thit amach fad a bhí sé i Meiriceá, ach b'athruithe iad a chinntigh go dtréigfí an tOileán Tiar.⁶ Shantaigh sé an seansaol a bhí imithe gan filleadh go deo. Bhí saol an Bhlascaoid idéalaithe aige sa chaoi is nárbh fhéidir leis machnamh ar a mhalairt de shaol a chleachtadh. Ba ar an mBlascaod a theastaigh uaidh an chuid eile dá shaol a chaitheamh agus cé go ndeachaigh sé amach go Baile Bhiocáire sa deireadh, nuair a tháinig sé abhaile ó Mheiriceá, ní raibh sé sásta smaoineamh ar dhul amach, fiú amháin. Ba rud aisteach dó athrú dhearcadh na mBlascaodach a thréig an tOileán gan cuma an aiféala ar a bhformhór.

... ná beidh aoinne de mhuintir an Oileáin isteach ná amach ann agus is dócha nach aon uaigneas dóibh a bheith scartha leis.⁷

In ainneoin aiféala an Ghaoithínigh, is cinnte go raibh athrú meoin tagtha ar an líon beag Blascaodach a bhí fágtha istigh, áfach. Bhí a ndóthain den saol dian fulaingthe acu, iad ag maireachtaint ar an ngannchuid i gcónaí, agus ag éisteacht le scéalta faoin saol iontach a bhí á chleachtadh ag daoine eile taobh amuigh den Bhlascaod Mór. Bhí spiorad an Oileáin ag lagú le fada, ach nuair a fuair Seáinín Ó Cearnaigh bás gan

dochtúir, gan sagart ina theannta, scriosadh spiorad phobal an Bhlascaoid go hiomlán. Níor theastaigh óna raibh fágtha istigh ach teitheadh ón ártach báite ansin.

Ag breathnú ar an scéal go praiticiúil, ní raibh saol an Bhlascaoid inmharthana a thuilleadh. Mar atá luaite thuas, ní raibh ach criú naomhóige nó dhó fágtha ar an Oileán faoin am sin. Bhí muintir an Oileáin ar fad ag brath, mar sin, ar an gcriú áirithe sin le turais a dhéanamh amach in am an ghátair. Le dream fear óg chomh beag ar an Oileán, agus cúrsaí teagmhála leis an míntír ag brath chomh mór ar an aimsir a bheith feiliúnach chun dul amach, nó fiú chun an guthán a úsáid, bhí muintir an Oileáin thar a bheith leochaileach. Seo peirspictíocht mhíntírigh i leith chás na mBlascaodach sna tríochaidí luatha:

Bhí an saoghal is an aimsir ró-mhaith dóibh, b'éigean dóibh teicheadh as go dtí fairsinge na mín-tíre, áit 'na mbeadh flúirse na ndaoine chun cabhrúighthe leo dá gcrudhfadh an saoghal níos measa ortha.⁸

Le himeacht na bhfear óg, mhéadaigh an seans go mbeadh a raibh fágtha ar an Oileán sáinnithe ann lá, rud a thit amach sular tréigeadh an tOileán sa deireadh. D'aithin Peig Sayers go raibh saol an Oileáin ag dul faoi agus nach fada ina diaidh a bheadh pobal ar an Oileán Tiar, de bharr spiorad na ndaoine óga a bheith briste, ach go háirithe, agus fonn athrú saoil orthu. Agus í ag labhairt ar an ábhar sin deir sí:

Tá mo ré-se caite ann anois. Bíodh sólas ag daoine eile má bhíonn aoinne ann agus is dócha gur gairid a bheidh mar tá na daoine aosta ag éalú leo as an saol so agus tá an misneach ag teip ar na fir óga atá ag éirí suas ann. Tá eagla orm ná beidh aoinne ann

sar i bhfad chun a shlí bheatha do dhéanamh ann. Tá an saol ag athrú leis agus tá so ag cur isteach ar mheoin na ndaoine.⁹

Bhí an rud céanna le rá ag Seán Ó Criomhthain. Dar leis, níorbh iad na daoine óga singile amháin a bhí ag imeacht ó na tríochaidí ar aghaidh ach teaghlaigh iomlána. D'fhágadh líon tí agus ní bhíodh éinne ann chun an tigh a thógaint. Dúnadh an tigh ansin agus fágadh é le dul chun raice.

Bhí na daoine óga ag imeacht leo soir siar anois, na daoine aosta titithe in aois agus a gclann ag scaradh leo, ach ní le teasnach nó le h-éirí-in-airde é. Bhí líon na ndaoine ag dul le fánaidh go tiubh agus an tOileán ag teip. Níorbh fhada gur imigh lánú eile agus seachtar clainne acu, fásta agus beag.¹⁰

Faoin am sin, d'aithin pobal an Bhlascaoid, idir óg is aosta, nárbh ann a bhí a dtodhchaí:

Samhlú eile go raibh ag tarraingt chun críche, agus na hOileánaigh ag déanamh suaithheadh an domhain díobh. Bhí duine ar dhuine á rá anois go raibh an t-árthach ag suncáil, agus gurbh é an té ba thúisce a léimfeadh aisti ab fhearr as.¹¹

Mar a tharla sa deireadh, áfach, níorbh iad na daoine 'ba thúisce a léimfeadh aisti ab fhearr as' ar chor ar bith. Na daoine a bhog amach chun na míntíre roimh an tréigean oifigiúil sa bhliain 1953, tada ní bhfuair siad ón rialtas. Na daoine a d'imigh amach faoi scéim an rialtais, fuair siadsan cabhair athlonnúcáin ón rialtais. Ní ar na sochair a bhí na Blascaodaigh ag machnamh faoin am a tháinig deireadh le ré an Bhlascaoid,

ach ar a sábháilteacht agus ar shábháilteacht a gclann. Mar a dúirt Máire Ní Ghuithín :

Nuair a chuaigh sé ar bheagán daoine, bhíodh scanradh orthu sa Gheimhreadh. Ní raibh ann is dócha sa deireadh ach criú lán naomhóige i gceart chun dul amach...¹²

Bhí nuachóiriú ar siúl ar fud na cruinne le breis is caoga bliain roimhe sin, agus cé gur thóg sé tamaillín níos faide teacht chun an Bhlascaoid, bhí meon an nuachóirithe dulta i bhfeidhm go smior ar lucht óg an Bhlascaoid le gealadh na dtríochaidí. Ba ag glúin chlainne Pheig Sayers agus clainne Thomáis Uí Chriomhthain a bhí an t-athrú meoin sin i leith anró an tsaol agus méid an fhulaingthe a raibh siad sásta cur suas leis. Mar sin, bhí níos mó i gceist le tréigean an Bhlascaoid Mhóir ná easpa fostaíochta agus titim an mhargaidh éisc in Iarthair Chiarraí. Ní raibh seans ar bith ag an oileán iargúlta in aghaidh na nua-aoiseachta. Seo thíos tuairim Mháire Ní Ghuithín i leith an ábhair seo:

Nuair is measa a bhí an saol ann, bhí daoine istigh ann, agus iad ag maireachtaint ann; bhí saol cruaidh acu, gan dabht, ach dá mbeadh na daoine óga ann anois, ní dócha go gcuirfidís suas leis mar a chuir a muintir in aon chor.¹³

Le himeacht na ndaoine óga, thosaigh spiorad phobal an Oileáin ag lagú, ach ba chomhartha na críche é nuair a thosaigh na teaghlaigh agus na daoine críonna ag bogadh amach chun na míntíre. Ó thús na dtríochaidí ar aghaidh, is cosúil nár dhein ach dhá lánúin nua-phósta a mbaile ar an Oileán Tiar. Phós Seán Ó Criomhthain agus Eibhlís Ní Shúilleabháin i mBealtaine na bliana 1933;¹⁴ agus timpeall na bliana 1946, phós an lánúin dheireanach Seán Cheaist Ó Catháin agus a bhean, Bríd.¹⁵ Ba é a mac,

Gearóid, a dúirt gurbh iad a thuismitheoirí féin an lánúin dheireanach a phós ar an Oileán agus a shocraigh síos ann.¹⁶ Seacht mbliana a chaith siad ar an Oileán Tiar i ndiaidh dóibh pósadh sular tháinig siad amach nuair a tréigeadh an t-oileán sa bhliain 1953. Ní raibh éinne sásta pósadh ar an Oileán a thuilleadh. Bhí an iomarca constaicí ina slí:

You see that them girls married outside, love the Island still and love the people they left there but could not find enough courage to marry there as married troubles are great ones and they could not face them inside these days with no old women helpers or any women, you know as the people are reducing so is their courage going.¹⁷

Níor theastaigh ó éinne páistí a thógáil ar an mBlascaod ó dúnadh scoil an Oileáin toisc go mbeadh orthu iad a sheoladh amach chun na míntíre in aois scoile dóibh. Faoin mbliain 1947, nuair a cailleadh Seáinín Ó Cearnaigh, ógfhear, ar an mBlascaod go tragóideach, tugadh faoi deara go raibh gach teaghlach a raibh páistí óga acu imithe amach chun na mórtíre cheana féin, le heisceacht amháin, teaghlach Sheáin Cheaist Uí Chatháim.¹⁸

Ó thús ré áitribh an Bhlascaoid Mhóir, bhí siar bhogadh isteach is amach idir an Bhlascaod agus an mhíntír, ach anois bhí i bhfad níos mó daoine ag imeacht ná riamh gan éinne ag teacht isteach ina n-ionad. Mar a scríobh Muiris Ó Súilleabháin in *The Irish Press* chomh luath le 25/7/1938:

Tá seanchrainn na nGael á meilt go tiubh sa Bhlascaod agus mo chreach gan aon phlanda óg á chur!¹⁹

D'fhág an tsíorimeacht sin a rian ar phobal an Bhlascaoid:

Misneach mór nár mhór d'fhear oileáin a bheith aige ach thiocfadh an t-am ort go dteipfeadh san ort ann. Bhí daoine ag rámháíocht leo le fonn agus le fiach fós, ach má bhí ní raibh an sprid bheo iontu a bhí blianta roimis sin. Bhí daoine á rá go raibh lúth agus mire an Oileáin ag dul ar lár.²⁰

Do na daoine a d'fhan ar an mBlascaod go dtí an deireadh, bhí sé an-dian orthu breathnú ar an Oileán ag dul i léig. B'iadsan a chonaic díothú na himirce ar an mBlascaod Mór, tithe na gcomharsan gan iad a bheith gealta bliain i ndiaidh bliana, murab ionann is an tseanaimsir, na díonta a choimeádaí i gcónaí chomh néata is chomh daingean, iad ag titim isteach anois. Mar a dúirt Seán Ó Criomhthain:

...chonac an tOileán is an íde a bhí imithe air, na buachaillí agus an cailíní arbh aithnid dom iad, iad bailithe as mo radharc, agus an tOileán ag titim agus ag thréigean – fiú amháin na seandaoine bhíodar ag fáil bháis, agus bláth na bhfear agus na mban bailithe leo agus a dtithe á thréigean. Tigh anuraidh, tigh i mbliana agus dhá thigh an tréigean bliain, sa tslí is go raibh dosaen ceann acu folamh.²¹

Nuair a thosaigh próiséas an bhánaithe, ní raibh aon tarraingt siar, agus nuair a thosaigh daoine ag bogadh amach, bhí an pobal uilig ag faire ar dhul. Ba chomhartha an donais a bhí i ndán é an chéad teach a fágadh folamh de bharr nach raibh éinne ann chun glacadh leis. Ina leabhar *Lá Dár Saol*, deir Seán Ó Criomhthain gur cailleadh fear críonna ar an Oileán agus nuair a cailleadh é gur fágadh an tigh dúnta toisc nach raibh éinne fágtha aige ar an Oileán a thógfadh é.²² Droch-chomhartha ab ea é dá raibh i ndán don Bhlascaod Mór. As sin amach, thapaigh gach éinne a dheis imeachta

féin. Daoine críonna a raibh duine dá gclann ar an míntír acu, chuadar amach chucu. Bean amháin ón míntír a phós isteach ar an mBlascaod, agus a thóg seisear clainne ann, nuair a cailleadh a fear céile, bhog sí amach arís, na páistí léi.²³ Buille trom ab ea é do phobal an Bhlascaoid teaghlach iomlán mar sin ag bogadh uathu amach. Seanlánúin eile, nuair a fuair a mac bás, shocraigh siad ar imeacht agus lean an patrún sin a aghaidh. Mar a insíonn Seán Ó Criomhthain, níorbh éasca don tseanlánúin an cinneadh sin a dhéanamh:

Tháinig an lá ar an seanlánúin féin gur fhágadar slán agus beannacht leis an Oileán, agus bhainfeadh sé deoir as chroí cloiche glaise a bheith ag féachaint ar an mbeirt ag scarúint lena ndúchas.²⁴

Nuair a shocraigh Blascaodach eile ar imeacht is a bheirt iníonacha leis, theastaigh uaidh an teach a dhíol chun cúpla punt a bhreith leis agus é ag tosú amach ar a shaol nua. Ní raibh éinne sásta an tigh a cheannach uaidh, áfach, go dtí gur tháinig gaol an fhir chuig an gCriomhthanach féin ag fiafraí de an mbeadh sé sásta é a cheannach uaidh agus tús éigin a thabhairt don fhear bocht amuigh. Dar leis, bhí cruth níos fearr ar an tigh sin ná mar a bhí ar a thigh féin agus mheas sé go mbeadh sé níos oiriúnaí dó féin agus dá chlann ná an tigh a bhí aige féin. Cheannaigh sé uaidh é agus chuaigh sé chun maireachtála ann. Bhí an fear eile breá sásta ag imeacht ón Oileán.²⁵

Faoin mbliain 1940, ba ghnáthrud é imeacht daoine chun na míntíre agus tithe a fhágáil dúnta. Faoin am sin, bhí deireadh ré an Bhlascaoid sroichte, le formhór na ndaoine imithe. Go déanach sa bhliain 1938, thosaigh Eibhlís Ní Shúilleabháin ag scríobh faoi thréigean an Oileáin ina cuid litreacha chuig George Chambers, cúig bliana déag sular tháinig na daoine deireanacha amach faoi scéim an rialtais.

Caithfidh, mar sin, gurb ón am sin amach a thuar sí go raibh deireadh le ré an Bhlascaoid i ndán. Ar an 10 Nollaig, 1938, scríobh sí chuig Chambers:

Just yesterday another Island home was locked up for good, a relative of myself, M. Sullivan, he is sick with the last four or five years. His heart was troubling him he went to hospital and will not return, his daughter went out with him to some friends, a very sad sight for Islanders to see and those parting are also too sorry to part. So it seems that our Island home is going down year after year and no chance of getting up now that is very sure.²⁶

I mí Lúnasa na bliana 1940, scríobh Eibhlís Ní Shúilleabháin chuig Chambers arís, ag insint dó faoi thréigean an Oileáin ag na seandaoine:

Another house has been closed on the Island lately. She was an old woman – the Kearneys' mother – and she went out to her daughters she had an only son in the house and he himself used to leave the Island every winter and stay in the same house his mother stays now. So picture our Island home sinking from day to day.²⁷

Mar atá luaite cheana, ba thábhachtach dóibh an t-ioncam a fuair na hOileánaigh as ucht aire a thabhairt do chuariteoirí nuair a thagaidís isteach i rith an tsamhraidh, ach tháinig an t-am gur chuaigh sé sin i léig chomh maith. Le himeacht aimsire, d'imigh na daoine a choimeádfadh na cuairteoirí agus dúnadh síos na tithe, go dtí nach raibh aon tigh oiriúnach do chuariteoirí ar an Oileán. Chuir sé sin deireadh leis na cuairteoirí chun an Oileáin agus leis an spraoi a thug siad leo.

Níl todhchaí i ndán d'aon chine nó d'aon áitreabh mura bhfuil páistí ann, dar ndóigh, agus mar sin, nuair a dúnadh scoil an Bhlascaoid de bharr nach raibh go leor páistí ann, bhí deireadh ré buailte le saol an Bhlascaoid. Deir Nóra Ní Shéaghda agus í ag scríobh a leabhair *Thar Bealach Isteach*, sna tríochaidí luatha:

Dosaen bliadhain ó shoin, bhí leath-chéad páiste ag déanamh ar thigh na scoile, tá sé ar leath an méid sin indiu: an lá ná beidh an páiste ann beidh an Blascaod gan adhbhar fir ná mná.²⁸

Le himeacht na dtríochaidí, thit líon na bpáistí go leanúnach. Faoin mbliain 1933, ní raibh go leor páistí istigh don bheirt mhúinteoir a bhí sa scoil agus briseadh Cáit Ní Mhainín, a bhí ag múineadh i scoil an Bhlascaoid mar mhúinteoir cunta ón mbliain 1908, briseadh as a post í.

Tháinig an lá ar an dá mhúinteoir scoile agus b'éigean do dhuine acu fágaint. Ní raibh líon don bheirt inti agus is baolach na beadh.²⁹

Níorbh é sin deireadh an scéil, áfach. Faoin mbliain 1941, ní raibh ach seisear fós ag freastal ar scoil an Bhlascaoid, a bhí faoi stiúir Mháire Nic Gearailt ón mbliain 1934 amach. Ba iad Máirín agus Liam Ó Cearnaigh³⁰ mar aon le páistí de mhuintir Uí Ghuithín na páistí deireanacha sin a d'fhreastail ar scoil an Bhlascaoid Mhóir.³¹ Roimh Nollaig na bliana 1941, thuig Máire Nic Gearailt gur bheag seans go mbeadh daltaí suite istigh ag foghlaim ann arís choíche. Dúnadh an scoil go hoifigiúil ar an gcéad lá Eanáir 1942, ach ní bhfuair an mháistreás scoile litir a rá go raibh an scoil dúnta ag Roinn an Oideachais i mBaile Átha Cliath go dtí deireadh na míosa sin.³²

'The last night came to an end and the cocks began to crow' so did the school of the Island a fortnight next Monday I think it was 27th Jan. A notice came to the teacher to close the school at once from the Parish Priest so the next day she [an mháistreás scoile] bid the Islanders adieu after about seven easy year teaching and left the three poor scholars to run wild with the rabbits...³³

Ní mhaireann pobal gan pháistí agus de bharr nach raibh páistí lonnaithe ar an Oileán i ndiaidh Eanáir na bliana 1942, bhí deireadh leis an bpobal ar an mBlascaod. Seoladh na páistí scoile a bhí fágtha istigh amach chun na míntíre chun a gcuid oideachais a fháil nó a chríochnú ar chostas an rialtais. Mar a dúirt Eibhlís Ní Shúilleabháin:

I hear they will be sent to some outside school and that the Government will pay for their board.³⁴

Agus a páiste féin aici, ní raibh Eibhlís róshásta scaoileadh léi amach chun na míntíre chun a cuid scolaíochta a fháil, áfach. Shocraigh sí féin agus Seán Ó Criomhthain, a fear céile, ar imeacht ón Oileán Tiar agus a n-iníon, Niamh, in aois scoile, seachas scaoileadh léi ar feadh formhór na bliana.

Sa deireadh ní raibh fágtha ar an Oileán Tiar ach páiste amháin. Gearóid Ceaist Ó Catháin ab ea an páiste sin. Nuair a rugadh é sa bhliain 1947, ní raibh aon pháiste eile ag maireachtaint ar an mBlascaod Mór. An chéad duine eile ar an Oileán, bhí sé breis is tríocha bliain d'aois, dar leis an gCathánach, ach níor chuir sé sin isteach ar an mbuachaill óg, é breá sásta i measc na ndaoine fásta, gan taithí aige ar a mhalairt de chleachtadh.³⁵ Saol na bhfuíoll a bhí aige, é ina pheata acu uilig ar an Oileán. Is

dócha go raibh dul amú ar irisoir de chuid an *Irish Press* nuair a scríobh sé an méid seo thíos mar chuid dá thuairisc ar Ghearóid ar an 4ú Lúnasa, 1951:

The Blasket is a lonely island, and Gearóidín Ó Catháin is a lonely child. The only sound of merry-making in this island of ruins, old people, and talks of great storms, seals, and lobster fishing is the laughter of Gearóid as he chases down the rocky path to meet returning naomhógs or a boat-load of tourists. The child of the Blaskets has never heard the sound of a céilí or heard the shouts of children at play.³⁶

Dar leis an gCathánach, ‘bhí draíocht im’ shaol... bhíos im’ rí beag!’³⁷ Faoin mbliain 1951, bhí Gearóid Ó Catháin ceithre bliana d’aois agus bhí an rí beag in aois scoile. Ba mhór an fhadhb a chruthaigh sé sin. Mar a dúirt an tuairisc chéanna thuas:

Gearóid Ó Catháin is the last child on the Great Blasket, a dying island that is the last outpost of the Celtic Empire. His parents, the island folk, and now two Government Departments have a problem. How can young Gearóid go to school?³⁸

De réir dealraimh, ní mórán a rinneadh faoi scolaíocht Ghearóid go dtí gur aistrigh an teaghlach amach chun na míntíre dhá bhliain ina dhiaidh sin, nuair a cuireadh ar scoil i nDún Chaoin é. Na blianta ina dhiaidh sin, chuaigh sé chun meánscoile i gColáiste Naomh Seosamh, i gCill Chainnigh.³⁹ Idir an dá linn, agus é ar an mBlascaod, bhí Gearóid ina rí beag dáiríre. Timpeall na bliana 1951, tháinig Liam Robinson isteach ar an Oileán agus scríobh sé tuairisc faoin gCathánach óg, ‘The Loneliest Boy in the World’, in *The Irish Independent*. Foilsíodh an t-alt ar an gcéad leathanach den nuachtán, mar aon le pictiúir den leaid óg agus dá thimpeallacht. Bhí sé ina scéal mór i nuachtáin ar fud na cruinne sar i bhfad, i Sasana, sna Stáit Aontaithe, san Astráil

agus sa Nua-Shéalainn, agus leis na tuairiscí éagsúla sin, tháinig bronntanais, bréagáin, leabhair, éadaí, go mór mór agus é ag druidim leis an Nollaig, agus tháinig tairiscint altramachta, fiú amháin:

Scrígh lánú amháin ó Mheiriceá a bhí gan leanbh agus theastaigh uathu mé a thabhairt sall. Ní scaoilfeadh mo mhuintir liom. Ach níor stad san iad. Theastaigh uathu mo mhuintir a thabhairt leo freisin ach ba dheacair iadsan a bhogadh.⁴⁰

Le himeacht ama, tháinig cúlú ar mhéid na mbeart a thagadh chuige, go dtí nach raibh ag scríobh chuige ach duine amháin ón Nua-Shéalainn a chuireadh bronntanas chuige gach Nollaig agus gach lá breithe, fiú agus é imithe amach chun na míntíre.⁴¹ Tháinig an lá go raibh riail an rí bhig istigh agus bhí air, i dteannta a thuismitheoirí agus a sheanchairde, teitheadh ón mBlascaod. Ba le linn an tréigin oifigiúil a chuaigh siad amach go déanach sa bhliain 1953.⁴²

Ba mhaith liom casadh anois agus plé a dhéanamh ar chás teaghlaigh amháin a theith ó oileán a n-óige roimh thréigean oifigiúil na bliana 1953. Is iad Seán Ó Criomhthain agus Eibhlís Ní Shúilleabháin atá i gceist. Ina leabhar *Lá Dár Saol*, agus i go leor alt atá scríofa aige agus agallamh atá déanta aige, faigheann an léitheoir léargas ar smaointe Sheáin i leith deireadh ré an Oileáin Tiar agus i leith imeacht a theaghlaigh féin ón mBlascaod amach chun na míntíre. Cé nár fhoilsigh a bhean, Eibhlís Ní Shúilleabháin, leabhar dá cuid féin, nochtann sí a smaointe i leith dhul faoi an Bhlascaoid i sraith litreacha a sheol sí chuig cara léi, George Chambers, thar thréimhse fiche bliain, 1931 go dtí 1951, agus a foilsíodh i bhfoirm leabhair roinnt blianta i ndiaidh a báis. Tugann an t-ábhar léitheoireachta ar fad an-tuiscint don léitheoir ar dhearcadh na lánúine i leith an tréigin, ó thaobh na beirte de.

Ba iad Seán Ó Criomhthain agus Eibhlís Ní Shúilleabháin an dara lánúin dheireanach a lonnaigh ar an mBlascaod Mór i ndiaidh dóibh pósadh. B'Oileánaigh iad beirt agus bhí siad breá sásta cur fúthu ar an Oileán ag tús a saoil phósta. Mar a dúirt an Criomhthanach:

Ní raibh aon cheal sa tsaol orainn... Bhíomair ar mhuintir na muice.⁴³

Déanann Eibhlís an-soiléir gur mhaith léi fanacht istigh ar an Oileán go buan i litir a scríobh sí chuig George Chambers i bhfómhar na bliana 1931.

It is a dull place in winter, nothing at all only the pleasant music of the wild seas and the clattering of the wind, but for all I like it anyway, because my dear there is no place like home. My cottage home at the foot of the mountain, and the very day I'll have to leave it won't be a pleasant day for me. I think my dear heart will break that day.⁴⁴

Is dócha gur leanbaíocht agus idéalachas na hóige faoi ndear an ráiteas, áfach. Léiríonn sé dúil Eibhlíse agus í óg neamhurchóideach, fanacht istigh, ach ag an am céanna, dearbhaíonn sí go mbeidh sí ag fágaint an Oileáin lá éigin.

Bhí siad ag cur an tsaoil dóibh, lá maith is lá olc ar an gcaoi sin gan smaoinemh go ródhoimhin faoina dtodhchaí nó faoi éadóchas a gcáis ar an Oileán Tiar, go dtí gur saolaíodh an chéad pháiste dóibh in earrach na bliana 1937. D'fhéach siad beirt ar chúrsaí trí shúile tuismitheora as sin amach. D'imigh an maithneachas as a gcuid cainte agus thosaigh siad ag smaoinemh ar shláinte is ar mhaitheas a bpáiste.

D'aithin siad go raibh siad faoi mhíbhuntáiste mór, scoite amach san iargúltacht mar a bhí siad, ó sheirbhísí éigeandála na míntíre. Mar a dúirt an Criomhthanach:

Bhí leanbh óg saolaithe dúinn féin, agus bhí tuiscint éigin ag teacht inár gceann, an leanbh óg agus má bhuailfeadh an galar í, cad a bheadh le déanamh againn léi gan dochtúir gan banaltra.⁴⁵

Leagann Ó Criomhthain béim ar a bhaolaí is a bhí an turas amach chun dochtúir, banaltra nó sagart a fháil do dhuine in am an ghátair. Ní amháin go mbeadh fear ag cur a shaoil féin i gcontúirt ar son a chlainne ach bhí air cabhair a iarraidh ar a chomharsana an tslí amach a dhéanamh leis, agus a saol siúd a chur i gcontúirt. Mar a léirítear anseo thíos, bhí air dul amach i dteannta na bhfear eile sa tóir ar an sagart toisc fear críonna a bheith ina ghátar istigh:

Ní raibh aon chur suas den ghnó san ag éinne a bhí ábalta ar é a dhéanamh, ach a bheith amuigh. Turas trí mhíle amach agus isteach arís leis an sagart; agus é a thabhairt amach arís agus filleadh. Dhá mhíle dhéag d'fharraige agus de ghaoth agus de thaoide.⁴⁶

Thuig siad an droch-chás ina raibh siad nuair a buaileadh tinn an leanbh i lár oíche agus gan aon rud le déanamh ag a tuismitheoirí di. Ní raibh na fir in ann cur chun farraige de bharr í a bheith ró-ard agus róchumhachtach dóibh i naomhóg bheag. Níor tháinig aon athrú ar an scéal le gealadh na maidine, sa tráthnóna, nó an chéad oíche eile. An lá ina dhiaidh sin, chuaigh siad sa seans leis an bhfarraige agus bhain siad Dún Chaoin agus altra amach, a chabhraigh leis an bpáiste faoi dheireadh.⁴⁷ Is dócha gur oscail an eachtra sin súile na beirte. Ba ar an Oileán a tógadh an bheirt acu féin,

agus ba bhreá thaitneamhach an óige í, gan dabht, ach an tráth úd bhíodar soineanta, gan freagracht orthu, murab ionann is anois.

Sin mar a bhí rudaí ag priocadh, agus nuair atá leanbh agat tá taise id chroí dhó agus is maith leat gach rud a bheith ar fónamh aige.⁴⁸

Dúirt Eibhlís faoin mbreoteacht chéanna:

That God in His heaven never again give us such a sight to witness... Oh God was good to us. She is well again thank God... If anything happened to take her away from us the light would be out of my world. I would not care to live after her. So God spared us the joy of our life.⁴⁹

Le himeacht aimsire, bhí fadhb eile acu maidir leis an bpáiste. Bhí sí ag druidim le haois scoile agus an scoil istigh dúnta. Ní raibh ach dhá rogha ag Seán agus Eibhlís – Niamh a sheoladh amach chun na míntíre ar feadh formhór na bliana ionas go bhféadfaí í a oiliúint amuigh, nó bogadh amach iad féin chun í a chur go scoil áitiúil ar an míntír. Ba rogha i bhfad níos tarraingtí é dul amach agus a bheith i dteannta a n-iníne. Is léir go raibh a fhios acu beirt go mbeadh orthu an tOileán Tiar a thréigean lá éigin. Toisc nach raibh deis scolaíochta ar fáil do Niamh ar an mBlascaod, ní raibh an dara rogha ag a tuismitheoirí agus is dócha gurbh é sin faoi ndear a gcinneadh sa deireadh agus a bhrúigh amach ón mBlascaod iad.

...for us here with a child at school age and no school and people saying and telling us the child must go to school very soon. They may take her away somewhere when

they think of it you would know, so we thought it best to go out somewhere and try and have at least one joy out of this hard life, to live with our child.⁵⁰

Ní raibh an ceangal céanna ag Eibhlís leis an mBlascaod ó phós a dheirfiúr amach chun na míntíre, áfach, is a bhí agus í níos óige. Ón am sin amach, bhí sí ag faire ar dhul ina diaidh. Bhí cúrsaí airgid is oibre ag luí orthu, chomh maith.⁵¹ Dá mbogfaidís amach bheadh seans níos fearr ag Seán fostaíocht a fháil nach mbeadh ag brath ar an bhfarraige agus ar an aimsir.

If we could get any chance of any old or new house on the country outside and that John could get any job labouring around that would be heaven to us and that is on your mind and I may tell you the truth tis far from joy for us now to be here like the rest.⁵²

I Mí Feabhra na bliana 1942, i ndiaidh dóibh drochgheimhreadh a chur díobh istigh ar an mBlascaod, scríobh Eibhlís chuig George Chambers a rá go rabhadar diongbháilte faoi imeacht. Bhí a ndóthain den anró curtha díobh acu. Mar is léir thíos, níl aon amhras ach go dteastaíonn ó Eibhlís dul amach:

We are determined at last to leave this lovely Island... things are not as they should be and times are changed... So the next time you will come to this Island there will not be no Eibhlís but the ruins of the house...⁵³

É sin ráite, tá níos mó ná rian den mhaoithneachas i leith a baile dúchais le feiceáil anseo freisin. Is nádúrtha an rud é sin mar níor chleacht sí a mhalairt de shaol riamh:

You may be sure I'll miss the calm air of our dear Island and the beautiful White Strand... I was happy among sorrows on the Island. I think I will not be interested in life at all from this on when I am gone out on the Mainland. I will be very sad to leave my parents.⁵⁴

Cé gur thuig sí go raibh deireadh ré an Bhlascaoid ag druidim leo go gasta, agus go mbeidís níos fearr as ar an míntír, ba chorrathach an cinneadh imeacht faoi dheireadh. Bhí sí brónach, dóchasach, uaigneach agus áthasach ar aon. Ag iarraidh breathnú ar a suíomh ábhairín fuarchúiseach gan ualach na mothúchán ag cur isteach uirthi, deir sí:

I was troubled when this commenced but when I am understanding and looking at it from other sides I am getting alright again, for instance girls who grew up with me and went to America years ago and made their home there, never saw their parents since nor the Island, surely I have shared many I may say happy years; whatever happens on this Island I have one gifted thing to tell you of it I was always happy there.⁵⁵

Cé gur aithin Seán Ó Criomhthain baol shaol an Bhlascaoid agus buntáistí an tsaoil taobh amuigh, dealraítear gurbh í Eibhlís faoi ndear an imeacht amach faoi dheireadh. Fad a bhí sí féin agus Niamh amuigh ar thuras, thug Eibhlís compord shaol na míntíre faoi deara, sa chaoi is gur cheap sí gur 'san uaigh' a bhí muintir an Oileáin Tiar ag maireachtáil nuair a d'fhill sí. Luaigh sí 'an suaimhneas agus an sonas a bhí ag daoine ann, gan tarrac ná borradh á gcur ar an gcloich ann'⁵⁶. Iad suite cois tine oíche, dar leis an gCriomhthanach, dúirt sí:

‘Is í an gheimhreadh dheireanach agamsa anso í,’ a dúirt sí, ‘agus ag an leanbh. Ná bíodh aon bhlúire dá mhearbhall san ort. Más ag imeacht lem paca féin dom é, tá daoine nach dealrach liom ag imeacht leis, agus lán báid iontu, agus gan anbhá ná scanradh buile orthu fé mar tá oraibhse ná bogfadh an diabhal amach as sibh...’

Fuaireas mo léacht uaithi, agus ní as Laidean é. Gach aon fhocal ag greamú de thaobh an fhalla.

‘Sea, a chailín,’ arsa mise liom féin fém fhiacra, ‘déanfair é agus cuirfir chun na croiche mé.’⁵⁷

D’admhaigh sé nach raibh mórán aige le rá mar bhí an cinneadh déanta aici siúd:

Ach nuair atá Eibhlís agus ainm na Banríon ar do bhean chéile, ní fearra dhuit rud a dhéanfair ná do threasabhar a chaitheamh díot anuas agus é a tharraingt suas ar ard a tóna agus an rialú a fhágaint fúithi. D’iarras cabhair Dé agus na Maighdine Muire pé rud a bhí i ndán dúinn gur óna lámh a thioctadh sé, agus aon lá a imeoir fén gcoimirce sin ní raghair amú.⁵⁸

Go gairid ina dhiaidh sin, chuaigh sé amach chun na míntíre ar ordú Eibhlíse ag lorg láithreáin tí, i ndiaidh do stoirm eile tabhairt faoin Oileán. Ní raibh uaidh ach seanbhothán go bhféadfadh sé é a dheisiú agus críoch a chur air dá chlann. Thug sé aghaidh ar an Muirígh, áit a raibh a aintín lonnaithe, le fáil amach an mbeadh aon áit oiriúnach gar dóibh agus gar do ‘C[h]uan fada fairsing Ard na Caithne chun iascaigh’⁵⁹. Ní raibh díomá air i ndiaidh a thurais, áfach. Fuarthas áit dó láithreach, agus thosaigh sé ar na deisiúcháin. Níorbh fhada ina dhiaidh sin a bhíodar in ann bogadh, an tigh amuigh socruithe ag Seán. I Mí Meithimh na bliana 1940, d’aistrigh Eibhlís amach agus Niamh lena cois go tigh a deirféar, agus ag druidim le deireadh an

tsamhraidh, bhog Seán amach. Bhíodar socruithe síos go breá ann sular tháinig drochaimsir an fhómhair.

Socraíodh gach aon rud ina áit féin, gan deabhadh ná greitheal. Bhíomair ar ár suaimhneas den chéad uair le fada riamh, agus ár dtigh beag seascair féin againn.⁶⁰

Ní scríobhann Eibhlís faoin aistriú amach, ach nuair a bhí sí socruithe amuigh, tosaíonn na litreacha uaithi chuig George Chambers arís. Bhí saol na míntíre i bhfad níos fearr dóibh triúr ná mar a bhí saol an Bhlascaoid, a gcuid maoithneachais curtha i leataobh acu. Bhí scans níos fearr acu a gcuid riachtanas a fháil ar an míntír go mór mór leis an gciondáil bhia le linn an Chogaidh.⁶¹ I rith drochaimsire, ach go háirithe, bhí Eibhlís breá sásta go raibh sí amuigh agus bóthar tirim idir í agus an Daingean:

To tell you the truth I am glad (in spite of being lonely after them) of being out in the cold and dreary nights of winter. – 6/11/1942

So everyone tells us we are lucky to have come out this year. I am glad we are also for Niamh's sake and by God when the young people are leaving, sure its no place at all then... Of course its changing from bad to worse from day to day. –8/1/1943⁶²

Is dócha gur bhraith sí an tOileán uaithi go deireadh a saoil, ach is cinnte gur bhraith sí uaithi é ar feadh i bhfad i ndiaidh dóibh aistriú amach, mar scríobhann sí faoi go minic ina cuid litreacha chuig George Chambers:

In bad weather I don't miss my lovely Island so much but in the warm weather of course I think of the beautiful scenery of my Island which I did not admire so much

until now... how I'd love to see my parents once again and all my friends and throw myself once more on the White Strand. – 10/2/1943

Niamh showed me a book a few nights ago and a photograph of the old house in the Island in it, I was nearly crying when I saw it... - 8/12/1945

I think more and more of my Island home Christmas Eve than any other time and a terrible storm has just passed and Seán (my brother) will not come out at all this year and I missed [him] very much. – 30/12/1951⁶³

Na blianta i ndiaidh dó bogadh amach, bhí Seán fós ábhairín maoithneach i leith an Oileáin chomh maith, mar a léirítear thíos:

... agus fós féin ritheann ár smaointe siar agus gan Críostaí Mhic an Luain beo ann. Mar a dúirt cheana, nach ann atá bóithre agus cosáin ár n-óige, agus fanfaid san aigne againn nó go sínfear féin gcré sinn. Níl sárú ar an ndúchas.⁶⁴

Bhí Seán breá sásta ar an mórtír fad a bhí a chlann ó bhaol aige:

Nuair a bheidh páiste óg agat ag fás aníos beir d'iarraidh gach cóir sa tsaol a chuir air más féidir leat é. Ach nuair a chonaiceamair go raibh sí ar lámh shábhálta anois ar an mntír, chuir san an t-oileán mara amach as ár gcuimhne, mar bhí a fhios againn go raibh greim an linbh orainn anso agus go raibh deireadh leis an oileán againn go brách arís.⁶⁵

Dar lena máthair, bhí Niamh níos áthasaí ar an mórtír chomh maith. Bhí sí i measc páistí ar chomhaois léi féin agus ag freastal ar an scoil ina gcuideachta.⁶⁶ Bhíodar ag treabhadh leo sa tsaol ansin, Seán ag iascach agus ag obair ar na bóithre. Saolaíodh an dara páiste, Cáit, dóibh amuigh.

Ní fada a bhíodar amuigh nuair a thug siad na hathruithe a bhí titithe amach istigh faoi deara agus iad istigh ag tabhairt cuairt ar a ngaolta ar an Oileán. Bhí an Blascaod ar bheagán daoine anois agus spiorad na háite lagaithe go hiomlán. Dar leis an gCrimhthanach, bhí an áit uaigneach, ciúin cé go raibh daoine fós ann.⁶⁷

Faoin am sin, bhí Peig Sayers is a mac, Mícheál, aistrithe amach. Chuadar amach go Baile Bhiocáire i rith samhradh na bliana 1942. Bhí an tOileán Tiar fágtha gan rí nó banríon as sin amach. Dar le hEibhlís Ní Shúilleabháin, bhí Peig ag dul in aois agus gan mórán compoird aici ar an mBlascaod, í i dteannta dheartháir a céile, Mícheál, agus a mic, Mícheál, gan bean nó clann aige siúd. Mar a scríobh Ní Shúilleabháin sa bhliain 1940:

Then Peig is getting old now and she is always weather-bound since she came to the Island, living in a lonely cottage now on with only her one son and he getting on in years with no wife or family or nothing of life's joy.⁶⁸

Faoin am sin, is léir go raibh Eibhlís den dearcadh nárbh áit oiriúnach don tseanaois é an tOileán iargúlta:

If she was somewhere near town or near a chapel Peig would walk out and refresh herself with something – anyway she would be quite happy to go to Mass Sundays, or evenings a gay talk with someone, or see cars and people of the world passing her. She has nothing to make her happy here, no hope at all.⁶⁹

I Mí Samhna na bliana 1942, scríobh Eibhlís chuig George Chambers a rá go raibh Peig, deartháir a céile, Mícheál, agus a mac, Mícheál, aistriithe amach chun na míntíre. Faoi dheireadh, bhí ar Mhícheál oileán a óige a thréigean, an uair seo go seasta. Is amhlaidh a bhí athrú meoin tagtha air faoin am sin, áfach, mar a léiríonn Ní Shúilleabháin thíos:

You may have heard that also our Queen Peig has come out [from the island] and is once more living in Dunquin in her native place; her brother-in-law was very very lonely but Mike [her son] was not, nor either Peig I heard. – 6/11/1942 ⁷⁰

Ba mhór an chailliúint don Oileán í Peig. Cé nárbh Oileánach ó dhúchas í, ghlac sí an tOileán chuici féin mar bhaile agus thóg sí muirear mór ann. Sheas sí do na Blascaodaigh mhná ar fad. Corónaíodh ina banríon ar an Oileán í, fiú amháin.

B'uaigneach an Nollaig í Nollaig na bliana 1947 istigh ar an Oileán, gan páistí ag rith timpeall. Bhíodar imithe amach lena dtuismitheoirí gan filleadh go brách. Ba é Gearóid Ó Catháin an t-aon pháiste a bhí istigh an Nollaig sin a rugadh sa bhliain áirithe sin. Buailleadh buille trom ar an mBlascaod an Nollaig sin nuair a fuair fear óg, Seáinín Ó Cearnaigh, mac Sheáin Team, bás istigh gan dochtúir nó sagart lena chois. Ba é bás an óigfhir sin, mar aon le himeachtaí na laethanta ina dhiaidh, ba chúis le cinneadh na mBlascaodach deireanach aistriú amach. Briseadh spiorad na nOileánach sa deireadh leis an tragóid sin.

Oíche Nollag na bliana sin, bhí Seán Ó Cearnaigh ag obair thuas ar an gcnoc agus sna páirceanna, ag ullmhú don cheiliúradh. Bhí droch-chuma air ar shroichint an tí an oíche sin dó, agus tógadh chun leapa é le fiabhras agus le tinneas cinn. Ní raibh altra

aige, ach amháin a dheirfiúr, Céit, a rinne a dícheall dó, in eagmais cabhair leighis. Ní raibh seans ar bith go bhféadfaí dochtúir nó altra a thabhairt isteach, ach an oiread, de bharr an fharraige a bheith chomh garbh is a bhí. An seanghuthán a bhí in oifig an phoist, bhí sé gan mhaith i rith na drochaimsire, agus ní rabhadar in ann teagmháil a dhéanamh leis an míntír sa tslí sin, ach an oiread. Bhí orthu déanamh lena raibh acu istigh. Thar thréimhse na Nollag, chuaigh na tinnis chinn in olcas, agus fós ní rabhthas in ann naomhóg a chur chun farraige. Ar an deichiú lá Eanáir 1947, fuair Seáinín Ó Cearnaigh bás gan dochtúir nó sagart tar éis teacht isteach chuige.

B'éigean do chriú an fharraige a thrasnú chun comhra a fháil, mar aon le hearraí an tórraimh. Chúlaiigh an stoirm beagáinín go déanach an tráthnóna sin a cailleadh Seáinín, agus cé go raibh an fharraige an-gharbh fós, shocraigh ceathrar ar dhul amach ionas go bhféadfaí Seáinín a thórramh is a adhlacadh leis an dínit a bhí ag dul dó. Ba iad Tomás Sheáin Team, deartháir Sheáinín; a bheirt col ceathracha, Seán Pheats Team Ó Cearnaigh agus Seán Faeilí Ó Catháin; agus Maidhc Léan Ó Gaoithín, deartháir céile Sheáin Pheats Team, an ceathrar sin a throid in aghaidh fharraige fhíochmhar na hoíche sin ag dul amach go Dún Chaoin dóibh. Ba bheag nár bádh iad féin agus iad ag druidim le caladh Dhún Chaoin. I ndiaidh a n-oirdéil ar an bhfarraige, chuadar ar aghaidh go dtí an Daingean chun riachtanais an tórraimh a cheannach. É sin déanta acu, rinneadar a slí ar ais go Dún Chaoin chun dul isteach arís, ach de bharr gur threisigh an stoirm arís, ní raibh siad in inmhe déanamh ar an Oileán ar chor ar bith. Trí lá a chaith siad amuigh ag feitheamh ar bhriseadh san aimsir nár tháinig. Dúirt an sagart cúnta, an tAthair Mac Cionnaith i mBaile an Fheirtéaraigh, Aifreann Dé ar son anam an mhairbh, agus le go gciúineodh an fharraige chun iad siúd a bhí sáinnithe amuigh a ligean isteach le hearraí an tórraimh,

agus amach arís chun an fear óg a chur i reilig bheannaithe. I ndiaidh dóibh trí lá fhada a chaitheamh ar an mórthír bhí na fir i dtánaiste a n-anama. Chuir an sáirsint i mBaile an Fheirtéaraigh fios ar ionad an bháid tharrthála i nDairbhre, a tháinig i gcabhair orthu sa deireadh. Faoin am sin, bhí Mícheál Ó Cearnaigh i ndiaidh Dún Chaoin a bhaint amach ó Bhaile Átha Cliath, agus chuaigh seisean isteach le cois fhoireann an bháid tharrthála agus a chol ceathrar, Seán Pheats Team. Ghlac sé breis is dhá uair a chloig orthu Bá an Daingin a thrasnú an lá sin ar bord an *St. Therese*, sular bhain siad an tOileán amach.

Ba é radharc an bháid sin ag déanamh ar an Oileán an chéad chomhartha a bhí ag na Blascaodaigh istigh gur shroich criú na naomhóige an mhíntír, fiú amháin. Le trí lá roimhe sin, ní raibh aon teagmháil idir an Blascaod agus an domhan taobh amuigh. Léiríonn Seán Ó Guithín go raibh na hOileánaigh tar éis glacadh leis faoin am sin go raibh criú na naomhóige sciobtha chun na síoraíochta ag an máistir cumhachtach, neamhthrócaireach sin ar a dtugtar an tAtlantach:

Ní raibh a fhios faic acu ach suaite go maith a bhíodar, mar bhíodar sin ag cuimhneamh gurb ea a thug an naomhóg faoi san oíche agus go raibh an scéal níos measa, gurb ea a cailleadh í.⁷¹

Le himeacht ama, mhéadaigh ar éadóchas na ndaoine istigh, go raibh fios a gcrúcháis ag éinne taobh amuigh den Oileán. Gan iad fós in ann an turas amach a dhéanamh, bheartaigh siad gur chóir comhra bhunúsach a chur le chéile istigh agus an fear óg a chur sa reilig neamhbheannaithe ag Rinn an Chaisleáin. Do Bhlascaodach, ba é sin an chríoch ba thruamhéilí, ach ní raibh aon dul as mura raibh éinne ag teacht chun fóirithint a dhéanamh orthu. Chonaiceadar an bád tarrthála ag déanamh ar Chaladh an

Bhlascaoid agus bhí rud éigin ina cheart arís, ar a laghad. Bhíodar in ann an fear óg agus a mhuintir a chosaint ó easonóir agus ó mhasla an adhlactha sin. Bás tragóideach a bhí ann, dar ndóigh, ach bheadh sé i bhfad níos measa dá mhuintir dhílis mura mbeidís in ann é a chur i reilig a shinsear, áit a raibh a mháthair féin ina luí go síoraí. Scéal amháin ab ea bás gan sagart, ach adhlacadh gan sagart i dtalamh neamhbheannaithe – b’shin scéal eile ar fad.

Tógadh an chomhra suas go dtí an tigh agus cuireadh an corp inti, ach ní raibh aon am le spáráil. Bhí an bád ag feitheamh thíos agus bhí orthu dul amach arís. Cuireadh corp Sheainín ar bord an *St Therese*, agus thug foireann an bháid, i dteannta Mhíchíl Uí Chearnaigh agus a athar, aghaidh ar an míntír arís. Dar ndóigh, ní dheachaigh aon naomhóg á thionlacan amach. Ar an mbealach amach, bhuaileadar leis an gcuid ba mheasa den stoirm. Coimeádadh an corp sa mharbhlann an oíche sin le scrúdú iarbháis a dhéanamh air. An lá dár gcionn, dúradh Aifreann Dé ar son anam Sheainín, agus cuireadh é in aice a mháthar i mBaile an Teampaill. Bhí slua mór gaolta agus cairde sa séipeál ó gach cearn d’Iarthar Dhuibhneach, ach líon beag ón mBlascaod. Ba bhrónach an ócáid í, ach anuas air sin, bhí fearg le brath i measc na gcaointeoirí, chomh maith, gur ligeadh don ógfhear seo bás a fháil ar an gcaoi sin.

As sin amach, ní raibh luí ag éinne leis an áit. Theastaigh uathu imeacht, a luaithe agus ab’fhéidir leo. Mar a dúirt an Guithíneach:

As sin amach ansin bhí an-bhriseadh síos ar mhuintir an Oileáin. Ní thuigfeá chuige é go dtí go mbeifeá san Oileán an oíche sin [an oíche a tógadh amach an corp], agus an lá roimis sin agus gan aon tuairisc ag teacht ón áit amuigh, gan tuairisc isteach ná

amach ann. Dhein sé sin an-bhriseadh síos ar na daoine ann. Bhíodar ag tuiscint ansin gurbh fhearr dóibh a bheith ag glanadh amach as.⁷²

Bhuail drochstoirm eile an tOileán i Mí Aibreáin na bliana céanna a choinnigh ón míntír ar feadh tréimhse iad. Bhí bia ag éirí gann istigh agus bhí na hOileánaigh i ndeireadh na feide. Chuir siad telegrafa chuig de Valera i mBaile Átha Cliath an uair úd ag impí air go díreach teacht i gcabhair ar chuid de na Gaeil ba ghaelaí dá raibh fágtha in Éirinn. Tháinig sé i gcabhair orthu trí bhád a sheoladh amach chun an Oileáin ón Daingean le togha an bhia ar bord, agus beagáinín fuisce lena chois.

I ndiaidh an dá eachtra, agus go mór mór bás Sheáinín Uí Chearnaigh, theith éinne a bhí in ann teitheadh. Sa bhliain 1947, bhí duine is caoga lonnaithe ar an mBlascaod, ach faoin am a tréigeadh an tOileán go hoifigiúil bhí an líon sin laghdaithe go beirt is fiche. D'aistrigh Céit Ní Chearnaigh, deirfiúr Sheáinín, agus a céile Peaidí, amach go dtí an Muirígh Domhnach Chásca 1948, agus chuaigh a hathair, Seán Team, amach níos déanaí chucu. Ar theacht go dtí an Muirígh dó, dúirt Seán Team:

Buíochas le Dia go bhfuil mo chosa curtha agam ar an dtalamh tirim ar deireadh – is cuma cad a bheidh le n-ithe ná le n-ól agam.⁷³

Is léir nach raibh na daoine a d'fhan ar an mBlascaod go dtí deireadh ré an Bhlascaoid, agus a bhí istigh nuair a cailleadh Seáinín Ó Cearnaigh, chomh maoithneach i leith an Oileáin is a bhí na daoine a d'imigh thar lear fiche bliain, nó fiú deich mbliana, roimhe sin. Nuair a cuireadh ceist ar Sheán Ó Criomhthain ar chuir

turas a thug sé isteach ar an Oileán i dteannta cuairteoirí i ndiaidh dó aistriú amach, ar chuir sé aon mhaoithneachas air, dúirt sé go neamhbhalbh nár chuir. Dar leis:

Ó níor chuir, nach ait an rud é, níor chuir. Ba bhreá le mo chroí gan aon duine a bheith ann.

Iarradh air cad ina thaobh sin:

Toisc an deacracht a bhí ann agus an saol suaimhneasach agus an bhreáthacht a bhí ag na daoine a bhí ag maireachtaint ar an míntír. Na daoine a bhí in éineacht linne ba bhreá lena gcroí a bheith ann mar bhí an lá sin breá, an dtuigeann tú. Ní raibh ann ach pictiúir lae, ach dá mbeidís i rith an gheimhreadh ann agus gan aon ghal tobac acu agus an fharraige shéite cháiteach aniar aduaidh orthu bheadh a mhalairt de phort acu. Níor chuir. Ba bhreá liom gan aon duine a bheith ann mar tuigim go maith é.⁷⁴

Go gairid i ndiaidh bhás Sheáinín, thosaigh na Blascaodaigh feachtas ag impí ar an rialtas fóirithint a dhéanamh orthu agus iad a athlonnú ar an móirthír amuigh. Mar a dúirt Máire Ní Ghuithín:

Nuair a chonaic muintir an Oileáin ná raibh an dara dul suas acu, d'iarradar ar an rialtas iad a aistriú go dtí an míntír.⁷⁵

Mar atá luaite thuas, chuaigh na Blascaodaigh i muinín an rialtais don chéad uair ar an 22 Aibreán 1947, nuair a sheol siad an telegrafa seo a leanas chuig de Valera:

De Valera Dublin -

Stormbound Distress – Send Food –

Nothing to Eat – Baskets.⁷⁶

As sin go dtí Mí Samhna na bliana 1953, bhí na Blascaodaigh i dteagmháil leis an rialtas, agus i dteagmháil dhíreach le de Valera go minic, go dtí gur athlonnaíodh ar an mórthír iad. Sna litreacha a sheol siad chuig an rialtas, agus tríd an teagmháil a bhí acu le hairí rialtais agus oifigigh Stáit, tharraing siad aird ar a mhíshásúla is a bhí a gcás, sáinnithe ar an mBlascaod go minic, gan ach criú naomhóige nó dhó a d'fhéadfadh an turas amach a dhéanamh, ag brath i gcónaí ar an aimsir. Mar is gnách le cúrsaí rialtais, áfach, níor tharla aon rud go tapaidh agus bhí na Blascaodaigh ag feitheamh ó 1947 go dtí Samhain na bliana 1953 don imeacht oifigiúil. Níor fhan ach beirt is fiche istigh chuige sin, áfach.

Ar dtús fuair siad cabhair thapaidh ón rialtas ach ní raibh ansin ach réiteach gearrthréimhseach ar an bhfadhb phráinneach – an ceal bhia; ach bhí i bhfad níos mó na boscaí bia agus cúpla buidéal fuisce de dhíth ar na Blascaodaigh. Bhí de Valera agus a rialtas i bhfad níos moille ag deighleáil leis an bhfadhb sin, agus is dócha, ó chompond Bhaile Átha Cliath, níor theastaigh uaidh an seanphobal Gaelach seo a ligean chun na huaighe. Ach tig le duine sean-nósanna na hÉireann a chaoineadh ó chompond a dtithe móra sa chathair, ach is scéal difriúil ar fad é a bheith ag fulaingt ar oileán mara ar son chúis na hÉireann dúchasáí.⁷⁷

Ar an 14ú Iúil 1947, thug Éamon de Valera, taoiseach na hÉireann, cuairt ar an mBlascaod Mór mar chuid dá chamchuart ar oileáin áitrithe na hÉireann. D'éist sé leis na hOileánaigh agus lena ndeacrachtaí a bhí curtha faoina bhráid ag urlabhraí na

mBlascaodach don lá, Maras Muiris Ó Catháin, an fear ba shine ar an oileán faoin am sin. Dúradh leis nárbh fhéidir leo leanúint mar a bhí siad agus bhí ceisteanna dá chuid féin ag an Taoiseach, chomh maith. Ní raibh 'Dev' ina stróinséir ar an Oileán Tiar, áfach. Bhí seanaithe aige ar nósanna an Bhlascaoid agus ar chuid de na daoine críonna ann, os rud é gur theith sé féin isteach ann ag lorg tearmainn óna chuid deacrachtaí i mBaile Átha Cliath ag deireadh Chogadh Chathrach na hÉireann. Ag fágáil an Oileáin Tiar an lá sin dó, gheall de Valera go ndéanfadh sé a dhícheall a gcruachás a laghdú.

D'imigh na seachtainí agus faic na fríde níor chuala na Blascaodaigh ó de Valera féin nó ó aon aire rialtais eile. D'éirigh siad mífhoighneach le himeacht ama agus le gach drochlá a tháinig. As sin amach bhí a dtodhchaí i lámha an rialtais. Aon chinneadh a bhain leo, rinneadh i mBaile Átha Cliath é. D'imigh laethanta an tsamhraidh agus dealraíodh do na Blascaodaigh go raibh geimhreadh eile i ndán dóibh ar an mBlascaod Mór. Ar an 15 Meán Fómhair, scríobh siad chuig de Valera an athuair:

Dear Leader,

We are sending you these few lines because we want to know what you are going to do for us. Please let us know immediately for winter is coming and if you are not to do anything on our behalf we will have to get some place for the old people and send them to their friends on the mainland. You know well leader that there is a great privation here that no-one could stand with twenty years only the islanders. If you cant help us we will have to go across the Atlantic to seek our Fortune.

Please Taoiseach send us an answer immediately if you please,

Yours faithfully,

Islanders.⁷⁸

Idir an dá linn, áfach, bhí de Valera ag saothrú ar son na mBlascaodach i mBaile Átha Cliath. Tá an chuma ar an scéal gur ghlac an Taoiseach spéis phearsanta i gcás na mBlascaodach. Ag cruinniú i dTeach Laighean i Mí Lúnasa, labhair sé faoi mheath na gcoinníollacha maireachtála ar an mBlascaod Mór. Cé go raibh oifigigh áirithe i bhfabhar na hOileánaigh a athlonnú ar an míntír, mheas de Valera nár chóir céim mar sin a ghlacadh go dtí go raibh an scéal fiosruithe go mion agus gur tuigeadh nach raibh rogha ar bith eile ann. Cuireadh beirt oifigeach isteach, duine ó Roinn na dTailte agus duine eile ó Roinn an Oideachais. D'aontaigh an Gallachóireach, Oifigeach Roinn na dTailte, leis na Blascaodaigh gur chóir iad a aistriú amach, agus anuas air sin, gur chóir iad a athlonnú i nDún Chaoin nó gar dó, ionas go mbeadh an t-athlonnú sin chomh fuarasta agus a d'fhéadfaí é a dhéanamh do na Blascaodaigh. Bheidís fós i measc lucht na Gaeilge i nDún Chaoin, rud a chaomhnódh an teanga.

As sin bunaíodh coiste idir-Ranna i Mí Dheireadh Fómhair na bliana sin, chun moltaí a chur le chéile faoi cad ba chóir déanamh ar son na mBlascaodach. Nuair a tionóladh an coiste sin, tháinig nóta gan ainm leis faoi bhráid an choiste le moltaí faoi cad ba chóir a dhéanamh ar son na mBlascaodach. Cé nach raibh sé sínithe, is dealraitheach gurbh é an Taoiseach, de Valera féin, a scríobh mar gur tháinig sé ó oifig an Taoisigh. Seo thíos blúire den nóta agus de na moltaí:

The Basket Islanders are mostly housed in hovels... They have no church, no priest, no doctor... There is not a single tree on the island... They have not a public house, a cinema or a dance hall in which to find distraction from their woes. Their land is

untillable. They have no cows that I saw, and apart from doles, their only means of livelihood are the grazing of mountain sheep and lobster fishing... They are dying out and perhaps it is better for them so.⁷⁹

Molann scríbhneoir an nóta gach iarracht a dhéanamh coinníollacha na mBlascaodach a fheabhsú istigh, in ionad iad a aistriú amach. D'fhéadfaí tionscail tinteáin a chruthú, de réir mholadh an nóta, agus feabhsuithe a chur i bhfeidhm ar a gcuid tithíochta. Tá sé tábhachtach, áfach, dar le scríbhneoir an nóta;

...in anything that is done care should be taken not to weaken further any spirit of independence that is in the islanders. They will need it to survive.⁸⁰

Sa chomhairle seo, áfach, tá pointe tábhachtach cailte nó diúltaithe ag an scríbhneoir - bhí féith an neamhspleáchais cailte cheana féin ag na Blascaodaigh mar aon le haon dúil a bhí acu riamh fanacht istigh.

Chuir an coiste idir-Ranna a thuairisc faoi bhráid an rialtais i Mí Nollag na bliana dár gcionn.⁸¹ Thug siad ocht bpríomh-mholtaí mar atá anseo thíos:

- go bhfeabhsófaí seirbhís an telegrafa;
- go dtiocfadh bád tarrthála Dharibhre i gcabhair orthu nuair ba ghá;
- go ndéanfaí leasuithe ar an gcosán idir an caladh agus an baile;
- go bhfeabhsófaí an caladh agus áiseanna eile i nDún Chaoin;
- go bhfiosrófaí an fhéidearthacht go mbeadh stoc ainmhithe ar an mBlascaod ionas nach mbeadh easpa bia ann fiú in am an ghátair;
- go bhfiosrófaí an fhéidearthacht go gceadófaí breis plúir do mhuintir an Bhlascaoid;

- go gcuirfí cúnaimh ar fáil do leasuithe tithíochta;
- go n-oilfí i gcúrsaí curadóireachta, i gceardaíocht iascaireachta agus in eacnamaíocht bhaile iad.

Agus na moltaí sin tugtha, thuig an coiste fós, áfach, fiú dá gcuirfí na moltaí thuas i bhfeidhm, go dteastódh ó na hOileánaigh dul amach ar aon chaoi. Níor tháinig aon chinneadh go tapaidh. Sa bhliain 1950, chuaigh beirt oifigeach isteach ó Choimisiún na Talún, mar ba faoi chúram an Choimisiúin a bhí an Blascaod Mór, ach nuair a d'imigh siad níor chuala na Blascaodaigh tada faoi thoradh a dturais. Tháinig de Valera chun cumhachta arís an bhliain ina dhiaidh sin (1951), ach fós níor léir do na Blascaodaigh go raibh sé chun a gheallúint a chomhlíonadh.

Geimhreadh na bliana sin, 1951, chaith na Blascaodaigh mí istigh gan aon teagmháil leis an míntír nó deis acu teacht amach, gan le n-ithe acu acu prátaí agus salann.⁸² Bhí sé in am do na hOileánaigh rud a dhéanamh iad féin arís. Scríobh siad meabhrán ag cur a gcruachás os comhair an tsaoil, 'so that we can be released from our Island fortress'⁸³ agus foilsíodh tuairisc air sin in *The Irish Independent* ar an 11 Meán Fómhair, 1952. Leagann an meabhrán béim ar a laghad slí bheatha istigh ar an Oileán Tiar dóibh, agus líon beag na mban óg chun freastal ar na daoine críonna agus na bhfear óg chun an Bealach a thrasnú chun riachtanais a fháil i nDún Chaoin. Tarraingíonn an tuairisc aird an léitheora ar na scríbhneoirí cáiliúla go léir a rugadh istigh, nó a chaith blianta fada istigh. Deir an meabhrán gur impigh muintir an Bhlascaoid ar rialtais éagsúla teacht i gcabhair orthu agus iad a thabhairt amach go talamh tirim Dhún Chaoin, ach de réir an mheabhráin, 'All we received are empty promises'⁸⁴.

Má cheap an rialtas go raibh siad ag deighleáil le daoine go bhféadfaí an dallmhullóg a chur orthu, nó le daoine nach raibh a fhios acu cad a bhí ag tarlúint ar an móirthír taobh amuigh, bhí dul amú orthu. Bhí a fhios ag lucht an Bhlascaoid, mar shampla, go raibh go leor talún ar an margadh i nDún Chaoin beagnach bliain roimhe sin chun na Blascaodaigh uilig a bhí fágtha ar an Oileán a athlonnú ann, ach ní dhearna an rialtas faic dóibh, nó ní raibh aon teagmháil ón rialtas leo a rá cad a dhéanfadh siad dóibh, má bhí siad chun rud ar bith a dhéanamh dóibh, nó cathain a dhéanfaí sin.

Bhíothas ag súil go socródh an rialtas ar phlean dóibh cosúil leis an gceann rinne siad do phobal oileáin eile i gContae Mhaigh Eo go gairid roimhe sin, nuair a d'athlonnaigh siad iad ar an móirthír gar don oileán ionas go bhféadfaidís dul isteach is amach, mar ba mhaith leo, ag freastal ar na caoirigh istigh.⁸⁵ Tugann an meabhrán le fios go raibh eolas a gceart ag muintir an Bhlascaoid.

We are prepared for any migration, anything to leave the island, but we will be satisfied with a house and one acre, or even a house, on the mainland. To provide us with an economic holding according to Department regulations for migrants, we could work the Blasket land in summer.⁸⁶

Ag an bpointe seo ní i rialtas na hÉireann a bhí muinín na mBlascaodach, ach i bpobal na hÉireann:

If people at this stage of civilisation and standard of living only realised what hardships of mind and body we endure we are sure that they would raise their voices and rally to our cause.⁸⁷

Ar fhoilsíú na tuairisce sin, ní raibh aon chinneadh déanta ag an Dáil faoi thodhchaí na mBlascaodach, de réir fiosrúcháin oifigiúil de chuid an *Irish Independent*.

Ag cruinniú rialtais ar an 7 Samhain 1952, beartaíodh ar ghlacadh le polasaí athlonnaithe. Bliain ina dhiaidh sin, nuair a bhí talamh oiriúnach ceannaithe i nDún Chaoin, agus socruithe eile déanta, aistríodh na Blascaodaigh amach. Ar an 6 Márta 1953, foilsíodh miontuairisc in *The Irish Press* go raibh muintir Liam Uí Chíobháin ó Bhaile na Rátha tar éis feirm nócha acra a shíniú uaidh do Chomisiún na Talún, agus go bhfuair sé feirm ar a cóimhéid i gCill Choca, Co. Chill Dara. Bhí siad le haistriú aimsir na Cásca. D'aistrigh Uilleag Ó Móráin ó Dhún Chaoin, chomh maith, agus ba é Seán Ceaist Ó Catháin a fuair a thigh siúd agus píosa talún leis. Athlonnaíodh teaghlach eile, Muintir Chonchúir, ó Dhún Chaoin freisin, timpeall an aga céanna. Roinneadh an talamh idir na Blascaodaigh a bhí le teacht amach agus cuireadh suas tithe dóibh uirthi.⁸⁸ Fiú agus iad aistrithe amach, d'fhanadh na fir ar an Oileán, ina seantithe, ó am go céile agus iad istigh ag obair, i rith an tsamhraidh ach go háirithe. Ar an 9 Samhain 1953, foilsíodh tuairisc in *The Irish Times*, ag cur in iúl nach raibh gach éinne iomlán sásta le socruithe an rialtais. De réir na tuairisce, bhí seisear, fear poist an Oileáin is a mháthair agus ceathrar baitsiléirí, le fanacht istigh de bharr, dar leo, nach raibh socrú ar bith déanta ag an rialtas dóibh.⁸⁹ Caithfidh gur tháinig na daoine a bhí i gceist ar chomhréiteach leis an gCoimisiún, mar roimh dheireadh na míosa sin, ní raibh fágtha istigh ach Muintir Shúilleabháin agus Muintir Dhuinnshléibhe, ar chuir an drochaimsir bac ar a dteitheadh.

Bhí Seán Ceaist Ó Catháin agus a theaghlach aistrithe amach i Mí Dheireadh Fómhair, mí roimh an dáta a bhí leagtha ag Coimisiún na Talún don imeacht, os rud é go raibh a mhac óg, Gearóid, le cur chun scoile.⁹⁰ Bhí Breandán Feiritéar ina ghasúr scoile i nDún Chaoin nuair a tréigeadh an Blascaod Mór. Is maith is cuimhin leis Gearóid Ó Catháin, is a mhuintir leis, a fheiceáil ag teacht an bhóthair aniar chucu, mar aon le haistriú amach na dteaghlach eile as sin go deireadh na Samhna.⁹¹

An 17 Samhain 1953 an lá a bhí beartaithe ag an gCoimisiún do thréigean an Bhlascaoid Mhóir. An mhaidin sin, chuaigh an *St. Lawrence O'Toole*, bád iascaigh, amach ón Daingean chun na hOileánaigh agus a dtoscán a thabhairt amach go Dún Chaoin, ach de bharr na farraige a bheith chomh hard is a bhí níor éirigh leis na Blascaodaigh uilig teacht amach. Ar an gcéad leathanach den nuachtán, *The Kerryman*, ar an 21 Samhain 1953, bhí tuairisc ar iarracht thréigean an Bhlascaoid agus ar an gcaoi ar chuir an fharraige isteach ar an iarracht sin:

The Atlantic, which dominates the lives of the Blasket Island people, asserted its supremacy on Tuesday, the day appointed by the Irish Land Coimisiún to have this community of 22 people and their furniture transferred over the Sound...⁹²

Cé go raibh beirt innealtóirí ó Oifig an Phoist ar bord an bháid an lá sin chun fearas a thabhairt amach ó oifig phoist an Bhlascaoid, chlis orthu é sin a dhéanamh. Bheadh sé ródháinséarach fearas mór mar sin a chur i naomhóg le tabhairt amach chun an bháid iascaigh. Bí cinnte, áfach, go raibh oifigeach an Choimisiúin in ann dul isteach chun síniú na ndaoine a fháil a bhí chun seilbh a ghlacadh ar thithe nua amuigh. An lá sin ní dheachaigh amach ach seisear, mar atá, Seán Sheáisí Ó Cearna, Seán Faeilí Ó

Catháin, Seán Mhaidhc Léan Ó Guithín, Seánín Mhicil Ó Súilleabháin, Pádraig ‘An Fíogach’ Misteál agus Seán Philí Ó Cearnaigh. Ar shroichint Chaladh an Daingin dóibh, fiafraíodh díobh an raibh áthas orthu an Blascaod a fhágáil. ‘Tá’ a tháinig mar fhreagra, ach chuir An Fíogach leis sin, ‘Tá uaigneas orainn’, a dúirt sé.⁹³ As sin go deireadh Mhí na Samhna bhí na teaghlaigh dheireanacha ag teacht amach. Nollaig na bliana sin, bhí Muintir Uí Shúilleabháin agus Muintir Uí Dhuinnshléibhe fós istigh, áfach. Níor tháinig siadsan amach go dtí Mí Eanáir na bliana dár gcionn. Tráchtann Breandán Feiritéar ar an solas aonarach, uaigneach ar an mBlascaod a bhí le feiceáil ó Dhún Chaoin Oíche Nollag na bliana 1953. Tá cur síos déanta aige ar theacht amach Mhuintir Uí Shúilleabháin, an teaghlach deireanach, i Mí Eanáir na bliana 1954, in alt ‘Deireadh an Áil’.⁹⁴

Ar an iomlán, lonnigh muintir an Bhlascaoid ar an míntír gar don Oileán, idir iadsan a d’imigh aimsir an tréigin oifigiúil agus na daoine a bhí bailithe leo cheana féin faoin am sin. Dá bhformhór ba i nDún Chaoin, agus i bParóiste an Fheirtéaraigh trí chéile a lonnigh siad, cuid acu fós in ann an tOileán Tiar a fheiceáil uathu siar óna dtithe nua ar an míntír. Níor bhris siad an nasc leis an mBlascaod Mór go hiomlán, áfach, nuair a d’aistríodar amach. Théadh fir an Bhlascaoid thar n-ais isteach go rialta, i rith an tsamhraidh, ach go háirithe. Bhí a gcuid caoirigh fós istigh, agus bhíodh orthu freastal orthu istigh agus comhartha na húinéireachta a chur ar na huain óga. Ba mhinic, le linn an tsamhraidh, do na fir fanacht istigh chomh maith agus iad ag iascach timpeall an Bhlascaoid agus dá bharr sin choimeádaí na tithe istigh go néata ar feadh i bhfad. Le himeacht aimsire, áfach, agus na hiascairí ag dul in aois, d’éirigh na turasanna sin níos annaimhe. Bhí muintir an Bhlascaoid fós gar dá chéile agus iad amuigh, ach go híorónta, bhíodar níos scartha óna chéile ná iadsan a d’imigh

sall go Hungry Hill. Go gairid i ndiaidh dá fear céile bás a fháil, d'aistrigh Méiní Chéitinn amach arís go dtí a baile dúchais i nDún Chaoin. Agus í ina seanaois thagadh muintir óg an Bhlascaoid, a bhí aistrithe amach iad féin faoin am sin, ar cuairt chuici go rialta agus fáilte mhór rompu i gcónaí, ach ní raibh na deiseanna céanna ag na daoine críonna bualadh le chéile agus iad ar an mórthír agus a bhíodh acu istigh ar an mBlascaod Mór.⁹⁵

Beirt a d'fhan i radharc an Bhlascaoid, i mBaile na Rátha, ab ea Seán agus Muiris Ó Guithín. Deartháireacha ab ea iad nár phós riamh. D'fhan siad ar an mBlascaod go dtí an deireadh, agus théidís isteach go minic ina dhiaidh sin, chomh maith. Beirt den cheathrar ab ea Seán agus Muiris Ó Guithín a shínigh an meabhrán a seoladh chuig *The Irish Independent* i Mí Samhna na bliana 1952. D'fhan siadsan dílis i gcónaí do shean-nósanna an Bhlascaoid agus do na slite maireachtála a chleachtaídis istigh. Ní raibh aon leictreachas sa tigh ag Seán agus Muiris, nó aon chompord nua-aimseartha eile. De réir dealraimh, ní chaithfidís aon ní amach riamh, ar eagla go mbeadh sé de dhíth orthu lá éigin. Bhreathnaigh siad siar ar ré órga an Bhlascaoid le linn a n-óige féin, agus aiféala orthu go raibh an saol sin anois imithe gan filleadh. Thóg sé tamall orthu dul i dtaithí ar shaol nua Bhaile na Rátha, nuair a athlonnaíodh ar dtús iad. Ní raibh na cúraimí céanna orthu anois is a bhíodh ar an mBlascaod nó fios an cheantair chomh maith sin acu is a bhíodh agus iad istigh. Mar a dúirt Seán Ó Guithín:

Ach nuair a thánamar amach ní raibh aon rud againn ach a bheith ag féachaint ar a chéile.⁹⁶

Cé go raibh aithne acu ar mhuintir na háite amuigh, bhraith siad stróinséartha ina measc ar feadh tamaill. Thuig Seán é féin go raibh deireadh tagtha le saol an Bhlascaoid agus nach raibh saol inchothaithe ann a thuilleadh. Cé gur fhan sé istigh go dtí an deireadh agus drochshaol dá chuid féin feicthe aige istigh, bhí sé fós an-cheanúil ar oileán a óige:

...beidh an tOileán i mo cheann go brách an fhaid a mhairfidh mé. Bhí draíocht éigin ag baint leis, agus ní thuigfeadh aon duine é, is dócha, ach an té a bheadh ina chónaí ann ó bhí sé ina leanbh.⁹⁷

Fear nár theastaigh uaidh riamh ach an tOileán Tiar ab ea Seán Sheáin Í Chearnaigh, a bhfuil dhá leabhar scríofa aige faoina shaol ar an mBlascaod agus an chaoi a raibh air aistriú amach sa deireadh. Chaith sé bliain i nGaillimh, idir thigh a dheirfear agus thigh Mhuiris Uí Shúilleabháin, fad a bhí an Blascaod Mór ag dul faoi ach d'fhill sé ar an mBlascaod ina dhiaidh sin, agus d'fhan sé ann go dtí gur tréigeadh é. Níor theastaigh uaidh riamh dul go Meiriceá. Ón mbliain 1941 go dtí 1953, ba é Seán Sheáin fear poist an Bhlascaoid. Ba sa bhliain sin, 1941, a tógadh oifig phoist ar an mBlascaod Mór agus a cuireadh an chéad ghuthán isteach ar an Oileán. Agus é ina mháistir poist ar an Oileán, bhí air fanacht istigh go dtí an deireadh. Tháinig sé amach nuair a tréigeadh an tOileán Tiar, ar an 24 Deireadh Fómhair 1953, dar leis féin, ach níor lonnadh seisean in Iarthair Dhuibhneach go ceann i bhfad eile.⁹⁸ De bharr go raibh sé fostaithe ag Oifig an Phoist ar an mBlascaod, bhí post ag dul dó i mBaile Átha Cliath, agus ba ann a chuaigh sé ar dtús, i ndiaidh dó imeacht ón mBlascaod. Bhí an Cearnach ar dhuine de na daoine a bhunaigh achrann roimh an tréigean a rá nach raibh socruithe déanta ag an gCoimisiún dóibh amuigh mar ba chóir.

Ghlac sé leis an bpost i mBaile Átha Cliath sa deireadh. Ba bhrónach agus ba chorraitheach an turas dó ón mBlascaod amach, agus soir go dtí an Daingean. Mar a dúirt sé:

Nuair a chuamar go dtí Casadh na Gráige d'fhéachas féin isteach ar an mBlascaod arís agus tuigeadh dom go raibh cuma bhuartha bhrónach air, fé mar a bhí orm féin.⁹⁹

Ní rachadh sé go Baile Átha Cliath, ámh, gan cúpla lá a chaitheamh sa Daingean ar dtús chun slán a fhágáil ag a dheartháir agus ag an seanchuideachta. Chaith sé tamaillín, mar sin, 'ag tórramh an Oileáin' sa Daingean agus sna ceantair siar uaidh.¹⁰⁰

Chuaigh Seán go Baile Átha Cliath agus thosaigh sé ag obair d'Oifig an Phoist ag sortáil litreacha ar Shráid an Phiarsaigh. Luigh sé isteach ar an obair sin agus réitigh sé go maith leis na saostí agus lena chomhghleacaithe ann, ach d'fhan an t-uaigneas ina chroí don Bhlascaod, agus ní raibh sé in ann éalú ón uaigneas sin. Feictear forlámhas an uaignis sin agus é amuigh i mBá Bhaile Átha Cliath lá i dteannta céile a dheirféar. Deir sé:

Ach b'fhearr liom féin radharc an oileáin a bheith feicthe agam ná a raibh de phollóga i mBá Bhleá Cliath.¹⁰¹

Sa deireadh, fuair an t-uaigneas an fear maith air, agus shocraigh sé ar fhilleadh ar Chiarraí, i dteannta a mháthar, cé go raibh a fhios aige nach mórán a bhí ag feitheamh air ann. Agus é fillte ar Chiarraí, cuireann sé síos air féin mar dheoraí, cé nach raibh tamall fada caite aige lasmuigh de Chiarraí agus nár fhág sé an tír riamh.¹⁰² Agus é

thar n-ais i gCiarraí, ní raibh fonn air imeacht aon áit eile arís. Shocraigh sé síos agus réitigh saol na tuaithe go mór leis.

Sa dá leabhar *Lá Dár Saol* le Seán Ó Criomhthain, agus *Iarbhlascaodach ina Dheoraí* le Seán Sheáin Í Chearnaigh, faighimid léargas den scoth ar shaol na mBlascaodach i ndiaidh dóibh athlonnú ar an míntír. Tugtar cuntais ar shlite beatha na ‘ndeoraithe’ seo, agus ar dhul i léig na sean-nósanna don chuid is mó, mar aon le céim síos an chreidimh, de bharr luachanna na ndaoine, idir Bhlascaodach agus Mhíntíreach, a bheith athruithe.

Agus iad tar éis aistriú amach, lean na hOileánaigh orthu ag iascach timpeall an chósta. Lonnaigh cuid de na teaghlaigh a tháinig amach roimh an tréigean oifigiúil ar an Muirígh ionas go mbeidís gar do chuan dá gcuid naomhóg, ach faoin am sin bhí deireadh ag teacht le ré na naomhóg beag. I ndiaidh an Dara Cogadh Domhanda, fuair lucht na dtrálaer iasachta an lámh in uachtar ar lucht na naomhóg ar Chósta Chiarraí, ag cur deireadh leis an gcineál sin iascaigh. Cosúil leis na seanbháid mhóra, bhí a ré caite ag an naomhóg ansin, í ag géilleadh do ‘b[h]ád deas oiriúnach agus ineall inti’.¹⁰³ ‘Ní raibh aon strus mór sa chúram’ leis na báid áirithe sin, dar leis an Criomhthanach, ‘...gan faic le déanamh ach líonta a chur agus a tharraingt ar do shuaimhneas’.¹⁰⁴ Faoi mar a dúirt Ó Criomhthain:

Tá compord ag an iascaire sa lá atá inniu ann. Deir na hiascairí óga a bhuaileadh leat inniu ná raibh sna hiascairí a tháinig rompu ach capaill mhara, ag síor-rámhaíocht trí ghála gaoithe agus farraige cháite.¹⁰⁵

Le tionscail an éisc dulta i léig go mór, ní raibh mórán de shlí bheatha ag fir an Bhlascaoid. Agus é ag labhairt faoi mhuintir óg Chorca Dhuibhne, deir Seán Sheáin Í Chearnaigh:

Ní raibh faic le fáil sa Ghaeltacht acu ach bata agus bóthar agus tá an rud céanna ag muintir na Gaeltachta á fháil inniu. Níl aon tslí bheatha le fáil i nGaeltacht Chorca Dhuibhne. Is fada tá siad ag brath léi ach is é an brath fuar é agus is ag dul i bhfuairacht atá sé agus a bheidh sé.¹⁰⁶

Cuireann an ráiteas thuas méid an éadochais a mhothaigh Seán Sheáin Í Chearnaigh agus go leor eile i leith thodhchaí na Gaeltachta in iúl. Bhí meon na ndaoine athruithe ó mheon neamhspleách an fhéinchothaithe go meon géillte na déirce. Thosaigh siad ag brath ar chúnamh dífhostaíochta mar phríomhioncam. Bhí cúnamh dífhostaíochta ar fáil do mhuintir na Gaeltachta ón mbliain 1933 ar aghaidh, mar a insíonn an Cearnach:

Sa bhliain 1933 tháinig ráfla amach go bhfaigheadh nach aon duine a bhí díomhaoin airgead, suite ar a dtóin... Sea, bhí an ráfla fíor agus d'imigh sé cinn de naomhóga againn 'on Daingean.¹⁰⁷

Bhunaigh an rialtas scéim thacaíochta faoi leith do mhuintir na Gaeltachta i bhfoirm oibreacha bóithre sna daichidí déanacha nuair a chuir filleadh na dtaléar deireadh leis an iascaireacht naomhóige. Go gairid i ndiaidh dó aistriú amach, luigh Seán Ó Criomhthain isteach ar an saghas sin oibre:

Fuairéadh beagán oibre ar na bóithre agus mar sin de, ach ní rabhamair chomh teamn ar ár gcúlaibh agus a bhíomair nuair a bhí an t-iasc fé rath.¹⁰⁸

Insíonn sé cé chomh deacair is a bhí an obair sin.¹⁰⁹

Bhraith na hIarbhlascaodaigh agus a gcomhghleacaithe ón míntír ar ioncam ón Stát, idir chúnadh dífhostaíochta agus dheontais éagsúla, go ceann i bhfad. Bhí eolas acu ar an uile deontas a bhí ar fáil dóibh agus cé ba chóir cur isteach orthu. Tá tagairtí dó sin sna leabhair dhéanacha tríd síos. Bhí deontas amháin ar fáil do dhaoine pósta, mar shampla, agus ba mhaith a bhí cur amach ag Seán Ó Criomhthain ar an deontas áirithe sin:

Tá deontas beag ón rialtas á fháil ag daoine pósta an uair sin agus déarfainn mura mbeadh san gur beag duine bocht a bheadh pósta ann. B'é an deontas san an chabhair is mó a tháinig ón rialtas raimh dúinn, agus is mó athair leanbh a chaitheadh bogadh leis thar sáile mura mbeadh é...¹¹⁰

Bhí airgead ar fáil do dhaoine a raibh níos mó ná páiste amháin acu, ach ar an drochuair dó, ní raibh Seán in ann cur isteach ar an airgead sin, de bharr nach raibh ach an t-aon pháiste amháin aige féin is a bhean an uair úd:

Bhí an páiste a bhí againn tagtha go haois scoile an tráth so, agus bhí airgead le fáil as Ghaelainn ar scoil agus as gach duine clainne a bheadh agat ach amháin an chéad duine. Toisc ná raibh againn ach an t-éinne amháin, ní raibh an tarna hairgead so le fáil againn, agus dá bhrí sin bhí asacháin an diabhair á chaitheamh linn, cad a bhí orainn ná raibh aon cheann eile ag bualadh an tráigh linn, agus mar sin de.¹¹¹

Feictear an leisciúlacht ag sleamhnú isteach i saol na n-Iarbhlascaodach i leabhar an Chearnaigh, *Iarbhlascaodach ina Dheoraí*, go háirithe nuair a deir a dheartháir Paidí;

‘Níl aon rud is fearra dhuit a dhéanamh anois,’ arsa Paidí liom, ‘ná fanacht ar an Muirígh ar fad agus beidh an dole agat chomh maith linn go léir.’¹¹²

Is athrú meoin as cuimse é seo ó mheon an tseandreama a d’oibrigh go dian agus nach bhfuair aon rud riamh nár thuill siad go crua. Bhí an saol bog ag dul i bhfeidhm ar na hIarbhlascaodaigh, is léir. I gcúrsaí feirmeoireachta, bhí daoine dulta i muinín leasuithe ceannaithe in ionad leasú talún traidisiúnta an Bhlascaoid a úsáid .i. an fheamainn; agus ní amháin nach n-úsáididís a thuilleadh í ach rinne siad céim síos ar an gcleachtadh.¹¹³ Níos déanaí déanann an Criomhthanach tagairt don ‘*tractor*’ a tháinig chuige faoina thiománaí. Bheadh a léithéid doshamhlaithe do Bhlascaodach tamall gearr roimhe sin. Mar ábhar tine, cheannaigh siad gual in ionad móin a thabhairt abhaile ón gcnoc, toisc go raibh sé sin níos fusa orthu. Gearánann an Criomhthanach faoin méid oibre atá i gceist leis an móin a bhaint is a thabhairt abhaile, rud nár chuir as riamh dó ar an mBlascaod nó dá shinsir:

Is an-annamh a cheannaíodh muintir an cheantair seo aon ghual riamh. Bhí móin le pasáil féna gcosa acu agus tá fós ach í a bhaint.

Tine dhearg mhóna ins gach aon tigh ó mhaidean go hoíche agus ó oíche go maidean uaireanta. Ach tá san imithe agus ré nua tagtha, agus ma tá níl aon lá loicht acu air. Mar bhí trangáil ag baint leis an móin, agus costas. Sé punt a dhíol as shleán agus gan í bainte fós. Meitheal agus bia agus greithleán, agus aimsir oiriúnach a bheith agat. Ansan dul chúig mhíle ó bhaile chun an phortaigh...¹¹⁴

Nuair a d'aistrigh muintir an Bhlascaoid amach ar dtús, d'fhan siad dílis dá nósanna agus dá gcaitheamh aimsire. Insíonn Breandán Feiritéar in alt 'Deireadh an Áil', go mbíodh Ceaist Ó Catháin agus a mhac, Seán Cheaist, ag seinm ceoil i lár an lae ar a sáimhín so, rud a chuir iontas ar chuid mhaith de mhuintir Dhún Chaoin, nach mbíodh taithe acu ar cheol a chloisteáil, mar sin, i rith an lae.¹¹⁵ Is dócha, áfach, le himeacht aimsire, go ndeachaigh nósanna an Bhlascaoid i léig, cuid mhaith, ag géilleadh do nua-nósanna na míntíre.

D'athraigh na hIarbhlascaodaigh ó nós na bothántaíochta nuair a d'aistrigh siad amach faraor. Tháinig claochlú ar shaol sóisialta na n-Iarbhlascaodach, sa tslí is nach raibh an Dáil nó a leithéid de thigh mar phríomhionad na cuideachtan a thuilleadh, ach tigh an tábhairne. Ní raibh meas madra acu ar na seanscéalta anois, ach an oiread le nós na bothántaíochta, mar a léiríonn Seán Ó Criomhthain:

... Níl aon áit ag daoine meánaosta anois chun tamall den oíche a chur tharstu ach i dtigh an tábhairne. Ná bí ag lorg éinne anois ag bothántaíocht nó ag éisteacht le cumadóireacht scéalta fé mar a bhí sa tseanaimsir.¹¹⁶

Is suntasach go roghnaíonn Ó Criomhthain an focal 'cumadóireacht' a úsáid. Cuireann sé méid a dhímheas i leith na scéalta céanna in iúl go gléineach. Dar leis an Criomhthanach, bhí an dá shaol ag teacht le chéile i dtigh an leanna.¹¹⁷ Is léir go raibh díothú á dhéanamh ar an seansaol, ach nár thug sé aon aird air sin:

Dá mbeadh duine ar an scéalaí is fearr a chuir cos i mbróig riamh agus go dtabharfadh sé fé scéal duit, is gearr go mbeadh an áit chomh glan leis an sáipéal.¹¹⁸

Ghéill an scéalaíocht agus an bhothántaíocht do nós nua an tábhairne. Sna leabhair *Lá Dár Saol* agus *Iarbhlascaodach ina Dheoraí*, tá an iliomad tagairtí don ól agus do ragairne oíche agus lae. ‘An gnáthchúrsa coitianta’ a thugann Ó Criomhthain ar na hoícheanta seo a chaitheamh sa tigh tábhairne.¹¹⁹ Tagraíonn an Cearnach do dhíomhaointeas agus do ragairne na n-Iarbhlascaodach go minic ina leabhar *Iarbhlascaodach ina Dheoraí*. De réir dealraimh, d’éirigh siad an-cheanúil ar thigh an tábhairne. Bhídís ag ól i rith an lae, in ionad a bheith ag obair, rud nach ndéanfaí go deo sna seanlaethanta istigh.

Ní raibh ach an dá phúint ólta againn nuair a bhuail Seán Ó Riada an doras isteach agus chaith deoch eile bheith againn ó Sheán, ins a’ tslí dhuit go raibh deascaibh lae agus oíche ann sarar fhágamar an tigh tabhairne gan aon cuimhneamh ar an bhféar ná ar an meitheal a raibh a teanga imithe siar ina gceann le tart. Thug Eoinín trí dhosaen buidéal pórtair leis agus thugamar fén Carraig.¹²⁰

Bheadh sé sin i gcontrárthacht ghlan le saol an Bhlascaoid. Tráchtann sé ar thuras a thug sé féin, céile a dheirféar Pádraig Ó Braonáin, Pádraig Ó Súilleabháin agus Paidí Beag Ó Dálaigh ar Oileán na bPúcaí. Dar ndóigh, ní dheachaigh siad isteach gan dul go Tigh Kruger i nDún Chaoin ar dtús.¹²¹ Níorbh é sin slí an Bhlascaoid, mar a dúirt Seán Ó Criomhthain:

Bhí daoine anso tamall de bhlianta ó shin agus dá bhfeicfidís an saol atá i dtithe an tabhairne inniu, rithfidís an cnoc amach nó an cuan siar, sara mbeidís ag féachaint ar chuid des na daoine atá imithe glan as a meabhair, mar sin é a thabharfaidís orthu.¹²²

D'fhás an tsaint i gcroíthe an phobail ar an míntír, i ndiaidh dóibh dul i dtaithe ar dheontais agus ar chúnamh an rialtais. Chítear é sin go ríshoiléir san 'fháilte' a cuireadh roimh Thadhg a tháinig abhaile ó na Stáit faoi ualach airgid. Fad a bhí an deoraí fillte ag íoc i dtigh an leanna, bhí go leor cuideachtan aige.¹²³ Níor fháiltigh siad roimh na laethanta breátha a thuilleadh, ach an oiread, nó a gceisteanna ar a laghad, gan íocaíocht a lorg as a gcuid eolais.¹²⁴ Arís, níorbh é sin sean-nós an Bhlascaoid.

Tháinig athrú meoin orthu i leith na heaglaise, chomh maith. Tugann siad céim síos do chreideamh a sinsir. Sna seanlaethanta ar an mBlascaod, théadh na fir trasna an Bhealaigh ina gcuid naomhóg chun freastal ar an Aifreann Domhnach ar bith a bhí an aimsir oiriúnach chuige, agus d'fháiltíodh na mná roimh an sagart nuair a thagadh sé isteach i rith an tsamhraidh. Nuair nach raibh le déanamh ach súil síos an bóthar go dtí an séipéal, áfach, d'éirigh siad leisciúil agus dímhéasúil faoina gcreideamh.¹²⁵

Tá an sagart ar an altóir inniu agus seanmóin aige de réir Lúcaís nó Mharcáis, agus gan éinne ag éisteach leis. Níor chás dó a bheith ag caint ar dhá asal ó Lios Tuathail. Mar a chéile díreach.¹²⁶

Bhí an tsaint le brath i gcúrsaí creidimh, chomh maith. Ní raibh daoine sásta tacú leis an gcoláiste sagartóireachta i gCill Airne, ná le bailiúcháin áirithe eile sa pharóiste:

... Sea, tá bailitheoir timpeall inniu ag bailiú airgid don sagart paróiste chun an *Seminary* i gCill Airne a choimeád ar a bhonnaibh. Ní thuigeann na daoine anso cad chuige na bailiúcháin ar fad agus go mórmhór don *Seminary* céanna.¹²⁷

Cé go raibh daoine i mbun aistrithe ón mBlascaod go dtí an bhliain 1954, is léir gur cailleadh saol an Bhlascaoid istigh le haistriú amach na ndaoine deireanacha.

Bhí an-chumha ar roinnt mhaith de na hIarbhlascaodaigh i leith an Oileáin ar feadh i bhfad i ndiaidh dóibh aistriú amach, go mór mór na seandaoine a raibh a saol caite acu istigh ann. Mar a insíonn Seán Sheáin Í Chearnaigh:

Bhíomair ag caint le Seán Ó Súilleabháin atá seacht mbliana déag is ceithre fichid agus dúirt sé gurbh fhearr leis a bheith ar an mBlascaod fós ná a raibh de bhlianta caite aige. Is dó ab fhíor mar níl lá dena shláinte aige ó d'fhág sé an tOileán, ná ag aoinne eile acu.¹²⁸

Is léir go raibh uaigneas ar an gCearnach é féin i ndiaidh an Bhlascaoid, chomh maith.

I bpáirtíocht liom féin, níorbh fhearra liom áit a bheinn anois ná in airde i mBarra an Chnoic ann, ag sú an aeir chugham aniar ón bhfarraige agus gan aoinne bheith i mo theannta.¹²⁹

Cuirtear an dá shaol i gcomparáid le chéile, ach is deimhin go raibh a fhios acu go raibh ré sin an Bhlascaoid imithe go deo.¹³⁰ Dar ndóigh, chonaic siad draíocht shaol an Bhlascaoid thar saol na míntíre, agus nuair a laghdaigh an cumha a bhraith siad ag tús a saoil nua ar an mórtír, d'aithin a bhformhór, Seán Ó Guithín ina measc, go mbeidís níos fearr as ar an míntír, go mór mór ina seanaois. Mar a dúirt an Guithíneach:

Beidh an tOileán i mo cheann go deo, ag cuimhneamh air go deo. Ach fós is fearr liom a bheith amuigh anois.¹³¹

Ba chorraitheach an turas ar ais isteach do na Blascaodaigh a raibh sé de dheis acu dul ar ais, agus an tOileán Tiar tréigthe, bánaithe a fheiceáil os a gcomhair. Thug Seán Sheáin Í Chearnaigh turas isteach mar sin i ndiaidh dó filleadh ar Chiarraí. Is mar seo a chuireann sé síos ar an áit:

Bhí nach aon ní os ár gcomhair amach, ach na daoine. Bhí féar glas ag fás i mbéal na ndoirse agus ar na cosáin a bhí ag dul go dtí's na tithe. Is maith an té ná go mbainfeadh sé braon ón tsuil aige nuair a chífadh sé an clampar go léir.¹³²

D'éirigh sé an-mhaoithneach ag breathnú timpeall ar a sheanbhaile a bhí imithe chun raice le tamall, agus ag cuimhneamh dó ar an saol is an chuideachta a bhí ann le linn a óige:

Chuimhníos ar an saol breá a bhíodh againn ann tamall den saol agus sinn chomh fada ó chéile inniu, cuid againn i Meiriceá agus duine againn i mBleá Cliath, Paidí ar an Muirígh agus mise ag imeacht i mo dheoraí le haer an tsaoil.¹³³

Níor fhan sé i bhfad istigh ach d'fhág sé an tOileán arís go dubhach. Bhí an Blascaod, a mbíodh pobal bríomhar neamhspléach ann tráth, ciúin tréigthe. Mar a dúirt Seán Ó Criomhthain:

...chuirfeadh sé reilig mhór os comhair na haigne chugat.¹³⁴

Sa deireadh fágadh an Blascaod Mór tréigthe, bánaithe. Nuair a tháinig na daoine deireanacha sin amach idir na blianta 1953 agus 1954, tháinig deireadh le ré áitribh an Oileáin Tiar. As sin go dtí an lá atá inniu ann, níor lonnigh éinne istigh ann go buan, cé go mbíonn pobal nua de chineál ann i rith an tsamhraidh anois. D'fhéadfaí a rá nár tháinig an rialtas i gcabhair ar an bpobal fíorghaelach traidisiúnta seo luath go leor, agus nach ndearna siad a ndóthain ansin ar a son, ach leis an scéal curtha os comhair an léitheora anseo thuas, is léir go raibh coinníollacha casta agus éagsúla i gceist le tréigean an Bhlascaoid Mhóir sa deireadh. Fad a bhí an saol amuigh ag athrú de réir a chéile thar na blianta, d'fhan nósanna agus slí bheatha na ndaoine istigh neamhathruithe ar feadh i bhfad, ach sa deireadh ghéill an Blascaod don athrú céanna a bhí titithe amach timpeall na hÉireann agus na hEorpa, ach tháinig an t-athrú saoil go gasta agus go cinniúnach istigh ar an mBlascaod.

Nótaí:

-
- ¹ *Leoithne Aniar*, eag. Pádraig Tyers, agallamh a Sé le Seán Ó Guithín, (Baile an Fheirtéaraigh: Cló Dhuibhne, 1982), 149.
- ² Micheál Ó Gaoithín, *Is Truagh ná Fanann an Óige* (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1953), 77.
- ³ *ibid.*
- ⁴ *ibid.*, 78.
- ⁵ Féach *ibid.*, 76-77.
- ⁶ Féach *ibid.*, 85.
- ⁷ *ibid.*, 111.
- ⁸ Nóra Ní Shéaghdha, *Thar Bealach Isteach* (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1940), 28.
- ⁹ Micheál Ó Gaoithín, *Beatha Pheig Sayers* (Baile Átha Cliath: Foilseacháin Náisiúnta Tta, 1970), 150.
- ¹⁰ Seán Ó Criomhthain, *Lá dár Saol* (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1969), 6.
- ¹¹ *ibid.*, 7.
- ¹² Máire Ní Ghuithín, *Bean an Oileáin* (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1986), 10.
- ¹³ *ibid.*, 8.
- ¹⁴ Eibhlís Ní Shúilleabháin, *Letters from the Great Blasket*, eag. Seán Ó Coileáin (Colorado: Mercier Press, 1978), 20.
- ¹⁵ Dick Hogan, 'The last child of the Blasket recalls a past way of life', *The Irish Times* 2/2/'99.
- ¹⁶ Gearóid Cheaist Ó Catháin, 'Gearóid Cheaist Ó Catháin an leanbh deireanach ar an mBlascaod Mór', in *Ceiliúradh an Bhlascaoid 8 – Tréigean an Oileáin*, eag. Máire Ní Chéilleachair (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2005), 39.
- ¹⁷ Eibhlís Ní Shúilleabháin, *Letters from the Great Blasket*, eag. Seán Ó Coileáin, 86.
- ¹⁸ Breandán Feiritéar, 'Deireadh an Áil', in *Ceiliúradh an Bhlascaoid 8 – Tréigean an Oileáin*, eag. Máire Ní Chéilleachair, 26.
- ¹⁹ Muiris Ó Súilleabháin, *Ó Oileán go Cuilleán*, eag. Nuala Ní Aimhigín (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2000), 57.
- ²⁰ Seán Ó Criomhthain, *Lá dár Saol*, 3.
- ²¹ *Leoithne Aniar*, eag. Pádraig Tyers, agallamh a Dó le Seán Ó Criomhthain, 106-7.
- ²² Seán Ó Criomhthain, *Lá dár Saol*, 2.
- ²³ *ibid.*, 3.
- ²⁴ *ibid.*
- ²⁵ *ibid.*, 8.
- ²⁶ Eibhlís Ní Shúilleabháin, *Letters from the Great Blasket*, eag. Seán Ó Coileáin, 78.

-
- ²⁷ *ibid*, 85.
- ²⁸ Nóra Ní Shéaghdha, *Thar Bealach Isteach*, 27.
- ²⁹ Seán Ó Criomhthain, *Lá dár Saol*, 6.
- ³⁰ Faoin am sin, is dócha go raibh an bheirt Chearnach ag druidim le deireadh a gcuid scolaíochta ar aon nós.
- ³¹ Cole Moreton, *Hungry for Home: Leaving the Blaskets: A Journey from the Edge of Ireland* (New York: Viking Penguin, 2000), 68.
- ³² Mícheál Ó Dubhshláine, 'Scoil an Bhlascaoid Mhóir 1864-1940', in *Ceiliúradh an Bhlascaoid 6 – Oideachas agus Oilúint ar an mBlascaod Mór*, eag. Máire Ní Chéilleachair (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2001), 65.
- ³³ Eibhlís Ní Shuilleabháin, *Letters from the Great Blasket*, eag. Seán Ó Coileáin, 86.
- ³⁴ *ibid*.
- ³⁵ Gearóid Ó Catháin, 'An Garsún Aonarach', in *Oidhreacht an Bhlascaoid*, eag. Aogán Ó Muircheartaigh (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1989), 357.
- ³⁶ 'Future of Lone Blaskets Child', in *The Irish Press*, 8/4/1951.
- ³⁷ Gearóid Cheaist Ó Catháin, 'Gearóid Cheaist Ó Catháin an leanbh deireanach ar an mBlascaod Mór', in *Ceiliúradh an Bhlascaoid 8 – Tréigean an Oileáin*, eag. Máire Ní Chéilleachair, 39.
- ³⁸ 'Future of Lone Blaskets Child', in *The Irish Press*, 8/4/1951.
- ³⁹ Dick Hogan, 'The last child of the Blasket recalls a past way of life', *The Irish Times* 2/2/99.
- ⁴⁰ Gearóid Ó Catháin, 'An Garsún Aonarach', in *Oidhreacht an Bhlascaoid*, eag. Aogán Ó Muircheartaigh, 366.
- ⁴¹ *ibid*, 367.
- ⁴² Chuaigh Muintir Uí Chatháin amach cúpla seachtain roimh an dáta a bhí leagtha amach ag an rialtas don tréigean, os rud é go raibh Gearóid le cur go dtí an scoil ar an míntír.
- ⁴³ Seán Ó Criomhthain, *Lá dár Saol*, 5.
- ⁴⁴ Eibhlís Ní Shuilleabháin, *Letters from the Great Blasket*, eag. Seán Ó Coileáin, 14.
- ⁴⁵ Seán Ó Criomhthain, *Lá dár Saol*, 5.
- ⁴⁶ *ibid*, 6.
- ⁴⁷ *ibid*, 7 & Eibhlís Ní Shuilleabháin, *Letters from the Great Blasket*, eag. Seán Ó Coileáin, 80.
- ⁴⁸ Seán Ó Criomhthain, *Lá dár Saol*, 7.
- ⁴⁹ Eibhlís Ní Shuilleabháin, *Letters from the Great Blasket*, eag. Seán Ó Coileáin, 80.
- ⁵⁰ *ibid*, 87.
- ⁵¹ Féach Eibhlís Ní Shuilleabháin, *Letters from the Great Blasket*, eag. Seán Ó Coileáin, 79, 81, 88.

-
- ⁵² *ibid*, 81.
- ⁵³ *ibid*, 87. Féach 88 chomh maith.
- ⁵⁴ *ibid*, 87-88. Féach 78-79 chomh maith.
- ⁵⁵ *ibid*, 88.
- ⁵⁶ Seán Ó Criomhthain, *Lá dár Saol*, 10.
- ⁵⁷ *ibid*.
- ⁵⁸ *ibid*.
- ⁵⁹ *ibid*, 11.
- ⁶⁰ *ibid*, 13.
- ⁶¹ Eibhlís Ní Shúilleabháin, *Letters from the Great Blasket*, eag. Seán Ó Coileáin, 91.
- ⁶² *ibid*, 91-92.
- ⁶³ *ibid*, 92-93.
- ⁶⁴ Seán Ó Criomhthain, *Lá dár Saol*, 134.
- ⁶⁵ *ibid*, 134.
- ⁶⁶ Eibhlís Ní Shúilleabháin, *Letters from the Great Blasket*, eag. Seán Ó Coileáin, 91.
- ⁶⁷ Seán Ó Criomhthain, *Lá dár Saol*, 135.
- ⁶⁸ Eibhlís Ní Shúilleabháin, *Letters from the Great Blasket*, eag. Seán Ó Coileáin, 35.
- ⁶⁹ *ibid*, 35.
- ⁷⁰ *ibid*, 36.
- ⁷¹ *Leoithne Aniar*, eag. Pádraig Tyers, agallamh a Sé le Seán Ó Guithín, 148.
- ⁷² *ibid*.
- ⁷³ Mícheál de Mórdha, 'Emigration and isolation marked end for the Blasket', in *The Kerryman* 10/1/1997.
- ⁷⁴ *Leoithne Aniar*, eag. Pádraig Tyers, agallamh a Dó le Seán Ó Criomhthain, 110.
- ⁷⁵ Máire Ní Ghaoithín, *An tOileán a Bhí*, (Báile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1978), 88.
- ⁷⁶ Mícheál de Mórdha, 'Emigration and isolation marked end for the Blasket', in *The Kerryman* 10/1/1997.
- ⁷⁷ Féach *Leoithne Aniar*, eag. Pádraig Tyers, agallamh a Sé le Seán Ó Guithín, 149.
- ⁷⁸ 'Tréigean an Bhlascaoid – An Dearcadh Oifigiúil', in *Ceiliúradh an Bhlascaoid 8 – Tréigean an Oileáin*, eag. Máire Ní Chéilleachair, 97.
- ⁷⁹ Cole Moreton, *Hungry for Home: Leaving the Blaskets: A Journey from the Edge of Ireland*, 75.

⁸⁰ *ibid*, 76.

⁸¹ Idir an dá linn, bhí athrú rialtais ann. Ní raibh de Valera ina Thaoiseach, mar sin, nuair a thug an coiste a thuairisc de bharr gur chaill sé an t-olltoghchán i Mí Feabhra na bliana 1948. Ba é Seán Ó Coisdeala an Taoiseach ar an gcúigiú Dáil in Éirinn ón mbliain 1948 go dtí an bhliain 1951.

⁸² 'Islanders Plead for New Life on the Mainland', in *The Irish Independent*, 17/9/1952.

⁸³ *ibid*.

⁸⁴ *ibid*.

⁸⁵ Cole Moreton, *Hungry for Home: Leaving the Blaskets: A Journey from the Edge of Ireland*, 80.

⁸⁶ 'Islanders Plead for New Life on the Mainland', in *The Irish Independent*, 17/9/1952.

⁸⁷ *ibid*.

⁸⁸ Féach *Leoithne Aniar*, eag. Pádraig Tyers, agallamh a Sé le Seán Ó Guithín, 150.

⁸⁹ 'Six to Stay on 'Deserted' Island', in *The Irish Times*, 9/11/1953.

⁹⁰ *Leoithne Aniar*, eag. Pádraig Tyers, agallamh a Sé le Seán Ó Guithín, 150.

⁹¹ Féach Breandán Feiritéar, 'Thar Bealach Amach', in *Oidhreacht an Bhlascaoid*, eag. Aogán Ó Muircheartaigh, 377-378.

⁹² Joan & Ray Stagles, *The Blasket Islands: Next Parish America* (Baile Átha Cliath: The O'Brien Press, 1998), 132.

⁹³ Cole Moreton, *Hungry for Home: Leaving the Blaskets: A Journey from the Edge of Ireland*, 85.

⁹⁴ Féach Breandán Feiritéar, 'Deireadh an Áil', in *Ceiliúradh an Bhlascaoid 8 – Tréigean an Oileáin*, eag. Máire Ní Chéilleachair, 29-30.

⁹⁵ Leslie Matson, *Méiní – The Blasket Nurse* (Baile Átha Cliath: Mercier Press, 1996), 162.

⁹⁶ *Leoithne Aniar*, eag. Pádraig Tyers, agallamh a Sé le Seán Ó Guithín, 158.

⁹⁷ *ibid*, 159.

⁹⁸ Seán Sheáin Í Chearnaigh, *Iarbhlascaodach ina Dheoraí* (Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, 1978), 7.

⁹⁹ *ibid*, 9.

¹⁰⁰ *ibid*, 11.

¹⁰¹ *ibid*, 48.

¹⁰² Féach *ibid*, 61.

¹⁰³ Seán Ó Criomhthain, *Lá dár Saol*, 71.

¹⁰⁴ *ibid*, 71.

¹⁰⁵ *Leoithne Aniar*, eag. Pádraig Tyers, 31.

¹⁰⁶ Seán Sheáin Í Chearnaigh, *Iarbhlascaodach ina Dheoraí*, 77.

-
- ¹⁰⁷ Seán Sheáin Í Chearnaigh, *An tOileán a Tréigeadh* (Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, 1974), 142-143.
- ¹⁰⁸ Seán Ó Criomhthain, *Lá dár Saol*, 140.
- ¹⁰⁹ *ibid*, 142-143.
- ¹¹⁰ *ibid*, 131.
- ¹¹¹ *ibid*, 133.
- ¹¹² Seán Sheáin Í Chearnaigh, *Iarbhlascaodach ina Dheorai*, 67.
- ¹¹³ *ibid*, 22.
- ¹¹⁴ *ibid*, 66.
- ¹¹⁵ Féach Breandán Feiritéar, 'Deireadh an Áil', in *Ceiliúradh an Bhlascaoid 8 – Tréigean an Oileáin*, 27.
- ¹¹⁶ Seán Ó Criomhthain, *Lá dár Saol*, 92.
- ¹¹⁷ *ibid*, 93.
- ¹¹⁸ *ibid*, 92.
- ¹¹⁹ *ibid*, 41.
- ¹²⁰ Seán Sheáin Í Chearnaigh, *Iarbhlascaodach ina Dheorai*, 103. Féach 107, chomh maith.
- ¹²¹ *ibid*, 112.
- ¹²² Seán Ó Criomhthain, *Lá dár Saol*, 23.
- ¹²³ Féach *ibid*, 90-92.
- ¹²⁴ Féach *ibid*, 24-25.
- ¹²⁵ Féach *ibid*, 68-9, 85.
- ¹²⁶ *ibid*, 92.
- ¹²⁷ *ibid*, 21.
- ¹²⁸ Seán Sheáin Í Chearnaigh, *Iarbhlascaodach ina Dheorai*, 130.
- ¹²⁹ *ibid*, 123.
- ¹³⁰ Seán Ó Criomhthain, *Lá dár Saol*, 132.
- ¹³¹ *Leoithne Aniar*, eag. Pádraig Tyers, agallamh a Sé le Seán Ó Guithín, 150.
- ¹³² Seán Sheáin Í Chearnaigh, *Iarbhlascaodach ina Dheorai*, 73.
- ¹³³ *ibid*, 74.
- ¹³⁴ *Leoithne Aniar*, eag. Pádraig Tyers, 78.

Conclúid

Ar an 17ú Samhain 1953, fograíodh go raibh an Blascaod Mór tréigthe go hoifigiúil. Níor fhan ach dream beag istigh i ndiaidh an tréigin oifigiúil, mar atá léirithe cheana féin, dream beag a d'aistrigh amach iad féin thar thréimhse ráithe nó mar sin ina dhiaidh sin. Bhí deireadh tagtha le ré an Oileáin Tiar. Ba dheireadh ré é, áfach, a tuaradh i bhfad roimhe sin, ar mhórán cúiseanna, cúiseanna ar pléadh cuid mhaith díobh i gcaibidilí an tráchtais seo.

Is dócha go mbíodh, agus go mbíonn fós sa lá atá inniu ann, pobail oileán beag níos leochailí ná a gcosúlacht de phobail mhíntíreacha, go mór mór na blianta fada ó shin nuair nach raibh na modhanna cumarsáide acu is atá anois againn. Faoin am a bhí an imirce faoi lán seol ón mBlascaod Mór, ba léir dóibh siúd a bhí ag maireachtáil istigh ann go raibh siad faoi mhíbhuntáiste mór. Cé go mbíodh an-saol acu i rith an tsamhraidh, ní fada go dtiocfadh an geimhreadh, agus bhíodh na geimhrí fada, deacair, gan iad in inmhe mórán oibre a dhéanamh agus gan mórán de theacht isteach acu i rith na míonna sin, dá bharr. Bhí breis is trí mhíle den Atlantach le trasnú acu i mbáid éadroma nach raibh inneall nó seol orthu, go dtí an caladh ba chónagaraí dóibh ar an míntír, agus ba mhinic iad sáinnithe istigh ar feadh tréimhsí fada de bharr na haimsire. Bhíodh tráth ann, ar an mBlascaod, nuair a bhí an pobal beag beann agus neamhspléach ar mhuintir na míntíre, ach de réir mar a chuaigh muintir an Bhlascaoid i dtaithe ar an trádáil le lucht na míntíre, agus de réir mar a mhéadaigh ar a spléachas ar an trádáil sin, tuigeadh go gléineach dóibh a mhéid a bhíodar faoi mhíbhuntáiste.

Bhíodh an tráth ann, mar atá pléite i gCaibidil 1, nuair ba bhuntáiste é an deighilt úd ón míntír. Ba rud tarraingteach é an t-aonaránachas sin i rith an drochshaoil, ach go háirithe, mar a bheadh saghas 'coraintín' nádúrtha, taitheamhach ann, saor ó

ghalair agus ó ocras an Ghorta. Bhídís saor ó ghalair thógálacha an Ghorta os rud é nach mbíodh siad i dteagmháil le bochtáin na míntíre mórán, agus bhíodh bia a ndóthain acu le héisc na farraige, le coiníní an chnoic agus le prátaí, chomh maith, a bhí slán den chuid is mó, ón dubhach a loit prátaí na míntíre. Dar ndóigh, shábháiltí earraí a sheoltaí isteach ar an taoide in am an ghátair iad, freisin. Le linn ré órga an Bhlascaoid, i bhfad i ndiaidh an drochshaoil fiú amháin, mhealltaí mná chun pósadh isteach leis an saol neamhspléach a bheadh le cleachtadh acu istigh. Deirtí nach mbíodh fadhb ag fear an Oileáin bean a fháil, agus go dtiocaidís isteach leo le fonn, b'shin go dtí aimsir an Chogaidh Mhóir.

Le himeacht aimsire, áfach, nuair nach raibh an drochshaol ach ina scéal mór uafásach i gcuimhne cuid de na daoine ba chríonna ar an Oileán, deineadh míbhuntáiste den bhuntáiste san Oileán Tiar go dtí sin, agus tháinig an t-am nuair b'iomarcach an míbhuntáiste úd don phobal trí chéile. Bhí orthu a ndroim a thabhairt ar shaol an Bhlascaoid, faoi mar a thug a sinsir a ndroim ar shaol na míntíre le dul isteach ann. Déanadh cur síos ar shaol an Bhlascaoid i gCaibidil 1, ionas go bhfaigheadh an léitheoir spléachadh ar an saghas saoil a chleachtaí ar an mBlascaod Mór tráth, agus ionas go dtuigfí áilleacht an tsaoil sin. Táthar ag súil go bhfaighfear léargas ar cé chomh deacair a bhí sé ar Oileánaigh áirithe an Blascaod a fhágáil in ainneoin na ndeacrachtaí ar fad a bhain leis an saol sin.

Breathnaíodh i gCaibidil 2 ar chúrsaí eacnamaíochta an Oileáin Tiar, i gcoitinne, agus ar an tslí ar chuir sí le rátaí imirce ón mBlascaod ó thús an chéid seo caite ar aghaidh, ag tréimhsí faoi leith idir c1900 agus 1953, ach go háirithe. Bhraith córas eacnamaíochta an Bhlascaoid Mhóir ar dhiansaothrú an uile bhall den phobal ón

bpáiste go dtí an seanóir. Ba chóras dolúbtha go leor é, ina raibh an iascaireacht mar príomhthionscal ann. Bhí comhghaolú díreach ann idir inmharthanacht tráchtála thionscnamh na hiascaireachta ar leithinis Chorca Dhuibhne agus ráta na himirce ón mBlascaod Mór. Mar atá sonraithe i gCaibidil 2, ba thréimhse mhaith ráthúil iascaireachta sa cheantar sin í an tréimhse ó c1880 go dtí deireadh na naoú haoise déag, agus bhí ráta na himirce ón mBlascaod Mór íseal i rith an aga sin. Ag tús na fichiú haoise, áfach, chuaigh an iascaireacht, príomhthionscal na mBlascaodaí, i léig, agus cé go raibh tréimhsí rathúla ann, mar shampla i rith na gCogáí Domhanda nuair nach mbíodh líon mór de na báid mhóra timpeall an chósta, ó chasadh an chéid i leith níor tháinig an iascaireacht chuici féin arís choíche i gCorca Dhuibhne. Ba ón am sin amach a tháinig fás as cuimse ar leibhéal na himirce ón mBlascaod Mór, chomh maith.

Cé go raibh an comhghaolú sin ann idir leibhéal na himirce agus inmharthanacht tráchtála na hiascaireachta sa dúiche, ní féidir a rá gur de bharr dhul i léig an tionscnaimh sin amháin a tháinig an borradh ar an imirce ón mBlascaod Mór agus ón gceantar sin i gcoitinne. Níor raibh sa mhéid sin ach cuid de scéal mór casta. Is cosúil go mbíodh teacht is imeacht i gcónaí i gceist idir mhuintir an Bhlascaoid Mhóir agus muintir na bparóistí cóngaracha dó ar an míntír, agus áiteanna eile níos faide ó bhaile ná iad, ó thús ré na Críostaíochta in Éirinn i leith, ach nuair a d'imigh na daoine óga gan éinne ag teacht isteach ina n-ionaid, b'shin an uair gur léir go raibh saol an Bhlascaoid ag teip.

Tháinig claochlú ar mheon mhuintir óg an Bhlascaoid sa chéad cheathrú den fhichiú haois. Claochlú ab ea é a bhí le teacht le fada roimhe sin, is dócha, ach is

cosúil gur baineadh siar as mórán daoine lena thapúla is a tháinig na hathruithe dearcaidh sa deireadh. Deirtear gur saol meánaoiseach a chleachtaí istigh ar an mBlascaod go dtí an deireadh. Níor tháinig athruithe istigh de réir a chéile mar a tharla amuigh ar an míntír, sna bailte ach go háirithe, rud a d'fhág gur tháinig claochlú ón meon seanfhaiseanta a bhí ag leithéidí Pheig Sayers agus Thomás Uí Chriomhthain go meon nua-aimseartha Eibhlís Ní Shúilleabháin agus Mhuiris Uí Shúilleabháin taobh istigh de thréimhse an-ghairid, nuair a osclaíodh saol nua dóibh. Ní raibh saol agus eacnamaíocht an Bhlascaoid solúbtha a dhóthain le dul i ngleic leis na hathruithe sin, agus dá bharr sin, thréig na Blascaodaigh óga a n-oileán dúchais le saol níos tarraingtí a bhunú i gcathracha na tíre seo agus i gcathracha na Stát Aontaithe, freisin. Chonacthas i gCaibidil 3 gurbh iad na hathruithe céanna a thit amach de réir a chéile ar an míntír a tháinig aniar aduaidh ar an mBlascaod, ag fágáil bearna dholíonta idir an tseanghlúin agus an ghlúin óg.

Mar atá pléite i gCaibidil 3, ba iad na cuairteoirí chun an Oileáin Tiar, foghlaimeoirí na Gaeilge a bhformhór, nó na 'laethanta breátha' mar a thug muintir an Bhlascaoid orthu, ba iadsan, mar aon le heisimirceoirí ón mBlascaod féin i Méiriceá, a d'oscail saol nua-aoiseach do lucht óg an Bhlascaoid. Thaispeáin na cuairteoirí saol nua dóibh a bhain le chathracha an domhain agus ba tharraingteach é an saol aoibhinn a bheadh le cleachtadh ag an duine láidir, diongbháilte iontu, dar le cuid de phobal óg an Oileáin. Thagadh litreacha isteach ó eisimirceoirí i Springfield leis na *dollars* iontu mar fhianaise ar an maoin a bheadh le fáil thall, le scéalta de radharcanna iontacha a chonacthas thall agus ar an mbealach sall, agus le cuntais ar na háiseanna tís nua-aimseartha a chinntigh saol níos boige do mhná óga misniúla, ach go háirithe. Leis an leathnú aigne seo, ní fhéadfadh a bhformhór fanacht istigh ar an mBlascaod

agus a saol a chaitheamh ag sclábhaíocht i gcomhair na mbunriachtanas. Leagadh amach agus rinneadh plé ar roghanna na mban ar an Oileán Tiar agus iad sna déaga, mar a bhí, dul in aimsir; cleamhnas agus pósadh; nó dul ar imirce go Meiriceá. Chonacthas i gCaibidil 3, chomh maith, gurbh iad na mná óga ón Oileán Tiar ba thúisce a d'imigh sall, ag fágaint na bhfear óg chun iad a leanúint sall ina ndiaidh.

Féachadh, i gCaibidil 4, ar réimse éagsúil dearcaidh dhaoine áirithe ar an mBlascaod i leith na himirce. Díríodh ar an meon rómánsúil a mhair i measc mhuintir óg an Bhlascaoid go príomha, ach tugadh faoi deara an duairceas agus an maoithneachas a bhraith líon beag ógánach i leith na himirce. Cuireadh in iúl, áfach, gur i measc na seanghlúine, ar an iomlán, a mhair an dearcadh áirithe sin i leith na himirce, an bhánaithe agus an tsaoil thall. Léiríodh, ina theannta sin, an meon réaláíoch a mhair i measc na n-Oileánach, idir óg agus aosta. Thuig formhór na mBlascaodach an riachtanas a bhain leis an imirce ina sochaí. Bhí sé thar a bheith soiléir sa bhliain 1916, nuair a shroich daonra an Oileáin Tiar a bhuaic, nach raibh an Blascaod Mór in ann líon mór daoine a chothú. Bhí sé riachtanach go rachadh líon áirithe ar imirce. Is dócha go raibh a fhios, fiú amháin, ag na daoine nár theastaigh uathu imeacht gur mar sin a bhí. Bhí an imirce ina bunchloch i saol an Bhlascaoid ó chasadh an chéid seo caite i leith. Bhí sé tábhachtach go rachadh cuid de na daoine óga sall chun a dtuismitheoirí a chothú ina seanaois. Ag druidim ar dheireadh ré an Bhlascaoid, ba ó Mheiriceá a thagadh beagnach gach a gcothaíodh muintir an Bhlascaoid. B'shin réalachas na himirce dóibh.

I gCaibidil 5, breathnaíodh ar chinniúint na himirce sin d'fhormhór mhuintir óg an Bhlascaoid. Déanadh plé ar scolaíocht ar an Oileán Tiar agus ar an gcaoi ina raibh

sí dírithe ar chinniúint sin na himirce. Tugadh faoi deara go raibh a fhios ag na páistí iad féin ó aois an-óg go raibh bád na himirce i ndán dóibh. Déanadh iniúchadh ar nósanna imirce a mhair ar an mBlascaod, cuid acu a chleachtaí ar fud na tíre ag an am, agus cuid eile nár bhain ach le pobail oileán. Féachadh ar thuras an eisimircigh sall agus ar an domhan mór nua a bhí roimhe ar dhul i dtír i Meiriceá dó. Déanadh scagadh ar dhearcadh an imirceora nua i Springfield, ar an saghas fostaíochta a fuair na Blascaodaigh thall, idir fhir is mhná, agus ar an gcaoi ar shocraigh siad síos thall. Tugadh faoi deara cé chomh tábhachtach a bhí a nósanna Blascaodacha agus pobal na mBlascaodach dóibh, mar aon leis an gcultúr Gaelach i gcoitinne agus iad thall. Labhraítí, agus labhraítear fós, Gaeilge ina measc. D'imrídís peil Ghaelach in aghaidh foirne Éireannacha eile thall, agus thagaidís le chéile sa *John Boyle O'Reilly Club* nuair a bhíodh ócáid le ceiliúradh acu. Breathnaíodh ar dhlúthphobal sin na mBlascaodach thall i Springfield, agus ar an tslí ar tháinig an pobal sin féin chun críche sa deireadh. Dar ndóigh, níor shocraigh gach éinne síos go breá thall i Springfield. Thréig Blascaodaigh áirithe saol Mheiriceá le teacht abhaile arís. Do Bhlascaodaigh áirithe, d'éirigh an cumha i ndiaidh an bhaile iomarcach dóibh agus d'fhill siad ar a dtír dhúchais, cuid díobh ar an mBlascaod féin agus an chuid eile go ceantar Chorca Dhuibhne amháin. Pléadh cás na ndaoine sin a d'fhill ar Éirinn agus cuid de na cúiseanna a bhain lena bhfilleadh, i gCaibidil 5.

Pléadh deireadh ré an Bhlascaoid agus an tréigean oifigiúil i gCaibidil 6. Mar atá pléite cheana, b'iomaí cúis a bhain le teacht chun deireadh shaol an Bhlascaoid Mhoir. Ó na tríochaidí i leith bhí an Blascaod Mór ar bheagán daoine, le daoine ag imeacht ina ngrúpaí beaga go Meiriceá, agus amach chun na míntíre chomh maith faoin am sin, ach is dócha murach an lagú spioraid a tháinig orthu ag deireadh na

ndaichidí, go mairfeadh pobal istigh tamall i ndiaidh na bliana 1953. Breathnaíodh i gCaibidil 6 ar bhás Shéainín Uí Chearnaigh istigh sa bhliain 1947 agus ar thionchar a bháis ar mhuintir an Oileáin. Ba le heachtraí Nollaig na bliana 1947, a briseadh misneach an phobail faoi dheireadh. B'shin bunchloch an tréigin. Gan spiorad agus misneach acu, ní fhéadfaidís leanúint ar aghaidh istigh. Bhí misneach an phobail ag lagú le fada an lá le himeacht na ndaoine óga, ach i ndiaidh Nollaig na bliana sin, níor theastaigh ó dhuine ar bith fanacht ar an Oileán Tiar feasta.

D'fhéadfá a rá nach ndearna an rialtas a ndóthain chun saol an Bhlascaoid a chaomhnú, gur chóir tionscail bhaile a chruthú dóibh ar an Oileán, mar shampla, ach tréimhse na ndaichidí agus na gcaogaidí in Éirinn a bhí i gceist, nuair a bhí gach gné den tsochaí thíos leis an gcúlú eacnamaíochta. Dealraíodh do roinnt mhaith daoine sna rialtais i rith an ama sin, agus don phobal i gcoitinne is dócha, go raibh ceisteanna níos práinní le dul i ngleic leo, cosúil leis an dífhostaíocht, cúrsaí sláinte agus an imirce ar fud na tíre, ná caomhnú oileán beag Ghaeltachta. Bhí daoine ag iarraidh bogadh ó sheanáimhá na hÉireann dúchasaí ag an am. Is dócha gurb é an cultúr an chéad ghné de shochaí ar bith a mbuailtear cos air in am an chúlaithe, ag leibhéal an Stáit de ar aon nós, agus níorbh aon eisceacht í Éire i rith na gcaogaidí. Só is ea an maithneachas sin in Éirinn rathúil an lae inniu ar chailliúint an tsaibhris agus an chultúir sin, ach ní raibh sé d'acmhainn ag rialtais na ndaichidí deireanacha agus na gcaogaidí tacú leis an Oileán Tiar sa chaoi ina dtacaítear le hoileáin eile sa lá atá inniu ann. Cneá ab ea an imirce ar fud na tíre um an dtaca úd. Ní fhéadfaí tús áite a thabhairt d'oileáinín beag iargúlta thar cheantar ar bith eile sa tír. Ar chuma ar bith, faoin am ar gheal na caogaidí, bhí na Blascaodaigh réidh le himeacht. Theastaigh uathu dul amach faoin am sin, agus dóibh féin, ba é an fhaillí a bhí déanta ag an rialtas

ná nár athlonnaíodh níos túisce iad. D'aistrigh muintir dheireanach an Bhlascaoid amach chun na míntíre faoi scéim rialtais sa bhliain 1953, agus breathnaíodh i gcríoch na caibidile, ar shaol nua na n-Iarbhlascaodach ar an míntír agus ar an gcaoi ar shocraigh siad síos ann.

Ar an iomlán, mar sin, táthar ag súil gur léiríodh tionchar ollmhór na himirce ar shaol an Bhlascaoid Mhóir, agus gur cuireadh taobh daonna an scéil sin os comhair an léitheora, tríd an bplé a bhunú ar shaothair litríochta an Oileáin, seachas cuntas lom stairiúil a thabhairt ar dhul i léig phobal an Oileáin ba liteartha dá raibh in Éirinn riamh. Sa deireadh, ní foláir a rá gur scéal luachmhar, suaithinseach é scéal imirce na mBlascaodach.

Liosta Léitheoireachta

- Akenson, Donald Harman, 'Irish Migration to North America, 1800-1920' in Bielenberg (ed.), *The Irish Diaspora*, 111-138.
- *The Irish Diaspora: A Primer* (Ontario: P.D. Meany Company Inc., 1993).
- Alexiou, Margaret, 'George Thomson: The Greek Dimension' in Ní Chéilleachair (eag.), *Ceiliúradh an Bhlascaoid 4: Seoirse Mac Tomáis 1903-1987*, 52-74.
- Almqvist, Bo, 'Bláithín agus an Béaloideas' in de Mórdha (eag.), *Ceiliúradh an Bhlascaoid 1: Bláithín: Flower*, 97-116.
- 'Oidhreacht Scéalaíochta Pheig' in Ní Chéilleachair (eag.), *Ceiliúradh an Bhlascaoid 3: Peig Sayers Scéalaí 1878-1958*, 77-100.
- 'Seanfhocail' in Ó Muircheartaigh (eag.), *Oidhreacht an Bhlascaoid*, 80-99.
- An Seabhad, 'Tomás Ó Criomhthain, Iascaire agus Údar' in Ó Conaire (eag.), *Tomás an Bhlascaoid*, 198-205.
- Bielenberg, Andy, (ed.), *The Irish Diaspora* (Essex: Pearson Education Ltd., 2000).
- 'Irish Emigration to the British Empire, 1700-1914' in Bielenberg (ed.), *The Irish Diaspora*, 215-234.
- Biuso, Tom, 'Death of an Island', *Irish America Magazine*, May 1987, 24-28.
- 'Tobar an Phuncain – A Story From the Great Blasket Island & Hungry Hill, Springfield, Massachusetts', *Irish America Magazine*, June 1990, 38-42.
- Blake, Clarence E., 'Springfield Massachusetts', *New England Magazine* 15 (1894) 574-600.
- Bourke, Angela, 'Na Mná trí Shúile Thomáis' in Ní Chéilleachair (eag.), *Ceiliúradh an Bhlascaoid 2: Tomás Ó Criomhthain 1855-1937*, 101-122.
- Bourke, Edward J., *Shipwrecks of the Irish Coast 1105-1993* (Baile Átha Cliath: E.J. Bourke, 1994).

- Bradley, Anthony, agus Valiulis, Maryann Gialanella, (eds), *Gender and Sexuality in Modern Ireland* (Amherst: University of Massachusetts Press, 1997).
- Carney, Mike, 'A personal Journey: From the Blaskets to Springfield', *Irish Echo*.
- Connolly, Tracey, 'Emigration from Ireland to Britain During the Second World War' in Bielenberg (ed.), *The Irish Diaspora*, 51-64.
- Coogan, Tim Pat, *Wherever Green is Worn: The Story of the Irish Diaspora* (Nua Eabhrac: Palgrave, 2000).
- Coughlan, Patricia, 'An Léiriú ar Shaol na mBan i dTéacsanna Dírbheatháisnéise Pheig Sayers' in Ní Chéilleachair (eag.), *Ceiliúradh an Bhlascaoid 3: Peig Sayers Scéalai 1878-1958*, 20-57.
- Daly, Mary E., '“Oh, Kathleen Ní Houlihan, Your Way's a Thorny Way!": The Condition of Women in Twentieth-Century Ireland' in Bradley and Valiulis (eds), *Gender and Sexuality in Modern Ireland*, 102-126.
- Davis, Graham, 'The Irish in Britain, 1815-1939' in Bielenberg (ed.), *The Irish Diaspora*, 19-36.
- de Mórdha, Mórdha, (eag.), *Ceiliúradh an Bhlascaoid 1: Bláithín: Flower* (An Daingean: An Sagart, 1998).
- 'Emigration and isolation marked end for the Blasket', *The Kerryman*, 10 January 1997.
- Denvir, Gearóid, 'Traidisiún agus Traidisiúnachas i nGaeltacht Chonamara' in *Comhar* LIII, 12 (1994), 5-11.
- Dew, John, 'The Contribution of English Scholars' in de Mórdha (eag.), *Ceiliúradh an Bhlascaoid 1: Bláithín: Flower*, 9-15.
- Feiritéar, Breandán, 'Deireadh an Áil' in Ní Chéilleachair (eag.), *Ceiliúradh an Bhlascaoid 8: Tréigean an Oileáin*, 14-30.

- 'Seoirse agus an tOileán' in Ní Chéilleachair (eag.), *Ceiliúradh an Bhlascaoid 4: Seoirse Mac Tomáis 1903-1987*, 31-46.
 - 'Sochraid Thomáis Uí Chriomhthain' in Ó Conaire (eag.), *Tomás an Bhlascaoid*, 380-382.
 - 'Thar Bealach Amach' in Ó Muircheartaigh (eag.), *Oidhreacht an Bhlascaoid*, 368-380.
- Flower, Patrick, 'My Father' in de Mórdha (eag.), *Ceiliúradh an Bhlascaoid 1: Bláithín: Flower*, 23-43.
- Flower, Robin, *The Western Island or The Great Blasket* (Oxford: Oxford University Press, 1944).
- Foster, John Wilson, 'The Islandman' in de Mórdha (eag.), *Ceiliúradh an Bhlascaoid 1: Bláithín: Flower*, 44-58.
- Guinnane, Timothy W., *The Vanishing Irish: Households, Migration, and the Rural Economy in Ireland 1850-1914* (West Sussex: Princeton University Press, 1997).
- Harris, Ruth-Ann M., *The Nearest Place that Wasn't Ireland* (Ames: Iowa State University Press, 1994).
- Hickey, Dónal, 'Voyage across Atlantic had a happy ending', *Examiner* 3 March 1997, 3.
- Hogan, Dick, 'The last child of the Blasket recalls a past way of life', *Irish Times* 2 February 1999, 2.
- Hyland, Áine, 'Iolrchas Éirime na nOileánach – Multiple Intelligences among Islanders' in Ní Chéilleachair (eag.), *Ceiliúradh an Bhlascaoid 6: Oideachas agus Oiliúint ar an mBlascaod Mór*, 138-152.
- Í Chearnaigh, Seán Sheáin, *An tOileán a Tréigeadh* (Báile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, 1974).

- *Iarbhlascaodach ina Dheoraí* (Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, 1978).
- Jennings, Stanley, 'An Blascaod Mór' in Ó Conaire (eag.), *Tomás an Bhlascaoid*, 187-197.
- Kilbert, Declan, 'An Béal Bocht agus an Béarla' in *Comhar* XXXIII, 4 (1984), 20-27.
- Lockley, R.M., *I Know an Island* (London: D. Appleton-Century Company, 1938).
- Lumsden, Carolyn, 'Islanders find home in Mass.: Immigrated from Ireland's Western tip', *Sunday Boston Globe*, 20 March 1988.
- 'Last of the Irish Islanders', *Valley News*, 17 March 1988, 36.
- Mac Cárthaigh, Criostóir, 'Ó Bhun go Barr an Bhaile ar an mBlascaod Mór' in Ní Chéilleachair (eag.), *Ceiliúradh an Bhlascaoid 8: Tréigean an Oileáin*, 64-84.
- Mac Conghail, Muiris, 'An tAer is an Talamh titithe ar a chéile – I' in *Comhar* LXIII, 6 (2003), 3-6.
- 'An tAer is an Talamh titithe ar a chéile – II' in *Comhar* LXIII, 7 (2003), 15-18.
- 'Brian Ó Ceallaigh: Páirtí Thomáis Chriomhthain' in Ó Muircheartaigh (eag.), *Oidhreacht an Bhlascaoid*, 155-169.
- 'Flower, Myles na gCopaleen, Séamus Bán' in de Mórdha (eag.), *Ceiliúradh an Bhlascaoid 1: Bláithín: Flower*, 16-23.
- 'Nuair a bhí an Seansaol ann' in *Comhar* XXX, 1 (1971), 21-22.
- *Oileán Eile*. Muiris Mac Conghail stiúrthóir. (Baile Átha Cliath: Radió Teilifís Éireann, 1988).
- 'Ollan a Chíoradh' *Bliainiris*, (2003) 198-215.
- *The Blaskets: A Kerry Island Library* (Baile Átha Cliath: Country House, 1987).
- MacLoughlin, Jim, *Ireland: The Emigrant Nursery and the World Economy* (Corcaigh: Cork University Press, 1994).

- Mac Mílidh, Donn, 'Beachtchuntas ar na Blascaodaí' in Ó Conaire (eag.), *Tomás an Bhlascaoid*, 120-143.
- Mac Síthigh, Domhnall, 'Báid agus Iascach sa Bhlascaod Mór' in Ní Cheilleachair (eag.), *Ceiliúradh an Bhlascaoid 7: Fómhar na Mara*, 25-45.
- Mac Tomáis, Seoirse, (Féach Thomson, George, freisin.) *An Blascaod a Bhí* (Maigh Nuad: An Sagart, 1977).
- *Gach Órlach de mo Chroí*, Seán Ó Lúing (eag.), (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1988).
- Matson, Leslie, *Méini: The Blasket Nurse* (Baile Átha Cliath: Mercier Press, 1996).
- McCaffrey, Lawrence J., *The Irish Catholic Diaspora in America* (Washington D.C.: Catholic University of America Press, 1997).
- McGahern, John, 'An tOileánach/The Islandman' in Ó Conaire (eag.), *Tomás an Bhlascaoid*, 301-311.
- McGrath, Walter, 'The Nun of the Blaskets: From Gaelic outpost to a busy life of good works: The story of Sister M. Clemens Ní Chearnaigh' *Cork Holly Bough* (1993), 48.
- Meagher, Timothy J., (ed.), *From Paddy to Studs: Irish-American Communities in the Turn of the Century Era, 1880-1920* (New York: Greenwood Press, 1986).
- 'Irish, American, Catholic: Irish-American Identity in Worester, Massachusetts, 1880-1920' in Meagher (ed.), *From Paddy to Studs: Irish-American Communities in the Turn of the Century Era, 1880-1920*, 75-92.
- Miller, Kerby A., *Emigrants and Exiles: Ireland and the Irish Exodus to North America* (Oxford: Oxford University Press' 1985).

-- with Doyle, David N., and Kelleher, Patricia, ‘For Love and Liberty’: Irish women, migration and domesticity in Ireland and America, 1815-1920’ in O’Sullivan (ed.), *Irish Women and Irish Migration*, 41-65.

Mitchell, Brian C., ‘“They Do Not Differ Greatly”: The Pattern of Community Development among the Irish in Late Nineteenth Century Lowell, Massachusetts’ in Meagher (ed.), *From Paddy to Studs: Irish-American Communities in the Turn of the Century Era, 1880-1920*, 53-74.

Moran, Gerard P., *Sending Out Irelands Poor: Assisted Emigration to North America in the Nineteenth Century* (Baile Átha Cliath: Four Courts Press, 2004).

Moreton, Cole, *Hungry for Home: Leaving the Blaskets: A Journey from the Edge of Ireland* (New York: Viking Penguin, 2000).

Murphy, Maureen, ‘The Fionnuala Factor: Irish Sibling Emigration at the Turn of the Century’ in Bradley and Valiulis (eds), *Gender and Sexuality in Modern Ireland*, 85-101.

Myles na gCopaleen, *An Béal Bocht* (Baile Átha Cliath: Mercier Press, 1941).

Newman, Stiofán, ‘Seoirse Mac Tomáis agus Muiris Ó Súilleabháin’ in Ní Chéilleachair (eag.), *Ceiliúradh an Bhlascaoid 4: Seoirse Mac Tomáis 1903-1987*, 75-404.

Ní Aimhirgín, Nuala, ‘Muiris Ó Súilleabháin ar an gCeathrú Rua: Saol agus Saothar’ in Ní Chéilleachair (eag.), *Ceiliúradh an Bhlascaoid 5: Muiris Ó Súilleabháin 1904-1950*, 67-82.

-- *Muiris Ó Súilleabháin: Saol agus Saothar* (Maigh Nuad: An Sagart, 1983).

-- ‘Scríbhinní Mhuiris Uí Shúilleabháin’ in Ó Muircheartaigh (eag.), *Oidhreacht an Bhlascaoid*, 222-237.

- Nic Cana, Rebecca, ‘Bánta an Bhlascaoid Mhóir – Cé Leis Iad?’ in *Comhar* LVII, 8 (1998), 5.
- Nic Craith, Máiréad, *An tOileánach Léannta* (Baile Átha Cliath: An Clóchomar, 1988).
- ‘Primary Education on The Great Blasket 1864-1940’, *Journal of the Kerry Archaeological and Historical Society* 28 (1995) 77-137.
- Nic Eoin, Máirín, *An Litríocht Réigiúnach* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta., 1982).
- ‘Litríocht an Bhlascaoid –Inné, Inniu agus Amárach’ in Ní Chéilleachair (eag.), *Ceiliúradh an Bhlascaoid 2: Tomás Ó Criomhthain 1855-1937*, 123-130.
- Ní Chéilleachair, Máire, (eag.), *Ceiliúradh an Bhlascaoid 2: Tomás Ó Criomhthain 1855-1937* (An Daingean: An Sagart, 1998).
- (eag.), *Ceiliúradh an Bhlascaoid 3: Peig Sayers Scéalaí 1878-1958* (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1999).
- (eag.), *Ceiliúradh an Bhlascaoid 4: Seoirse Mac Tomáis 1903-1987* (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2000).
- (eag.), *Ceiliúradh an Bhlascaoid 5: Muiris Ó Súilleabháin 1904-1950* (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2000).
- (eag.), *Ceiliúradh an Bhlascaoid 6: Oideachas agus Oiliúint ar an mBlascaod Mór* (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2001).
- (eag.), *Ceiliúradh an Bhlascaoid 7: Fómhar na Mara* (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2004).
- (eag.), *Ceiliúradh an Bhlascaoid 8: Tréigean an Oileáin* (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2005).

- ‘Focal ón Eagarthóir’ in Ní Chéilleachair (eag.), *Ceiliúradh an Bhlascaoid 8: Tréigean an Oileáin*, 7-13.
 - ‘Mná i Litríocht an Bhlascaoid’ in Ó Muirheartaigh (eag.), *Oidhreacht an Bhlascaoid*, 321-333.
 - ‘Tréigean an Bhlascaoid: dhá insint ar an scéal ó Sheán Ó Criomhthain agus Eibhlís Ní Shúilleabháin’ in Ní Chéilleachair (eag.), *Ceiliúradh an Bhlascaoid 8: Tréigean an Oileáin*, 85-96.
- Ní Chriomhthain – Uí Laoithe, Niamh, ‘Ag Uaigh Thomáis Uí Chriomhthain, 23 Márta 1997’ in Ní Chéilleachair (eag.), *Ceiliúradh an Bhlascaoid 2: Tomás Ó Criomhthain 1855-1937*, 137-140.
- Ní Dhuinnshléibhe, Máirín, ‘Saol na mBan’ in Ó Muirheartaigh (eag.), *Oidhreacht an Bhlascaoid*, 334-345.
- [Ní Dhuinnshléibhe – Uí Bheoláin, Máirín], ‘Cur Síos ar Scoil an Oileáin’ in Ní Chéilleachair (eag.), *Ceiliúradh an Bhlascaoid 6: Oideachas agus Oiliúint ar an mBlascaod Mór*, 13-20.
- Ní Ghaoithín, Máire, *An tOileán a Bhí* (Baile Átha Cliath: Clóchomhar, 1978).
- Ní Ghráinne, Eibhlín, ‘Litríocht an Bhlascaoid mar Fhoinsé Staire Sóisialta’ (tráchtas neamhfhoilsithe M.A., Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, 1985).
- Ní Ghuithín, Máire, *Bean an Oileáin* (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1986).
- Ní Laoithe-Uí Bheaglaoich, Cáit, ‘Ginealach Mhuiris Uí Shúilleabháin, Maras Sheáin Lís, Údar Fiche Blian ag Fás’ in Ní Chéilleachair (eag.), *Ceiliúradh an Bhlascaoid 5: Muiris Ó Súilleabháin 1904-1950*, 9-15.
- ‘Peig Mhór, Peig Sayers, máthair, scéalaí agus banúdar leabhar’ in Ní Chéilleachair (eag.), *Ceiliúradh an Bhlascaoid 3: Peig Sayers Scéalaí 1878-1958*, 12-19.

Ní Loingsigh, Máiréad, (eag.), *Cín Lae Eibhlín Ní Shúilleabháin* (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2000).

-- 'Cín Lae Eibhlín Ní Shúilleabháin: téacs úr ón mBlascaod' in Ní Chéilleachair (eag.), *Ceiliúradh an Bhlascaoid 5: Muiris Ó Súilleabháin 1904-1950*, 83-94.

-- 'An tOileán, an Mhíntír, an Tréigean agus Aigne na mBan' in Ní Chéilleachair (eag.), *Ceiliúradh an Bhlascaoid 8: Tréigean an Oileáin*, 41-51.

Ní Mhainnín, Máire, agus Ó Murchú, Liam P., (eag.), *Peig: A Scéal Féin* (An Daingean: An Sagart, 1998).

Ní Mhurchú, Eibhlín, 'Peig Sayers' in Ó Muircheartaigh (eag.), *Oidhreacht an Bhlascaoid*, 238-252.

Ní Shéaghdha, Nóra, *Thar Bealach Isteach* (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1940).

-- [Ní Shé, Nóra], 'Cuimhní ar an gCrimhthanach' in Ó Conaire (eag.), *Tomás an Bhlascaoid*, 157-165.

Ní Shúilleabháin, Eibhlís, *Letters From The Great Blasket* (Colorado: Mercier Press, 1978).

Ní Shúilleabháin, Siobhán, 'Corca Dhuibhne' in *Comhar* XIII, 4 (1954), 3-5.

-- agus Máirín Feirtéar, 'Siompóisiam: Peig Inné agus Inniu' in Ní Chéilleachair (eag.), *Ceiliúradh an Bhlascaoid 3: Peig Sayers Scéalaí 1878-1958*, 133-140.

Ní Shúilleabháin – Uí Chíobháin, Máire Llewelyn, 'Céiliúradh an Bhlascaoid: Seoirse Mac Tomáis' in Ní Chéilleachair (eag.), *Ceiliúradh an Bhlascaoid 4: Seoirse Mac Tomáis 1903-1987*, 23-30.

Ó Baoighill, Pádraig, 'Beo ar an Imirce' in *Comhar* XXXIII, 11 (1954), 24-26.

Ó Beoláin, Art, 'Buanchuimhne sna Leabhair' in Ó Muircheartaigh (eag.), *Oidhreacht an Bhlascaoid*, 291-304.

- O'Brien, George, 'Gnéithe den Imirce' in *Comhar* VI, 11 (1947), 1.
- O'Carroll, Íde, *Models for Movers: Irish Women's Emigration to America* (Baile Átha Cliath: Attic Press, 1990).
- Ó Catháin, Gearóid, 'An Garsún Aonarach' in Ó Muircheartaigh (eag.), *Oidhreacht an Bhlascaoid*, 357-367.
- Ó Catháin, Muiris, *Ar Muir is ar Tír* (Maigh Nuad: An Sagart, 1991).
- Ó Cearnaigh, Mícheál, Ó Cinnéide, Lorcán agus Ó Catháin, Mícheál, 'Siompóisiam: Cursaí Iascaigh – Inné, Inniu agus Amárach' in Ní Cheilleachair (eag.), *Ceiliúradh an Bhlascaoid 7: Fómhar na Mara*, 46-64.
- Ó Cearna, Seán Pheats Tom, 'Mo Shaolsa ar an Oileán' in Ó Muircheartaigh (eag.), *Oidhreacht an Bhlascaoid*, 346-357.
- Ó Cinnéide, Seán, 'Logainmneacha' in Ó Muircheartaigh (eag.), *Oidhreacht an Bhlascaoid*, 128-142.
- Ó Cíobháin, Pádraig, 'Litríocht an Bhlascaoid – Inné, Inniu agus Amárach' in Ní Chéilleachair (eag.), *Ceiliúradh an Bhlascaoid 2: Tomás Ó Criomhthain 1855-1937*, 131-136.
- Ó Coileán, Seán, 'Allagar Nua' in *Comhar* XXXVII, 4 (1978), 16-20.
- 'An tOileánach' in Ó Muircheartaigh (eag.), *Oidhreacht an Bhlascaoid*, 192-207.
- 'An tOileánach – Ón Láimh go dtí an Leabhar' in Ní Chéilleachair (eag.), *Ceiliúradh an Bhlascaoid 2: Tomás Ó Criomhthain 1855-1937*, 25-43.
- 'Tomás Ó Criomhthain, Brian Ó Ceallaigh agus an Seabhac' in Ó Conaire (eag.), *Tomás an Bhlascaoid*, 233-265.
- Ó Conaill, Mícheál, 'Cérbh é Tomás Ó Criomhthain?' in Ní Chéilleachair (eag.), *Ceiliúradh an Bhlascaoid 2: Tomás Ó Criomhthain 1855-1937*, 11-24.

- Ó Conaire, Breandán, ‘An tOileánach agus na Léirmheastóirí’ in Ó Conaire (eag.), *Tomás an Bhlascaoid*, 283-300.
- ‘An tOileánach i gCló’ in Ó Conaire (eag.), *Tomás an Bhlascaoid*, 266-282.
- (eag.), *Tomás an Bhlascaoid* (Conamara: Cló Iar-Chonnachta, 1992).
- ‘Foilsíú an tOileánach’ in Ó Muircheartaigh (eag.), *Oidhreacht an Bhlascaoid*, 170-191.
- “‘Máinistir na Súpanna’” in Ó Conaire (eag.), *Tomás an Bhlascaoid*, 43-79.
- “‘Mar a Chonac agus a Chuala i Rith an Lae’” in Ó Conaire (eag.), *Tomás an Bhlascaoid*, 366-379.
- *Myles na Gaeilge: Lámhleabhar ar shaothair Ghaeilge Bhrian Ó Nualláin* (Baile Átha Cliath: Clóchomhar Tta., 1986).
- ‘Ómós do Thomás Ó Criomhthain – II’ in *Comhar* XXXVI, 4 (1977), 19-23.
- ‘Ómós do Thomás Ó Criomhthain – III’ in *Comhar* XXXVI, 6 (1977), 23-25.
- ‘Spléachadh ar Scoil Náisiúnta an Bhlascaoid sa 19ú hAois’ in Ó Conaire (eag.), *Tomás an Bhlascaoid*, 89-119.
- ‘Sudden Knockings at Doors in the Night’ in Ó Conaire (eag.), *Tomás an Bhlascaoid*, 80-88.
- ‘Tomás agus Brian’ in Ó Conaire (eag.), *Tomás an Bhlascaoid*, 229-232.
- ‘Tomás an Bhlascaoid: Nótaí Cúlra’ in Ó Conaire (eag.), *Tomás an Bhlascaoid*, 11-42.
- Ó Conaire, Pádraig, *Scothscéalta*, Tomás de Bhaldraithe (eag.), (Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, 1956)
- Ó Conghaile, Mícheál, ‘Imirce: Na Múinteoirí Náisiúnta’ in *Comhar* XVI, 5 (1957), 5-7.

- Ó Criomhthain, Seán, agus Ó Criomhthain, Tomás, *Cleiti Gé ón mBlascaod Mór*,
Pádraig Ó Fiannachta (eag.), (An Daingean: An Sagart, 1997).
- Ó Criomhthain, Seán, *Lá Dár Saol* (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1969).
- ‘ “Mar is Cuimhin liom Tomás Dhónaill Uí Chriomhthain” ’ (agallamh) in Ó
Conaire (eag.), *Tomás an Bhlascaoid*, 206-218.
- ‘Tomás Ó Criomhthain’ in Ó Conaire (eag.), *Tomás an Bhlascaoid*, 144-148.
- Ó Criomhthain, Tomás, *Allagar na hInise*, 2ú eagrán, Pádraig Ua Maoileoin (eag.),
(Baile Átha Cliath: An Gúm, 1977).
- *Allagar II*, Pádraig Ua Maoileoin (eag.), (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1999).
- *An tOileánach*, Seán Ó Coileáin (eag.), (Baile Átha Cliath: Cló Talbóid, 2002).
- *Bolghanna ón mBlascaod*, Breandán Ó Conaire (eag.), (Baile Átha Cliath:
Coiscéim, 1997).
- *Dinnseanchas na mBlascaodai* (Baile Átha Cliath: Cois Life Tta., 1935).
- *Scéilíní ón mBlascaod*, Nollaig Mac Congáil (eag.), (Baile Átha Cliath: Coiscéim,
2004).
- *Seanchas ón Oileán Tiar*, scríofa ag Robin Flower, Seamas Ó Duilearga (eag.),
(Baile Átha Cliath: Comhlacht Oideachais na hÉireann, 1956).
- Ó Croimín, Peadar, ‘An Bhunmhúinteoireacht agus an Ghaeilge’ in Ní Chéilleachair
(eag.), *Ceiliúradh an Bhascaoid 6: Oideachas agus Oiliúint ar an mBlascaod
Mór*, 72-78.
- Ó Crualaoich, Gearóid, ‘Tréigean agus Traidisiún’ in Ní Chéilleachair (eag.),
Ceiliúradh an Bhlascaoid 8: Tréigean an Oileáin, 31-37.
- Ó Dálaigh, Seosamh, ‘Béaloideas an Oileáin’ in Ó Muircheartaigh (eag.), *Oidhreacht
an Bhlascaoid*, 100-108.

- Ó Doibhlin, Breandán, ‘Ár dTuairisc inár ndiaidh’ in *Comhar* XXXXIII, 9 (1984), 52-56.
- Ó Drisceoil, Pádraig, ‘Leigheas na hImirce’ in *Comhar* V, 9 (1946), 1,11.
- Ó Dubháin, Seán, ‘Báillí agus Callshaoth’ in Ó Muircheartaigh (eag.), *Oidhreacht an Bhlascaoid*, 9-30.
- ‘Gnéithe de Shaol na nDaoine i gCorca Dhuibhne le linn Óige Mhuiris Uí Shúilleabháin’ in Ní Chéilleachair (eag.), *Ceiliúradh an Bhlascaoid 5: Muiris Ó Súilleabháin 1904-1950*, 16-40.
- Ó Dubhshláine, Mícheál, *A Dark Day on the Blaskets*, (Ciarraí: Brandon, 2003).
- ‘Scoil an Bhlascaoid Mhóir 1864-1940’ in Ní Chéilleachair (eag.), *Ceiliúradh an Bhlascaoid 6: Oideachas agus Oiliúint ar an mBlascaod Mór*, 38-71.
- Ó Dúshláine, Tadhg, ‘Fírinne agus Ficsean agus Fiche Blian ag Fás’ in Ní Chéilleachair (eag.), *Ceiliúradh an Bhlascaoid 5: Muiris Ó Súilleabháin 1904-1950*, 41-55.
- ‘Litríocht as Ithir an Dúchais’ in Ó Conaire (eag.), *Tomás an Bhlascaoid*, 312-328.
- ‘Robin Flower: The Creative Cataloguer’ in de Mórdha (eag.), *Ceiliúradh an Bhlascaoid 1: Bláithín: Flower*, 117-144.
- ‘Tomás Ó Criomhthain – Cú Chulainn na Carraige Móire’ in Ní Chéilleachair (eag.), *Ceiliúradh an Bhlascaoid 2: Tomás Ó Criomhthain 1855-1937*, 91-100.
- Ó Fiannachta, Pádraig, ‘Allagar na hInise’ in Ó Conaire (eag.), *Tomás an Bhlascaoid*, 354-365.
- ‘An Spreagadh chun Pinn’ in Ní Chéilleachair (eag.), *Ceiliúradh an Bhlascaoid 2: Tomás Ó Criomhthain 1855-1937*, 82-90.
- ‘Fiche Blian- Nuascéalaíocht’ in *Comhar* XXXV, 7 (1976), 3-6.

- 'Mícheál Ó Gaoithín' in Ó Muircheartaigh (eag.), *Oidhreacht an Bhlascaoid*, 270-290.
- 'Peig agus Dúlra' in Ní Chéilleachair (eag.), *Ceiliúradh an Bhlascaoid 3: Peig Sayers Scéalai 1878-1958*, 121-132.
- Ó Gaoithín, Mícheál, *Beatha Pheig Sayers* (Baile Átha Cliath: Foilseacháin Náisiúnta Tta, 1970).
- *Coinnle Corra* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta., 1968).
- *Is Truagh ná Fanann an Óige* (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1953).
- Ó Giolláin, Diarmuid, 'An Léann Dúchais, an tOideachas agus an Imirce' in Ní Chéilleachair (eag.), *Ceiliúradh an Bhlascaoid 6: Oideachas agus Oiliúint ar an mBlascaod Mór*, 21-37.
- Ó Glaisne, Risteárd, 'Allúraigh san Oileán' in Ó Muircheartaigh (eag.), *Oidhreacht an Bhlascaoid*, 305-320.
- 'George Thomson agus an Ghaeilge' in Ní Chéilleachair (eag.), *Ceiliúradh an Bhlascaoid 4: Seoirse Mac Tomáis 1903-1987*, 112-129.
- Ó Gréacháin, Dónal M., 'Ré Órga Thionscal na Maircréal' in Ní Cheilleachair (eag.), *Ceiliúradh an Bhlascaoid 7: Fómhar na Mara*, 10-24.
- Ó Háinle, Cathal, 'Peig, Aonghus Ó Dálaigh agus MacBeth' in Ó Muircheartaigh (eag.), *Oidhreacht an Bhlascaoid*, 253-269.
- 'Stair agus Scríbhneoireacht Chruthaitheach i Saothar Uí Chríomhthain' in Ó Conaire (eag.), *Tomás an Bhlascaoid*, 329-353.
- Ó Héalaí, Pádraig, 'Eilimintí Traidisiúnta i Saol an Linbh ar an mBlascaod' in Ní Chéilleachair (eag.), *Ceiliúradh an Bhlascaoid 2: Tomás Ó Criomhthain 1855-1937*, 44-81.

- ‘ “Is Mairg a Báitear in Am an Anaithe...” ’ in Ó Muircheartaigh (eag.), *Oidhreacht an Bhlascaoid*, 45-79.
- ‘Na hOileánaigh agus a dTréithe’ in Ó Conaire (eag.), *Tomás an Bhlascaoid*, 170-186.
- ‘Pregnancy and Childbirth in Blasket Tradition’ *Women’s Studies Review* V, (1998) 1-16.
- ‘Réimse na Scéalta Cráifeacha i mBéaloideas na hÉireann’ in Ní Chéilleachair (eag.), *Ceiliúradh an Bhlascaoid 3: Peig Sayers Scéalaí 1878-1958*, 101-120.
- Ó hUallacháin, Leon, ‘An Deoraidhe nár Fhill’ in *Comhar* V, 6 (1946), 5,9.
- Ó Lúing, Seán, ‘Lucht Léinn ón Iasacht’ in Ó Muircheartaigh (eag.), *Oidhreacht an Bhlascaoid*, 143-154.
- ‘Robin Flower: Oileánach agus Máistir Léinn’, *Journal of the Kerry Archaeological and Historical Society* 10 (1977) 111-142.
- Ó Mainín, An Canónach Mícheál, ‘Scoil Phrotastúnach an Bhlascaoid’ in Ní Chéilleachair (eag.), *Ceiliúradh an Bhlascaoid 6: Oideachas agus Oiliúint ar an mBlascaod Mór*, 111-137.
- Ó Mainín, Seán, ‘Scoilanna an Oileáin’ in Ó Muircheartaigh (eag.), *Oidhreacht an Bhlascaoid*, 31-44.
- Ó Modhráin, Domhnall, ‘Galar seo na hImirce’ in *Comhar* V, 9 (1946), 1.
- Ó Muircheartaigh, Aogán, (eag.), *Oidhreacht an Bhlascaoid* (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1989).
- Ó Murchú, Liam P., ‘Fiche Blian ag Fás: Gnéithe den Stíl’ in Ní Chéilleachair (eag.), *Ceiliúradh an Bhlascaoid 5: Muiris Ó Súilleabháin 1904-1950*, 56-66.
- Ó Riain, Pádraig, ‘Flower i Músaem na Breataine’ in de Mórdha (eag.), *Ceiliúradh an Bhlascaoid 1: Bláithín: Flower*, 59-72.

- Ó Súilleabháin, Muiris, *Fiche Blian ag Fás*, 4ú eagrán, Pádraig Ó Fiannachta (eag.), (An Daingean: An Sagart, 1998).
- *Ó Oileán go Cuilleán*, Nuala Ní Aimhirgín (eag.), (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2000).
- Ó Súilleabháin, Seán, 'Tomás agus na Prócaí Meala' in Ó Conaire (eag.), *Tomás an Bhlascaoid*, 166-169.
- O'Sullivan, Patrick, (ed.), *Irish Women and Irish Migration* (London: Leicester University Press, 1995).
- Ó Tuama, Seán, 'Uachtarlann Ba Ghá Dóibh – Fuaireadar Caladh' in *Comhar* XI, 11 (1952), 3-4.
- Sarbaugh, Timothy, 'Exiles of Confidence: The Irish American Community of San Francisco, 1880-1920' in Meagher (ed.), *From Paddy to Studs: Irish-American Communities in the Turn of the Century Era, 1880-1920*, 161-180.
- Sayers, Peig, *Scéalta ón mBlascaod*, Kenneth Jackson (eag.), (Baile Átha Cliath: An Cumann le Béaloideas Éireann, 1938).
- *Machnamh Seanmhndá*, Máire Ní Chinnéide (eag.), (Baile Átha Cliath: An Gúm, 1980).
- Schrier, Arnold, *Ireland and the American Emigration 1850-1900* (Pennsylvania: Dufour Editions, 1997).
- Shannon, William V., *The Amercian Irish* (London: Collier-MacMillian Ltd., 1963).
- Sims-Williams, Patrick, 'The Medieval World of Robin Flower' in de Mórdha (eag.), *Ceiliúradh an Bhlascaoid 1: Bláithín: Flower*, 73-96.
- Skerrett, Ellen, 'The Development of Catholic Identity among Irish Americans in Chicago, 1880-1920' in Meagher (ed.), *From Paddy to Studs: Irish-American Communities in the Turn of the Century Era, 1880-1920*, 117-138.

- Smith, Charles, *The Ancient and Present State of the County of Kerry: being a natural, civil, ecclesiastical, historical and topographical description thereof* (Baile Átha Cliath: Mercier Press, 1979).
- Stac, An tSiúr de Lourdes, *Ard na Caithnia: Súil Siar* (Éire: Comhar Teoranta, 1987).
- Stagles, Joan agus Ray, *The Blasket Islands: Next Parish America* (Baile Átha Cliath: O'Brien Press, 1998).
- Swift, Rodger, *Irish Migrants in Britain 1815-1914: A Documentary History* (Corcaigh: Cork University Press, 2002).
- Synge, John Millington, *In Wicklow, West Kerry and Connemara* (Baile Átha Cliath: O'Brien Press, c1980).
- Thompson, D.P., *The Blasquettes: In Dingle and the West of the County of Kerry* (London: 1846).
- Thom(p)son, George, 'Fiche Blian ag Fás' in *Comhar XXXXI*, 5 (1982), 104-106.
- Thomson, George, [Mac Tomáis, Seoirse], *An Blascaod a Bhí* (Maigh Nuad: An Sagart, 1977).
- *Island Home: The Blasket Heritage* (An Daingean: Brandon, 1988).
- Towey, Martin G., 'Kerry Patch Revisited: Irish Americans in St. Louis in the Turn of the Century Era' in Meagher (ed.), *From Paddy to Studs: Irish-American Communities in the Turn of the Century Era, 1880-1920*, 139-160.
- Travers, Pauric, "'There was nothing for me there': Irish female emigration, 1922-71" in O'Sullivan (ed.), *Irish Women and Irish Migration*, 146-167.
- Tyres, Pádraig, (eag.), *Leoithne Aniar* (Baile an Fheirtéaraigh: Cló Dhuibhne, 1982).
- Ua Maoileoin, Pádraig, 'Allagar an Chriomhthanaigh' in Ó Muirheartaigh (eag.), *Oidhreacht an Bhlascaoid*, 208-221.
- 'An Criomhthanach' in Ó Conaire (eag.), *Tomás an Bhlascaoid*, 149-156.

- 'An tOileánach' in *Comhar* XXXIII, 4 (1974), 14-16.
- *Na Blascaodaí* (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1994).
- 'Scríbhneoirí Chorca Dhuibhne I' in *Comhar* XXXIV, 1 (1975), 14-18.
- 'Scríbhneoirí Chorca Dhuibhne II' in *Comhar* XXXIV, 2 (1975), 4-6.
- 'Thar Daingean Siar' in *Comhar* XVIII, 8 (1959), 7-10.
- 'Tomás Ó Criomhthain agus a Shaothar' in Ó Conaire (eag.), *Tomás an Bhlascaoid*, 219-228.

Uí Ógáin, Ríonach, 'An t-oileán beo' in *Comhar* LVI, 7 (1997), 28.

- 'Ceol, Rince agus Amhráin' in Ó Muircheartaigh (eag.), *Oidhreacht an Bhlascaoid*, 109-127.

Uí Ógáin, Ruth agus de Mórdha, Mícheál, 'Liosta na mBád a chuaigh sos timpeall ar na Blascaodaí, agus tagairtí a deineadh dóibh i litríocht an Bhlascaoid' in Ní Chéilleachair (eag.), *Ceiliúradh an Bhlascaoid 7: Fómhar na Mara*, 115-141.

Uí Shiochrú, Máire, 'Tréigean Oileán na gCapall 1959' in Ní Chéilleachair (eag.), *Ceiliúradh an Bhlascaoid 8: Tréigean an Oileáin*, 54-63.

Wittke, Carl, *The Irish in America* (New York: Louisiana State University Press, 1956).

* * * * *

Foinsí Eile:

Agallamh a chuir Laoise Ní Cheallaigh ar Mhícheál Ó Cearnaigh, 14/10/'06 (neamhfhoilsithe).

Agallamh a chuir Laoise Ní Cheallaigh ar Sue Redican, 30/07/'05 (neamhfhoilsithe).

'An bhfuil faic sa bhféachaint?: Blaiseadh den Siompóisiam ar Staid na n-oileán inné, inniu is amárach.' in Ní Chéilleachair (eag.) *Ceiliúradh an Bhlascaoid 8: Tréigean an Oileáin*, 38-40.

‘Armáid na Spáinne’ in Ní Chéilleachair (eag.) *Ceiliúradh an Bhlascaoid 7: Fómhar na Mara*, 99-114.

‘Cobh: The Queenstown Story’ ar www.cobhheritage.com

‘Future of Lone Blaskets Child: Island Without School’ *Irish Press* 8 April, 1951.

‘Islanders Plead for New Life on the Mainland’ *Irish Independent* 19 September, 1952.

‘Last Islanders are Leaving’ *Irish Press* 6 March, 1953.

‘Minutes of Meeting of The Great Blasket Island Forum and the Descendants of the Blasket Islanders at Elms College, Springfield, M.A. on 28th October, 2001’, ar www.kerrycoco.ie/blasket/min28

‘Six to Stay on “Deserted” Island’ *Irish Times* 9 November, 1953.

‘Tréigean an Bhlascaoid – An Dearcadh Oifigiúil’ mar a léiríodh in *Na Blascaodai: Tuarascáil Oidhreachta* le Atlantic European Research, Samhain 1990, in Ní Chéilleachair (eag.) *Ceiliúradh an Bhlascaoid 8: Tréigean an Oileáin*, 96-99.